
# 19. Daonra agus Sláinte an Duine

## 19.1 Réamhrá

Mar a leagtar amach i gCaibidil 1 den TMTT nuashonraithe seo, is nuashonrú é seo ar Chaibidil 18 den TMTT a cuireadh faoi bhráid an Bhoird Pleanála i mí Dheireadh Fómhair 2018 mar chuid den iarratas ar cheadú don N6 GCRR atá beartaithe de bhun Alt 51 d'Acht na mBóithre, 1993 (arna leasú) ("Iarratas Alt 51"). Tagann Daonra agus Sláinte an Duine faoi Chaibidil 19 den TMTT nuashonraithe seo anois, toisc go bpléitear anois le cáilíocht an aeir agus leis an aeráid ar leithligh mar chaibidlí neamhspleácha, agus an dá cheann ag teacht roimh an gcaibidil seo. Is cuid den fhreagairt í ar an iarraidh a rinne an Bord Pleanála ar thuilleadh faisnéise i mí na Nollag 2023 tráth ar iarr siad (in éineacht le roinnt iarrataí eile) ar Chomhairle Cathrach na Gaillimhe an '*Tuarascáil ar an Measúnacht Tionchair Timpeallachta a Nuashonrú'*. Sa chaibidil seo, soláthraítear breithmheas ar an Tionscadal faoin gceannteideal daonra agus sláinte an duine. Topaic leathan is ea an topaic seo ina *"gcumhdaítear daoine a bheith ann, gníomhaíochtaí agus sláinte daoine, ag breathnú ar dhaoine de ghnáth mar ghrúpaí nó mar 'dhaonraí'"* (EPA 2015)[1]. Leagtar amach i dTreoirlínte 2022 EPA maidir leis an bhFaisnéis atá le Cuimsiú sna Tuarascálacha ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (TMTT): *"Tagraítear sna réamhaithrisí le Treoracha 1985 agus 2011 do 'Shláinte an Duine' agus áirítear iontu 'Daoine' mar thoisc chomhshaoil chomhfhreagrach. I dTreoir 2014, tugadh 'Daonra agus Sláinte an Duine' ar an toisc seo.* I gcás ina ndearnadh aon athruithe agus/nó nuashonrú ar an measúnacht ó TMTT 2018 i leith, leagtar iad sin amach sa chaibidil nuashonraithe seo.

Tá an chaibidil nuashonraithe freisin chun aghaidh a thabhairt ar an treoir bhreise a tugadh maidir leis an gCaighdeán nua (PE-ENV-01108) *Population and Human Health Assessment of Proposed National Roads (TII, Meán Fómhair 2024)* foilsithe le déanaí ag Bonneagar Iompair Éireann. Tá leagtha amach in Alt 1.5 den chaighdeán seo, sa chás ina mbeadh tús curtha cheana le pleanáil agus le dearadh tionscadal, gur cheart glacadh leis an gcaighdeán úr mar a bheadh comhairle agus treoir ann. Ina fhianaise sin, coinníodh na critéir mheasúnachta a úsáideadh le haghaidh TMTT 2018 sa chaibidil chun críche na measúnachta daonra nó cuimsíonn siad cheana na príomhréimsí measúnachta a tugadh isteach sa chaighdeán úr mar atá léirithe ar Pláta 19.1.




**Pláta 19.1 Sliocht as Caighdeán PHH TII le haghaidh na Measúnachta Daonra**

Is amhlaidh, áfach, gur cuireadh measúnacht bhreise isteach le roinnt croí-chineálacha tionchar a chuimsiú, a bpléitear leo sa chaighdeán úr le haghaidh shláinte an duine.

[1] Bainte ó na Nótaí Comhairle chun Ráitis Tionchair Timpeallachta a Ullmhú, (EPA, dréacht, mí Mheán Fómhair 2015).

Rinneadh an chaibidil seo a nuashonrú freisin le sonraí déimeagrafacha bonnlíne úra ó Dhaonáireamh 2022 (an Phríomh-Oifig Staidrimh, 2023) a chuimsiú, mar ar tuairiscíodh méadú suntasach 7.3% ar dhaonra Chathair agus Bhruachbhaile na Gaillimhe ó rinneadh an daonáireamh deireanach in 2016, ó 76,668 go 84,414 duine.

Comhthreomhar leis an méadú seo, tháinig méadú ar an sruth tráchta i gcodanna den chathair agus, dá réir, rinneadh an chaibidil a nuashonrú chun na meastacháin nuashonraithe tráchta (Trácht Laethúil Bliantúil ar an Meán – AADT) a chuimsiú, cé nár athraigh siad seo an mheasúnacht go suntasach. Cuireadh san áireamh sa chaibidil seo chomh maith na forbraíochtaí agus iarratais phleanála úra ó rinneadh TMTT 2018 agus an gá atá le measúnacht a déanamh ar mhórthionchair charnacha dhóchúla eatarthu seo agus an Tionscadal le comparáid idir péirí dírithe ar na forbraíochtaí/an phleanáil úr agus an Tionscadal ó thaobh daonra agus shláinte an duine de. Baintear feidhm ansin as an gcomparáid idir péirí chun bonn eolais a chur faoin measúnacht fhoriomlán ar mhórthionchair charnacha dhóchúla atá cuimsithe i gCaibidil 21 den TMTT nuashonraithe seo. Rinneadh breithniú freisin ar an mbonneagar úr atá beartaithe don iompar poiblí agus taisteal gníomhach ar fud na cathrach.

Leagtar amach ar dtús sa chaibidil seo an mhodheolaíocht don nuashonrú seo (Cuid 19.1), tá cur síos ar an timpeallacht ghlactha mar atá sí faoi láthair agus aon athrú suntasach á thabhairt faoi deara ó rinneadh TMTT 2018 (Cuid 19.3) agus tá achoimre ansin ar na príomh-shaintréithe den Tionscadal de réir mar a bhaineann le daonra agus sláinte an duine (Cuid 19.4). Tá cur síos ar an measúnú ar thionchair an Tionscadail ar an daonra agus ar shláinte an duine (Cuid 19.5). Moltar bearta chun na tionchair sin a mhaolú (Cuid 19.6) agus tá cur síos ar thionchair iarmharacha (Cuid 19.1). Tá measúnú ar na tionchair charnacha (Cuid 19.8) agus ag deireadh na caibidle, tá achoimre 19.10agus rannán tagartha (Cuid 19.9 agus Cuid faoi seach).

Baineann na príomhathruithe leis an gcaibidil ó TMTT 2018 leis an méid seo a leanas a nuashonrú:

- Gnéithe den chaibidil a athbhreithniú agus a nuashonrú chun aghaidh a thabhairt ar phointí a tarraingíodh anuas ón Achoimre Fianaise a cuireadh faoi bhráid an Bhoird Pleanála (ABP) ag an éisteacht ó bhéal in 2020 agus ó Thuarascáil Chigire ABP dar dáta Meitheamh 2021
- Nuashonrú ar an measúnú ar thábhacht na dtionchar agus aird ar threoirlínte TMTT 2022 de chuid na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil, *Design Manual for Roads and Bridges (DMRB) Sustainability & Environmental Appraisal LA 111 Noise and Vibration, Revision 2*. (UKHE 2020), Treoirlínte Torainn na hEorpa de chuid na hEagraíochta Domhanda Sláinte (2018), Plean Gníomhaíochta Torainn Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2024 – 2028 agus Plean Gníomhaíochta Torainn Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2024 – 2028
- Samhaltú tráchta oibríochta nuashonraithe bunaithe ar na réamhaisnéisí tráchta is déanaí le haghaidh blianta oscailte agus blianta dearaidh athbhreithnithe an Tionscadail lenar gineadh réamh-mheastacháin nuashonraithe torainn
- Athbhreithniú ar mheasúnuithe nuashonraithe maidir le torann, aer, ithreacha, uisce, tírdhreach agus amharc de réir mar a bhaineann siad leis an measúnacht tionchair sláinte

Baineann gnéithe a bhfuil breithniú déanta orthu sa chaibidil seo go príomha le tionchair ón Tionscadal ar an daonra áitiúil, ar thurais ar bhonn áitiúil, ar úsáid áiseanna pobail agus ar shláinte agus folláine shóisialta agus eacnamaíoch daoine ar leibhéal pobail. Ar na gnéithe a bhaineann le Daonra, tá patrúin turais, taitneamhacht agus scaradh an phobail, gnó, turasóireacht agus fostaíocht, agus úsáid na Gaeilge. Pléitear an Ghaeilge ar leithligh i gcodanna éagsúla den chaibidil seo. Pléitear le gnéithe eile a bhaineann le daoine, amhail taitneamhacht nádúrtha, an oidhreacht thógtha agus nádúrtha, seirbhísí éiceachórais, sócmhainní ábhartha agus núis, sna caibidlí seo a leanas:

- Caibidil 7, Gníomhaíochtaí Tógála
- Caibidil 8, Bithéagsúlacht
- Caibidil 9, Ithreacha agus Geolaíocht
- Caibidil 10, Hidrigeolaíocht
- Caibidil 11, Hidreolaíocht

- Caibidil 12, Tírdhreach agus Amharc
- Caibidil 14, Sócmhainní Ábhartha Talmhaíocht
- Caibidil 13, Seandálaíocht, Oidhreacht Ailtireachta agus Chultúrtha
- Caibidil 15, Sócmhainní Ábhartha Neamhthalmhaíochta
- Caibidil 16, Cáilíocht an Aeir
- Caibidil 17, Aeráid
- Caibidil 18, Torann agus Creathadh

Cé nár eisíodh aon treoir shainiúil ar an gciall atá leis an téarma Sláinte an Duine i gcomhthéacs Threoir 2014/52/AE, breithnítear ar thionchair ar shláinte an duine go príomha trí mheasúnú ar na conairí comhshaoil trína bhféadfaí tionchar a imirt ar an tsláinte, amhail aer, torann, uisce nó ithir i gcomhréir le Treoirlínte EPA 2022 maidir leis an bhfaisnéis atá le cuimsiú i dTuarascálacha ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta' (TMTT).

> *'Déantar an mheasúnacht ar éifeachtaí ar na conairí sin trí thagairt do chaighdeáin ghlactha (idirnáisiúnta go hiondúil) sábháilteachta maidir le dáileog, neamhchosaint nó riosca. Tá na caighdeán bunaithe, dá réir sin ar imscrúdú leighis agus eolaíoch ar na héifeachtaí díreacha ar shláinte na substainte, éifeachta nó riosca aonair. Leis an gcleachtas sin ar an spleáchas ar theorainneacha, dáileoga agus tairseacha le haghaidh conairí comhshaoil, amhail aer, uisce nó ithir, soláthraítear cosantóirí sláinte láidre agus iontaofa [critéir chosanta] d'anailís a bhaineann leis an gcomhshaol.'*
>
> I mí Mheán Fómhair 2024, d'fhoilsigh TII (Bonneagar Iompair Éireann) *Population and Human Health Assessment of Proposed National Roads* – Caighdeán PE-ENV-01108. Tagraítear dó sin as seo amach sa Chaibidil seo mar Chaighdeán PHH TII. Tá san áireamh sa Chaighdeán PHH TII seo sainmhíniú ar shláinte an duine ar a bhfuil an nuashonrú seo ar an measúnacht ar shláinte an duine bunaithe, mar atá: *Bunófar an mheasúnacht ar shláinte an duine ar an sainmhíniú ar shláinte mar atá leagtha amach i mbunreacht na hEagraíochta Domhanda Sláinte (WHO), inar sainmhíníodh an tsláinte mar "a state of complete physical, mental, and social well-being and not merely the absence of disease or infirmity".*

Dá réir sin, luaitear in Alt 1.5 den Chaighdeán:

> *'Sa chás ina mbeadh tús curtha, faoi dháta foilsithe an Doiciméid Caighdeáin seo, le pleanáil agus dearadh aon tionscadail a n-éileofaí ceadú faoi Alt 51, Alt 177AE nó Cuid 8 ina leith, agus, go háirithe, sa chás ina mbeifí tar éis conarthaí comhairleora teicniúla a chur i bhfeidhm:*
>
> *• Caithfear leis an Doiciméad Caighdeáin seo mar chomhairle agus treoir.*
>
> *• Bainfear feidhm as a oiread agus is praiticiúil.*
>
> *• Cuirfear i bhfeidhm é de réir mar is cuí, agus aird á tabhairt ar thréithe agus ar shuíomh na n-oibreacha tionscadail/cothabhála agus ar chineál agus ar shaintréithe na dtionchar féideartha.'*

I bhfianaise an mhéid sin thuas, táthar tar éis Caighdeán PHH TII a chur i bhfeidhm a oiread agus is praiticiúil go réasúnach sa TMTT nuashonraithe seo.

Tá leagtha amach i gCaighdeán PHH TII an cur chuige is gá le haghaidh measúnacht ar dhaonra agus sláinte an duine i gcomhréir le riachtanais reachtaíochta MTT agus le treoirlínte agus caighdeáin iomchuí TII.

> *'Soláthraítear leis an gCaighdeán seo (PE-ENV-01108) cur chuige stóinsithe comhsheasmhach, ina bhfuil béim ar mheasúnacht iomchuí chun pobail shláintiúla chothroma chomhaontaithe a chosaint agus a chothabháil'.*

Ceanglaítear le Caighdeán PHH TII go ndéanfaí breithniú ar éifeacht an tírdhreacha agus na ngnéithe amhairc agus na haeráide mar chinntithigh fhéideartha i dtaca le sláinte an duine agus is amhlaidh, dá réir, gur ábhair bhreithnithe bhreise iad sin a cuireadh san áireamh lena scóip a mheas sa bhreis ar mheasúnacht

2018. Dá réir sin, tá an mheasúnacht sláinte sa TMTT nuashonraithe seo ag brath ar na measúnachtaí sna caibidlí a leanas mar atá leagtha amach in TMTT 2018 mar aon leis na measúnachtaí breise chun Caighdeán PHH TII nua a chomhlíonadh, mar a bhfuil sonraithe an méid seo a leanas:

> *'Ní mór scóip na measúnachta, arna cinneadh ag an gcleachtóir measúnachta sláinte, a bheith comhréireach agus sainiúil don tionscadal, agus níor cheart ach í a dhíriú ar na tionchair sin a bhféadfadh sé go n-eascródh éifeachtaí ar shláinte an daonra agus/nó éagothroimí sláinte astu.'*

Dá réir sin, mar bhonn eolais faoin measúnacht sláinte, bíonn na haschuir ó thopaicí eile agus baintear leas as na torthaí de réir mar is gá lena imscrúdú cé acu a eascróidh tionchar sláinte as na héifeachtaí a bhíonn mar thoradh ar aon tionchair a aithníodh agus lena chinntiú go mbreithneofar go hiomlán na héifeachtaí a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an tsláinte. Rinneadh breithniú ar na topaicí seo a leanas:

- Caibidil 9, Ithreacha agus Geolaíocht, lena shuí an bhfuil aon limistéir d'ithreacha éillithe ann
- Caibidil 10, Hidrigeolaíocht, chun aon limistéir ina mbeadh tionchair fhéideartha ar screamhuisce a shainaithint
- Caibidil 11, Hidrigeolaíocht agus Aguisín A.11.1 chun limistéir ina mbeadh tionchair fhéideartha ar screamhuisce agus limistéir riosca tuile a shainaithint
- Caibidil 12, Tírdhreach agus Amharc, chun limistéir a shainaithint ina mbeadh tionchair fhéideartha ar an tírdhreach reatha
- Caibidil 16, Cáilíocht an Aeir, chun luachanna caighdeáin aeir i limistéir atá cóngarach don Tionscadal a thuar
- Caibidil 17, Aeráid, chun na tionchair thuartha a d'eascródh as tuilte nó triomach a shainaithint
- Caibidil 18, Torann agus Creathadh, chun na leibhéil torainn i bhfoirgnimh atá in aice leis an Tionscadal a thuar

Breithnítear sa mheasúnacht sláinte chomh maith ar na héifeachtaí síceolaíochta, feabhas ar shláinte agus feabhas ar sheirbhísí. Tá breithniú freisin sa chaibidil seo ar ghnéithe eile, amhail athruithe ar shruthanna tráchta, a bhfuil plé orthu i gCaibidil 6, Measúnú Tráchta agus Trasghearradh an Bhealaigh, i dtaca leis an measúnú ar thionchair Daonra agus Sláinte lena chinntiú gur pléadh le héifeachtaí na saincheisteanna sin ar an daonra agus ar shláinte an duine.

Chun bonn eolais a chur faoin mbreithmheas maidir le daoine, an daonra agus sláinte an duine, baineadh úsáid sa chaibidil seo as an bhfaisnéis a bailíodh le linn na staidéar ar shrianta ar roghanna bealaigh don N6 GCRR atá beartaithe. Rinneadh measúnú ar na hiarratais a fuarthas mar chuid den chomhairliúchán poiblí fairsing a rinneadh maidir leis an N6 GCRR atá beartaithe agus rinneadh athruithe deartha chun na tionchair fhéideartha ar dhaoine agus ar réadmhaoin a íoslaghdú mar chuid de chéim an deartha. Chuir na hiarratais sin bonn eolais faoin measúnacht a rinneadh don chaibidil seo chomh maith. Rinneadh breithniú i gCodanna 4.17, 6.5.11 agus 7.6.11 den Tuarascáil um Roghnú Bealaigh ar na srianta ar dhaoine agus ar an daonra laistigh de limistéar staidéir na scéime agus rinneadh comparáid iontu idir tionchair fhéideartha na roghanna bealaigh atá beartaithe ar dhaoine agus ar an daonra. Chuir na codanna sin den Tuarascáil um Roghnú Bealaigh le dearadh an N6 GCRR atá beartaithe.

Tugadh faoi athbhreithniú ar úsáid talún athraitheach, ar lárionaid daonra, ar lárionaid fostaíochta agus ar éileamh ar thaisteal ó bhí 2018 ann chun bonn eolais a chur faoin gcaibidil nuashonraithe seo in 2025.

Tháinig roinnt ceisteanna chun cinn ag an éisteacht ó bhéal in 2020 go háirithe maidir le tionchair ar theaghlaigh agus ar phobail agus le tionchair ar fholláine agus sláinte, agus tá tagairt shonrach dóibh sin agus plé sonrach orthu sna háiteanna iomchuí ar fud na caibidle nuashonraithe seo. De bhreis air sin, rinneadh an errata/corrigendum a cuireadh isteach le linn na héisteachta ó bhéal in 2020 a léiriú freisin sa chaibidil nuashonraithe seo agus, nuair ba chuí, sna haguisíní leis an gcaibidil nuashonraithe seo.

Ba chóir an chaibidil seo a léamh i gcomhar le Fíoracha 19.1.001, 19.1.002 agus 19.1.101 go 19.1.115 ina léirítear suíomh na n-áiseanna pobail amhail scoileanna, ospidéil, óstáin, páirceanna, saoráidí spóirt agus miondíola i gcoibhneas leis an Tionscadal.

## 19.2 Modheolaíocht

### 19.2.1 Réamhrá

Ullmhaíodh an mheasúnacht nuashonraithe seo i comhréir leis na treoirlínte ábhartha atá liostaithe i gCuid 19.2.2.1 thíos. Bailíodh sonraí go príomha trí athbhreithniú ar na doiciméid ábhartha atá liostaithe i gCuid 19.2.2.1 thíos agus ar fhaisnéis a bailíodh tríd an gcomhairliúchán poiblí fairsing atá mionsonraithe i gCaibidil 1, Réamhrá agus ar na léarscáileanna a sholáthair foireann an deartha mar aon leis an gcomhairliúchán ar chaighdeáin, treoir agus foinsí sonraí reatha, ar nuashonraíodh iad ó foilsíodh TMTT 2018. Bhí na sonraí sin tacaithe ag cuairteanna ar an láithreán agus plé áitiúil le cónaitheoirí, gnólachtaí, scoileanna agus ionadaithe saoráidí pobail eile. Lena chois sin, rinneadh Measúnacht Tionchair Teanga le haghaidh an Tionscadail, agus tá torthaí na measúnachta sin le sonrú i gCuid 19.5.5.

Baineann gnéithe a scrúdaíodh sa chaibidil nuashonraithe seo go príomha le tionchair ón Tionscadal ar ghníomhaíochtaí socheacnamaíocha a théann i bhfeidhm ar an Daonra agus ar shláinte an phobail áitiúil. Pléitear an dá théama sin le chéile i roinnt codanna den chaibidil seo ach astu féin i gcodanna eile nuair is cuí.

### 19.2.2 Treoirlínte Ábhartha, Foinsí Sonraí agus Comhairliúcháin

#### *19.2.2.1 Treoirlínte Ábhartha*

Agus an mheasúnacht nuashonraithe seo á hullmhú, tugadh aird ar na treoirlínte seo a leanas (agus iad ar fad ábhartha fós inniu don mheasúnacht nuashonraithe seo):

- *Guidelines on the Information to be contained in Environmental Impact Assessment Reports* de chuid na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (EPA 2022)
- Measúnacht Tionchair Timpeallachta ar Thionscadail ón gCoimisiún Eorpach (CE) – Treoir maidir le Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta a ullmhú (CE 2017)
- Bonneagar Iompair Éireann (TII) Treoirlínte Breithmheasa Tionscadail le haghaidh Bóithre Náisiúnta, Aonad 13.0 Saoráidí do Choisithe agus Rothaithe PE-PAG-02036 (TII, Bealtaine 2024)
- Caighdeán TII (PE-ENV-01108) um Measúnacht ar Dhaonra agus Sláinte an Duine ar Bhóithre Náisiúnta atá Beartaithe (TII, Meán Fómhair 2024) (dá dtagraítear ar fud na caibidle seo mar Chaighdeán PHH TII)
- Fáilte Ireland. Treoirlínte TMTT maidir le breithniú ar an turasóireacht agus ar thionscadail a bhaineann leis an turasóireacht (Fáilte Éireann, 2023)
- *Night time Noise Guidelines for Europe* (2018) de chuid na hEagraíochta Domhanda Sláinte (WHO)
- Environmental Protection Agency (SAM). Comhthiomsú Acmhainní agus Uirlisí Measúnachtaí Tionchair Sláinte (EPA SAM 2016)
- *Guidelines for Community Noise* de chuid na hEagraíochta Domhanda Sláinte (WHO 1999)
- Health in Environmental Impact Assessment - A Primer for a Proportionate Approach ón Institute of Environmental Management and Assessment (IEMA 2017)
- Institute of Environmental Management and Assessment (IEMA) Guide to Effective Scoping of Human Health in Environmental Impact Assessment (Pyper et al., 2022)
- Institute of Environmental Management and Assessment (IEMA) Guide to Determining Significance for Human Health in Environmental Impact Assessment (Pyper et al., 2022)
- Institute of Environmental Management and Assessment (IEMA) Impact Assessment Outlook Journal (Imleabhar 8: Deireadh Fómhair 2020) - Health Impact Assessment in Planning
- An Institiúid um Shláinte Phoiblí in Éirinn (ISPÉ) Measúnacht Tionchair Sláinte (ISPÉ 2009)

- An Institiúid um Shláinte Phoiblí in Éirinn (ISPÉ) Health Impact Assessment Guidance Manual for Ireland and Northern Ireland (Pyper et al., 2021)
- International Association for Impact Assessment (IAIA) agus an Cumann Eorpach Sláinte Poiblí (EUPHA) *Human Health: Ensuring a High Level of Protection.* A reference paper on addressing Human Health in Environmental Impact Assessment (Cave et al., 2020)
- Comhthiomsú Acmhainní agus Uirlisí Measúnachtaí Tionchair Sláinte (EPA SAM 2016)

#### *19.2.2.2 Foinsí Sonraí agus Comhairliúcháin*

I measúnú ar na tionchair fhéideartha ar an daonra agus ar shláinte an duine, teastaíonn tuiscint ar an bpobal, rud a fhorbraítear trí thaighde cúlra, cuairteanna ar an láithreán, agus plé le baill den phobal áitiúil agus measúnú ar na tosca comhshaoil (conairí) trína bhféadfadh sé tionchar a imirt ar an tsláinte amhail aer, torann, uisce, ithreacha, tírdhreach agus amharc agus méideanna tráchta. Déantar measúnú ar thionchair fhéideartha an Tionscadail ar an daonra agus ar shláinte an duine i gcoinne na sonraí cúlra sin.

Bailíodh sonraí cúlra don Tionscadal ó fhoinsí éagsúla, mar atá liostaithe thíos, agus foinsí dar dáta iar-2018 le sonrú:

- Príomhfhoinsí sonraí (e.g. sonraí déimeagrafacha ó Dhaonáireamh 2022, 2016, Daonáireamh 2011 agus Daonáireamh 2006 arna soláthar ag an bPríomh-Oifig Staidrimh)
- Léarscáileanna den limistéar máguaird, lena n-áirítear léarscáileanna agus aerléarscáiliú Shuirbhéireacht Ordanáis 1:50,000
- Athbhreithniú ar dhearadh an Tionscadail agus a thionchair fhéideartha ar shócmhainní ábhartha neamhthalmhaíochta
- Athbhreithniú ar fhoinsí tánaisteacha lena n-áirítear Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2022-2028 (lena n-áirítear Imleabhar 2: Plean Straitéiseach Limistéar Ceannchathartha), Straitéis Réigiúnach Spáis agus Eacnamaíoch an Tuaiscirt agus an Iarthair[2] (NWRSES) 2020-2032, Plean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2023-2029 agus tuarascálacha de chuid Chomhairle Cathrach na Gaillimhe nó Chomhairle Chontae na Gaillimhe amhail Plean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail Chathair na Gaillimhe 2015-2021, Dréachtphlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail Chathair na Gaillimhe 2024-2040, agus na suíomhanna gréasáin éagsúla a bhaineann le forbairtí eacnamaíocha, turasóireacht, taitneamhacht agus caitheamh aimsire e.g. www.galwaychamber.com agus www.galwaytourism.ie
- Plean Gníomhaíochta Torainn Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2019 – 2023
- Dréachtphlean Gníomhaíochta Torainn Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2024 – 2028 agus an leagan deiridh iartheachtach a foilsíodh i mí na Samhna, 2024
- Plean Gníomhaíochta Torainn Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2019 – 2023
- Dréachtphlean Gníomhaíochta Torainn Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2024 – 2028 agus an leagan deiridh iartheachtach a foilsíodh i mí na Samhna, 2024
- Breathnóireacht ar phatrúin lonnaíochta áitiúla agus taistil agus sainaithint saoráidí pobail
- Próiseas comhairliúcháin phoiblí lenar bhain plé le heagraíochtaí agus cónaitheoirí áitiúla agus le comhlachtaí reachtúla ábhartha. Tionóladh os cionn 950 cruinniú le húinéirí aonair réadmhaoine, lena n-áirítear a lán cuairteanna ar thithe, idir an fhoireann deartha agus úinéirí réadmhaoine agus cuireadh na hábhair imní a cuireadh in iúl le linn na gcruinnithe sin san áireamh agus chuir siad bonn eolais iomlán faoin measúnacht ar an daonra agus ar an tsláinte. Ó bhí 2018 ann, tá úinéirí réadmhaoine bainteacha in ann teagmháil a dhéanamh i gcónaí trí shuíomh gréasáin an tionscadail agus le duine idirchaidrimh CCG trí sheoladh ríomhphoist tiomnaithe an tionscadail. Tá sonraí iomlána maidir leis an bpróiseas comhairliúcháin phoiblí fairsing sin leagtha amach i gCaibidil 1, Réamhrá

[2] An Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch 2020-2032 (nwra.ie)

- Rinneadh athbhreithniú litríochta ar thionchair fhéideartha na mbóithre ar shláinte an duine. Díríodh san athbhreithniú seo ar athbhreithniú a dhéanamh ar fhianaise eolaíoch thionchair fhéideartha na mbóithre ar shláinte an duine agus tá eolas faoi tugtha sna codanna ábhartha thíos
- Torthaí na measúnachta ar na tosca comhshaoil (conairí) a chur i dtoll a chéile trína bhféadfadh sé tionchar a imirt ar an tsláinte amhail aer, torann, uisce, ithreacha, tírdhreach agus amharc agus méideanna tráchta, atá bunaithe ar thagairt do na caighdeáin/treoirlínte/teorainneacha a bhfuil glacadh leo maidir le sláinte an duine a chosaint
- Sa chaibidil seo déantar measúnú trí bhreithniú ar an tsláinte ina gnéithe níos leithne. Chomh maith le cosaint na sláinte a bhreithniú, sa chaibidil seo breithnítear na deiseanna le haghaidh feabhsuithe ar an tsláinte agus rochtain ar sheirbhísí. Áiríodh ar na sonraí a úsáideadh chun deiseanna le haghaidh feabhsuithe ar an tsláinte agus rochtain ar sheirbhísí bailiú faisnéise le linn na gcomhairliúchán poiblí fairsing lena n-áirítear cruinniú le hOspidéal Ollscoile na Gaillimhe agus sonraí a baineadh ón tsamhail tráchta chun inrochtaineacht ar sheirbhísí a shainaithint
- Baineadh úsáid chomh maith as an tsamhail tráchta chun na tionchair ar an tsláinte a chainníochtú i gcomhthéacs na difríochta maidir le daoine a shiúlann nó a théann ag rothaíocht agus leibhéal na hinrochtaineachta agus an chuimsithe shóisialta leis an Tionscadal agus an tsraith iomlán de bhearta arna sainaithint ag Straitéis Iompair na Gaillimhe (SIG), arna cur i gcrích
- Maidir leis an measúnacht ar an nGaeilge, chuathas i gcomhairle le hÚdarás na Gaeltachta in 2017 agus arís eile in 2025 agus baineadh feidhm as aiseolas ón gcomhairliúchán poiblí
- Tionóladh ceardlann maidir le 'daoine, an daonra agus an tsláinte' chomh maith ar an 8 Meitheamh 2017 ag a raibh an fhoireann deartha, agus saineolaithe ithreacha agus geolaíochta, hidrigeolaíochta, torainn, aeir, tírdhreacha agus amhairc, aeráide, daonra agus sláinte i láthair. Reáchtáladh ceardlanna eile in 2024, go sonrach, le plé a dhéanamh ar an gCaighdeán PHH TII is úire agus ar an nuashonrú ar an measúnacht seo ar dhaonra agus sláinte an duine. Ba é an cuspóir a bhí leis na ceardlanna seo ná plé a dhéanamh ar aon éifeachtaí suntasacha a d'eascródh as tógáil agus oibriú an Tionscadail ar dhaoine, ar an daonra agus ar an tsláinte a phlé agus chuir torthaí na gceardlann seo bonn eolais faoin gcaibidil seo.
- Tháinig rannpháirteachas agus plé suntasach le linn éisteacht ó bhéal 2020 le pobail ar feadh an N6 GCRR atá beartaithe agus cuireadh a gcuid buarthaí san áireamh sa TMTT nuashonraithe seo agus gach topaic ábhartha faoi chaibidil

#### *19.2.2.3 Limistéar Staidéir*

I gcomhréir le Caighdeán PHH TII (2024) a foilsíodh le déanaí, cuimsíonn an limistéar staidéir a bhaineann leis an mbreithmheas daonra conair 500m ó Theorainn bheartaithe na Measúnachta. Baintear feidhm as an seach-chur 500m mar phointe tosaigh chun an Crios Tionchair a shainiú le haghaidh tionchair ar réadmhaoin agus tithíocht phríobháideach, ar thalamh agus sócmhainní pobail, ar Úsáideoirí gan inneall (NMUs), ar ghnólachtaí agus ar thalamh forbartha. Is féidir é seo a mhéadú nó a laghdú áfach, ag brath ar na gabhdóirí laistigh den timpeallacht ghlactha, nó ar éifeachtaí ar an ngréasán bóithre níos leithne a chuimsítear faoi Theorainn na Measúnachta. Síneann an limistéar staidéir ó na Foraí Maola, siar ó shráidbhaile Bhearna chuig an N6 atá ann soir ag Cúil Each agus cuimsítear ann tírdhreach tuaithe/leath-fho-uirbeach ina bhfuil saoráidí áiteanna cónaí aonair agus pobail lonnaithe. Is é seo an limistéar staidéir céanna don Daonra is a bhí ann in 2018 ach amháin gur cuireadh an limistéar laistigh de Gharpháirc Ráschúrsa na Gaillimhe leis.

Clúdaíonn an limistéar staidéir don bhreithmheas ar an nGaeilge na tailte laistigh de agus in aice le Teorainn na Measúnachta faoi mar atá leis an mbreithmheas Daonra ach cuimsíonn sé Gaeltacht na Gaillimhe chomh maith. Is é seo an limistéar staidéir céanna don Ghaeilge is a bhí ann in 2018 ach amháin gur cuireadh an limistéar laistigh de gharpháirc Ráschúrsa na Gaillimhe leis.

Athraíonn an limistéar staidéir i dtaca leis an mbreithmheas ar chosaint shláinte an duine ag brath ar an gcineál astaíochta agus a mhéid, mar shampla, bíonn tionchair a thagann ó thorann, aer, uisce, tírdhreach agus amharc agus ithir éagsúil agus braitheann an fad beacht ar an astaíocht faoi leith, a thiús agus tosca scaipthe eile. Féach Caibidil 9, Ithreacha agus Geolaíocht, Caibidil 10, Hidrigeolaíocht, Caibidil 11, Hidreolaíocht, Caibidil 12, Tírdhreach agus Amharc, Caibidil 16, Cáilíocht an Aeir agus an Aeráid agus

Caibidil 18, Torann agus Creathadh le haghaidh sonraí maidir leis an limistéar staidéir a bhaineann leis na cineálacha astaíochta faoi leith (ithir, uisce, aer agus torann).

### 19.2.3 Modheolaíocht don Mheasúnú Tionchair - Daonra

Sa chuid seo, leagtar amach an mhodheolaíocht agus na critéir a úsáideadh sa mheasúnacht Daonra ar na tionchair ar an daonra, agus ina dhiaidh sin tá an mhodheolaíocht measúnachta tionchair a úsáideadh i measúnacht na Gaeilge i gCuid 19.2.4 agus sa mheasúnacht sláinte i gCuid 19.2.5.

Is é is cuspóir leis an mbreithmheas Daonra ná na tionchair shuntasacha fhéideartha a shainaithint sa mhéid a d'fhéadfaidís dul i gcion ar mhuintir na háite agus ar úsáideoirí an Tionscadail le linn na gcéimeanna tógála agus oibriúcháin araon, mar aon leis na tionchair dhóchúla eacnamaíocha ar an leibhéal áitiúil agus ar an leibhéal réigiúnach. Pléadh le tionchair agus éifeachtaí Daonra a thiocfadh le forbairt den chineál seo faoi na ceithre chroí-chatagóir thíos i measúnacht 2018. Rinneadh na ceithre chatagóir seo a athbhreithniú de réir na réimsí molta measúnachta atá i gCaighdeán PHH nua TII, agus cuimsíonn na critéir reatha na réimsí céanna seo diomaite de Réadmhaoin Phríobháideach agus Tithíocht, atá clúdaithe sa TMTT nuashonraithe seo le Caibidil 15 Sócmhainní Ábhartha Neamhthalmhaíochta. Dá réir sin, pléitear leis na ceithre chatagóir sna catagóirí céanna a úsáideadh i measúnacht 2018, mar atá:

1. <u>Saintréithe turais:</u> inrochtaineacht agus nascacht, lena n-áirítear tionchair fhéideartha ar agaí turais, iontaofacht agaí turais agus patrúin taistil
2. <u>Taitneamhacht:</u>
    a. Taitneamhacht turais: éifeachtaí ar thaitneamhacht turas agus fíorshábháilteacht agus sábháilteacht bhraite
    b. Taitneamhacht ghinearálta: éifeachtaí a d'eascródh as aon tionchar a bheadh ag an Tionscadal ar úsáid na n-áiseanna pobail, agus taitneamhacht chónaithe, lena n-áirítear caighdeán maireachtála
3. <u>Scaradh an phobail:</u> éifeachtaí a bhaineann le húsáid na saoráidí pobail, go háirithe na cinn a úsáideann daoine scothaosta, leanaí nó grúpaí leochaileacha eile
4. <u>Eacnamaíoch</u>: meastóireacht ar an Tionscadal i gcomhthéacs na forbartha eacnamaíche, na turasóireachta agus na fostaíochta

Lena chois sin, i gcoibhneas lena lán forbairtí bóthair eile, bainfidh líon ard de scartáil agus de cheannacháin chónaithe, agus scartáil agus ceannacháin tráchtála i roinnt cásanna, leis an Tionscadal, i ngeall ar an bpatrún scaipthe forbartha laistigh den limistéar staidéir. Pléitear na tionchair fhéideartha sin go sonrach faoin gcatagóir maidir le taitneamhacht ghinearálta.

Tá comparáid idir an cás 'Gan Dada a Dhéanamh' agus an cás 'Déan an Méid is Lú' a d'eascródh as na tionchair nó éifeachtaí díreacha, indíreacha, ionduchtaithe, carnacha agus iarmharacha ar dhálaí comhshaoil. Is ionann tionchair anseo agus athrú ar acmhainn phobail a thiocfadh leis an Tionscadal agus is ionann éifeachtaí agus an t-athrú ar an daonra gabhdóra a d'eascródh as tionchar mar atá leagtha amach sa sainmhíniú PHH TII is úire, arb ionann é agus sainmhíniú 2018. Úsáidtear seacht gcéim ghinearálta le cur síos a dhéanamh ar shuntasacht éifeachta, mar atá: *Do-airithe, Neamhshuntasach, Beag, Measartha, Suntasach, An-Suntasach* nó *Trom*. Is féidir tionchair agus éifeachtaí a bheith dearfach, neodrach nó diúltach.

#### *19.2.3.1 Suntasacht don Daonra*

Tá suntasacht éifeachta bunaithe ar na *Guidelines on the Information to be Contained in Environmental Impact Assessment Reports* de chuid na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (EPA, 2022). Baineann sé go mór mór leis an ngaol idir an cineál d'éifeacht chomhshaoil, de réir mar a mheasfadh na speisialtóirí iomchuí, agus cineál na timpeallachta glactha. Léirítear an éifeacht chomhshaoil trína cuid saintréithe, a méid, a fad, a minicíocht, dóchúlacht a tarlaithe, agus í ag dul i bhfeidhm ar an daonra áitiúil. Baineann suntasacht na héifeachta deiridh ar an gcineál de thimpeallacht ghlactha atá ann, ag brath ar líon garbh na ndaoine a bheadh thíos léi agus ar a n-íogaireacht.

### *19.2.3.2 Cineál na n-éifeachtaí comhshaoil agus a méid don Daonra*

Ós rud é go bpléann an mheasúnacht go príomha le héifeachtaí sóisialta agus eacnamaíocha forbraíochta, is minic 'cineál' agus 'méid' a bheith ag baint le nádúr fisiceach na n-éifeachtaí comhshaoil de réir mar a bheadh measúnachtaí speisialtóra eile amhail torann agus creathadh, cáilíocht an aeir nó tírdhreach agus amharc, ag plé leo. Sa mheasúnacht Daonra, glactar le treoir ó na measúnachtaí seo agus déantar tagairt do na measúnachtaí seo sa téacs. Is féidir go n-eascródh idirdhealú as an gcaoi a mbraitheann daoine, mar ghabhdóirí, an éifeacht, ag brath ar an aga ama a mbíonn siad neamhchosanta ar thionchar, a chóngaraí atá siad dó, líon na ndaoine agus a n-íogaireacht. Baineann éifeachtaí eile ar bhealach níos eisiaiche le réimse an Daonra, amhail éifeachtaí inrochtaineachta, scartha agus eacnamaíocha, cé go bhféadfadh sé réamh-mheastacháin maidir le gluaiseacht agus méideanna tráchta a bheith ábhartha anseo freisin.

Sa bhreis air sin, tá measúnú ar thionchair ar ghnólachtaí aonair, lena n-áirítear gnólachtaí/fiontair úra ar cuireadh tús leo ó bhí 2018 ann, mar atá leagtha amach sa nuashonrú ar an timpeallacht ghlactha i gCuid 19.3. Sa chás seo, tiocfaidh íogaireacht faoi réir chineál an ghnólachta agus spleáchas a chuid oibríochtaí ar inrochtaineacht mhaith nó íogaireacht a chuid oibríochtaí i dtaca le tionchair chomhshaoil amhail cáilíocht an aeir, torann agus creathadh, cáilíocht an uisce, nó tírdhreach i gcás na turasóireachta. Baineann suntasacht le tábhacht an ghnólachta don gheilleagar áitiúil agus leibhéal nó cineál na fostaíochta a sholáthraíonn sé. Leagtar amach i Tábla 19.1 critéir na leibhéal íogaireachta, bunaithe ar athbhreithniú ar an litríocht dá bhfuil tagairt thuas.

**Tábla 19.1 Íogaireacht na nÁiseanna Pobail**

| An Leibhéal Íogaireachta | Cineálacha Áiseanna Pobail agus a gComhionann |
|---|---|
| Ard | Otharlanna agus ionaid sláinte, scoileanna, coláistí, naíolanna, saoráidí reiligiúnacha, tithe altranais, ionaid acmhainní don óige nó do theaghlaigh, scáthchóiríocht, músaeim/dánlanna/amharclanna, páirceanna agus clóis shúgartha. Ionaid oibre más amhlaidh go mbeadh an próiseas táirgthe leochaileach d'éifeachtaí comhshaoil. |
| Meanleibhéal | Áiteanna cónaithe, ionaid phobail, páirceanna imeartha agus spásanna oscailte nach páirceanna iad. |
| Íseal | Siopaí, tithe tábhairne/beáir, clubanna spóirt, spórtlanna nó seomraí aclaíochta. |

Is dual do na tionchair thógála a bhaineann leis an measúnacht Daonra a bheith ina dtionchair ghearra, sealadacha, nó gearrthréimhseacha, cé gur féidir éifeacht na scartála ar na pobail a fhanann a bheith faidréiseach. Is iondúil go mairfeadh éifeachtaí oibríochtúla fad meánach nó iad a bheith faidréiseach.

Tá achoimre ar na héifeachtaí ar an daonra leagtha amach i Tábla 19.15 agus Tábla 19.16 don tógáil agus don oibriúchán faoi seach. Cuimsíonn na táblaí seo sonraí ar gach gné a bhí mar bhonn eolais leis an measúnacht ar éifeachtaí mar seo a leanas:

1. Cineál na héifeachta
2. Suíomh agus foghrúpa an daonra lena mbaineann
3. An cás reatha
4. An éifeacht fhéideartha mar gheall ar an Tionscadal le linn na tógála nó an oibrithe
5. Suntasacht an Tionchair
6. Íogaireacht na héifeachta
7. Fad na héifeachta (i.e. sealadach, gearrthéarmach, meántéarmach nó fadtéarmach)
8. Méid na nGabhdóirí
9. Maolú atá beartaithe
10. Éifeacht Iarmharach

Cáilíonn méid na ngabhdóirí an mheasúnacht suntasachta roimhe sin trí líon na gcineálacha gabhdóra a shainaithint, i.e. daoine nó gnólachtaí, ar dócha go rachfaí i gcion orthu mar chion garbh den daonra áitiúil nó de líon iomlán na ngnólachtaí. Déantar méid na ngabhdóirí a mheasúnú go cáilíochtúil mar: beagán; líon measartha; mórán; líon an-mhór. Mar shampla, d'fhéadfadh sé éifeacht a bheith suntasach le haghaidh fothacar faoi leith den daonra, ach d'fhéadfadh sé nach mbeadh i gceist líon íseal daoine a ndeachthas i bhfeidhm orthu. Tá cur síos sa tábla chomh maith ar an maolú atá beartaithe agus ar shuntasacht iarmharach na héifeachta.

### *19.2.3.3 Critéir Mheasúnachta don Daonra*

Níor athraíodh na critéir mheasúnachta don Daonra ó bhí 2018 ann agus tá siad ag teacht le Caighdeán PHH TII mar atá leagtha amach thíos.

***Saintréithe Turais***

Leis an gcritéar seo, meastar aga turais agus iontaofacht aga, nascacht idir modhanna iompair agus rochtain ar chinn scríbe amhail áiseanna pobail, gnólachtaí agus áiteanna fostaíochta. Braitheann an measúnú seo, ar ndóigh, ar an áit a dtosaíonn agus a gcríochnaíonn turas aonair, an uair a dhéantar é (e.g. laistigh nó lasmuigh de bhuaicuaireanta) agus an té a dhéanann é, i.e. tiománaithe, rothaithe, úsáideoirí iompair phoiblí nó coisithe, lena n-áirítear daoine aonair a bhféadfadh sé a gcuid roghanna iompair bheith teoranta. Bíonn an éifeacht éagsúil do gach turas, ach is féidir gnáth-thurais chuig cinn scríbe a shainaithint go minic. Rinneadh measúnú ar na héifeachtaí féideartha i gcomhréir leis na Critéir suntasachta atá leagtha amach i Tábla 19.2 agus tháinig éifeachtaí dearfacha mar thoradh ar laghdú ar fhad nó aga turais agus tionchair dhiúltacha mar thoradh ar mhéadú ar fhad nó aga turais.

**Tábla 19.2 Na critéir a úsáideadh sa Mheasúnacht ar Athruithe ar Fhad nó ar Aga Turas**

| Leibhéal na hÉifeachta | Critéir maidir le suntasacht |
|---|---|
| Do-airithe | Gan athrú sonraíoch ar bith ar fhaid nó achair turas |
| Neamhshuntasach | Éifeacht lena mbeadh athrú sonraíoch, ach gan síneadh (nó giorrú) suntasach a dhéanamh ar fhaid nó achair turas, nó gan athrú a dhéanamh ar nóis turas |
| Beag | Feabhas beag ar fhad nó aga turais sa chás go bhfuil an éifeacht dearfach. Míchaoithiúlacht éigin sa chás go bhfuil an éifeacht diúltach. Dóchúlacht éigin go dtiocfaidh athrú ar nóis turas |
| Measartha | Laghdú measartha ar fhad nó aga turais sa chás go bhfuil an éifeacht dearfach, méadú measartha sa chás go bhfuil an éifeacht diúltach. Dóchúlacht níos mó go dtiocfaidh athrú ar nóis turas |
| Suntasach | Fad nó aga turais i bhfad níos gairide sa chás go bhfuil an éifeacht dearfach, méadú i bhfad níos faide sa chás go bhfuil an éifeacht diúltach. Dóchúlacht ard go dtiocfaidh athrú ar nóis turas |
| An-Suntasach | Fad nó aga turais píosa maith níos gairide sa chás go bhfuil an éifeacht dearfach, méadú píosa maith níos faide sa chás go bhfuil an éifeacht diúltach. Dóchúlacht ard go dtiocfaidh athrú ar nóis turas |
| Trom | Thart ar dhúbailt (nó laghdú faoina leath) ar ghnáthfhaid nó ar ghnáthachair turas ar leor é le hathrú suntasach a dhéanamh in iompraíocht ciona measartha mór den daonra |

Foinse: Leis an tábla, tugtar comhsheasmhacht i dtaca le measúnacht ar éifeachtaí agus cuireadh in oiriúint é an chéad lá ó DMRB na Ríochta Aontaithe le haghaidh chomhthéacs na hÉireann.

Is ionann faid turais agus an t-achar a bhaineann le turas faoi leith, agus is ionann achar turais agus an t-am a ghlacann sé leis an turas a dhéanamh. Glactar leis gurb é 5km (3km/uair do ghrúpaí leochaileacha) an gnáthluas siúil do choisithe. Tugtar le tuiscint i staidéir idirnáisiúnta gurb é idir 12-20km/uair an gnáthluas rothaíochta sa chathair. Pléitear éifeachtaí ar thaitneamhacht turais agus scaradh an phobail astu féin sna codanna thíos, cé go bhfuil idirghníomhaíochtaí follasacha idir gach ceann de na catagóirí agus go mbaineann éifeachtaí eacnamaíocha leo. Lena chois sin, d'fhéadfadh sé, le bonneagar iompair nua, go bhfeabhsófaí inrochtaineacht áiteanna a raibh sé deacair teacht orthu roimhe seo nó go bhfeabhsófaí an nascacht idir an baile agus áiteanna oibre, áiseanna pobail agus idir codanna de chathair nó de réigiún agus tá plé ar gach ceann acu seo sna measúnachtaí i gCuid 19.5.4. D'fhéadfadh impleachtaí a bheith leis an nascacht fheabhsaithe seo le haghaidh rogha modha iompair, úsáid talún agus forbairt eacnamaíoch.

***Taitneamhacht***

Taitneamhacht turais

Sa mheasúnacht ar thaitneamhacht turais, úsáidtear na catagóirí suntasachta céanna is a úsáideadh in 2018 agus tá sé tacaithe ag crostagairt nuair is gá le caibidlí ar éifeachtaí tráchta, torainn, cáilíocht an aeir agus amhairc. An leibhéal tráchta ar bhóthar, gaireacht agus scaradh na gcosán agus na gcosán rothaíochta, cineál trasbhealaí/acomhal ar bith atá le caibidliú, inléiteacht turais (lena n-áirítear comharthaíocht), cur isteach amhairc (lena n-áirítear línte amhairc) agus an tsábháilteacht mar a bhraitear agus an fhíorshábháilteacht: tá siad sin ar fad i measc na dtosca atá ábhartha don mheasúnacht ar thaitneamhacht turais, mar aon leis an líon agus na cineálacha daoine lena mbaineann. Baineann an phríomhimní le coisithe nó rothaithe, ach baineann éifeachtaí taitneamhachta turais le tiománaithe chomh maith, mar shampla de bharr imní sábháilteachta a bhaineann le dul trasna mórbhóithre. D’fhéadfadh foghrúpaí leochaileacha an daonra bheith i gceist leis na turais sin amhail tiománaí scothaosta nó leanaí scoile mar phaisinéirí. Tá idirghníomhú ann chomh maith leis an measúnacht ar shaintréithe turais agus scaradh an phobail.

Taitneamhacht ghinearálta

Is iad na príomhchritéir maidir le taitneamhacht ghinearálta ná folláine an phobail, lena n-áirítear taitneamhacht chónaithe agus inbhuanaitheacht shóisialta. Is féidir go rachadh éifeachtaí díreacha ar phobail, mar gheall ar, mar shampla, thionchair ar áiseanna pobail amhail saoráidí oideachasúla, saoráidí sóisialta agus spás taitneamhachtaí, lena n-áirítear deiseanna le hidirghníomhú le daoine eile, i bhfeidhm ar fholláine an phobail nó ar idirghníomhú pobail. Tá tábhacht faoi leith ag baint leis an gcritéar seo do ghabhdóirí leochaileacha amhail leanaí, daoine scothaosta agus daoine a bheadh faoi mhíchumas. D’fhéadfadh éifeachtaí indíreacha bheith mar thoradh ar athruithe ar cháilíocht an chomhshaoil, mar shampla, ó thorann nó ó ionsá amhairc agus tá crostagairt de réir mar is iomchuí idir iad sin agus caibidlí ábhartha den TMTT nuashonraithe. Tá na leibhéil éifeachta sainithe i Tábla 19.3 thíos.

**Tábla 19.3 Na critéir a úsáideadh sa Mheasúnacht ar Thaitneamhacht**

| Leibhéal na hÉifeachta | Critéir maidir le suntasacht |
|---|---|
| Do-airithe | Ní raibh athrú sonraíoch ar bith ar charachtar na timpeallachta |
| Neamhshuntasach | Éifeacht lena dtarlaíonn athruithe sonraíocha i gcarachtar na timpeallachta, ach gan iarmhairtí suntasacha ar bith ar fholláine an phobail, ar thaitneamhacht nó ar an tsláinte |
| Beag | Is féidir éifeacht bheag ar fholláine phobail a chur i leith an Tionscadail |
| Measartha | Is féidir éifeacht mheasartha ar fholláine phobail a chur i leith an Tionscadail |
| Suntasach | Éifeacht a d’fhéadfadh dul i bhfeidhm ar fholláine an phobail a oiread sin go rachadh sé i gcion ar iompraíocht agus ar chaighdeán beatha daoine |
| An-Suntasach | Éifeacht a d’fhéadfadh dul i bhfeidhm go mór ar fholláine an phobail a oiread sin go rachadh sé i gcion ar iompraíocht agus ar chaighdeán beatha fhormhór na ndaoine |
| Trom | Éifeachtaí chomh mór sin go rachaidís i bhfeidhm go suntasach ar fholláine an phobail sa mhéid is go ndéanfaí athrú suntasach ar iompar nó ar chaighdeán beatha daoine, mar shampla, sa chás go dtiocfadh fadhbanna suntasacha sláinte chun cinn nó sa chás go bhféadfadh sé go mbeadh daoine ag iarraidh athlonnú |

Foinse: Leis an tábla, tugtar comhsheasmhacht i dtaca le measúnacht ar éifeachtaí agus cuireadh in oiriúint é an chéad lá ó DMRB na Ríochta Aontaithe le haghaidh chomhthéacs na hÉireann.

Scartáil agus ceannacháin

Tá scartáil agus ceannach réadmhaoine cónaithe faoi réir cúiteamh airgeadais, ach d’fhéadfadh éifeacht shuntasach a bheith acu ar na sealbhóirí tí lena mbaineann. Lena chois sin, d’fhéadfadh éifeacht shuntasach a bheith ann ar phobail nó ar chomharsana a bheadh fágtha, go háirithe sa chás gurbh ionann líon na bhfoirgneamh a bheidh á scartáil nó á gceannach agus cion mór de líon iomlán na dteaghlach.

Rinneadh na sainmhínithe tionchair a cuireadh i bhfeidhm ar chatagóir na taitneamhachta ginearálta a chur i bhfeidhm ar ábhair na scartála agus na gceannachán sa chaibidil seo Déantar measúnú ar na héifeachtaí sláinte féideartha mar thoradh ar scartáil nó fáil i Roinn 19.5.6.

### *Scaradh Pobail*

Gnáth-thionchar d'fhorbairt bóthair is ea scaradh. Is é an éifeacht idirghníomhú an phobail a dhíspreagadh agus tarlaíonn sé sa chás go gcuirtear bac ar rochtain ar shaoráidí pobail nó idir comharsanachtaí le fadú agaí turas nó le bacainn fhisiciúil bóthair (mar shampla, ardmhéideanna tráchta nó fálú imill). Is féidir le scaradh sóisialta tarlú i ngeall ar shrianta ar inrochtaineacht daoine, agus freisin nuair a aithníonn pobail ina féin mar shrianta de theorainneacha bóthair chomh maith. D'fhéadfadh sé go n-áireofaí leis sin éifeacht shíceolaíoch tráchta nó buarthaí sábháilteachta mar bhacainní ar idirghníomhú sóisialta. Is féidir le scaradh sóisialta tarlú chomh maith do bhóithre gnóthacha amhail mótarbhealaí fiú nuair atá rochtain ar fáil. Ar an taobh eile, is féidir faoiseamh ó scaradh atá ann a sholáthar trí bhóthar nua i gcás go bhfuil na méideanna tráchta nó an luas tráchta measartha, trí chuimsiú saoráidí trasnaithe sa dearadh, nó trí láithreacht tarbhealaí nó íosbhealaí.

Níl an sainmhíniú ar scaradh beacht. Braitheann sé ar shuíomh na saoráidí pobail, leibhéal úsáide na saoráidí, an t-am den lá nó an tréimhse ina dtarlaíonn dálaí tráchta, íogaireacht an daonra lena mbaineann agus leathadh geografach an phobail. Bheadh leanaí, daoine scothaosta, daoine maol-luaineachta agus daoine nach bhfuil rochtain acu ar charr príobháideach i measc na ndaoine is mó a rachadh scaradh an phobail agus caillteanas ar bith d'idirghníomhú comharsanachta a thiocfadh leis sin i gcion orthu.

Sainaithnítear gabhdóirí íogaire go sonrach i gcás go mbíonn cion ard turas coisithe iontu nó i gcás go mbaineann taitneamhachtaí faoi leith leis na grúpaí sin. D'fhéadfadh cohórt daoine óga agus scothaosta, daoine maol-luaineachta agus daoine atá i mbaol aonrú sóisialta bheith sna grúpaí íogaire. Áirítear ar shaoráidí pobail ábhartha scoileanna, clinicí, ospidéil, séipéil, oifigí poist, siopaí, saoráidí spóirt agus ionaid ghníomhaíochta sóisialta.

Scaradh nua

Éifeacht dhiúltach is ea scaradh nua agus tarlaíonn sé nuair a chruthaítear bacainn idir daoine agus áiseanna pobail. D'fhéadfadh an bhacainn bheith ina bhóthar nua, fálú, trácht breise nó an gá le dul ar mhalairt slí ó bhealach taistil reatha. Tá samplaí tugtha i Tábla 19.4 thíos ar conas is féidir scaradh nua a shainiú. Baineann na critéir go sonrach le coisithe, cé go mbainfidh scaradh le rothaithe chomh maith agus d'fhéadfadh sé go mbainfeadh sé le turais feithiclí áitiúla freisin, go háirithe le haghaidh cuid d'fhoghrúpaí íogaire an daonra. Níor cuireadh critéir chainníochtúla san áireamh sa tábla mar go bhféadfadh sé sainmhínithe éifeachta a bheith éagsúil ag brath ar chineál na dturas agus na dtrasnuithe bóthair (i.e. le carr nó ag coisí). Mar an gcéanna, d'fhéadfaí scaradh a laghdú trí shaoráidí trasnaithe a thabhairt isteach, fiú i gcás go bhfuil laghdú ar na leibhéil tráchta.

**Tábla 19.4 Na critéir a úsáideadh sa Mheasúnacht ar Scaradh Nua/Méadaithe**

| Leibhéal na hÉifeachta | Critéir maidir le suntasacht |
|---|---|
| Do-airithe | Patrúin turas coimeádta |
| Neamhshuntasach | Éifeachtaí sonraíocha ar nascacht, ach gan iarmhairtí suntasacha le haghaidh patrúin turas |
| Beag | Is cosúil go gcoimeádfar na patrúin turas reatha, cé go bhféidir go mbeadh bac éigin ar ghluaiseacht |
| Measartha | Is cosúil go dtarlódh scaradh do roinnt cónaitheoirí, lena n-áirítear leanaí agus daoine scothaosta. Do dhaoine eile, beidh turais níos faide nó ní bheidh siad chomh mealltach |
| Suntasach | Is cosúil go dtarlódh scaradh suntasach do a lán cónaitheoirí, lena n-áirítear leanaí agus daoine scothaosta, rud a dhíspreagfadh iad ó thurais áirithe a dhéanamh |
| An-suntasach | Is cosúil go dtarlódh scaradh suntasach dá lán cónaitheoirí, lena n-áirítear leanaí agus daoine scothaosta ar leor é is go gcaithfeadh siad a ngníomhaíochtaí a atheagrú nó a bheadh ina chúis leo gan turais a dhéanamh chomh minic chuig comharsanachtaí in aice láimhe nó nach mbainfeadh siad an oiread úsáide as saoráidí pobail áirithe |
| Trom | Is cosúil go ndíspreagfaí daoine ó thurais a dhéanamh an oiread is go mbeadh caillteanas buan rochtana nó athrú i suíomh na n-ionad gníomhaíochta i gceist |

Foinse: Leis an tábla, tugtar comhsheasmhacht i dtaca le measúnacht ar éifeachtaí agus cuireadh in oiriúint é an chéad lá ó DMRB na Ríochta Aontaithe le haghaidh chomhthéacs na hÉireann.

Faoiseamh ó Scaradh

Éifeacht dhearfach is ea faoiseamh ó scaradh a shainítear i gcomhthéacs scaradh atá ann cheana. D'fhéadfadh faoiseamh ó scaradh bheith mar thoradh ar aistriú tráchta ó bhóthar atá ann, lena n-áirítear feithiclí earraí troma (HGV), ó fheabhsuithe ar an dearadh bóithre nó línte amhairc, nó ó shaoráidí trasnaithe a thabhairt isteach. Fuarthas sonraí maidir le Trácht Laethúil Bliantúil ar an Meán (AADT) ón tsamhail tráchta don N6 GCRR atá beartaithe. Mar sin féin, braitheann an méid faoisimh ó scaradh ar an gcomhthéacs ina dtarlaíonn an t-athrú sin, lena n-áirítear, an méid iomlán tráchta bóithre atá ann, ach chomh maith leis sin luas an tráchta agus líon na dtrasnuithe a dhéanann daoine, rothaithe agus eile. Tá treoir tugtha i Tábla 19.5 ar na critéir a úsáideadh sa mheasúnacht ar fhaoiseamh ó scaradh. Ba cheart a thabhairt faoi deara go léiríonn an tábla leibhéal na dtionchar dearfach, ag méadú ó dho-airithe go dtí an-dearfach ar fad. I gcás go bhfuil na sainmhínithe sin éagsúil sa mheasúnacht mar gheall ar an gcomhthéacs ina dtarlaíonn an faoiseamh, pléitear na cúiseanna leis an difríocht. D'fhéadfadh sé go mbeadh idirghníomhú ann leis an Taitneamhacht Turais chomh maith, sa mhéid is go bhfuil impleachtaí i gceist don fhíorshábháilteacht agus don tsábháilteacht mar a bhraitear.

**Tábla 19.5 Na critéir a úsáideadh sa Mheasúnacht ar Fhaoiseamh ó Scaradh**

| Leibhéal na hÉifeachta | Critéir maidir le suntasacht |
|---|---|
| Do-airithe | Ní raibh iarmhairtí sonraíocha ar bith do phatrúin turas |
| Neamhshuntasach | Éifeachtaí sonraíocha ar nascacht, i.e. laghdú <10% ar na leibhéil mheántráchta bhliantúil ó lá go lá (AADT), ach gan iarmhairtí suntasacha le haghaidh patrúin turas |
| Beag | Laghdú 10-30% ar na leibhéil tráchta (AADT) nó laghdú éigin ar an scaradh |
| Measartha | Laghdú 31-50% ar na leibhéil tráchta (AADT) nó laghdú ar an scaradh ar leor é chun roinnt turas de chois nó ar rothar a spreagadh |
| Suntasach | Laghdú 51-70% ar na leibhéil tráchta (AADT) nó laghdú ar an scaradh ar leor é chun go mbeidh cónaitheoirí ábalta turais a dhéanamh níos minice chuig saoráidí pobail de chois nó ar rothar |
| An-suntasach | Laghdú 71-90% ar na leibhéil tráchta (AADT) nó laghdú an-suntasach ar an scaradh ar leor é chun go mbeidh formhór na gcónaitheoirí ábalta turais a dhéanamh níos minice chuig saoráidí pobail áirithe de chois nó ar rothar |
| Trom | Laghdú níos mó ná 90% sna leibhéil tráchta (AADT) nó laghduithe ar an scaradh amhail rochtain nua a chur ar fáil ar shaoráidí pobail nó bheith mar chúis le méadú an-suntasach i dturais choisithe nó rothaithe |

Foinse: Leis an tábla, tugtar comhsheasmhacht i dtaca le measúnacht ar éifeachtaí agus cuireadh in oiriúint é an chéad lá ó DMRB na Ríochta Aontaithe le haghaidh chomhthéacs na hÉireann.

### *Éifeachtaí eacnamaíocha*

Ginearálta

Tarlaíonn éifeachtaí eacnamaíocha agus fostaíochta ar scála áitiúil agus réigiúnach araon agus d'fhéadfadh siad a bheith dearfach nó diúltach. D'fhéadfadh éifeachtaí dearfacha bheith ag forbairt do ghnólachtaí coimhdeacha nó don fhostaíocht nó, mar mhalairt air sin, d'fhéadfadh sé éifeachtaí diúltacha bheith aige ar ghnólachtaí eile. D'fhéadfadh athruithe ar rochtain nó ar nascacht, faoi mar a pléadh faoi chatagóir na saintréithe turais, éifeachtaí suntasacha a bheith acu ar ghnó nó ar infheistíocht. Áirítear ar éifeachtaí athruithe ar láimhdeachas nó ar rochtain ar dheiseanna gnó. D'fhéadfadh tionchar bheith ag éifeachtaí ar chuideachtaí aonair nó ar an bpobal i gcoitinne, mar shampla i gcás go bhfuil tionchar ar líon gnólachtaí nó i gcás go ndeachthas i gcion ar thimpeallacht mhiondíola nó ghnó baile. Tá na leibhéil tionchair sainithe i Tábla 19.6 thíos.

Turasóireacht

Cuireann an turasóireacht cion suntasach le geilleagar na hÉireann, leis an ngeilleagar áitiúil agus leis an bhforbairt réigiúnach. Cuireann sé deiseanna ar fáil d'fhorbairt ghnó, fás agus nuálaíocht agus tá Fiontair Bheaga agus Meánmhéide (SMEanna) ionadaithe go maith san earnáil. Dá réir sin, tá sé an-tábhachtach chomh maith don fhostaíocht agus tá sé measartha dian ar shaothar i gcomparáid le hearnálacha tionsclaíochta eile.

D’fhéadfadh tionchar bheith ag idirghníomhú idir saintréithe turais, taitneamhacht turais nó cineál na gceann scríbe a úsáidtear le haghaidh taitneamhachta, ar an turasóireacht, agus ar ghnólachtaí agus ar fhostaíocht san earnáil seo. D’fhéadfaí tionchar a imirt ar líonta turasóirí trí thurais a fhadú nó a ghiorrú agus nascacht le cinn scríbe turasóireachta a laghdú nó a fheabhsú. D’fhéadfadh athruithe ar shaintréithe turais agus ar thaitneamhacht turais araon tionchar a imirt ar an gcinneadh fanacht thar oíche i suíomhanna faoi leith. D’fhéadfadh athruithe ar luach oidhreachta cultúrtha nó nádúrtha turasóirí a dhíspreagadh nó a spreagadh chun an turas a stopadh nó leanúint ar aghaidh leis nó, i gcúinsí millteanacha, gan taisteal ar chor ar bith. Áirítear ar thurasóirí cuairteoirí idirnáisiúnta chomh maith le turasóirí ó réigiúin eile in Éirinn.

**Tábla 19.6 Na critéir a úsáideadh sa Mheasúnacht ar Thionchair Eacnamaíocha**

| Leibhéal na hÉifeachta | Critéir maidir le suntasacht |
|---|---|
| Do-airithe | Ní hann d’aon tionchair eacnamaíocha inbhraite |
| Neamhshuntasach | Éifeacht lena dtarlaíonn athruithe sonraíocha i gcarachtar na timpeallachta, ach gan iarmhairtí sonraíocha ar bith ar fholláine an phobail, ar ghnólachtaí nó ar fhostaíocht |
| Beag | Is féidir éifeacht bheag (dhearfach nó dhiúltach) ar an timpeallacht ghnó a chur i leith an Tionscadail |
| Measartha | Is féidir éifeacht (dearfach nó diúltach) mheasartha ar fholláine an phobail a shainaithint |
| Suntasach | Éifeacht (dearfach nó diúltach) a d’fhéadfadh dul i gcion ar fheidhmíocht ghnó nó tionchar a imirt ar chinntí suímh a dhéanann gnólachtaí nua |
| An-Suntasach | Éifeacht (dearfach nó diúltach) a d’fhéadfadh dul i gcion go mór ar fheidhmíocht ghnó nó tionchar a imirt ar chinntí suímh a dhéanann gnólachtaí nua |
| Trom | Éifeachtaí chomh mór sin go rachfaí i bhfeidhm go suntasach (ar bhealach dearfach nó diúltach) ar fheidhmíocht gnólachta mhóir nó roinnt gnólachtaí. Sa chás gur fostóirí áitiúla tábhachtacha iad na gnólachtaí sin, d’fhéadfadh éifeachtaí móra a bheith i gceist do rathúnas ginearálta an limistéir nó an réigiúin áitiúil |

Foinse: Leis an tábla, tugtar comhsheasmhacht i dtaca le measúnacht ar éifeachtaí agus cuireadh in oiriúint é an chéad lá ó DMRB na Ríochta Aontaithe le haghaidh chomhthéacs na hÉireann.

### 19.2.4 Modheolaíocht na Measúnachta Tionchair – an Ghaeilge

Is é is cuspóir leis an mbreithmheas ar an nGaeilge tionchair shuntasacha a shainaithint, más ann dóibh, a d’fhéadfadh bheith ag an Tionscadal le linn na gcéimeanna tógála agus oibriúcháin araon ar an nGaeilge. Ó bhí 2018 ann, cuimsíonn Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2022-2028 na cuspóirí agus na haidhmeanna a leagadh amach roimhe seo i bPlean Ceantair Áitiúil na Gaeltachta, 2002-2018, chun Gaeltacht agus Oileáin na Gaillimhe a chosaint agus a fheabhsú. D'fhoilsigh Údarás na Gaeltachta a Phlean Straitéiseach 2021-2025 don Ghaeltacht i mí an Mheithimh 2021, arb é is aidhm leis, pobail bhríomhara Ghaeltachta a chothú sna háiteanna inarb í an Ghaeilge an phríomhtheanga cumarsáide. Príomhchuspóir amháin is ea an Ghaeltacht a bhunú mar mhol fiontraíochta, agus gnólachtaí a mhealladh agus a chothú sa réigiún.

Tá an breithmheas ar an nGaeilge bunaithe ar:

- cigireacht ar na staidéar comhshaoil lena mbaineann agus cáipéisíocht tionscadal
- breithniú ar an reachtaíocht agus na doiciméid beartais náisiúnta agus ar Phleananna Forbartha Chontae agus Chathair na Gaillimhe agus ar Phlean Straitéiseach Údarás na Gaeltachta 2021-2025
- athbhreithniú ar na haighneachtaí ábhartha a rinneadh le linn na gcomhairliúchán poiblí agus an chomhairliúcháin le hÚdarás na Gaeltachta
- breithniú an eispéiris cásoibre roimhe sin

Ullmhaíodh an mheasúnacht seo agus aird chuí á tabhairt ar na treoirlínte maidir le hullmhú tuarascálacha ar mheasúnachtaí tionchair timpeallachta a d’fhoilsigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil in 2022.

### 19.2.5 Modheolaíocht na Measúnachta Tionchair – Sláinte an Duine

Leagtar amach sa chuid seo an mhodheolaíocht a úsáideadh chun measúnú a dhéanamh ar thionchar an Tionscadail ar an tsláinte.

#### *19.2.5.1 Guidance on the methodology for assessing human health in EIA*

Ó bhí 2018 ann, foilsíodh treoir bhreise maidir leis an measúnacht ar shláinte an duine in MTT as ar baineadh feidhm mar bhonn eolais sa mheasúnacht sláinte nuashonraithe seo, mar seo a leanas:

- IEMA 2022: Guide to Effective Scoping of Human Health in Environmental Impact Assessment (Pyper et al., 2022)
- IEMA 2022: Guide to Determining Significance for Human Health in Environmental Impact Assessment (Pyper et al., 2022)
- TII 2024: Population and Human Health assessments of Proposed National Roads (2024)
- EPA 2022: *Guidelines on the information to be contained in Environmental Impact Assessment Reports* (EPA, 2022)
- Caighdeáin TII um Measúnacht Daonra agus Sláinte an Duine ar Bhóithre Náisiúnta atá Beartaithe (TII, Meán Fómhair 2024)
- Sláinte i Measúnacht Tionchair Timpeallachta - Bunleabhar le haghaidh Cur Chuige Comhréireach (IEMA 2017)
- International Association for Impact Assessment (IAIA) agus an Cumann Eorpach Sláinte Poiblí (EUPHA) *Human Health: Ensuring a High Level of Protection.* A reference paper on addressing Human Health in Environmental Impact Assessment (Cave et al., 2020)

Is é an sainmhíniú atá ag an Institiúid um Shláinte Phoiblí in Éirinn ar Mheasúnacht Tionchair Sláinte (HIA) ná teaglaim de ghnáthaimh, modhanna agus uirlisí lena ndéantar breithiúnas córasach ar éifeachtaí féideartha, agus éifeachtaí neamhbheartaithe corruair, ar bheartas, ar phlean nó ar chlár nó tionscadal ar shláinte daonra agus ar leithdháileadh na n-éifeachtaí sin laistigh den daonra. Díríonn Measúnacht Sláinte i gcomhthéacs MTT aird na measúnachta ar thionchair shuntasacha fhéideartha, i.e. ar éifeachtaí a meastar gur dóchúil go dtarlóidh siad agus, dá dtarlóidís, a mbeifí ag súil leis go mbeidís suntasach (de réir cheanglais na Treorach maidir le Measúnacht Tionchair Timpeallachta).

Sonraítear in *Health in Environmental Impact Assessment – A Primer for a Proportionate Approach* (IEMA, 2017) ón Institute of Environmental Management and Assessment (dá dtagraítear as seo amach mar phlédhoiciméad IEMA) gur próisis ar leithligh iad an Mheasúnacht Tionchair Sláinte (HIA) agus an Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta agus, cé go bhféadann HIA bonn eolais a chur faoi chleachtas MTT i dtaca le sláinte an duine, ní gá go gcomhlíonfadh HIA ceanglais MTT maidir le sláinte an duine as féin. Ní hiondúil HIA a dhéanamh mar ghnáthchleachtas le haghaidh mórscéimeanna bonneagair in Éirinn agus níl sé riachtanach ceann a dhéanamh.

Tagraítear sna réamhaithrisí le Treoracha MTT 1985 agus 2011 do “shláinte an duine” agus tá tagairt sna téacsanna oibríocha do “Dhaoine” mar an toisc chomhshaoil chomhfhreagrach. Sa leasú is úire ar an Treoir MTT in 2014, athraíodh an toisc sin go “Daonra agus Sláinte an Duine”.

Tugtar ar aird sna *Guidelines on the Information to be Contained in Environmental Impact Assessment Reports de chuid na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil* (EPA, 2022) go bhfuil an cur chuige sin maidir le measúnacht sláinte comhsheasmhach leis an gcur chuige a leagadh síos roimhe seo i dTreoirlínte 2002 EPA, áit inar breithníodh an tsláinte trí mheasúnacht ar na conairí comhshaoil trína bhféadfaí difear a dhéanamh de, amhail aer, uisce nó ithir. Luaitear i dTreoirlínte reatha 2022:

> *‘Déantar an mheasúnacht ar éifeachtaí ar na conairí sin trí thagairt do chaighdeáin ghlactha (idirnáisiúnta go hiondúil) sábháilteachta maidir le dáileog, neamhchosaint nó riosca. Tá na caighdeán bunaithe, dá réir sin ar imscrúdú leighis agus eolaíoch ar na héifeachtaí díreacha ar shláinte na substainte, éifeachta nó riosca aonair. Leis an gcleachtas sin ina mbítear ag brath ar theorainneacha, dáileoga agus tairseacha le haghaidh conairí comhshaoil, amhail aer, uisce nó ithir,*

*soláthraítear cosantóirí sláinte láidre agus iontaofa [critéir chosanta] d'anailís a bhaineann leis an gcomhshaol'.*

I dtéarmaí na cosanta do shláinte an duine, caithfear astaíochtaí le linn Chéim Tógála nó Oibríochta an Tionscadail atá beartaithe a aithint agus a chur i gcomparáid le Caighdeáin Sláinte-bhunaithe iontaofa. Féadfaidh foinsí iontaofa na gcaighdeán a bheith de chineál rialála amhail caighdeáin AE, amhail Caighdeáin ar Cháilíocht an Aeir, nó féadfaidh siad a bheith bunaithe ar thuairim saineolaithe, cuir i gcás tuairimí WHO (mar atá i gcás treoirlínte torainn).

Tugtar faoi deara leis na *Guidelines on the information to be contained in Environmental Impact Assessment Reports* (EPA, 2022) maidir le TMTT:

> *'gur cheart sa mheasúnacht ar thionchair ar an daonra agus sláinte an duine go ndéanfaí tagairt do na measúnachtaí ar na tosca sin faoina bhféadfadh éifeachtaí ar shláinte an duine tarlú, faoi mar a phléitear in áiteanna eile sa TMTT e.g. faoi na tosca comhshaoil um aer, uisce agus ithir etc.' agus go ndéantar,*
>
> *'measúnacht ar shaincheisteanna sláinte & sábháilteachta eile faoi Threoracha AE, de réir mar is ábhartha. D'fhéadfadh tuarascálacha a bheith ina measc siúd a ullmhaíodh faoi na Treoracha maidir le Cosc agus Rialú Comhtháite ar Thruailliú, Astaíochtaí Tionsclaíocha, an Creat-Treoir Dramhaíola, Líonadh Talún, Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta [SEA], Seveso III nó Tuilte nó Sábháilteacht Núicléach. De réir cheanglais na Treorach leasaithe, ba cheart torthaí na measúnachtaí sin a chur san áireamh in TMTT gan iad a dhúbláil'.*

I ndoiciméid IEMA 2022 *Guide to Effective Scoping of Human Health in Environmental Impact Assessment* (Pyper et al., 2022) agus *Guide to Determining Significance for Human Health in Environmental Impact Assessment* (Pyper et al., 2022), a n-aithnítear gur ábhartha iad sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn, tugtar tuairisc ar an méid a bhíonn ag teastáil chun measúnú comhréireach a dhéanamh ar na tionchair ar shláinte ba cheart a áireamh in Measúnacht Tionchair Timpeallachta agus is doiciméid áisiúla iad nuair atá machnamh á dhéanamh ar cad ar féidir agus cad ar cheart measúnacht a dhéanamh orthu. Tugadh aird ar an gcur chuige ginearálta a cuireadh chun cinn sna doiciméid sin nuair a bhí an mheasúnacht tionchair sláinte an duine á cur i gcrích don Tionscadal seo. Luaitear i ndoiciméid IEMA gur cheart béim níos mó a chur ar thorthaí sláinte, seachas díreach do na cinntithigh shláinte nó na gníomhairí nó na hastaíochtaí (e.g. deannach) a bhféadfadh éifeachtaí sláinte a bheith acu, ar díríodh orthu roimhe seo sa Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta. Ní chiallaíonn an t-athrú ar bhéim athrú iomlán ar an gcleachtas. I ndoiciméad IEMA 2022, *Guide to Effective Scoping of Human Health in Environmental Impact Assessment,* leagtar amach raon leathan cinntitheach sláinte atá bainteach le sainmhíniú WHP ar an tsláinte agus maítear:

> *Tá conairí sláinte casta agus déanann cinntithigh éagsúla difear do na torthaí. Ba cheart breithiúnas a úsáid chun cros-tagairt a dhéanamh in aghaidh forluí den sórt sin i gcinntí scópála agus gan scópáil a dhéanamh ach sa chinntitheach sláinte is ábhartha i gcoitinne.*

Ina dhiaidh sin, ba cheart don chinneadh chun scópáil amach a dhéanamh, ar tionchar sláinte é a d'fhéadfadh tarlú, tacaíocht a bheith aige ó ráiteas gairid, lena n-áirítear tagairt do shaincheisteanna a dhéantar a scópáil amach i ngeall iad a bheith cumhdaithe in áit éigin eile. Dá bhrí sin, de réir threoirlínte 2022 EPA agus dhoiciméid IEMA 2022, breithnítear torthaí measúnachtaí eile sa mheasúnacht sláinte gan dúbláil a dhéanamh orthu.

Tá na moltaí i bplé-dhoiciméad IEMA, *Health in Environmental Impact Assessment A Primer for a Proportionate Approach* (2017), go hiomlán comhsheasmhach le treoirlínte EPA (EPA, 2022) ar cad ba cheart a bheith i dTuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta.

Tugtar ar aird i ndoiciméad IEMA 2017 go bhfuil trí fhearann cleachtais sa tsláinte phoiblí ar cheart iad a bhreithniú sa mheasúnacht ar shláinte sa Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta.

i. Cosaint na sláinte (lena n-áirítear neamhchosaint cheimiceach agus radaíochta, guaiseacha sláinte, freagairt éigeandála agus galair thógálacha)

ii. Feabhas ar an tsláinte (lena n-áirítear stíl mhaireachtála, neamhionannais, tithíocht, pobal agus fostaíocht)

iii. Seirbhísí a fheabhsú (lena n-áirítear pleanáil seirbhíse, cothromas agus éifeachtúlachtaí)

Thug WHO sainmhíniú ar an tsláinte ina ciall is leithne ina bhunreacht i 1948 (WHO, 1948) mar:

> *'staid folláine fhisiceach, mheabhrach, agus shóisialta iomlán agus ní díreach easpa galair nó éiglíochta.'*

Dá bhrí sin, tá treoir an EPA áisiúil i dtéarmaí na cosanta don tsláinte, tá plé-dhoiciméad IEMA 2017 áisiúil le haghaidh measúnacht níos iomláine, agus is fiú freisin féachaint ar éifeachtaí sláinte níos leithne i dtéarmaí measúnacht a dhéanamh freisin ar na deiseanna maidir le feabhas a chur ar shláinte agus feabhas a chur ar an rochtain ar sheirbhísí.

Cé go bhfuil sé tábhachtach é sin a dhéanamh, tá sé tábhachtach chomh maith gan féachaint ar gach imeacht insamhlaithe mar éifeacht sláinte. Chun brath tuilleadh ar shainmhíniú an WHO, is é a bheadh in éifeacht sláinte rud éigin a mbeadh tionchar ábhartha aige ar fholláine choirp, intinne agus shóisialta duine éigin, bíodh sé sin dearfach nó diúltach.

Mar a thugtar cuntas air i ndoiciméad an Chomhlachais Idirnáisiúnta um Measúnú Tionchair, IAIA, ó 2020 maidir le sláinte an duine laistigh den Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (IAIA, 2019), tá cúig phrionsabal mar bhonn taca faoin dearcadh maidir leis an tSláinte Phoiblí:

1. Cur chuige cuimsitheach maidir leis an tsláinte: Cinntear folláine fhisiceach, shíceolaíoch agus shóisialta le raon leathan fachtóirí sa tsochaí agus nuair a bhreithnítear na cinntithigh níos leithne sin agus a n-idirghaolmhaireachtaí, tabharfar bonn eolais don mheasúnacht ar shláinte an duine. Ba cheart do chomhoibriú idir-earnála, idir an tsláinte phoiblí agus earnálacha eile, a bheith ina ghné de chumhdach comhtháite na sláinte i Measúnacht Tionchair Timpeallachta
2. Cothromas: Ní mór an dáileadh ar thionchair sláinte ar fud an daonra a bhreithniú, agus aird ar leith ar ghrúpaí leochaileacha. I gcás ina n-aithnítear tionchair atá míchothrom agus ar féidir iad a sheachaint, ní mór bearta iomchuí a áireamh chun drochthorthaí sláinte a sheachaint nó a laghdú, nó chun torthaí sláinte a fheabhsú do na grúpaí dá ndéantar difear
3. Trédhearcacht: Éascaítear comhoibriú agus cumarsáid le próiseas Measúnachta Tionchair Timpeallachta atá trédhearcach, mar rud seachtrach a dhéanann an eagraíocht a bhíonn i mbun na Measúnachta Tionchair Timpeallachta. Feabhsaítear an próiseas leis agus feabhsaítear éifeachtacht. Ní mór don tuairisciú ar an Measúnacht Tionchair Timpeallachta modh soiléir agus comhsheasmhach a léiriú agus conclúidí réasúnaithe
4. Comhréireacht: Ach saincheisteanna sláinte an duine a scópáil isteach sa Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta díreofar ar cibé an dócha go mbeidh na tionchair fhéideartha suntasach. Dírítear na hiarrachtaí ansin ar éifeachtaí tromchúiseacha a shainaithint agus tiomantas a fháil maidir leis na héifeachtaí sin a sheachaint nó a laghdú agus ar fheabhas a chur ar éifeachtaí tairbhiúla. Ba cheart torthaí na measúnachta a chur i láthair go soiléir agus an aidhm a bheith ann go mbeidh siad gonta agus cruinn agus go dtabharfaidh siad ualú iomchuí don tsláinte mar chomaoin ábhartha
5. Comhsheasmhacht: Ba chóir an mheasúnacht a bheith bunaithe ar fhianaise agus ar bhreithiúnas fónta. Ba chóir do phróiseas na measúnachta cosán inghlactha, loighciúil follasach a leanúint agus a bheith ciallmhar maidir le treoir ábhartha a chur i bhfeidhm

Ba chóir míniú a thabhairt nuair a imítear ón gcleachtas inghlactha. Ba chóir do mheasúnacht, dá próiseas agus dá conclúidí, a bheith de réir beartais, treorach agus comhthoil eolaíoch cothrom le dáta. Aithnítear leis sin an cumas atá ann le haghaidh coimhlinte idir beartas agus an fhianaise atá ag teacht chun cinn.

#### *19.2.5.2 Scópáil na gCinntitheach*

Breithníodh an treoir thuas nuair a bhí Caighdeán PHH reatha de chuid TII á fhorbairt agus tugtar samplaí de chineálacha cinntitheach a bhreithnítear i measúnacht ar shláinte an duine mar a thaispeántar i Pláta 19.2.




**Pláta 19.2 Samplaí de Chineálacha Cinntitheach a bhreithnítear i Measúnacht ar Shláinte an Duine (sliocht as Caighdeán PHH TII)**

Faoi pobal agus stíl mhaireachtála, áirítear leis an measúnacht ar shláinte an duine measúnacht ar an gcaoi a bhféadfadh an tionscadal difear a dhéanamh do chúrsaí socheacnamaíocha an phobail lena n-áirítear na tionchair fhéideartha ar acmhainní taitneamhachta, sábháilteacht ar bhóithre, deiseanna le haghaidh gníomhaíocht choirp agus na héifeachtaí ina dhiaidh sin ar fholláine, a chumhdaítear faoi fheabhas ar an tsláinte.

Faoi thosca socheacnamaíocha, tá fostaíocht agus ioncam i measc na gcinntitheach is suntasaí maidir leis an tsláinte fhadtéarmach, a imríonn tionchar ar a lán tosca, lena n-áirítear caighdeán na tithíochta, oideachas, réim bia, stíl mhaireachtála, scileanna chun déileáil le deacrachtaí, rochtain ar sheirbhísí agus ar líonraí sóisialta. Déantar measúnacht orthu sin faoin gcritéar maidir le feabhas ar an tsláinte.

Ach feabhas a chur ar an rochtain ar ghníomhaíochtaí caitheamh aimsire agus ar sheirbhísí leighis, chomh maith le saoráidí oideachais, beidh buntáistí breise aige sin do shláinte an duine, agus do shláinte an phobail. Dá bhrí sin, áirítear leis an measúnacht ar shláinte an duine measúnacht ar cibé an bhfeabhsóidh nó nach bhfeabhsóidh an tionscadal rochtain ar na seirbhísí sin.

Cumhdaítear dálaí comhshaoil faoi chosaint na sláinte, agus aithnítear gach conair a d'fhéadfadh an tsláinte a chur i mbaol agus úsáidtear torthaí na measúnachtaí aonair sin áit éigin eile sa TMTT nuashonraithe seo mar bhonn don mheasúnacht sláinte. Tá aer, torann, ithreacha, tírdhreach agus amharc agus bithéagsúlacht liostaithe thuas mar chomaoineacha féideartha agus tá cuntas ar a gcuid scópála i gCuid 19.2.5.3 faoi *Cosaint na Sláinte.*

Féachtar le hathléimneacht aeráide athléimneacht leordhóthanach a chinntiú do mhórthionscadail in aghaidh thionchair thromchúiseacha an athraithe aeráide, cosúil le tuilte nó triomaigh mhéadaithe.

Déantar measúnacht air sin faoi Chuid 17.5.4 Leochaileacht don Athrú Aeráide i gCaibidil 17, Aeráid den TMTT nuashonraithe seo.

Thángthas ar an gconclúid sa mheasúnacht seo nach mbeadh éifeacht shuntasach i dtéarmaí MTT i gcás neamhchoitianta ina dtarlódh tuilte nó i gcás ina mbeadh teas mór ann. Dá bhrí sin, bunaithe ar an measúnacht seo de *neamhshuntasach* agus chun dúbailt measúnachtaí den sórt sin a sheachaint, ní dhéantar breis measúnachta ar athléimneacht aeráide le haghaidh na dtionchar féideartha ar shláinte an duine. Ina theannta sin, caitear leis an mbaol tuilte faoi Chaibidil 11, Hidreolaíocht agus freisin faoin gconair uisce thíos faoi chosaint na sláinte.

Dá bhrí sin, déantar an mheasúnacht ar thionchair fhéideartha as a leanann éifeachtaí sláinte ar an daonra trí bhíthin na measúnachtaí seo a leanas mar atá mionsonraithe tuilleadh thíos:

- Cosaint na Sláinte - Measúnú Riosca chun an riosca féideartha do shláinte an duine a shainaithint mar fhreagra ar ghuaiseacha a sainaithníodh lena n-áirítear éifeachtaí síceolaíocha féideartha
- Feabhas ar an tSláinte agus Feabhas ar an Rochtain ar Sheirbhísí - Tionchair shocheacnamaíocha ar shláinte an duine lena n-áirítear tionchair ar acmhainní taitneamhachta agus na héifeachtaí ina dhiaidh sin ar shláinte an duine

Dá bhrí sin, breithnítear cosaint na sláinte, feabhas ar an tsláinte agus rochtain ar sheirbhísí a fheabhsú sa chaibidil seo den TMTT nuashonraithe atá ar aon dul le TMTT 2018. Tá sé sin ag teacht leis an treoir is déanaí ón EPA in 2022, treoir IEMA ó 2022 agus an Caighdeán PHH reatha ó TII.

#### *19.2.5.3 Critéir Mheasúnachta um Shláinte an Duine*

***Éifeachtaí Sláinte Síceolaíocha***

Luaitear na héifeachtaí díobhálacha féideartha go minic sa phróiseas pleanála ar an tsláinte shíceolaíoch, mar shampla, an imní agus strus a bhíonn orthu siúd a gcaithfear a dtithe a cheannach go héigeantach, ar an drochuair, nó iad siúd a dtiocfaidh athrú ar an timpeallacht ina bhfuil siad ina gcónaí.

Cuirfear isteach freisin ar an bpobal mar gheall ar thionchar sealadach na bainistíochta tráchta agus mar gheall ar rudaí eile a chuirfidh isteach orthu i rith na tógála. D’fhéadfadh athruithe a bheith ar an tírdhreach agus ar an timpeallacht amhairc, rud a d’fhéadfadh difear a dhéanamh don tsláinte shíceolaíoch nó go deimhin d’fhéadfadh sé difear a dhéanamh go dearfach ag brath ar na tionchair.

Ina choinne sin d’fhéadfadh sé nach mbeadh úsáideoirí an bhóthair chomh corraithe sa chéim oibríochta nuair atá agaí taistil laghdaithe ann. Ní éifeacht sláinte ann féin, áfach, é bearrán.

Maidir le beagnach gach togra le haghaidh forbairt bóthair ar bith tá buarthaí ann faoi na héifeachtaí díobhálacha a d’fhéadfadh bheith ar fholláine shíceolaíoch duine ar an iomlán. Tá sé sin ina ábhar a bhfuil sé ábhairín níos deacra measúnú a dhéanamh air mar nach bhfuil tomhais dhíreacha ar bith ann is féidir a úsáid. Cé gur féidir go leor sonraí a thabhairt maidir le, mar shampla, astaíochtaí torainn a thuar ní féidir an chinnteacht eolaíoch chéanna a úsáid chun tionchair shíceolaíocha a thuar. Ní féidir cur chuige bunaithe ar chaighdeáin a úsáid, mar shampla.

Tá méideanna éagsúla de thionchar síceolaíoch ann agus d’fhéadfadh siad sin a bheith dearfach agus diúltach araon. D’fhéadfadh tionchar dearfach bheith ann, i gcás go bhféadfadh daoine bheith ag súil le hiompar níos fearr. D’fhéadfadh éifeachtaí díobhálacha éagsúla bheith ann chomh maith. Ag ceann íochtair an tionchair sin d’fhéadfadh anó bheith i gceist i gcás go bhfuil duine míshásta, mar shampla, mar gheall ar thorann lasmuigh, deascadh dusta nó moilleanna sealadacha tráchta a bhaineann le tógáil na mbóithre. Ní tionchar leighis é sin sa cháil sin. Má thagann tinneas síceolaíoch ar dhuine éigin amhail imní nó dúlagar bheadh sé sin ina thionchar leighis.

Cé gur féidir na tionchair fhéideartha a aithint, is deacair a rá cá mhéad acu atá ann toisc nach bhfuil aon toisí díreacha ar fáil, agus d’fhéadfadh éifeachtaí difriúla a bheith ag na tionchair chéanna ar dhaoine éagsúla. Mar shampla, i gcás roinnt daoine d’fhéadfaidís breathnú ar scartáil foirgnimh mar dheis chun fáil réidh le radharc gránna nó chun spás a dhéanamh do rud éigin níos fearr ach do dhaoine eile, is cailliúint mhór oidhreachta a bhíonn ann, nó a dtithe cónaithe i gcásanna eile.


De réir a cineáil, tá tógáil neamhbhuan ach táthar ag dréim leis na gníomhaíochtaí tógála a bheith ina gcúis le roinnt anó amhail an trácht a chur ar mhalairt slí agus dúnadh sealadach bóithre. Déantar na héifeachtaí féideartha a íoslaghdú trí bhainistíocht tráchta chuí a úsáid agus dúnadh sínte san oíche a sheachaint. Bhí méid suntasach tógála bóithre ar siúl in Éirinn le fiche nó tríocha bliain anuas. Mar sin féin, níl fianaise dhoiciméadaithe ar bith ó na tionscadail sin chun torthaí díobhálacha a cheangal leis an tsláinte shíceolaíoch in Éirinn.

Dá bhrí sin, cumhdaítear saincheisteanna síceolaíocha faoi Chosaint na Sláinte sa mheasúnacht ar shláinte an duine toisc go bhfuil sé i measc na saincheisteanna as a bhféadfaidh éifeacht leanúint.

***Cosaint na Sláinte***

Leanann an mheasúnacht ar shláinte an duine don Tionscadal, i gcomhthéacs chosaint na sláinte, an cur chuige atá leagtha amach i dtreoirlíne EPA, agus i dTreoir Cur chun Feidhme SEA an Choimisiúin Eorpaigh agus Caighdeán PHH TII a foilsíodh le déanaí (2024). Is ionann é de réir cineáil agus treoir EPA na Stát Aontaithe. Níor tháinig aon athrú air ó 2018 agus an Caighdeán PHH is déanaí de chuid TII á chur san áireamh.

Breithnítear Sláinte an Duine trí mheasúnú a dhéanamh ar na tosca comhshaoil (conairí) trína bhféadfaí dul i gcion ar an tsláinte amhail aer, torann, uisce, ithreacha, tírdhreach agus amharc agus bithéagsúlacht. Aithnítear guais leis an bpróiseas sin agus déantar measúnacht ar na héifeachtaí féideartha ar shláinte an duine. Is rud é guais a bhfuil sé de chumas aige díobháil a dhéanamh agus is é an baol an dóchúlacht go dtarlóidh díobháil. Cinntear le measúnú riosca dá bhrí sin an dóchúlacht go dtarlóidh díobháil. Baineann an dóchúlacht go dtarlóidh díobháil, i bhformhór cásanna, leis an méid nó leis an dáileog a bhféadfaí duine a nochtadh dó. Léirítear treoir EPA SAM i bhfoirm ghrafach i Pláta 19.3 thíos.




**Pláta 19.3 Measúnú Riosca don Duine**

Agus úsáid á baint as an bpróiseas measúnaithe riosca, ní ghineann an bhithéagsúlacht truailleáin ann féin, ach d’fhéadfadh na conairí eile atá liostaithe cosúil le haer, torann, uisce agus ithreacha damáiste a dhéanamh don bhithéagsúlacht agus d’fhéadfadh sé sin difear a dhéanamh ansin don tírdhreach agus d’fhéadfadh sé sin dul i gcion ansin ar fholláine an duine agus ar an sult a bhaineann sé as aer glan agus as uisce glan. Chun dúbailt a sheachaint, ní dhéantar athmheasúnú ar na tionchair ar bhithéagsúlacht sa chaibidil seo, ach breithnítear na conairí eile faoi chosaint na sláinte. Ní dhéantar measúnacht i gCaibidil 12 den TMTT nuashonraithe seo ar na héifeachtaí tairbhiúla a fhaightear ón tírdhreach agus ó amharc d’fholláine an duine, dá bhrí sin, coimeádtar tírdhreach agus amharc sa mheasúnacht sláinte seo.

Sainaithníodh na tionchair fhéideartha ar thorann, aer, ithreacha, uisce agus tírdhreach agus amharc a d’fhéadfadh dul i gcion ar shláinte an duine (Sainaithint Guaiseacha), rinneadh measúnú ar scála na dtionchar féideartha sin (Measúnacht Dáileoige-Freagartha) agus a bhfad (Measúnacht ar Nochtadh) agus dearbhaíodh suntasacht an tionchair fhéideartha ar shláinte an duine (Saintréithiú Riosca).

Agus Caighdeán aitheanta ar Bhonn Sláinte á úsáid, cuimsítear an mheasúnacht dáileoige-freagartha sa chaighdeán. I bhfocail eile, beidh na fadhbanna sláinte ag na leibhéil éagsúla nochta curtha san áireamh ag na húdaráis nó na sainchoistí a mhol leibhéal an chaighdeáin agus beidh an leibhéal laistigh den chaighdeán chun nach dtarlaíonn na fadhbanna sin socraithe acu.

***Feabhas ar an tSláinte***

Mar a thugtar faoi deara thuas, tá fostaíocht agus ioncam i measc na gcinntitheach suntasach is mó maidir leis an tsláinte fhadtéarmach, a imríonn tionchar ar a lán tosca, lena n-áirítear caighdeán na tithíochta, oideachas, réim bia, stíl mhaireachtála, scileanna chun déileáil le deacrachtaí, rochtain ar sheirbhísí agus ar líonraí sóisialta. Ina lán staidéar eipidéimeolaíoch léirítear go mbaineann torthaí sláinte níos fearr le stádas socheacnamaíoch níos airde.

Dá réir sin, d'fhéadfadh droch-chúinsí eacnamaíocha tionchar a imirt ar an tsláinte ar feadh an tsaoil, i gcás go bhfuil sé níos dóchúla go dtarlóidh galracht, gortú, imní mheabhrach, dúlagar i bpobail atá faoi dhíothacht shocheacnamaíoch agus go dtarlaíonn rátaí níos airde básanna roimh am iontu ná a tharlaíonn sna pobail is lú díothach. Is é ceann de na modhanna is iontaofa chun feabhas a chur ar an tsláinte i bpobal a stádas socheacnamaíoch a ardú.

D'fhéadfadh tionscadail a bhfuil an acmhainneacht leo tacú le hathghiniúint, dífhostaíocht a laghdú agus feabhas a chur ar an gcás socheacnamaíoch, cuidiú le feabhas a chur ar shláinte agus ar fholláine pobal atá díothaithe ón taobh socheacnamaíoch de.

I gcomhthéacs na sláinte sóisialta, cuireann forbairt eacnamaíoch deis ar fáil chun éagothroime sa tsochaí a laghdú. Tá dífhostaíocht fhadtéarmach, mar shampla, díobhálach don duine aonair, do theaghlaigh agus don tsochaí. D'fhéadfadh sé dul ó ghlúin go glúin i gcás go mbeadh sé i bhfad níos dóchúla go dtiocfaidh teaghlaigh ina bhfuil an ceann teaghlaigh dífhostaithe ar bhonn fadtéarmach chun beith dífhostaithe nó go mbeadh siad dífhostaithe an t-am ar fad. D'fhéadfaí sé sin éagothroime shóisialta a chruthú agus a choimeád. D'fhéadfadh na deiseanna forbartha eacnamaíocha a chuireann an tionscadal iompair ar fáil tuilleadh fostaíochta a chruthú agus an baol maidir le dífhostaíocht fhadtéarmach a laghdú, agus ceantar a dhéanamh níos tarraingtí i gcomhair infheistíochta, chun an turasóireacht a mhéadú agus taisteal inbhuanaithe a éascú. Dá réir sin, d'fhéadfadh níos mó deiseanna le haghaidh éagothroime sa tsochaí bheith mar thoradh air sin.

Tá an nasc idir coinníollacha socheacnamaíocha agus torthaí dearfacha sláinte chomh láidir gur féidir cásanna socheacnamaíocha feabhsaithe a úsáid mar ionadaí le haghaidh éifeachtaí do shláinte an duine. I mbeagán focal, trí réamhaisnéis a thabhairt ar fheabhas a chur ar chás socheacnamaíoch, is féidir le duine a bheith ag súil le feabhas ar thorthaí sláinte.

Tá stádas socheacnamaíoch feabhsaithe ceangailte le bearta sláinte feabhsaithe cosúil le fad saoil. Daoine a bhíonn ag obair, maireann siad níos faide agus bíonn sláinte níos fearr acu ná daoine dífhostaithe, a fhulaingíonn go minic ó shláinte fhisiceach níos measa agus ó thorthaí sláinte síceolaíocha níos measa. Go deimhin, ceann de na rudaí is tábhachtaí a chuireann leis an tsláinte phoiblí is ea fostaíocht a sholáthar agus a spreagadh agus acmhainní airgeadais feabhsaithe dá réir. Cé go bhféadfadh buntáistí socheacnamaíocha a bheith fiúntach iontu féin, tá sé tábhachtach a thuiscint go bhfuil baint acu le feabhas ar an stádas sláinte.

Atreisíodh é sin le foilseachán 2019 ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Sláinte an Daonra agus Déimeagrafaic, agus tugadh na nithe seo a leanas faoi deara:

> *'Tá nasc láidir idir an bhochtaineacht, stádas socheacnamaíoch agus an tsláinte'.*

Áirítear sa mheasúnacht ar shláinte an duine don tionscadal, ó thaobh feabhas ar an tsláinte de, measúnacht ar an dóigh a rachadh an tionscadal i gcion ar shocheacnamaíocht an phobail. Áirítear ann freisin measúnacht ar na tionchair fhéideartha ar acmhainní taitneamhachta agus na héifeachtaí ina dhiaidh sin ar shláinte an duine.

Is féidir cur síos a dhéanamh ar thaitneamhacht mar ghné inmhianaithe nó áisiúil d'áit. Is rud é a chuidíonn chun compord, áisiúlacht nó taitneamhacht a chur ar fáil don duine. I dtéarmaí sláinte an duine is féidir le taitneamhacht a bheith bainteach le tosca cosúil leis an gcumas aclaíocht a dhéanamh ag úsáid áiseanna spóirt, páirceanna, cosán agus bóithre. Leathnaíonn taitneamhacht freisin chuig an gcumas atá ag daoine aonair a scíth a ligean, rud a bhfuil buntáistí sláinte cinnte ag baint leis.

Baineann an mheasúnacht ar shláinte an duine de na tionchair ar thaitneamhacht go príomha le deiseanna aclaíochta do chách, ina measc daoine atá ábalta agus faoi mhíchumas. Cumhdaíonn an mheasúnacht an caillteanas agus na buntáistí a d'fhéadfadh a bheith i gceist le taitneamhacht.

Is iad na príomhchritéir maidir le taitneamhacht ghinearálta folláine an phobail. Is féidir le héifeachtaí díreacha ar phobail i ngeall ar chaillteanas saoráidí, spás taitneamhachta agus limistéir nádúrtha tionchar a bheith acu ar fholláine agus ar idirghníomhaíocht an phobail. D'fhéadfadh éifeachtaí indíreacha leanúint as athruithe ar cháilíocht chomhshaoil, cuir i gcás, ó thorann nó cur isteach ar amharc.

Léirítear i staidéir go bhféadfadh tionchar dearfach bheith ag gníomhaíochtaí caitheamh aimsire ar fholláine agus ar shláinte duine.

***Rochtain fheabhsaithe ar sheirbhísí***

Léiríodh i staidéar a rinne Lyon et Al[3] ó 2004 go raibh tionchar ag agaí freagartha laghdaithe do na seirbhísí éigeandála ar ráta marthana i bhfad níos fearr ó stadanna cairdiacha lasmuigh den ospidéal. Dá bhrí sin, tá an cumas chun beathaí a shábháil ag acmhainn na seirbhísí éigeandála amhail otharcharranna cásanna éigeandála a rochtain go gasta.

Dá bhrí sin beidh sé níos éasca do dhaoine gníomhaíochtaí caitheamh aimsire a dhéanamh má chuirtear feabhas ar an rochtain ar phictiúrlanna, páirceanna, miondíol agus gníomhaíochtaí caitheamh aimsire eile. Bainfidh tairbhí breise do shláinte an duine chomh maith le rochtain níos fearr ar sheirbhísí faoi mar a bheidh ag rochtain ar shaoráidí oideachais freisin.

Beidh tionchar ag rochtain níos fearr ar sheirbhísí amhail ospidéil nó saoráidí caitheamh aimsire ar shláinte pobail. Dá bhrí sin, áirítear leis an measúnacht ar shláinte an duine measúnacht ar cibé an bhfeabhsóidh nó nach bhfeabhsóidh an tionscadal rochtain ar na seirbhísí sin.

***Íogaireacht na nGabhdóirí do Shláinte an Duine***

Sa chleachtas, tá roinnt daoine níos íogaire ná daoine eile, mar gheall ar a n-aois, ar a sláinte agus ar chúiseanna eile. Mar sin féin cuireann rúndacht othar agus Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) cosc ar dhochtúirí agus ar chleachtóirí cúraim sláinte faisnéis a thabhairt maidir lena n-othair. Fiú dá mbeifí in ann faisnéis a roinnt, ní chabhródh sé fós leis an measúnacht ar na tionchair ar shláinte an duine. Na daoine sin atá leochaileach inniu, ní gá gurb iad a bheidh leochaileach le linn na tógála agus / nó le linn oibriú an Tionscadail. In iarracht a bheith coimeádach, agus ag teacht leis an gcur chuige maidir leis an gcás is measa a réamh-mheastar go réasúnach thuas glactar leis go bhfuil daoine leochaileacha ag gach gabhdóir. Ina theannta sin, tagtar ar na caighdeáin sláinte-bhunaithe chun daoine leochaileacha a chosaint. Dá bhrí sin, níorbh ghá gabhdóirí íogaire nó leochaileacha aonair a shainaithint don mheasúnacht seo. Glactar leis in ionad sin go bhfuil gach gabhdóir leochaileach.

Ar chúiseanna comhsheasmhachta, féachtar ar ghabhdóirí íogaire nó leochaileacha, i dtéarmaí a gcuid 1) tábhachta agus 2) íogaireachta. I dtéarmaí sláinte an duine áfach tagann siad salach ar a chéile go minic.

<u>Tábhacht</u>

I dtéarmaí Sláinte an Duine, meastar go bhfuil gach duine chomh tábhachtach céanna agus mar sin nach ann ach do leibhéal amháin tábhachta. Tagraíonn an úsáid a bhaintear as an téarma "tábhacht" sa mheasúnacht seo do limistéir nó d'fhoirgnimh atá áitithe ag daoine. Meastar go méadaíonn a dtábhacht de réir mar a mhéadaíonn an líon daoine agus de réir mar a mhéadaíonn an t-achar ama a chaitheann siad ann.

Tugtar le fios sna *Guidelines on the information to be contained in Environmental Impact Assessment Reports* ón EPA (Bealtaine 2022) go bhfuil siad seo a leanas i measc na n-áitreabh agus na n-úsáidí talún sa chomharsanacht ar chóir a chur san áireamh:

- Tithe Cónaithe
- Ospidéil

[3] Emerg Med J. 2004 MF;21(5):619-24| Lyon RM1, Cobbe SM, Bradley JM, Grubb NR

- Saoráidí cúraim sláinte
- Lóistín in óstáin
- Scoileanna agus ionaid athshlánaithe
- Turasóireacht agus saoráidí caitheamh aimsire
- Nithe is Díol Spéise do Thurasóirí

Limistéir chónaithe, saoráidí sláinte poiblí agus príobháideacha, áiteanna oibre, limistéir thráchtála agus saoráidí oideachais a meastar gur limistéir 'an-tábhachtach' iad toisc go gcaitheann líon daoine go leor ama ag na suíomhanna sin de ghnáth.

Áiteanna adhartha agus limistéir caitheamh aimsire, meastar gur limistéir den timpeallacht bhonnlíne iad atá 'tábhachtach' toisc go n-úsáidtear iad ar bhealach níos sealadaí agus ní chaitheann daoine an oiread ama sna háiteanna sin de ghnáth.

Meastar go bhfuil 'meántábhacht' le limistéir talmhaíochta i dtéarmaí sláinte an duine mar gheall ar an líon teoranta daoine a bhíonn i láthair iontu agus an méid ama teoranta a chaitear sna limistéir sin. Meastar go bhfuil na feirmeacha féin 'an-tábhachtach' áfach.

<u>Íogaireacht</u>

Tagraíonn íogaireacht limistéir nó foirgnimh sa chomhthéacs seo do leochaileacht an daonra, cuir i gcás daoine an-óg nó an-sean. Meastar go bhfuil suíomhanna ina mbíonn líon níos airde daoine leochaileacha cosúil le hospidéil agus tithe altranais 'an-íogair' agus go dteastaíonn aire speisialta uathu i gcás ina bhféadfadh éifeachtaí féideartha tarlú. I gcás inar léir go mbíonn éifeachtaí diomaibhseacha ag gabhdóirí an-íogair, b'fhéidir mar gheall ar chomh fada agus atá siad ón Tionscadal agus ón éifeacht fhéideartha, déantar scópáil amach orthu.

Meastar go bhfuil áiteanna cónaithe, scoileanna, áiteanna oibre, limistéir thráchtála agus áiteanna adhartha 'an-íogair', toisc go mbeidh daonraí de dhaoine scothaosta, daoine óga agus daoine a bhfuil riochtaí sláinte ag dul dóibh ag cur fúthu sna limistéir sin. Mar sin féin, seans nach mbeidh formhór den daonra sna suíomhanna sin chomh leochaileach céanna leo siúd sna suíomhanna 'an-íogair'.

Meastar go bhfuil limistéir ina ndéantar gníomhaíochtaí caitheamh aimsire 'íogair' toisc nach mbíonn daoine sna suíomhanna sin de ghnáth ach le linn an lae, agus ní gá go mbeidís ann go leanúnach. Beidh siad in úsáid ag leanaí agus ag daoine scothaosta ach ar feadh tréimhsí ama teoranta.

Meastar go méadaíonn íogaireacht freisin de réir mar a bheidh duine níos nochta d'astaíochtaí. Cuir i gcás, is fíor nach mbíonn daoine a bhíonn istigh faoi dhíon chomh híogair d'astaíochtaí leo sin a bhíonn amuigh faoin spéir, toisc go bhfuil an nochtadh féideartha níos lú. Mar sin féin, cothromaítear é sin toisc go mbíonn sé de nós ag daoine i bhfad níos mó ama a chaitheamh taobh istigh. Dá bhrí sin, ní dhearnadh aon idirdhealú mór idir a bheith taobh istigh agus taobh amuigh.

#### *19.2.5.4 Suntasacht na dTionchar Sláinte*

Tá deacracht le leibhéil suntasachta a thabhairt maidir le tionchair ar shláinte an duine. I gcúrsaí leighis, faoi mar atá sé sna heolaíochtaí ar fad, úsáidtear coincheap na suntasachta staitistiúla. Is éard atá i gceist leis sin luach a cheangal le suntasacht, a chuirtear in iúl go minic mar leibhéal céatadáin muiníne sna sonraí. Baintear úsáid go minic as tomhais mhuiníne 95% nó fiú 99% chun leibhéil chinnteachta nó athruithe nach mbaineann le seans as féin a thomhas.

Cur chuige bailí is ea é sin don staidéar ar na tionchair ar *dhaonra*, ach ní dhéantar freagairt ar an duine aonair a eisiamh go hiomlán. Mar sin féin, tá sé deacair leibhéil suntasachta a thabhairt i leith tionchair shláinte an duine ar dhaoine aonair gan faisnéis mhionsonraithe faoin duine aonair sin. Dá réir sin, déantar suntasacht éifeachtaí sláinte a mheasúnú ar bhonn grúpa nó pobail seachas ar bhonn daoine aonair. Tá an oiread inathraitheachta i bhfreagairt duine nach bhféadfaí na héifeachtaí aonair ar fad a shainaithint choíche agus mar sin, de réir na treorach dá dtagraítear thuas, meastar go bhfuil sé níos oiriúnaí measúnú a dhéanamh ar shuntasacht na n-éifeachtaí sláinte ar leibhéal daonra. Tá na critéir maidir le suntasacht don mheasúnacht ar shláinte pobal, dá bhrí sin, mar atá siad achoimrithe i Tábla 19.7 thíos.

**Tábla 19.7 Na critéir a úsáideadh sa Mheasúnacht ar an Éifeacht um Chosaint Sláinte don Phobal**

| Leibhéal na hÉifeachta | Critéir maidir le suntasacht |
|---|---|
| Do-airithe | Níl tionchair shuntasacha ar bith ar shláinte an duine follasach |
| Beag | D'fhéadfadh tionchar beag a bheith ar chomharthaí sóirt a tuairiscíodh ach gan athrú ar bith a bheith ar an stádas sláinte mar thoradh ar an Tionscadal |
| Measartha | D'fhéadfadh tionchar measartha a bheith ar an stádas sláinte ach gan athrú ar bith ar ghalracht nó ar mhortlaíocht mar thoradh ar an Tionscadal |
| Suntasach | Tá sé de chumas ag an Tionscadal tionchar a bheith aige ar an stádas sláinte le hathrú gaolmhar ar ghalracht |
| An-Suntasach | Tá sé de chumas ag an Tionscadal tionchar a bheith aige ar stádas sláinte grúpaí daoine |
| Trom | Tá sé de chumas ag an Tionscadal tionchar a bheith aige ar stádas sláinte pobal |

Foinse: Leis an tábla, tugtar comhsheasmhacht i dtaca le measúnacht ar éifeachtaí agus cuireadh in oiriúint é an chéad lá ó DMRB na Ríochta Aontaithe le haghaidh chomhthéacs na hÉireann.

D'fhéadfaí asma a lua mar shampla agus na critéir sin á n-úsáid:

- Bheadh tionchar dobhraite ina thionchar nach mbeadh éifeacht intomhaiste aige ar asma
- D'fhéadfadh tionchar Beag bheith ina mhéadú sealadach ar shiomptóim ach gan athrú ar bith ar dhéine an bhunriochta nó na cóireála a theastódh
- D'fhéadfadh tionchar Measartha a bheith ann mar gheall ar úsáid mhéadaithe as análóirí de dheasca an Tionscadail ach gan athrú ar bith ar an mbunriocht nó gan éifeacht ar bith ar fhormhór na ndaoine a bhfuil asma nó plúchadh ag dul dóibh
- D'fhéadfadh éifeacht Shuntasach a bheith ann i gcás duine a dtagann asma air nó i gcás ina n-éiríonn asma duine i bhfad níos measa mar thoradh ar an Tionscadal
- D'fhéadfadh éifeacht An-Suntasach a bheith ann i gcás grúpa daoine aonair a dtagann asma orthu nó i gcás ina n-éiríonn a n-asma i bhfad níos measa mar thoradh ar an Tionscadal
- D'fhéadfadh éifeacht Throm a bheith ann i gcás ina dtagann méadú intomhaiste ar theagmhas nó ar dhéine an asma i bpobal mar thoradh ar an Tionscadal

## 19.3 An Timpeallacht Ghlactha

### 19.3.1 Comhthéacs

Leanann an N6 GCRR atá beartaithe an t-ailíniú mar a cuireadh isteach é mar chuid de Iarratas Alt 51 in 2018 do mhórchuid dá fhad ach cuirtear san áireamh freisin na mionathruithe a bhfuil cuntas orthu i gCuid 5.2 de Chaibidil 5 agus a thuairiscítear ansin. Foilsíodh an Creat Náisiúnta Pleanála agus Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch an Tuaiscirt agus an Iarthair[4] (NWRSES) 2020-2032 ó 2018, agus dírítear sa dá cheann ar dhlúthfhás. Tá an timpeallacht ghlactha cosúil tríd is tríd freisin cé is moite d'inlíonadh cónaithe le déanaí, tá fostaíocht agus forbairt mhiondíola sa chathair ag teacht leis an bPlean Forbartha Cathrach, an Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch agus an Creat Náisiúnta Pleanála agus bonneagar bóithre nua cosúil le Seachbhóthar Mhaigh Cuilinn an N59 agus an M18 in éineacht le huasghráduithe agus feabhsúcháin chontae agus acomhail sa chathair a léiríodh sa tsamhail tráchta nuashonraithe (féach ar Chuid 6.3.1 de Chaibidil 6).

[4] An Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch 2020-2032 (nwra.ie)

Tá Cathair na Gaillimhe agus an ceantar máguaird suite 4.5km[5] idir Loch Coirib agus Cuan na Gaillimhe agus tá sí deighilte ag Abhainn na Gaillimhe agus tá timpeallacht thógtha agus nádúrtha agus limistéir chónaithe ar an dá thaobh den abhainn. Gabhann an N6 GCRR atá beartaithe thart ar an gcathair agus ar fhormhór na dtailte atá criosaithe le haghaidh forbartha. Is ionann imeall leath-thuaithe/uirbeach Chathair na Ghaillimhe agus an timpeallacht bhonnlíne agus den chuid is mó is é an ghné is suntasaí de, féarach ísealdéine agus tailte agus portach neamhshaothraithe agus droimneach agus limistéir atá criosaithe le haghaidh forbairt chónaithe, tráchtála, agus tionsclaíoch agus caitheamh aimsire. Mar sin féin, ag glacadh le patrún na timpeallachta tógtha ar imeall na cathrach, le tithe ar gach bóthar a shíneann amach as an gcathair agus a gaireacht do limistéir chónaithe, nach féidir a sheachaint, ar an drochuair beidh gá roinnt réadmhaoine a scartáil agus cruthófar tionchair don phobal mar gheall ar an N6 GCRR atá beartaithe agus níl aon dul as sin.

Tá sonraí déimeagrafacha ar fáil ó Dhaonáireamh 2022 (An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2023) maidir le daonra Chathair na Gaillimhe agus a purláin agus úsáidtear na sonraí sin sa TMTT nuashonraithe seo. Baineann Plean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2023-2029 leas as na réamh-mheastacháin daonra a ullmhaíodh don NWRSES 2020-2032 ar glacadh leis an 24 Eanáir 2020. I gcomhréir leis an Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch, tá sé mar aidhm aige an daonra a dhíriú sa chathair agus dóthain acmhainn talún criosaithe ann chun freastal ar na riachtanais a bhainfidh le méadú ar an daonra. Taispeántar i Tábla 19.8 daonra 84,414 do Chathair na Gaillimhe, ag léiriú méadú 7.3% ar an bhfigiúr roimhe sin le haghaidh 2016 agus méadú 11.8% ar fhigiúr 2011. Bíonn réamh-mheastacháin daonra i bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2022-2028 ag brath freisin ar an Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch. Ba é 193,323 daonra Chontae na Gaillimhe i nDaonáireamh 2022, gan an chathair san áireamh. Sin méadú 7.8% ar 2016 agus 11.7% ar 2011. Léiríonn na figiúirí gur tháinig fás suntasach ar an daonra le blianta beaga anuas

**Tábla 19.8 Daonra Chathair agus Chontae na Gaillimhe**

| | 2022 | 2016 | 2011 | 2006 |
|---|---|---|---|---|
| Cathair na Gaillimhe | 84,414 | 78,668 | 75,529 | 72,414 |
| Contae na Gaillimhe | 193,323 | 179,390 | 175124 | 159,256 |
| Iomlán Chontae na Gaillimhe | 277,737 | 258,058 | 250,653 | 231,670 |

Moltar sa Phlean Forbartha Contae forbairt a chomhchruinniú i molbhaile Bhaile Thuama, Tairseach na Gaillimhe agus an Chonair Eacnamaíoch Straitéiseach soir ó Chathair na Gaillimhe idir Órán Mór agus Áth Tíomáin. Samhlaítear i bPlean Forbartha Chathair na Gaillimhe agus i bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe síneadh soir na cathrach i dtreo Ardáin, Chnoc Maoil Drise agus an chomharsanacht nua atá beartaithe ag an nGarrán idir an chathair agus Órán Mór. Admhaítear sna pleananna forbartha an brú a d'fhéadfadh an fás nua sin a chur ar an mbonneagar iompair atá ann isteach sa chathair agus an gá le talamhúsáid agus iompar a chomhtháthú. Aithnítear sna pleananna an gá atá le comhdhlúthú nó athghiniúint laistigh de chomharsanachtaí roghnaithe.

I gcás Chathair na Gaillimhe agus a purlán bruachbhailte, léiríodh i nDaonáireamh 2022 gur tháinig fás ar líon na dteaghlach sa cheantar sin 7.2% ó 2016 i leith. Tá an fhorbairt chónaithe níos scaipthe laistigh den imeall uirbeach, feadh mionbhóithre go minic agus go háirithe ó thuaidh ó Bhearna. Tá pobail shainiúla agus bhunaithe ann sa bhreis ar na cinn atá liostaithe sna sonraí ón CSO thíos. I measc pobal eile, tá Bearna, na Foraí Maola, Troscach, an Chloch Scoilte, Ceapach, Baile an Mhóinín, an Caorán, Mionchluain, Daingean, Mionlach, Baile an Dúlaigh, Baile an Phoill, an Caisleán Gearr, an Pháirc Mhór, Dabhach Uisce agus Cúil Each.

I Tábla 19.9 léirítear daonra gach Toghroinne i mórlimistéar na Gaillimhe tráth Dhaonáireamh 2022. Tá limistéir níor lárnaí na cathrach faoi scáthlíniú éadrom. Léirítear sa tábla méaduithe suntasacha céatadánacha i ndaonra, le fianaise ann de roinnt athfháis sna ceantair bhruachbhailteach amhail An Daingean, Rathún agus Mervue, ach freisin i limistéir níos forimeallaí amhail An Caisleán Gearr agus Bearna.

[5] An fad a tomhaiseadh ó chladach theas Loch Coirib go dtí an Póirse Caoch ag Dugaí na Gaillimhe

Is féidir achar cheantar Ghaeltacht na Gaillimhe a fheiceáil i bhFíoracha 19.1.01 agus 19.1.02 d'Imleabhar 3 den TMTT nuashonraithe seo. Tá figiúirí daonra do Ghaeltacht na Gaillimhe siar agus ó thuaidh ón gcathair curtha san áireamh i Tábla 19.9 óir beidh ceangal níos fearr ag na ceantair sin leis an Tionscadal. Tá an méadú le déanaí ar dhaonra sa Ghaeltacht siar ón gcathair feadh an R336 chomh fada le Ros an Mhíl inchomparáide leis an méadú sna toghranna imeallacha uirbeacha/tuaithe tar éis méaduithe níos lú roimh 2016. Chonacthas méaduithe suntasacha ar roinnt toghranna atá níos gaire do Ghaillimh, amhail An Spidéal agus Na Forbacha. Is limistéar í an Ghaeltacht ar deacair í a bhaint amach faoi láthair ón taobh thoir de Chathair na Gaillimhe agus an chuid eile den tír, cé go bhfuil an acmhainneacht chun fáis níos faide siar teoranta ábhairín don stráice caol idir an fharraige agus an bratphortach díreach ó thuaidh. Bhí an fás ar an daonra níos mó sa limistéar Gaeltachta feadh Bhóthar Mhaigh Cuilinn an N59 idir an chathair agus Uachtar Ard.

**Tábla 19.9 Toghranna Daonra**

| Toghroinn | Daonra 2022 | Daonra 2016 | Daonra 2011 | Athrú céatadáin 2016-2022 | Athrú céatadáin 2011-2016 | Dlús Daonra (in aghaidh an km$^2$) |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Bealach an N6 GCRR atá beartaithe** | | | | | | |
| 27052 (Cuid) Tuaithe na Gaillimhe[6] | 211 | 149 | 126 | 41.6% | 18.3% | 12 |
| 27044 Bearna (Tuath) | 3866 | 3727 | 3630 | 3.7% | 2.7% | 167 |
| 26003 Bearna | 16551 | 15185 | 14384 | 9.0% | 5.6% | 2452 |
| 26015 Rathún | 3486 | 3076 | 3009 | 13.3% | 2.2% | 713 |
| 26006 An Daingean | 4621 | 4132 | 3608 | 11.8% | 14.5% | 3060 |
| 26013 An Caisleán Nua | 2017 | 1900 | 1820 | 6.2% | 2.2% | 280 |
| 26011 Mervue | 2278 | 1831 | 1796 | 24.3% | 1.9% | 2501 |
| 26022 Páirc an Tobair | 1848 | 1668 | 1843 | 10.8% | -9.5% | 2282 |
| 26018 San Nioclás | 3232 | 2394 | 2598 | 35.0% | -7.9% | 3758 |
| 26010 Mionlach | 5407 | 5118 | 4990 | 6.5% | 5.6% | 662 |
| 26004 An Caisleán Gearr | 4315 | 4053 | 4135 | 6.5% | -2.0% | 1127 |
| 26002 Baile an Bhriotaigh (Ballybrit) | 943 | 949 | 898 | -0.6% | 5.7% | 385 |
| 26001 An Baile Bán | 13217 | 13019 | 12298 | 1.5% | 5.9% | 1838 |
| **Gaillimh (Conamara)** | | | | | | |
| 27054 Cill Chuimín | 1403 | 1314 | 1315 | 6.8% | -0.1% | 26 |
| 27061 Sailearna | 1503 | 1453 | 1448 | 3.4% | 0.3% | 22 |
| 27055 Cill Aithnín | 1108 | 1044 | 1000 | 6.1% | 4.4% | 16 |
| 27063 An Spidéal | 1842 | 1443 | 1450 | 27.7% | -0.5% | 52 |
| 27051 Na Forbacha | 1634 | 1415 | 1312 | 15.5% | 7.9% | 59 |
| 27159 Uachtar Aird | 2819 | 2636 | 2604 | 6.9% | 1.2% | 24 |

[6] Tá (cuid) Tuaithe na Gaillimhe ina toghroinn bheag (#27052) ar chósta iardheiscirt Loch Coirib

| Toghroinn | Daonra 2022 | Daonra 2016 | Daonra 2011 | Athrú céatadáin 2016-2022 | Athrú céatadáin 2011-2016 | Dlús Daonra (in aghaidh an $km^2$) |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 27162 Poll na bPéist | 2602 | 2376 | 2315 | 9.5% | 2.6% | 43 |
| 27062 Sliabh an Aonaigh | 797 | 763 | 763 | 4.5% | 0.0% | 14 |
| 27065 Tulaigh Mhic Aodháin | 2303 | 2075 | 1985 | 11.0% | 4.5% | 79 |
| 27059 Maigh Cuilinn | 2459 | 2142 | 2008 | 14.8% | 6.7% | 91 |

I Tábla 19.10 léirítear a thuilleadh an toradh don fhás ar dhaonra sa tábla roimhe seo. Is amhlaidh arís eile atá limistéir níos lárnaí scáthlínithe, agus forbairt chónaithe luath mar shaintréithe dá gcuid. Tugtar le fios sa tábla thíos an chaoi, ó 2016 i leith, a bhfuil forbairt inlíonta in Mervue agus forbairt nua sna ceantair fhorimeallacha i Rathún, ó 2016, tar éis a bheith ina gcúis le páirtchúlú ar na treochtaí roimhe d'fhás níos lú sna suíomhanna sin, agus an chaoi á léiriú ina bhfuil forbairt nua tar éis filleadh ar na leibhéil fáis a chonacthas roimh an nGéarchéim Airgeadais 2008-2011 i suíomhanna amhail Bearna agus Baile an Teampaill. Tá na méaduithe le déanaí i mBearna ag teacht leis na conairí iompair phoiblí atá beartaithe in BusConnects, agus forbairt chónaithe shuntasach nua suite ag Gort na Bró, Bóthar an Chlaí Bháin, Bóthar Bhaile an Mhóinín agus Bóthar na Ceapaí.

**Tábla 19.10 Tithe de réir Bhliain a dTógtha (An Phríomh-Oifig Staidrimh 2022)**

| | Roimh 1980 | 1981-1990 | 1991-2000 | 2001-2010 | 2011-2015 | Roimh 2016 | Neamhshonraithe | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| (Cuid) Tuaithe na Gaillimhe | 17.7% | 9.6% | 19.7% | 41.0% | 3.6% | 6.9% | 1.3% | 3862 |
| Bearna (Tuath) (Cuid) | 6.0% | 15.0% | 34.6% | 32.3% | 2.7% | 7.4% | 2.0% | 16681 |
| Bearna | 6.9% | 16.0% | 34.7% | 31.7% | 2.7% | 6.4% | 1.8% | 6043 |
| Rathún | 13.6% | 13.3% | 26.5% | 30.7% | 2.3% | 11.3% | 2.1% | 3533 |
| An Daingean | 35.4% | 31.4% | 17.6% | 5.9% | 1.0% | 3.8% | 5.1% | 4251 |
| An Caisleán Nua | 70.8% | 12.2% | 4.7% | 3.8% | 0.2% | 1.3% | 7.1% | 2058 |
| Mervue | 68.5% | 9.2% | 3.7% | 0.4% | 0.2% | 13.8% | 4.2% | 13444 |
| Páirc an Tobair | 53.8% | 9.6% | 18.6% | 12.0% | 1.4% | 0.6% | 3.9% | 2227 |
| San Nioclás | 41.9% | 5.5% | 23.8% | 14.7% | 0.8% | 0.7% | 12.5% | 1448 |
| Mionlach | 28.3% | 23.3% | 16.6% | 27.1% | 1.7% | 1.0% | 1.9% | 5412 |
| An Caisleán Gearr | 21.3% | 9.5% | 17.5% | 41.2% | 2.0% | 5.4% | 3.0% | 4237 |
| Ballybrit | 14.5% | 21.0% | 37.0% | 22.7% | 1.3% | 1.6% | 1.9% | 891 |
| Baile an Teampaill | 20.3% | 13.7% | 16.6% | 34.9% | 5.7% | 8.4% | 0.4% | 14531 |
| An Baile Bán | 9.9% | 7.1% | 15.3% | 56.5% | 3.1% | 5.4% | 2.7% | 1624 |
| **Meán** | **29.3%** | **14.0%** | **20.5%** | **25.3%** | **2.0%** | **5.3%** | **3.6%** | - |

Chomh maith le forbairt chónaithe, rinneadh limistéir a chriosú le haghaidh forbairt mhór mhiondíola agus tionscail éadroim i Rathún, feadh bhóthar Shéamais Uí Chuirc agus soir ó Abhainn na Gaillimhe i gcomharsanacht Acomhal na mBoidicíneach agus Acomhal na gCiarabhánach. Tá Ollscoil na hÉireann, Gaillimh suite i gconair talún in aice le bruach thiar Abhainn na Gaillimhe agus tá a saoráidí teagaisc agus taighde lonnaithe ó thuaidh agus ó dheas ó Dhroichead na gCúig Chéad, chomh maith le saoráidí fairsinge caitheamh aimsire ina gcuimsítear Campas Spórt Ollscoil na Gaillimhe ó thuaidh sa Daingean.

Faightear eastáit tionscail éadroim agus tráchtála soir ón N83, go háirithe i bhfo-bhailte Bhaile an Bhriotaigh, na Páirce Móire agus Chnoc Mhaoil Drise agus áirítear leo Páirc Gnó Baile an Bhriotaigh, Páirc Gnó Oirthear na Cathrach, Páirc Gnó na Seanslí, Páirc Gnó Chnoc Mhaoil Drise, Páirc Teicneolaíochta na Gaillimhe agus Páirc Gnó na Páirce Móire. Níl an oiread páirceanna gnó tráchtála ann. Siar ó Abhainn na Gaillimhe, tá Páirc Gnó Iarthar na Gaillimhe agus Páirc Miondíolaíochta an Gheata lonnaithe i ngaireacht Ráthúin agus an Chlaí Bháin. Tá limistéar mór criosaithe le haghaidh gníomhaíocht fiontraíochta agus thráchtála idir Bóthar Stiofáin i gCnoc na Cathrach/sa Chlaí Bán trasna go dtí Bóthar Dáileacháin an Iarthair, agus deiseanna suntasacha nua miondíola ar fáil ann ó 2018 le freastal ar dhaonra méadaithe. Cosúil leis sin, tá deiseanna breise miondíola ag teacht ar fáil ar chúinne Bhóthar Bhaile an Mhóinín/Bóthar Dáileacháin an Iarthair. Tá páirc ghnó amháin, Páirc Ghnó na Gaillimhe, suite amach ó Bhóthar Mhaigh Cuilinn an N59 agus tairbhíonn sí de chóngaracht le Campas Ollscoil na Gaillimhe. Ó 2018 i leith, fuarthas cead pleanála sealadach do Pháirc Ghnó na Páirce Móire Thiar, atá suite ar Ascaill an Ráschúrsa ó thuaidh ó Ráschúrsa na Gaillimhe, (dá dtagraítear freisin mar Pháirc Theicneolaíochta an Ráschúrsa in aighneachtaí maidir le hiarratas 2018) le ceann amháin de na foirgnimh neamhchríochnaithe a uasghrádú agus seilbh a ghlacadh orthu go ceann tréimhse trí bliana (Tag. 20/194). Cuireadh iarratas eile ar chead pleanála faoi bhráid Chomhairle Cathrach na Gaillimhe ina dhiaidh sin, in 2024, chun síneadh a chur leis an gcead pleanála sealadach ach measadh go raibh sé neamhbhailí (Tag. 24/31). Cheadaigh Comhairle Cathrach na Gaillimhe iarratas eile ar choinneáil chun na mionathruithe ar dhá fhoirgneamh eile a choinneáil (Tag. 21/155). Iarratas pleanála breise chuig Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Tag. 21/246, diúltaíodh dó agus diúltaíodh dó arna achomharc leis an mBord Pleanála, Tag. ABP-312452-22, toisc gur tháinig sé salach ar na pleananna a bhaineann le soláthar an N6 GCRR atá beartaithe.

Is cinn scríbe mhóra iad scoileanna agus coláistí, páirceanna tionsclaíocha agus gnó le haghaidh turais le linn buaic-uaireanta an chloig. Cuirtear i láthair i Tábla 19.11 na figiúirí le haghaidh chóir iompair an turais chuig an obair, coláiste nó scoil; agus nochtar leis méideanna móra turas de shiúl na gcos sna comharsanachtaí lárnacha nó bunaithe amhail An Daingean, An Caisleán Nua agus San Nioclás, ach freisin i Mionlach ar fhorimeall na cathrach. Tá leibhéil rothaíochta sa bhreis ar 5% le fáil freisin i Rathún agus sna limistéir níos lárnaí. Mar sin féin, sáraíonn úsáid feithiclí (tiománaithe agus paisinéirí i dteannta a chéile) 50% in ocht gcinn de na Toghranna, agus tá sé os cionn 75% i nGaillimh (Tuath), Bearna (Tuath) agus Bearna.

Ní mheastar ach turais aonuaire i Tábla 19.12, tá siad siúd trí iompar poiblí ag meán 7.1%, dá bhfreagraíonn turais ar bhus do 6.7%. Is é 51.7% ar an meán an cion turas oibre sa charr do dhaoine fásta, ach ní ach 3.8% ar an meán ina bpaisinéirí anois, má chuirtear leanaí agus daltaí as an áireamh.

Tá turais de shiúl na gcos ag meán 12.8% agus 4.2% faoi seach, ach tá siad ag 20.5% agus 5.1% sna limistéir lárnacha atá scáthlínithe go héadrom sa tábla. I ngach aon suíomh tá méadú suntasach tar éis teacht ar chion na ndaoine a oibríonn ón mbaile ó mheán 1.5% sna Toghranna uirbeacha tráth an Daonáirimh roimhe chuig 10.1% in 2022 nó 11.0% ar an Iomlán.

**Tábla 19.11 Cóir Iompair Turais chuig Obair, Coláiste agus Scoil (An Phríomh-Oifig Staidrimh 2022)**

| | Siúl na gCos | Rothaíocht | Iompar Poiblí | Carr / Tiománaí Veaineanna / Leoraí / Gluaisrothar | Paisinéir i gCarr | Obair ón mBaile | Neamhshonraithe |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| (Cuid) Tuaithe na Gaillimhe | 1.5% | 2.2% | 2.9% | 58.8% | 22.1% | 11.0% | 1.5% |
| Bearna (Tuath) | 5.8% | 1.7% | 3.7% | 44.9% | 30.1% | 10.5% | 3.2% |

| | Siúl na gCos | Rothaíocht | Iompar Poiblí | Carr / Tiománaí Veaineanna / Leoraí / Gluaisrothar | Paisinéir i gCarr | Obair ón mBaile | Neamhshonraithe |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Bearna | 7.4% | 5.6% | 9.4% | 38.9% | 24.4% | 8.1% | 6.3% |
| Rathún | 12.9% | 6.2% | 5.6% | 35.9% | 21.5% | 7.0% | 10.9% |
| An Daingean | 36.1% | 6.5% | 5.7% | 22.5% | 10.5% | 5.5% | 13.2% |
| An Caisleán Nua | 38.8% | 5.7% | 5.8% | 21.9% | 9.0% | 5.6% | 13.4% |
| Mervue | 18.1% | 4.3% | 14.7% | 33.2% | 16.7% | 6.7% | 6.2% |
| Páirc an Tobair | 19.4% | 4.4% | 14.1% | 30.0% | 8.4% | 6.3% | 17.4% |
| San Nioclás | 34.3% | 3.2% | 9.7% | 15.3% | 3.5% | 7.4% | 26.6% |
| Mionlach | 30.6% | 5.6% | 7.0% | 32.0% | 13.3% | 5.8% | 5.7% |
| An Caisleán Gearr | 15.1% | 5.1% | 13.7% | 34.5% | 15.8% | 6.5% | 9.2% |
| Ballybrit | 11.7% | 2.3% | 14.1% | 40.6% | 13.8% | 8.7% | 8.8% |
| An Baile Bán | 12.3% | 2.3% | 13.4% | 34.8% | 17.9% | 5.7% | 13.5% |
| Baile an Teampaill | 3.5% | 1.5% | 6.0% | 54.2% | 25.8% | 7.6% | 1.5% |
| **Meán** | **16.4%** | **4.1%** | **9.1%** | **37.2%** | **17.6%** | **7.3%** | **8.5%** |

**Tábla 19.12 Cóir Iompair Turais chuig an Obair Amháin (An Phríomh-Oifig Staidrimh 2022)**

| | De chois | Rothaíocht | Iompar Poiblí | Carr / Tiománaí Veaineanna / Leoraí / Gluaisrothar | Paisinéir i gCarr | Obair ón mBaile | Neamhshonraithe |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Gaillimh (Tuath) (Cuid) | 2.0% | 2.0% | 2.0% | 76.5% | 1.0% | 15.3% | 1.0% |
| Bearna (Tuath) | 2.3% | 1.7% | 1.3% | 70.6% | 3.0% | 17.7% | 3.2% |
| Bearna | 4.6% | 4.7% | 7.4% | 60.0% | 4.2% | 12.6% | 6.4% |
| Rathún | 9.1% | 6.1% | 5.1% | 54.1% | 4.4% | 10.4% | 10.7% |
| An Daingean | 17.5% | 6.6% | 6.4% | 40.5% | 4.3% | 10.6% | 14.0% |
| An Caisleán Nua | 26.8% | 5.5% | 5.5% | 34.3% | 3.5% | 8.8% | 15.7% |
| Mervue | 16.1% | 5.5% | 9.1% | 49.7% | 4.1% | 10.4% | 5.0% |

| | De chois | Rothaíocht | Iompar Poiblí | Carr / Tiománaí Veaineanna / Leoraí / Gluaisrothar | Paisinéir i gCarr | Obair ón mBaile | Neamhshonraithe |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Páirc an Tobair | 18.0% | 4.5% | 12.9% | 37.1% | 2.3% | 8.0% | 16.2% |
| San Nioclás | 30.5% | 3.4% | 10.3% | 19.5% | 2.3% | 10.0% | 24.2% |
| Mionlach | 18.8% | 5.4% | 4.7% | 50.6% | 5.9% | 9.9% | 4.7% |
| An Caisleán Gearr | 14.0% | 5.4% | 9.5% | 48.5% | 5.9% | 9.2% | 7.5% |
| Ballybrit | 11.0% | 2.6% | 11.7% | 52.1% | 3.7% | 11.2% | 7.6% |
| An Baile Bán | 6.9% | 2.7% | 10.3% | 53.0% | 5.2% | 8.8% | 13.0% |
| Baile an Teampaill | 2.2% | 2.0% | 3.6% | 76.4% | 3.2% | 11.0% | 1.6% |
| **Meán** | **12.8%** | **4.2%** | **7.1%** | **51.7%** | **3.8%** | **11.0%** | **9.3%** |

Léirítear i Tábla 19.13 agaí na dturas chuig an obair, coláiste, nó scoil. Tá siad sin ag teacht leis na hionchais sa mhéid gur lú iad na hagaí turais sna comharsanachtaí níos lárnaí, an Caisleán Nua agus an Daingean, agus síneann siad chuig an imeall uirbeach/tuaithe. Cuirtear i gcrích an chuid is mó turas i níos lú ná 30 nóiméad i ngach Toghroinn, cé gur léiriú dóchúil é an cóimheas idir turais <30 nóiméad go <15 nóiméad ar rochtain níos éasca ag feithiclí ar láithreacha fostaíochta dóibh siúd a chónaíonn sna bruachbhailte inmheánacha i gcomparáid le limistéir lárnacha. Tógann 15% breise de na turais idir tuairim is 30 nóiméad agus trí cheathrú uair an chloig nó 18% san imeall uirbeach/tuaithe. Ní bhíonn ach 6.4% de thurais níos faide ná trí cheathrú uair an chloig. Ag cur san áireamh, áfach, go bhfuil roinnt bóithre uirbeach ag oibriú ag iomlán a n-acmhainne beagnach, agus go dtaistealaíonn formhór na ndaoine chun na hoibre nó coláiste i gcarr, tá aga turais leochaileach i leith méaduithe ar mhéideanna tráchta agus teagmhas a mbíonn brú tráchta mar thoradh orthu.

**Tábla 19.13 Aga Turais chuig an Obair, Coláiste agus Scoil (An Phríomh-Oifig Staidrimh 2022)**

| | <15 nóiméad | 1/4 - 1/2 uair an chloig | 1/2 - 3/4 uair an chloig | 3/4 uair an chloig - 1 uair an chloig | 1 uair an chloig - 1½ uair an chloig | > 1 ½ uair an chloig | Neamhshonraithe Luaite |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Gaillimh (Tuath) | 20.0% | 46.1% | 20.0% | 3.5% | 5.2% | 0.9% | 4.3% |
| Tuath Bhearna | 23.1% | 41.1% | 21.2% | 4.1% | 3.2% | 1.7% | 5.5% |
| Bearna | 21.7% | 41.5% | 19.5% | 3.7% | 2.9% | 1.4% | 9.3% |
| Rathún | 26.1% | 36.9% | 15.3% | 3.1% | 2.7% | 0.8% | 15.2% |
| An Daingean | 26.4% | 42.6% | 10.5% | 2.0% | 1.6% | 0.5% | 16.5% |
| An Caisleán Nua | 39.5% | 31.8% | 7.6% | 1.9% | 1.7% | 0.4% | 17.1% |
| Mervue | 36.3% | 34.4% | 13.3% | 3.2% | 2.4% | 0.9% | 9.6% |

| | <15 nóiméad | 1/4 - 1/2 uair an chloig | 1/2 - 3/4 uair an chloig | 3/4 uair an chloig - 1 uair an chloig | 1 uair an chloig - 1½ uair an chloig | > 1 ½ uair an chloig | Neamhshonraithe Luaite |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Páirc an Tobair | 28.8% | 31.3% | 11.8% | 2.3% | 2.5% | 1.0% | 22.3% |
| San Nioclás | 24.8% | 30.3% | 9.9% | 2.1% | 1.6% | 0.6% | 30.7% |
| Mionlach | 23.4% | 47.1% | 14.7% | 2.7% | 2.3% | 0.9% | 8.8% |
| An Caisleán Gearr | 25.0% | 36.6% | 18.4% | 3.4% | 2.5% | 0.7% | 13.3% |
| Ballybrit | 34.2% | 31.8% | 16.1% | 2.0% | 2.1% | 1.1% | 12.6% |
| An Baile Bán | 30.8% | 30.7% | 14.1% | 3.0% | 2.4% | 1.0% | 18.1% |
| Baile an Teampaill | 35.6% | 33.4% | 19.2% | 3.4% | 2.2% | 1.9% | 4.3% |
| **Meán** | **28.3%** | **36.8%** | **15.1%** | **2.9%** | **2.5%** | **1.0%** | **13.4%** |

### 19.3.2 Saintréith

Tosaíonn an limistéar staidéir sa limistéar tuaithe soir agus ó thuaidh ó Shráidbhaile Bhearna. Cé go gcoinnítear gnéithe de radharc fiáin carraigeach sa tírdhreach, tá athnuachan tar éis tarlú san fhorbairt chónaitheach aonair ó 2016 tar éis briseadh i ndiaidh na géarchéime airgeadais 2008-2011, féach Tábla 19.10. Tá an fhorbairt sin in aice le líon beag mionbhóithre a théann trasna an limistéir staidéir ina bhfuil an talamhúsáid eatarthu ina talmhaíocht ísealdéine den chuid is mó. Leanann an Tionscadal conair atá díreach lasmuigh de limistéir chónaithe foirgnithe an Chlaí Bháin agus Leitrí ar imeall Chathair na Gaillimhe, ach téann sé trasna bhaile fearainn an Daingin d'fhorbairt chónaithe bhunaithe agus limistéir úsáide taitneamhachta soir. Ó 2018 i leith, tá forbairtí nua tógtha ar Bhóthar Bhaile an Mhóinín agus Bóthar an Chlaí Bháin in aice leis an Tionscadal, agus tá cinn eile beartaithe do limistéir in aice láimhe as Bóthar Leitrí.

Baineann an patrún céanna leis an taobh thoir d'Abhainn na Gaillimhe i gcás go dtéann an chonair don Tionscadal trasna codanna de Bhaile an Dúlaigh agus an Chaisleáin Ghearr. Níos faide soir, cuimsítear sa limistéar thart ar Bhaile an Bhriotaigh limistéir fhairsinge forbartha tráchtála agus Ráschúrsa na Gaillimhe chomh maith.

Tá ábharthacht ag Tírdhreach freisin don mheasúnú ar shláinte an duine ó thabhairt isteach Chaighdeáin PHH TII. Tá an tírdhreach laistigh de limistéar an staidéir difriúil go maith, agus is féidir é a leithlisiú soir agus siar ó Abhainn na Gaillimhe. Bíonn páirceanna réchnocacha iata de chruth neamhrialta le feiceáil sa tírdhreach ar an taobh thiar agus ballaí cloiche eibhir timpeall orthu. Tá réimsí Bratphortaigh coitianta ann agus tá scrobarnach agus driseacha ag leathnú amach níos mó is níos ina lán páirceanna, go háirithe i bpáirceanna gar do Bhearna.

Tá patrún páirceanna níos mó le fáil sa tírdhreach ar an taobh thoir. Is minic a bhíonn siad dronuilleogach agus féarach feabhsaithe iontu. Eisceachtaí suntasacha iad tírdhreach dhiméin choillteach Chaisleán Mhionlaigh atá rófhásta, na limistéir ina bhfuil pábhálacha loma aolchloiche a bhfuil scrobarnach coill ag fás go dlúth mórthimpeall orthu, cairéil mhóra aolchloiche a bheith le fáil i gCúil Each (Cairéal Leacaigh) agus ag Baile an Gharráin / An Poll Caoin (Coiréal Roadstone, le hais an N83 ag Claí an Dá Mhíle).

Laistigh de Chathair na Gaillimhe tá roinnt mhór forbairtí cónaithe, tráchtála agus measctha ar fáil.

Ó dhearcadh Shláinte an Duine de, tá sláinte an duine i nGaillimh an-chosúil le limistéir eile in Éirinn.

Ina foilseachán is déanaí ar Stádas Sláinte agus Úsáid na Seirbhíse Sláinte 2022, soláthraíonn an Phríomh-Oifig Staidrimh faisnéis maidir le líon stádas sláinte. Tagann na staitisticí leis an réigiún, sa chás seo, Iarthar na hÉireann. Léiríonn sé, mar shampla, i gcomhthéacs féinbhraistinte maidir le Stádais Sláinte, go

mbraitheann 83% de dhaoine fásta go bhfuil a sláinte An-mhaith nó Maith. Tá sé sin i gcomparáid le 89% i mBaile Átha Cliath, 87% i nDeisceart na hÉireann agus 84% i Lár na Tíre. Tá staitisticí ann chomh maith ar riochtaí leighis arna ndiagnóisiú ag dochtúir lena n-áirítear, mar shampla, asma, broincíteas ainsealach, diaibéiteas agus fadhbanna meabhairshláinte, chomh maith le cinn eile. I ngach cás, tá leitheadúlacht na riochtaí sin mar an gcéanna le limistéir eile den tír. Go ginearálta, dá bhrí sin, tugtar le fios sna staitisticí stádas sláinte a thagann go mór le daonra na hÉireann ina iomláine.

### 19.3.3 Tábhacht

Tá sé beartaithe ag an Tionscadal feabhas a chur ar an nascacht leis an ngréasán bóithre náisiúnta do phobail ar an taobh thiar d'Abhainn na Gaillimhe nach bhfuil indéanta faoi láthair ach trí úsáid a bhaint as ceann amháin de cheithre thrasnú droichid i lár na cathrach. Ó 2018 i leith, tugadh cead do Cheangal Traschathrach BusConnects i mí Mheán Fómhair 2024, rud a chuirfidh teorainn leis an rochtain don trácht ginearálta Dhroichead na mBradán i bhfabhar conair iompair phoiblí, rud a laghdóidh an toilleadh leis an abhainn a thrasnú. Tiocfaidh sé seo faoi réir imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh tar éis bhronnadh an cheada. Le tabhairt isteach an N6 GCRR atá beartaithe, bainfear an trácht ó lár na cathrach agus ó na bruachbhailte, óna dtagann iontaofacht fheabhsaithe agaí turais, agus éascú ath-leithroinnt an spáis bóithre don iompar poiblí.

Déanfaidh sé soláthar chomh maith do thimpeallacht fheabhsaithe i lár na cathrach do chách mar gheall ar laghdú ar an mbrú tráchta agus fóntas turais níos fearr, rud a spreagfaidh siúl agus rothaíocht mar mhodhanna iompair níos praiticiúla. Faoi láthair, tá líon na ndaoine ar bhusanna níos lú ná 10%. Leis an bplódú tráchta rialta cuirtear síneadh suntasach leis na hagaí turais reatha d'fheithiclí príobháideacha agus iompar poiblí araon i bhfoisceacht Acomhal na mBoidicíneach agus Acomhal na gCiarabhánach, ach ag Timpeallán na mBrúnach agus feadh Bhóthar Shéamais Uí Chuirc freisin. Tá scaradh suntasach pobail ag tarlú faoi láthair feadh Bhóthar Shéamais Uí Chuirc, Bóthar Dáileacháin an Iarthair agus feadh gach cuid den N6 atá ann cheana, lena n-áirítear limistéir ina bhfuil saoráidí tábhachtacha pobail agus miondíola. Cé go bhfuil trasbhealaí le comharthaí ann, is féidir le hagaí feithimh a bheith fada mar gheall ar an méid tráchta. Sa leath thoir den chathair ag Cnoc Mhaoil Drise, tá íosbhealach do choisithe, ach cuirtear cosc riachtanach ar thrasbhealaí de chineál ar bith feadh a lán den N6 atá ann i mBaile an Bhriotaigh le bacainn lárnach. Cé go bhfuil beagán saoráidí pobail sa limistéar sin, tá na heastáit tráchtála agus tionsclaíochta ó thuaidh ina n-áiteanna tábhachtacha fostaíochta a dtéitear isteach iontu le feithicil phríobháideach.

Tá ionadaíocht láidir bogearraí, cógaisíochta, feistí leighis agus gnólachtaí innealtóireachta i ngeilleagar na Gaillimhe. Tá an turasóireacht ina hearnáil eacnamaíoch thábhachtach chomh maith agus tairseach is ea an chathair isteach i gConamara agus Oileáin Árann. Chomh maith le tairbhe eacnamaíoch na hearnála turasóireachta, meallann radharc oidhreachta stairiúla, cultúrtha agus ealaíon na cathrach líon mór cuairteoirí agus cuireann sé timpeallacht bheoga ar fáil do na cónaitheoirí. Tá láithreáin cháiliúla éagsúla i gCathair na Gaillimhe í féin agus tionóltar a lán imeachtaí agus féilte i rith na bliana lena n-áirítear Féile Ealaíon na Gaillimhe, Féile Bia na Gaillimhe, Féile Idirnáisiúnta Litríochta Cúirt, an Fhéile Oisrí agus Rásaí na Gaillimhe. Lena chois sin, úsáidtear Campas Spórt Ollscoil na Gaillimhe, Abhainn na Gaillimhe, Loch Coirib agus Cuan na Gaillimhe freisin le haghaidh siúlóide, iascaireachta, agus gníomhaíochtaí éagsúla uisce-bhunaithe ó cheann ceann na bliana.

Tá rochtain iompair ardchaighdeáin isteach is amach ón gcathair riachtanach d'inbhuanaitheacht fhás na cathrach, do chumas na hearnála turasóireachta chun forbairt réigiúnach a spreagadh agus do chumas na cathrach forbairt eacnamaíoch a ghríosú ar fud an chontae, lena n-áirítear limistéir atá níos forimeallaí ó thaobh na heacnamaíochta de siar ón gcathair. Go dtí seo, rud atá fíor in 2024 agus 2025, bhí an chuid is mó den fhorbairt tionsclaíochta soir ón gcathair áit a bhfaightear na naisc is fearr trí bhóithre go Baile Átha Cliath, Luimneach, Corcaigh agus go hoirthear na tíre. Mar sin féin, tá roinnt eastát mór tionsclaíochta nó tráchtála a bhfuil a rochtain an-teoranta faoi láthair, i roinnt cásanna níl rochtain acu ach ar an N6 atá ann. Bíonn tionchar suntasach ag an méid tráchta atá ag méadú sna limistéir sin ar agaí turais, go háirithe ag buaicuaireana, agus tá sé ina bhagairt ar an infheistíocht eacnamaíoch leanúnach.

Seachnaíonn bealach an N6 GCRR atá beartaithe lonnaíochtaí cnuasta de ghnáth seachas limistéir amhail an Daingean, Baile an Dúlaigh/Baile an Phoill agus an Caisleán Gearr. Tá limistéir d'fhorbairt chónaithe chomhchruinnithe nó líneach ann chomh maith le forbairt scaipthe.

Tá féiniúlacht áitiúil pobal tagtha chun cinn, a bhaineann go minic le bailte fearainn stairiúla, crosbhóithre áitiúla, scoileanna nó clubanna spóirt. Go deimhin féin, baintear leas go coitianta as saoráidí spórt, in éineacht le Campas Spóirt Ollscoil na Gaillimhe, lena n-áirítear i measc daoine a chónaíonn lasmuigh den

limistéar staidéir. Tá áitribh gnólachtaí beaga teaghlaigh agus roinnt gníomhaíochta eachaíochta ann chomh maith.

### 19.3.4 Íogaireacht

Taifeadtar leibhéil mheasartha arda de mhíchumas (gach cineál) i sonraí 2022 na Príomh-Oifige Staidrimh i Rathún (20.7% den daonra iomlán), sa Daingean (24.7%) agus sa Chaisleán Nua (28.4%) agus i San Nioclás (22.8%) i gcoibhneas leis an meán do na toghranna eile sa limistéar staidéir. Tá na figiúirí le haghaidh Rathúin agus an Daingin tar éis dúbailt nach mór ó 2016 i leith, ach aithníonn an Phríomh-Oifig Staidrimh nach féidir an dá thoradh Daonáirimh a chur i gcomparáid de dheasca chineál athraithe na gceisteanna a cuireadh sa Daonáireamh is déanaí. Tá léiriúcháin cuibheasach ard den mhí-bhuntáiste sóisialta le fáil sa Chaisleán Nua, Seantalamh agus Mervue freisin, mar a léirítear ag Innéacs Díothachta HP Pobal (féach freisin Cuid 19.3.5).

Tá trasbhealaí bóithre ina mbacainn scartha ar leith do dhaoine faoi mhíchumas. Sa timpeallacht bhonnlíne atá ann faoi láthair tá na deiseanna teoranta do thrasbhealaí coisithe feadh an N6 atá ann ar shiúl ó shaoráidí trasnaithe tiomanta. Mar aon le hagaí feithimh fada áit a bhfuil na saoráidí sin le fáil, imríonn sé sin tionchar an-suntasach ar fho-thacair den daonra atá íogair nó leochaileach amhail daoine óga, daoine scothaosta. Suitear in Innéacs Siúil agus Rothaíochta Limistéar Cathrach na Gaillimhe (2023) go mbraitheann 41% de na daoine faoi mhíchumas gur féidir leo siúl nó rothaíocht (i gcathaoir rothaí nó ar scútar soghluaisteachta) cúig lá sa tseachtain ar a laghad, i gcomparáid le 62% díobh siúd nach bhfuil faoi mhíchumas.

Le méideanna troma tráchta, mar aon le tionchair scartha, torainn agus cháilíocht an aeir, laghdaítear cáilíocht áitiúil na beatha, bíonn impleachtaí féideartha i gceist leo don tsláinte agus cuireann siad cosc ar éascaíocht gluaiseachta daoine chuig scoileanna, siopaí, ionaid leighis agus saoráidí pobail eile. D'fhéadfadh trasbhealaí bóthair bheith ciotach do dhaoine lag-ghluaiseachta. Seachas na saoráidí trasnaithe, d'fhéadfadh riosca timpiste a bheith ann do gach coisí. D'fhéadfadh sé bheith deacair do thiománaithe chomh maith bealaí chuig acomhail ghnóthacha timpealláin agus uathu a rochtain go sábháilte chomh maith. Lena chois sin, cé go bhfuil roinnt lánaí rothaíochta feadh an N6 atá ann, tagann deireadh leo sin go minic ag acomhail gan saoráidí ar aghaidh ar bith, lena n-áirítear do thrasnuithe coisithe/rothaithe. Cé go bhfuil an leibhéal rothaíochta i gCathair na Gaillimhe inchomparáide le cathracha réigiúnacha eile, tá na figiúirí sin íseal de réir comparáid idirnáisiúnta. Le saoráidí rothaíochta neamhleora, drochfhóntas turais agus guaiseacha sábháilteachta, díspreagtar turais rothaíochta ó fho-bhailte na cathrach. Bhí roinnt feabhsuithe ann le déanaí áfach i mbonneagar an taistil ghníomhaigh ó 2018 i leith, amhail Droichead Coisithe agus Rothaíochta nua Dhroichead na mBradán ar cuireadh bailchríoch air in 2023. Fógraíodh infheistíocht dar luach €17 milliún ón Údarás Náisiúnta Iompair le haghaidh na scéimeanna taistil ghníomhaigh i gContae na Gaillimhe i mbliana, agus tionscadail á mbeart timpeall ar Bhóthar na hOllscoile agus i Rathún.

Ceann scríbe náisiúnta tábhachtach turasóireachta is ea Cathair na Gaillimhe. Braitheann mealltacht na cathrach do chuairteoirí go pointe áirithe ar na méideanna tráchta i lár na cathrach a bheith inláimhsithe agus ar rochtain feithiclí ar lár na cathrach agus nach mbeadh drochfhóntas turais, moill nó brú tráchta san iarthar. Bhí tionchar diúltach ag na tosca sin ar eispéireas na gcuairteoirí agus ar a dtoilteanas Gaillimh a mholadh mar cheann scríbe do dhaoine eile.

Gabhfaidh an Tionscadal trí Ghaeltacht na Gaillimhe freisin mar a léirítear i bhFíoracha 19.1.001 agus 19.1.002 d'Imleabhar 3 den TMTT nuashonraithe seo. Limistéar de shainiúlacht chultúrtha is ea Gaeltacht na Gaillimhe ar cuid thábhachtach í d'fhéiniúlacht an chontae agus ar ní is díol spéise í do chuairteoirí. D'fhéadfaí an fhéiniúlacht sin a neartú le spreagadh eacnamaíoch na hinrochtaineachta feabhsaithe arna cur ar fáil ag an Tionscadal.

Chomh maith leis sin, tá cuid den tírdhreach san iarthar agus codanna lárnacha de limistéar staidéir ina suim nó luach taitneamhachta. Gné íogair den tírdhreach is ea conair Abhainn na Gaillimhe a úsáidtear le haghaidh siúlóide, rámhaíochta agus slatiascaireachta agus a nascann an chathair lena cúlchríoch i gcoitinne. Tá formhór den chonair seo áitithe ag talamh arna bhainistiú ag Ollscoil na Gaillimhe. Bíonn an pobal i gcoitinne in ann dul isteach ar an talamh sin agus baineann clubanna spóirt de chuid na hollscoile agus clubanna spóirt eile nach iad leas as an talamh sin chuige sin agus ar mhaithe le taitneamhacht.

Thug an ollscoil ar aird ról na talún sin chun campas aontaithe a sholáthar agus an tábhacht atá leo ó thaobh saoráidí spóirt agus taitneamhachta chun mic léinn agus foireann d'ardchaighdeán a mhealladh. Bhí tionchar ag an scaradh fisiciúil i bpáirt mar thoradh ar Dhroichead na Cúig Céad ar an N6 mar atá ar choincheap an

champais aontaithe cheana féin. Mar an gcéanna, tá bóithre agus bóithríní ciúine sa limistéar staidéir a úsáidtear le haghaidh siúil go háitiúil, lena n-áirítear cosán Aifrinn stairiúil. Úsáidtear mionbhóithre go háirithe siar ón limistéar staidéir le haghaidh siúil, bogshodair agus rothaíochta. Tá an limistéar staidéir tógtha den chuid is mó d'fhorbairt thógtha ó thuaidh ón N6 atá ann, cé go bhfuil a lán d'fhorbairt chónaithe scaipthe ann.

Is minic a d'admhaigh cónaitheoirí a ndeachthas i gcomhairle leo sa phobal áitiúil sa limistéar staidéir le linn na measúnachta le deich mbliana anuas chuig 2025 na tionchair dhearfacha a d'fhéadfadh ó agaí turais níos gairide mar gheall ar laghdú ar an bplódú uirbeach. Thagair daoine chomh maith don ionchas maidir le hinfheistíochtaí iompair le nascacht níos fearr a chur ar fáil idir codanna den chathair agus an tairbhe a bheidh aige sin ón taobh sóisialta de agus d'fhostaíocht. Cuireadh ábhair imní in iúl ag an am céanna maidir leis na tionchair a braitheadh leis an Tionscadal ar an gcomhshaol agus ar an bpobal, agus tagann a lán díobh sin leis na cinn a fuarthas le linn an chomhairliúcháin phoiblí níos luaithe. Is féidir tionchar a bheith ag ábhair buartha den tsórt sin ar shláinte agus ar leas an duine aonair sula dtosaíonn na hoibreacha. Nuair ab fhéidir, fuarthas i ngleic leis na buarthaí sin le linn an phróisis deartha nó leis an maolú beartaithe agus pléitear an glantionchar sa chuid ábhartha den chaibidil seo nó caibidlí eile.

#### *19.3.4.1 Grúpaí leochaileacha a shainaithint*

Cé go bhféadfaí gach duine a mheas mar ghabhdóir íogair, de réir na measúnachta 2018, is féidir fo-thacair leochaileacha amhail daoine óga agus scothaosta agus daoine faoi mhíchumas a mheas i measc na gceann is íogaire. D'fhéadfadh na grúpaí leochaileacha sin a bheith níos soghonta i leith na dtionchar a bhaineann leis an Tionscadal.

Is grúpa leochaileach iad leanaí agus déagóirí mar gheall, go pointe áirithe, ar an ngá a bheith ábalta gluaiseacht thart go saor chuig agus ón scoil agus gníomhaíochtaí caitheamh aimsire. Níl an taithí nó an breithiúnas acu a bhíonn ag daoine fásta agus iad ag bogadh thart ar thrácht i spásanna poiblí. Léirítear[7] i staidéir go bhféadfadh siad éirí níos íogaire ná daoine fásta i leith truailliú aeir agus tosca comhshaoil eile.

Is grúpa an-athraitheach iad daoine scothaosta maidir lena riachtanais agus lena gcumas chun bogadh thart ar an bpobal. Go ginearálta, tá daoine scothaosta níos moille ina ngluaiseachtaí agus d'fhéadfadh níos mó riochtaí sláinte baint dóibh. Bíonn daoine scothaosta níos íogaire go ginearálta ar an truailliú aeir agus éifeachtaí féideartha ar an gcóras riospráide agus ar an gcóras cardashoithíoch agus tá níos mó cosúlachta ann go gcuirfidís buarthaí in iúl maidir le tionchair fhéideartha cáilíochta aeir nó torainn de dheasca an Tionscadail. Tá a lán cúiseanna leis an íogaireacht sin, lena n-áirítear láithreacht fhéideartha reachta leighis eile amhail galar riospráide nó galar cardashoithíoch. D'fhéadfadh athruithe beaga ar an gcomhshaol éifeacht dhíobhálach bheith acu nach dtarlódh do dhaoine óga níos athléimní. Tá grúpaí leochaileacha eile ann chomh maith, mar shampla, daoine faoi mhíchumais nó daoine a bhfuil tinneas meabhairshláinte ag dul dóibh. Tugtar faoi deara go nglactar leis, sa mheasúnacht seo, go bhfuil daoine an-leochaileach i ngach limistéar, lena n-áirítear daoine scothaosta, daoine an-óg, daoine atá faoi mhíchumas, chomh maith le daoine atá tinn inniu nó a d'fhéadfadh a bheith tinn nuair a bheidh an Tionscadal á thógáil nó á oibriú. Faoi mar atá sonraithe thuas, áfach, tá roinnt limistéar áirithe ina bhfuil leibhéil níos airde d'fho-thacair íogaire den phobal ná mar atá i limistéir eile.

Bíonn grúpaí leochaileacha daoine ar fud na timpeallachta glactha don Tionscadal atá beartaithe agus áirítear leo, i measc nithe eile, naíolann, scoileanna, teach altranais ar Bhóthar na Scoile agus limistéir ina bhfuil líon níos airde de ghrúpaí teaghlaigh níos sine.

### 19.3.5 Próifíl Phobail

Léirítear i bhfianaise go mbaineann laigí éagsúla le pobail éagsúla i leith tionchair shláinte, bíodh siad dearfach nó diúltach, mar thoradh ar an struchtúr sóisialta agus déimeagrafach, iompraíocht agus ar an gcás eacnamaíoch coibhneasta. Rinneadh an phróifíl a nuashonrú chun na hathruithe ó 2018 a léiriú.

---

[7] http://www.who.int/ceh/risks/en/

Cé go bhfuil sonraí sonracha sláinte maidir le daoine aonair i ngaireacht an Tionscadail faoi rún agus deacair a dhearbhú, baineadh úsáid as próifíl phobail chun an bhonnlíne a dhearbhú agus leithdháiltí éagothroma ar bith sna tosca atá ann cheana a shainaithint, mar shampla, díothacht nó ualach drochshláinte, le gur féidir measúnú a dhéanamh ar athruithe ar nochtadh pobail ar chonairí sláinte áirithe agus méid a dtionchair ar an daonra nó ar an bpobal.

Foilsíodh an phróifíl sláinte is déanaí don cheantar bunaithe ar Dhaonáireamh 2022 in 2023, agus úsáideadh í le próifíl sláinte pobail a bhunú don Tionscadal.

I bPróifíl Sláinte 2023, sainaithníodh an méid seo a leanas maidir le Cathair na Gaillimhe:


- *"tá an cóimheas cleithiúnais is lú aici in Éirinn ag 33.9% (i.e. líon na ndaoine faoi 0-14 bliana d'aois agus 65 bliain d'aois agus níos sine, mar chéatadán de líon na ndaoine idir 15 agus 64 bliain d'aois). Is ionann an ráta náisiúnta agus 34.7%*
- *tá an dara daonra is ilchineálaí ó thaobh eitneachta de inti agus is ionann 22.7% de agus Éireannaigh nach den chine geal iad. Tá an cion is airde den Lucht Siúil ar bhonn náisiúnta inti chomh maith ag 1.3% (0.6% go náisiúnta)*
- tá cion níos airde daoine inti ag a bhfuil oideachas os cionn meánoideachais 47.0% (is é 42.8% an ráta náisiúnta). Is é 4.8% (is é 6.1% an ráta náisiúnta) an cion díobh siúd ag a bhfuil bunoideachas amháin
- tá sláinte ghinearálta beagán os cionn an mheáin inti i gcomparáid leis an ráta náisiúnta
- *tá an teagmhas is airde de mheileanóma urchóideach i bhfir inti, agus tá ailse phróstataigh agus cholaireicteach i bhfir ábhairín os cionn an mheáin inti (sonraí Chathair agus Chontae na Gaillimhe)*
- *tá sí ag an meán nó faoi bhun an mheáin maidir leis na ceithre phríomhchúis le mortlaíocht, mortlaíocht uile-chúise agus féinmharú (sonraí Chathair agus Chontae na Gaillimhe)*
- i gcomhthéacs mhiondealú aoise an daonra léiríonn sé go bhfuil céatadán measartha ard den daonra ina ndaoine fásta óga ó 20-35 bliain d'aois i gCathair na Gaillimhe agus tá céatadán measartha beag díobh sna haoisghrúpaí an-óg nó scothaosta ná an daonra náisiúnta. Mar sin féin, níl an déimeagrafaíocht sin neamhchoitianta do thimpeallacht uirbeach in Éirinn

Sainaithníodh sa Phróifíl Sláinte an méid seo a leanas maidir le Contae na Gaillimhe:

- *Is é an deichiú limistéar údaráis áitiúil is rachmasaí ar bhonn náisiúnta*
- *Tá daonra an Lucht Siúil de 1.4% os cionn an ráta náisiúnta de 0.7%*
- *Tá ráta aontuismitheora 9.3% (10.9% go náisiúnta) ann*
- *Tá ráta íseal breithe do mháithreacha faoi 20 bliain d'aois ag 7.0% (12.3% go náisiúnta) ann*
- *Tá an ráta is airde de mheileanóma urchóideach i bhfir ann go náisiúnta, ach tá sé faoin meán maidir le meileanóma urchóideach i mná, ailse chíche, ailse cholaireicteach i mná agus ailse na scamhóg i bhfir agus i mná (sonraí Chathair agus Chontae na Gaillimhe)*
- *Tá sé meánach nó faoin meán maidir leis na ceithre phríomhchúis le mortlaíocht agus mortlaíocht uile-chúise (sonraí Chathair agus Chontae na Gaillimhe)*
- *Tá sí faoi bhun an mheáin maidir le féinghortú d'aon toil i bhfir agus mná*

I gcomhthéacs na díothachta, cuimsítear i dtuarascáil na próifíle sláinte léarscáil ina léirítear leibhéil díothachta mar chéatadán den daonra i gcomparáid leis na leibhéil náisiúnta, féach Pláta 19.4 le haghaidh cóip den léarscáil sin. Ba chóir a shonrú go gcumhdaítear faoi na sonraí a léirítear ar an léarscáil na meánacha agus go gcumhdaítear faoi scála na léarscáile limistéar measartha mór agus ní thugann sé fíorléiriú ar cad atá ag tarlú ar scála áitiúil níos lú. Beidh limistéir níos lú i limistéir a aicmítear mar a bheith rachmasach faoi mhíbhuntáiste agus mar an gcéanna beidh daoine nó grúpaí ag a bhfuil buntáiste suntasach i limistéir a aicmítear mar a bheith faoi mhíbhuntáiste. Léiríonn sé sin go bhfuil limistéir measartha móra i gCathair na Gaillimhe ón taobh geografach de atá ábhairín os cionn an mheáin i gcomhthéacs rachmais nó a shainítear mar a bheith rachmasach. Mar sin féin, tá codanna de Chathair na Gaillimhe a scórálann go


measartha ard ar Innéacs Díothachta Pobal lena n-áirítear an toghroinn ina bhfuil comharsanacht an Chaisleáin Nua agus limistéir gar do lár na cathrach.




**Pláta 19.4 Léarscáil Díothachta do Chathair na Gaillimhe (*Sliocht ó Phróifíl Sláinte 2022 Chathair na Gaillimhe)***

Nuair a fhéachtar ar an léarscáil díothachta do Chontae na Gaillimhe, féach Pláta 19.5 thíos, feictear limistéar a gcuirtear síos air mar limistéar rachmasach, díreach ó thuaidh agus siar ó Chathair na Gaillimhe. Arís mar a sonraítear thuas, cumhdaítear faoi na sonraí a léirítear ar an léarscáil na meánacha agus go gcumhdaítear faoi scála na léarscáile limistéar measartha mór agus ní thugann sé fíorléiriú ar cad atá ag tarlú ar scála áitiúil níos lú. Beidh limistéir níos lú i limistéir a aicmítear mar a bheith rachmasach faoi mhíbhuntáiste agus mar an gcéanna beidh daoine nó grúpaí ag a bhfuil buntáiste suntasach i limistéir a aicmítear mar a bheith faoi mhíbhuntáiste.

Tá cóip de na tuarascálacha Próifíle Sláinte do Lár na Gaillimhe & Cathair na Gaillimhe Thoir agus Cathair na Gaillimhe Thiar cuimsithe in Iarscríbhinn A.19.1 agus A.19.2 faoi seach.




**Pláta 19.5 Léarscáil Díothachta do Chontae na Gaillimhe**

## 19.3.6 An Ghaeilge

### *19.3.6.1 Comhthéacs*

Is í an Ghaeilge an teanga náisiúnta agus an chéad teanga oifigiúil i bPoblacht na hÉireann agus tá sí ar cheann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh. Ainneoin stádas oifigiúil na teanga, d'fhógair Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe (UNESCO) i 2009 gur "teanga i mbaol go cinnteach" an Ghaeilge agus dúradh gur féidir go bhfuil deireadh i ndán di. Tugadh nuashonrú i nDaonáireamh 2022 ar an stádas úsáide ó 2018 i leith agus taifeadadh ann go dtugann 1.87 milliún duine i bPoblacht na hÉireann le fios go bhfuil an Ghaeilge acu, dúirt 71,968 duine go labhraíonn siad go laethúil taobh amuigh den chóras oideachais í, sin 1,835 níos lú ná figiúr 2016 agus 3,382 níos lú ná figiúr 2011.[8] Dúirt 115,065 duine eile go labhraíonn siad Gaeilge ar bhonn seachtainiúil, agus dúirt 614,727 nach labhraíonn siad chomh minic sin í. Dúirt níos mó ná duine as ceathrar (473,000) a bhfuil Gaeilge acu nár labhair siad Gaeilge riamh. As na 71,288 a labhraíonn Gaeilge ar bhonn laethúil (taobh amuigh den chóras oideachais), bhí cónaí ar 20,261 díobh (31.2%) i limistéir Ghaeltachta.

Ba í an Ghaeilge ba mhó a labhair muintir na hÉireann de réir stair thaifeadta na tíre seo. Faoin deichiú céad labhraíodh Meán-Ghaeilge ar fud na hÉireann, na hAlban agus ar Oileán Mhanann; baineadh úsáid as teanga choiteann liteartha Ghaelach in Éirinn agus san Albain go dtí an 15ú céad. Cé go raibh an chumhacht Ghaelach agus an cultúr Gaelach in ísle brí sa chéad tar éis ionradh na nAngla-Normannach, faoi dheireadh an tríú céad déag "bhí an mhuinín ar ais agus bhí teaghlaigh léannta na hÉireann i mbun oibre go fuinniúil thar thréimhse 300 bliain ag cumadh filíochta, ag scríobh tráchtaireachtaí dlí, ag déanamh aistriúcháin ar thráchtais leighis ón Eoraip agus ar shaothair ghinealais agus stair na hÉireann."[9]Mar sin féin, faoin seachtú céad déag, bhí an ceannas sin caillte ag an teanga agus ba Shasanaigh iad na húinéirí talún, na haicmí trádála agus gairmiúla a bhí i gceannas.[10] De bharr brúnna eacnamaíocha agus cosc Rialtas na Breataine ar úsáid na Gaeilge go poiblí, faoin ochtú céad déag agus tús an naoú céad déag, bhí an Ghaeilge á labhairt den chuid is mó ag na daoine ba bhoichte sa tsochaí. Scrios an Gorta Mór (1845 - 1849), agus an suaitheadh socheacnamaíoch a tharla ina dhiaidh, an teanga. Ach, faoi dheireadh an naoú céad déag, bhí gluaiseacht láidir athbheochana ag teacht chun tosaigh. B'shin Conradh na Gaeilge. Nuair a bunaíodh Saorstát Éireann tugadh stádas oifigiúil don teanga agus

*... níor éirigh ach go pointe áirithe le hiarrachtaí an rialtais an Ghaeilge a chur chun cinn, go mór mór trí inmharthanacht na Gaeltachta, na limistéir ina labhraítear an Ghaeilge, a chothú agus trí mhúineadh éigeantach na Gaeilge sna scoileanna.*[11]

Tugtar "Gaeltacht" ar limistéar ina bhfuil an Ghaeilge á labhairt mar theanga an phobail. Leagadh amach Gaeltachtaí na hÉireann i 1926 ag coimisiún a ceapadh ag an Rialtas agus atarraingíodh na teorainneacha i 1956. Ar an iomlán tá 155 toghroinn cheantair ann, agus clúdaíonn siad cuid mhór de chontaethe Dhún na nGall, Mhaigh Eo, na Gaillimhe agus Chiarraí, iadsan ar fad ar bhord farraige an iarthair, agus cuid de chontaethe Chorcaí, na Mí agus Phort Láirge.

Tá uimhreacha comhdhlúite ar fáil maidir le líon na gcainteoirí Gaeilge agus an méid Gaeilge a úsáidtear sa Ghaeltacht ó lár na 1920í mar chuir "Coimisiún na Gaeltachta" a ceapadh ag an rialtas, tuarascáil ar fáil i 1926 agus bhí eolas ar fáil ó dhaonáireamh na bliana céanna. Mhol an Coimisiún an Ghaeltacht a shonrú ar bhonn dhá leibhéal, An Fhíor-Ghaeltacht (is cainteoirí Gaeilge os cionn 80% den phobal) agus an Bhreac-Ghaeltacht (is cainteoirí Gaeilge idir 25% agus 80% den phobal).

---

[8] An Phríomh-Oifig Staidrimh 2017, 65

[9] Duffy, 2000, 44

[10] Duffy, Atlas of Irish History, 2000, 94

[11] Duffy, Atlas of Irish History, 2000, 94

In *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht* (2007)[12] a rinneadh thar ceann an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta (an Roinn Ealaíon, Cultúir agus Gaeltachta anois) leasaíodh na sonruithe thuas i gcatagóirí, bunaithe ar an gcéatadán cainteoirí Gaeilge agus ar an bpróifíl shochtheangeolaíoch atá ag an dá chineál pobail:

- Catagóir A (is cainteoirí Gaeilge os cionn 67% den phobal)
- Catagóir B (idir 44% agus 66%)
- Catagóir C (níos lú ná 40%)

Tá staid na Gaeilge sa Ghaeltacht an-leochaileach mar gheall ar mheath leanúnach ó réimse leathan tosca lena n-áirítear na meáin chumarsáide, soláthar sheirbhísí Stáit trí Bhéarla, cultúr pobail agus stádas stairiúil agus comhaimseartha an Bhéarla i sochaí na hÉireann. Chomh maith leis sin, tharla lagú teanga toisc gur chuir daoine gan Ghaeilge nó ar bheagán Gaeilge ó cheantair eile fúthu sa Ghaeltacht. Cé go bhfuil fianaise ann go bhfuil tuiscint mhaith ar thábhacht na Gaeilge i saol an phobail sa Ghaeltacht, tá laghdú mór ar líon na dtuismitheoirí a bhfuil an Ghaeilge ina céad teanga teaghlaigh acu agus tá laghdú mór ar labhairt na Gaeilge i measc daoine óga. Maidir leis an gcóras oideachais, déanann na bunscoileanna obair mhór chun tacú leis an teanga agus chun an Ghaeilge a chothú mar theanga phobail, ach go minic bíonn an t-oideachas iarbhunscoile taobh amuigh den limistéar Gaeltachta agus/nó i mbaile mór áitiúil mar a bhfuil an Béarla forleathan. Ar go leor cúiseanna, tá deireadh beagnach tagtha leis an nGaeilge mar theanga phobail i roinnt limistéar Gaeltachta agus i gcásanna áirithe ní úsáidtear an Ghaeilge mar theanga phobail a thuilleadh.

Is í an phríomhaidhm sa *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010 - 2030*[13], ná úsáid agus eolas ar an nGaeilge mar theanga phobail a mhéadú ar bhonn céimiúil. Is aidhm ar leith de chuid an Rialtais é a chinntiú go bhfuil an oiread saoránach agus is féidir dátheangach i mBéarla agus i nGaeilge. Tá sé ina dhlúthchuid de bheartas teanga an Rialtais go ndéanfaí cúram ar leith don teanga sa Ghaeltacht, go háirithe i bhfianaise an taighde a léiríonn go bhfuil géarchéim ann maidir le húsáid na Gaeilge mar theanga phobail agus mar theanga theaghlaigh sa Ghaeltacht.

I mí Aibreáin 2022 ba é 106,220 daonra iomlán na gceantar Gaeltachta uile[14], sin méadú 10.5% ó bhí 2016 ann. I measc na ndaoine sin os cionn trí bliana d'aois, léirigh 65,156 nó 63.3% díobh go bhfuil ar a gcumas Gaeilge a labhairt, agus léirigh 20,261 (31.1% den iomlán) díobh go labhraíonn siad Gaeilge ar bhonn laethúil taobh amuigh den chóras oideachais. Is ionann sin agus titim 1.6% ar fhigiúr 2016 de 20,586 cainteoir laethúil Gaeilge, cé gur titim i bhfad níos lú é sin ná an figiúr 11.2% a taifeadadh idir 2011 agus 2016. Tháinig laghdú 0.4% ó 16,137 go 16,844 ar líon na ndaoine i gceantair Ghaeltachta a dúirt gur labhair siad Gaeilge ar bhonn níos lú ná bonn seachtainiúil. Dúirt 5,898 duine nó 9.05% nach labhraíonn siad Gaeilge lasmuigh den chóras oideachais choíche.

Tá líon mór réamhscoileanna, eagraíochtaí oideachais, ealaíne, spóirt, siamsaíochta agus fostaíochta ag obair ar fud na Gaeltachta. Orthu seo áirítear comhlachtaí pobalbhunaithe a fhaigheann tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta. Tá líon reasúnta mór fiontar teangabhunaithe ag feidhmiú trí Ghaeilge. Tá na heagraíochtaí tábhachtacha seo a leanas lonnaithe i nGaeltacht na Gaillimhe: Acadamh na hOllscolaíochta, TG4, RTÉ Raidió na Gaeltachta and An Coimisinéir Teanga.

#### *19.3.6.2 Gaeltacht na Gaillimhe*

Is í Gaeltacht na Gaillimhe an Ghaeltacht is mó daonra sa tír. Áirítear léi Cathair na Gaillimhe agus Gaeltacht Chontae na Gaillimhe, a shíneann beagnach 100km ó Bhaile Chláir, soir ó Chathair na Gaillimhe go Cloch na Rón in Iarthar Chonamara. De réir Dhaonáireamh 2022, bhí 54,183 duine ina gcónaí i nGaeltacht na Gaillimhe.

---

[12] Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht - Príomhthorthaí agus Moltaí - 2007: Tuarascáil Taighde ullmhaithe don Roinn Gnóthaí Pobail, Gaeltachta agus Tuaithe (http://www.pobail.ie/en/AnGhaeltacht/LinguisticStudyoftheGaeltacht/)

[13] http://www.ahrrga.gov.ie/app/uploads/2015/07/20-Year-Strategy-English-version.pdf

[14] An Phríomh-Oifig Staidrimh 2023, 69

Díobh siúd ag aois a trí bliana nó níos sine (31,989 san iomlán), léirigh 60.9% go bhfuil ar a gcumas leibhéal éigin Gaeilge a labhairt. Léirigh 10,023 duine san iomlán gur labhair siad leibhéal éigin Gaeilge gach lá (is ionann sin agus 31.3% de dhaonra Ghaeltacht na Gaillimhe os cionn trí bliana d'aois, nó 18.5% den daonra i nGaeltacht na Gaillimhe). Feictear laghdú beag sna figiúirí ón gcion 18.8% don bhliain 2016. Cónaíonn tuairim is 17,496 duine as daonra iomlán Ghaeltacht na Gaillimhe laistigh de bhruachbhailte na cathrach, sin méadú 14.4% ar an bhfigiúr 15,300 a bhí ann in 2016.[15]

I 1926, bhí na ceantair tuaithe, ina raibh an céatadán ab airde de chainteoirí Gaeilge, suite in iarthar na tíre. I 1956, rinneadh athbhreithniú ar theorainneacha oifigiúla na Gaeltachta. Cé go raibh titim de bheagnach an cúigiú cuid ar dhaonra iomlán na Gaeltachta sa tír, níor cailleadh ach 1% de Ghaeltacht na Gaillimhe; ach tháinig laghdú de 12% ar an bhFíor-Ghaeltacht. Bhí na limistéir Bhreac-Ghaeltachta, Cathair na Gaillimhe san áireamh, fós ag leibhéal na bliana 1926.

Maidir le labhairt na teanga sa tréimhse sin bhí patrúin úsáid na teanga an-chosúil le patrúin na bliana 1926. Ní raibh ach trí cheantar tuaithe - Gaillimh, Uachtar Ard agus An Clochán-ina raibh roinnt mhaith teaghlach a d'úsáid Gaeilge mar phríomhtheanga teaghlaigh laethúil. Tá fianaise ann i ngach ceantar go rabhthas ag dul i dtreo an Bhéarla. Dearadh an t-athbhreithniú ar theorainneacha na Gaeltachta sa chaoi is go mbeadh tionchar dearfach aige ar úsáid na Gaeilge sa Bhreac-Ghaeltacht agus san Fhíor-Ghaeltacht. Atarraingíodh Gaeltacht na Gaillimhe go hiomlán nach mór laistigh de theorainneacha na dtrí cheantar tuaithe is faide siar - Gaillimh, Uachtar Ard agus An Clochán, sna ceantair seo fágadh amach na pócaí beaga ina raibh Béarla á labhairt, agus na limistéir Bhreac-Ghaeltachta sna ceantair tuaithe soir ó Ghaillimh. De réir theorainneacha na bliana 1926, bhí daonra de 104,896 sa Ghaeltacht i 1956, ach nuair a atarraingíodh na teorainneacha bhí daonra de 28,878 inti.

Idir 1956 agus 1971, thit an daonra i nGaeltacht na Gaillimhe, ach tharla méadú géar sna 1970í; ach bhí patrúin dhifriúla idir ceantair tuaithe na Gaillimhe agus na ceantair eile. Sa tréimhse 1956-71, bhí an daonra seasta sa cheantar seo ach sa tréimhse 1971-81 tháinig méadú de 45% ar an daonra. A mhalairt a tharla sa Chlochán agus in Uachtar Ard mar a raibh titim suntasach daonra anonn go dtí 1971; ina dhiaidh sin níor tharla ach méadú beag go dtí 1981. Baineann go leor de na hathruithe seo go dlúth le fás Chathair na Gaillimhe, ba sna ceantair ba ghaire don chathair a tharla an méadú ba mhó daonra - méadú tuairim is 43%. Dé réir mar a tháinig méadú ar an daonra, tháinig laghdú ar líon na gcainteoirí Gaeilge. Tháinig méadú de 24% ar an daonra sa limistéar cósta idir Cathair na Gaillimhe agus Indreabhán, ach maidir leis an teanga bhíothas ag dul i dtreo an Bhéarla, go háirithe sna háiteanna gar don chathair. I mBearna mar shampla, ní raibh ach 60% den daonra rangaithe mar chainteoirí Gaeilge, ach bhí an céatadán chomh hard le 92% níos faide siar sa chontae. Coinníodh líon an-ard cainteoirí Gaeilge (+90%) ar oileáin na Gaillimhe.

Mar gheall ar threochtaí déimeagrafacha agus teangeolaíocha i nGaeltachtaí na tíre rinneadh athbhreithniú mór ar bheartas an rialtais go déanach sna 1950í agus 1960í. Mar thoradh ar an athbhreithniú éiríodh as an mbeartas a bhí ag brath ar thalmhaíocht mar bhonn slán eacnamaíoch, agus bunaíodh roinn Rialtais a bhí tiomanta don Ghaeltacht. Chomh déanach le 1966, bhí 72% de lucht saothair Ghaeltacht na Gaillimhe fostaithe i dtalmhaíocht. Thar thréimhse 15 bhliana ina dhiaidh sin, tháinig laghdú ar an gcéatadán seo go 41%. Nuair a bunaíodh Údarás na Gaeltachta i 1980 leagadh béim ar fhorbairt thionsclaíoch sna limistéir Ghaeltachta. Ó na 1970í ar aghaidh, d'fhás Cathair na Gaillimhe mar ionad oideachais tríú leibhéal agus mar ionad fostaíochta. I nDaonáireamh na bliana 2022 le déanaí, bhí an sciar ab airde den daonra a labhair Gaeilge go laethúil (3%) lonnaithe i gCathair na Gaillimhe agus sna bruachbhailte.[16]

### *19.3.6.3 An Comhthéacs Pleanála*

San Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) leagadh síos an prionsabal go mbeadh cuspóirí i leith oidhreacht theangeolaíoch na Gaeltachta sna Pleananna Forbartha Contae uile ag na hÚdaráis Áitiúla; ní mór na pointí seo a leanas a chur san áireamh:

---

[15] Comhairle Cathrach na Gaillimhe (2023, 99)

[16] http://www.cso.ie/en/releasesandpublications/ep/p-cp10esil/p10esil/gag/

*Oidhreacht theangeolaíoch agus chultúrtha na Gaeltachta a chosaint lena n-áirítear cothú na Gaeilge mar theanga phobail, áit a bhfuil Gaeltacht i limistéar an phlean forbartha*[17]

Ina dhiaidh sin foilsíodh na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 (mar a leasaíodh) ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus faoi Airteagal 28[18] iontu, is gá Measúnacht Tionchair Teanga a ullmhú sa chás ina bhfuil iarratas pleanála á dhéanamh i limistéar Gaeltachta. Luaitear in Airteagal 28 (n) go dtabharfar fógra don Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus d'Údarás na Gaeltachta faoi aon fhorbairt i gceantar Gaeltachta óir *'d'fhéadfadh sé dul i bhfeidhm go hábhartha ar oidhreacht theangeolaíoch agus chultúrtha na Gaeltachta a chosaint lena n-áirítear cothú na Gaeilge mar theanga phobail'.*

Cuireadh riachtanais shuntasacha bhreise i bhfeidhm do chomhlachtaí poiblí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 (arna leasú) lena chinntiú go bhfuil fáil ar sheirbhísí poiblí ar chaighdeán níos airde, lena n-áirítear an próiseas pleanála trí Ghaeilge.

Achtaíodh Acht na Gaeltachta 2012, lena dtugtar bonn reachtúil do chur chun feidhme leanúnach an phróisis pleanála teanga, agus dhá phríomhchuspóir aige: (a) sainmhíniú nua ar an nGaeltacht a chur ar fáil agus (b) agus leasuithe a dhéanamh ar struchtúr agus ar fheidhmeanna Údarás na Gaeltachta. De réir an Achta tá sé i gceist an Ghaeltacht a bheith bunaithe ar chritéir theangeolaíocha amach anseo murab ionann is ar limistéir gheografacha mar a bhí go dtí seo. Beidh pleanáil teanga ag leibhéal an phobail lárnach don sainiú nua Gaeltachta.

Sa bhreis air sin, leagtar amach san Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 arna leasú, (an tAcht) cuspóirí éigeantacha d'údaráis áitiúla, nach mór aghaidh a thabhairt orthu agus a bPlean Forbartha Contae á dhréachtú acu lena rialaítear beartais forbartha áitiúla. Áirítear le hAlt 10(2) den Acht ceanglas, mar a bhfuil limistéar Gaeltachta laistigh de chríoch an údaráis pleanála, ní mór forálacha agus cuspóirí a áireamh leis an bplean forbartha le haghaidh "*Oidhreacht theangeolaíoch agus chultúrtha na Gaeltachta a chosaint lena n-áirítear cothú na Gaeilge mar theanga phobail, áit a bhfuil Gaeltacht i limistéar an phlean forbartha".* Tá spriocanna agus cuspóirí maidir leis an nGaeltacht agus leis an nGaeilge ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus ag Comhairle Chontae na Gaillimhe. Ó 2018 i leith, rinneadh na pleananna forbartha cathrach agus contae araon a nuashonrú. Mar a leagtar amach i gCaibidil 2 den TMTT nuashonraithe seo, sainaithníodh sa Phlean Ceantair Áitiúil don Ghaeltacht, 2008-2018 Gaeltacht na Gaillimhe mar an ceantar Gaeltachta is líonmhaire ó thaobh daonra de sa tír. Síneann sé ó Bhaile Chláir, atá taobh thoir de chathair na Gaillimhe go Cloch na Rón in iarthar Chonamara, fad thart ar 100km, agus ó Oileáin Árann ó thuaidh chomh fada le teorainn Mhaigh Eo. Ullmhaíodh Plean Ceantair Áitiúil na Gaeltachta, 2008–2018 agus glacadh é i mí Feabhra 2008 agus leasaíodh agus leathnaíodh é in 2013, agus múnlaíodh TMTT 2018 leis. Ó 2018 i leith, i gCaibidil 13 de Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2022-2028, cuimsítear na cuspóirí agus na haidhmeanna a leagadh amach roimhe seo i bPlean Ceantair Áitiúil na Gaeltachta, 2002-2018. Leagtar amach sa chaibidil seo aidhmeanna straitéiseacha Chomhairle Chontae na Gaillimhe chun Gaeltacht agus Oileáin na Gaillimhe a chosaint agus a fheabhsú. Áirítear ar na haidhmeanna sin líonraí iompair feabhsaithe a sholáthar chomh maith le forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn agus a éascú.

I gcomhréir le Cuid 7 d'Acht na Gaeltachta 2012, rinneadh roinnt ionstraimí reachtúla in 2022 lena n-ainmnítear limistéir laistigh de Theorainn na Measúnachta mar Cheantair Pleanála Teanga Gaeltachta lena n-áirítear na cinn seo a leanas:-

1. I.R. 433/2022 ina n-ainmnítear Bearna agus Cnoc na Cathrach (Knocknacarra)
2. I.R. 250/2022 ina n-ainmnítear Cathair na Gaillimhe

Tá Ceantar Pleanála Teanga (CPT) Ghaeltacht Bhearna agus Chnoc na Cathrach suite siar ó Chathair na Gaillimhe. Tá an daonra is mó in CPTanna uile na tíre le fáil ann. De réir Dhaonáireamh na bliana 2016, bhí 11,696 duine ina gcónaí sa CPT seo, agus labhair 5.9% den daonra os cionn 3 bliana d'aois an Ghaeilge ar bhonn laethúil.

---

[17] An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú), Alt 10(2)(m)

[18] https://www.irishstatutebook.ie/eli/2001/si/600/made/en/print

Is é Údarás na Gaeltachta atá freagrach as an eagraíocht a roghnú sa CPT is cumasaí chun Plean Gaeilge a ullmhú. Is é is cuspóir don phlean sin foráil a dhéanamh maidir le húsáid mhéadaithe na Gaeilge, agus spreagadh a thabhairt dá húsáid, i saol teaghlaigh, oideachasúil, poiblí, sóisialta, caithimh aimsire agus tráchtála an limistéir faoi thrácht. Foilsíodh an Plean Teanga do Bhearna agus Cnoc na Cathrach 2020-2027 i mí Mheán Fómhair 2020 agus foilsíodh an Plean Teanga d'Oirthear Chathair na Gaillimhe i mí an Mhárta 2020.

Thairis sin, faoi Alt 9 d'Acht na Gaeltachta 2012, ainmníodh Cathair na Gaillimhe mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta faoi I.R. 580/2021, agus is amhlaidh arís a ainmnítear sin ar bhunús cur chun cinn na Gaeilge.

D'fhoilsigh Údarás na Gaeltachta a Phlean Straitéiseach 2021-2025 don Ghaeltacht i mí an Mheithimh 2021. Tá sé mar aidhm ag an bPlean seo pobail bhríomhara Ghaeltachta a chothú ina bhfuil an Ghaeilge mar phríomhtheanga chumarsáide. Príomhchuspóir amháin is ea an Ghaeltacht a bhunú mar mhol fiontraíochta, agus gnólachtaí a mhealladh agus a chothú sa réigiún.

#### *19.3.6.4 An Phróifíl Teanga*

Trasnaíonn an Tionscadal na Toghranna seo a leanas:

- Bearna (cuid de) (Contae na Gaillimhe) (Cód Ceantair CSO ED 27044)
- Bearna (Contae na Gaillimhe) (Cód Ceantair CSO ED 26003)
- Rathún (Cód Ceantair CSO ED 26015)
- An Daingean (Cathair na Gaillimhe) Cód Ceantair CSO ED 26006
- Ceantar tuaithe na Gaillimhe (cuid de) (Cód Ceantair CSO ED 27052)
- Mionlach (Cód Ceantair CSO ED 26010)
- An Caisleán Gearr (Cód Ceantair CSO ED 26004)
- Baile an Teampaill (cuid de faoin tuath) (Cód Ceantair CSO ED 27042)
- Baile an Bhriotaigh (Cód Ceantair CSO ED 26002)
- An Baile Bán (Cód Ceantair CSO ED 26001)

Níl Rathún, An Daingean, Ceantar Tuaithe na Gaillimhe (cuid de faoin tuath) ná An Baile Bán laistigh den limistéar Gaeltachta, ach tá an chuid thiar de Bhaile an Teampaill sa Ghaeltacht. Síneann an Tionscadal trí cheantar Ghaeltacht na Gaillimhe ag a bhfuil teorainn le Cathair na Gaillimhe agus atá thart timpeall uirthi. Ó na 1980í tharla méadú tapa ar an daonra agus fairsingiú uirbeach sa cheantar seo. Ní de bhunú Gaeltachta formhór an daonra anseo agus leanann an meath ar Ghaeilge mar theanga 'theaghlaigh'.

I Tábla 19.14 thíos léirítear an céatadán den daonra a labhraíonn Gaeilge (trí bliana d'aois nó níos sine) sna Toghranna Ceantair trína ngabhann an Tionscadal, agus an céatadán a labhair Gaeilge gach lá in 2016 agus 2022. Sa staidéar seo, ciallaíonn úsáid laethúil an líon daoine (a) a labhraíonn Gaeilge go laethúil laistigh agus lasmuigh den chóras oideachais agus (b) iad siúd a labhraíonn Gaeilge go laethúil taobh amuigh den chóras oideachais amháin.

**Tábla 19.14 Úsáid Teanga laistigh de na Toghranna Ceantair trína ngabhfaidh an Tionscadal *(bunaithe ar Staidreamh Daonra i gCeantair Bheaga 2022 agus 2016)***

| Toghroinn Ceantair | Daonra Iomlán trí bliana nó níos sine | | % Cainteoirí Gaeilge | | % a labhraíonn Gaeilge go laethúil lasmuigh den Chóras Oideachais | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2022 | 2016 | 2022 | 2016 | 2022 | 2016 |
| 27052 Limistéar tuaithe na Gaillimhe (cuid de) | 209 | 146 | 51.2% | 49.3% | 2.9% | 5.4% |
| 26003 Bearna (Cathair na Gaillimhe) | 16033 | 14461 | 66.9% | 50.0% | 4.9% | 3.5% |

| Toghroinn Ceantair | Daonra Iomlán trí bliana nó níos sine | | % Cainteoirí Gaeilge | | % a labhraíonn Gaeilge go laethúil lasmuigh den Chóras Oideachais | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2022 | 2016 | 2022 | 2016 | 2022 | 2016 |
| 27044 Bearna (cuid de) (Contae na Gaillimhe) | 3767 | 3586 | 50.0% | 65.8% | 3.3% | 5.3% |
| 26015 Rathún | 3347 | 2946 | 39.0% | 42.8% | 1.9% | 2.3% |
| 26006 An Daingean (Cathair na Gaillimhe) | 4521 | 4021 | 42.3% | 47.3% | 1.6% | 1.9% |
| 26010 Mionlach | 707 | 4960 | 35.7% | 43.3% | 3.7% | 2.4% |
| 26004 An Caisleán Gearr | 5267 | 3894 | 46.0% | 35.8% | 2.7% | 2.1% |
| 26002 Baile an Bhriotaigh | 912 | 915 | 34.6% | 36.9% | 2.3% | 1.9% |
| 26001 An Baile Bán | 13004 | 12271 | 30.7% | 31.6% | 1.0% | 1.5% |
| 26011 Mervue | 2220 | 1793 | 37.3% | 32.7 | 2.0% | 1.8% |
| 27042 Baile an Teampaill | 1537 | 1424 | 49.6% | 50.1% | 1.4% | 2.0% |
| 26022 Páirc an Tobair | 1796 | 1629 | 28.5% | 32.7% | 1.2% | 1.2% |
| San Nioclás | 3181 | 2362 | 28.1% | 32.9% | 2.0% | 2.5% |

Léiríonn na figiúirí sin go n-athraíonn úsáid laethúil na Gaeilge (lasmuigh den chóras oideachais) i gcomharsanacht an Tionscadail ó chéatadán níos lú ná 2% go céatadán níos lú ná 8% (cé go raibh an céatadán ab airde sa Toghroinn is lú daonra (Toghroinn na Gaillimhe (Tuath) 27052). Cé gur teanga phobail í an Ghaeilge laistigh den limistéar staidéir, is fíor a rá nach teanga cheannasach ná shuntasach í.

## 19.4 Saintréithe an Tionscadail

Tá cur síos mionsonraithe ar an Tionscadal agus ar ghníomhaíochtaí tógála le fáil i gCaibidil 5, Cur Síos ar an Tionscadal agus Caibidil 7, Gníomhaíochtaí Tógála. Tugtar breac-chuntas sa chuid seo ar na saintréithe agus gníomhaíochtaí den Tionscadal atá ábhartha don daonra agus do shláinte an duine.

### 19.4.1 Céimeanna Tógála

#### *19.4.1.1 Céim 1*

Tógfaidh Céim 1 den Tionscadal 12 mhí le cur i gcrích. Le linn an ama sin, leis na hoibreacha atá riachtanach chun stáblaí sealadacha, seid innealra agus fáinne paráide nua a thógáil ag Ráschúrsa na Gaillimhe (ar a gcuirtear síos i gCaibidil 5) agus atá faoi réir cead pleanála ar leithligh, bainfear ar shiúl tailte a úsáideann an ráschúrsa faoi láthair le haghaidh páirceála le linn laethanta rásaíochta. Ag tús thógáil Chéim 1, cuirfear fál timpeall an láithreáin tógála agus beidh rochtain theoranta. (Thug Comhairle Cathrach na Gaillimhe cead pleanála i leith na n-oibreacha sin i mí na Nollag 2024 Uimhir Thagartha Phleanála: 24/60279).

#### *19.4.1.2 Céim 2*

Leanann oibreacha a rinneadh mar chuid de Chéim 2 don N6 GCRR atá beartaithe an céimniú mar a cuireadh isteach mar chuid d'Iarratas Alt 51 in 2018, ach tugtar san áireamh ann freisin na modhnuithe a dtugtar breac-chuntas orthu in Alt 5.2 de Chaibidil 5 den TMTT nuashonraithe seo, cé is moite de na hoibreacha i gCéimeanna 1, 3 & 4, agus beidh na cinn seo a leanas san áireamh leo:

- Céim A – Acomhal Chúil Each an N6 go dtí Acomhal Leitrí an N59 – 9.9km (Bóithre Ceangail Thuaidh agus Theas an N59 san áireamh)
- Céim B – Acomhal Leitrí an N59 go dtí Bóthar an Chósta an R336, laistiar de Bhearna - 7.5km

Meastar go mairfidh an phríomhthréimhse tógála i gCéim 2 go ceann tuairim is 36 mhí. Tarlóidh gníomhaíochtaí éagsúla tógála go comhuaineach ag roinnt suíomhanna feadh an N6 GCRR atá beartaithe, ach déanfar iad ar bhonn céimnithe ag aon suíomh ar leith.

San obair thógála ar an N6 GCRR atá beartaithe áirítear gníomhaíochtaí amhail tochailt, tógáil claífort agus struchtúr, tollánú, carnadh, briseadh carraigeacha agus bogadh ábhar laistigh den limistéar fálaithe oibre. De bharr sin beidh torann, deannach agus gluaiseacht innealra a mbeidh tionchar aige ar dhaoine, ar (fholláine) an daonra agus ar shláinte an duine. Athróidh fad ama na n-oibreacha seo. Déanfar an obair thógála ag úsáid modhanna a nglactar leo go hidirnáisiúnta, mar shampla uaireanta oibre agus bacainní fuaim-mhaolaithe agus ar bhealach a dhéanfaidh íoslaghdú ar aon chur as do mhuintir na háite agus d'úsáideoirí bóthair. Féach Caibidil 7, Gníomhaíochtaí Tógála le sonraí breise a fháil faoi ghníomhaíochtaí tógála. Féach Caibidil 16, Cáilíocht an Aeir agus Caibidil 18, Torann agus Creathadh chun sonraí a fháil ar thionchair fhéideartha ar an aer agus tionchair thorainn le linn tógála.

Dearadh an N6 GCRR atá beartaithe sa chaoi is go bhféadfaí an oiread agus ab fhéidir den réadmhaoin chónaitheach a sheachaint, ach mar gheall ar an timpeallacht thógtha agus forbairt líneach na cathrach, tithe taobh leis an gcuid is mó de na bóithre as an gcathair, tá sé dosheachanta go leagfar réadmhaoin chónaitheach nó go ndéanfar réadmhaoin a cheannach i limistéir áirithe. Ag suíomhanna áirithe, ceannófar cion mór den réadmhaoin iomlán atá i gclachan, mar gheall ar an N6 GCRR atá beartaithe. I dteannta an drochthionchair dhírigh a bheidh aige sin ar na teaghlaigh féin, ach d'fhéadfaí drochthionchar athraitheach a bheith ar na cónaitheoirí eile freisin ag brath ar neart na hidirghníomhaíochta pobail a tógadh ag gach suíomh agus ar inbhuanaitheacht na n-áiseanna pobail amhail scoileanna.

Ag tosú leis an gcur síos ar chéim na tógála ag Bearna, beidh roinnt mhór den obair thógála anseo ag tarlú i suíomh tuaithe. Ach toisc go bhfuil líon ard tithe aonair sa cheantar seo déanfar cuid díobh a leagan. Beidh cónaitheoirí eile gar do na hoibreacha tógála agus na tionchair a bhaineann leo. Ó thuaidh ó Bhearna tá tardhroichead beartaithe idir Bóthar Fhoraí Maola (Acomhal Fhoraí Maola) agus an L5387 Bóthar Throscaí (Acomhal Throscaí) chun rochtain leanúnach thuaidh-theas feadh an dá bhóthar a chur ar fáil. Ag Ch. 2+500 leis an N6 GCRR atá beartaithe gearrfar Bóthar Anna Mhic Ghiobúin an L-13215 Ann le rochtain chuig an tuaisceart in ionad Bhóthar an L1321 ó Bhearna go Maigh Cuilinn, rud a bhuailfidh an N6 GCRR atá beartaithe ag Timpeallán Bhearna Thoir. Beidh gá le hathailíniú sealadach ar Bhóthar Aille le haghaidh tógáil droichid agus bainistiú tráchta ag suíomhanna eile, áit a dtrasnaíonn bóithre áitiúla na hoibreacha tógála.

Tá acomhal soilsithe (Acomhal Bhóthar na Ceapaí) beartaithe idir an N6 GCRR atá beartaithe agus Bóthar na Ceapaí. Éascóidh an t-acomhal seo do rochtain ar an N6 GCRR atá beartaithe do phobal na Buaile Bige ó thuaidh agus do Bhóthar Dáileacháin an Iarthair ó dheas, rud a éascóidh d'úsáid an N6 GCRR atá beartaithe mar mhalairt slí do Bhóthar an R336 trí Bhearna le haghaidh roinnt mhór turas. Ceadófar leis an acomhal freisin rochtain ar naíolann atá suite ar Bhóthar na Ceapaí díreach ó thuaidh ón N6 GCRR atá beartaithe.

Tugann acomhal soilsithe eile ag Bóthar Bhaile an Mhóinín (Acomhal Bhóthar Bhaile an Mhóinín) rochtain ar Bhóthar Rathúin agus ar an gcúlchríoch timpeall air, Baile na mBúrcach san áireamh chomh maith le rochtain le haghaidh turas go pobail na Buaile Bige agus an Chaoráin siar ó thuaidh agus go pobal Mhionchluana ó dheas. Soir ó sin, ceadófar do Bhóthar Rathúin gabháil faoi bhun an N6 GCRR atá beartaithe. Beidh gá le dúnadh sealadach Bhóthar Rathúin istoíche chun tógáil an tardhroichid a éascú.

Tógfar Bóthar Ceangail ó Thuaidh agus ó Dheas an N59 i limistéar tuaithe den chuid is mó. Tógfar sé bhóthar rochtana áitiúla sa chuid ó dheas de réir mar is gá, bealach isteach athailínithe go dtí Eastát Rosáin Ghlais san áireamh. Ach is beag tionchair a bheidh ar an trácht áitiúil mar tá an chuid seo, den chuid is mó, ar leataobh ón trácht ar an ngréasán bóithre mar atá. Beidh rochtain ar Pháirc Mhiondíola Thairseach na Gaillimhe trí bhóthar ceangail nua le hacomhal soilsithe agus ní ó thimpeallán Ghort na Bró mar atá. Ag Acomhal Leitrí an N59 beidh gá le hoibreacha tógála ar mhórscála, lena n-áirítear tochailt ar ghearrthacha bóthair. Beidh gá le dúnadh sealadach Bhóthar Leitrí istoíche chun tógáil an tardhroichid a éascú.

Trasnaíonn an N6 GCRR atá beartaithe Bóthar Mhaigh Cuilinn an N59 ag An Daingean i gcomharsanacht na n-eastát Ard an Locha agus Achadh an Churraigh ó thuaidh den acomhal leis an gCuarbhóthar. Beidh gá le dúnadh Bhóthar Mhaigh Cuilinn an N59 istoíche chomh maith le bainistiú sealadach tráchta le haghaidh trácht ar mhalairt slí. Tógfar Droichead Abhainn na Gaillimhe ag Campas Spóirt Ollscoil na Gaillimhe, limistéar áineasa ardluacha.

Le linn tógála is féidir go mbeidh gá le trácht ar mhalairt slí go sealadach ag Bóthar Chúil Each, ar an taobh thoir d'Abhainn na Gaillimhe. Beidh an N6 GCRR atá beartaithe ardaithe ar struchtúr tarbhealaigh (Tarbhealach Mhionlaigh) soir ó Bhóthar Chúil Each roimh dhul isteach i dTollán Leacaigh atá beartaithe agus uaidh sin ceanglaíonn sé le Bóthar Áth Cinn an N84 ag acomhal ilairde. Is féidir go mbeidh gá le dúnadh sealadach bhóithre mar atá istoíche ag suíomhanna amhail Bóithrín Chaisleán Mhionlaigh, An Bóthar Nua agus An Sean Bhóthar, áit a bhfuil tardhroichid le tógáil.

Beidh gá le trácht ar mhalairt slí go sealadach ag Bóthar na Scoile chun tógáil an droichid a éascú. Beidh gá le móroibreacha tógála i gcomharsanacht Bhóthar Áth Cinn an N84 agus Bóthar Thuama an N83 agus is féidir go mbeidh gá le dúnadh bóthair sealadach istoíche agus le trácht ar mhalairt slí. Tá acomhal ilairde beartaithe ag Bóthar Thuama an N83. Déanfaidh bóthar rochtana a cheanglaíonn le Bóthar Thuama an N83 ceangal le sé réadmhaoin chónaitheacha i bpobal seanbhunaithe Cheapach na Boirne. Beidh gá le hoibreacha mórthochailte ar an gcnoc ar an taobh thoir de Bhóthar Thuama an N83 agus le haghaidh Tollán Ráschúrsa na Gaillimhe. Le rochtain a choinneáil tógfar Bóthar Ceangail na Páirce Móire agus Bóthar Ceangail Pháirc Ghnó Chathair na Gaillimhe Thuaidh roimh ré. Níos faide soir is féidir go mbeidh gá le dúnadh sealadach Bhóthar Mhuine Mheá an R339 agus Bhóthar Pháirc Ghnó Chnoc Mhaoil Drise istoíche. Tarlaíonn brú tráchta go rialta ag an acomhal mar atá le Bóthar Mhuine Mheá an R339 mar gheall ar an trácht comaitéireachta ag dul chuig na páirceanna oifige in aice láimhe agus beidh gá le bainistiú thrácht tógála chun na tionchair tógála a íoslaghdú.

#### *19.4.1.3 Céim 3*

Le linn na céime seo, a thógfaidh 9 mí, tógfar na stáblaí buana nua atá ríthábhachtach chun oibriú leanúnach Ráschúrsa na Gaillimhe a chinntiú, ag soláthraithe tógálaithe Brooks. Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe tar éis conradh ceangailteach a dhéanamh le húinéir agus tionónta na réadmhaoine seo faoi seach leis an réadmhaoin a cheannach. Ginfidh sé sin torann, dusta agus gluaiseacht innealra, a d'fhéadfadh dul i gcion ar na tailte taobh leis. Beidh na tionchair dhíreacha teoranta go príomha do dháileacht talún an ráschúrsa (Tag. Uimh. 691) le tionchair fhéideartha ó thorann, deannach agus trácht ag dul i bhfeidhm ar Thag. Uimh. 701. (Thug Comhairle Cathrach na Gaillimhe cead pleanála i leith na n-oibreacha sin i mí na Nollag 2024 Uimhir Thagartha Phleanála: 24/60279).

#### *19.4.1.4 Céim 4*

Déanfar na stáblaí sealadacha atá beartaithe i bhfaiche Ráschúrsa na Gaillimhe a scartáil le linn tréimhse 3 mhí a luaithe is a bheidh Céim 3 curtha i gcrích agus i mbun feidhme. Déanfar na gníomhaíochtaí scartála go léir laistigh de Theorainn na Measúnachta. (Thug Comhairle Cathrach na Gaillimhe cead pleanála i leith na n-oibreacha sin i mí na Nollag 2024 Uimhir Thagartha Phleanála: 24/60279).

### 19.4.2 An Chéim Oibríochta

Ag Céim 5, beidh an N6 GCRR atá beartaithe agus na stáblaí sealadacha i mbun feidhme. Nuair a bheidh an N6 GCRR atá beartaithe infheidhme déanfar an spás bóthair mar atá laistigh den chathair a ath-leithroinnt ar iompar poiblí agus ar bhearta cliste soghluaisteachta agus beidh trasbhealach breise thar Abhainn na Gaillimhe. Maolóidh sé seo an brú tráchta laistigh de Chathair na Gaillimhe agus dá bharr laghdófar an truailliú aeir agus an truailliú ó thorann. Éascóidh sé córas iompair poiblí níos éifeachtaí agus beidh rogha córacha iompair ar fáil, siúl agus rothaíocht san áireamh. Dá dtiocfadh aistriú ar chóir iompair dá thoradh sin le haghaidh úsáid na bhfeithiclí príobháideacha, beidh buntáistí ann freisin d'astaíochtaí carbóin agus don aeráid i lár na cathrach. Cuirfidh an t-aistriú tráchta feabhas ar agaí aistir agus ar thaitneamhacht aistir d'úsáideoirí bóithre agus ní bheidh pobail a chónaíonn feadh na mbóithre mar atá chomh scartha amach agus beidh níos lú torann tráchta ar stráicí de na bóithre seo. Beidh éifeachtaí dearfacha ann freisin ar áiseanna i gcoitinne agus d'fhéadfaidís a bheith ann ar fholláine agus ar shláinte na ndaoine áitiúla mar gheall ar aistriú cion den líon mór tráchta ó shráideanna gnóthacha uirbeacha atá ann faoi láthair. Éascóidh an N6 GCRR atá beartaithe bealach trasna Abhainn na Gaillimhe gan dul tríd an gcathair agus beidh feabhas ar an nascacht cathrach ar gach aon taobh d'Abhainn na Gaillimhe. Cuirfear ceangail riachtanacha ar fáil idir sráideanna na cathrach agus dá bharr déanfar dáileadh níos fearr ar an trácht.

## 19.5 Meastóireacht ar éifeacht an Tionscadail

### 19.5.1 Réamhrá

Sa chuid seo den chaibidil déantar meastóireacht ar na tionchair fhéideartha sa chás- 'Gan Dada a Dhéanamh' agus ina dhiaidh trí mheasúnú ar éifeachtaí an cháis 'Déan Rud Éigin' sa chéim thógála agus ansin sa chéim oibríochtúil faoi na ceannteidil, saintréithe turais, taitneamhacht, scaradh pobail, eacnamaíocht agus turasóireacht, an Ghaeilge agus sláinte an duine.

### 19.5.2 Éifeacht 'Gan Dada a Dhéanamh'

#### *19.5.2.1 Saintréithe turais*

Mar chuid den chás 'Gan Dada a Dhéanamh', glactar leis nach bhfuil an Tionscadal tógtha. Dé réir mar atá an plódú sa chathair tar éis dul in olcas ó 2018 i leith, níl aon athrú ar an measúnacht seo seachas gur dócha gur measa é de réir gach critéir.

Is dócha go leanfaidh na dálaí tráchta mar atá faoi láthair agus go rachaidh siad in olcas de bharr bhrú tráchta. Ar aon dul leis na dálaí tráchta, leanfaidh an méid tráchta ag méadú ar na bealaí rochtana chuig Cathair na Gaillimhe. Déanann breis is leath de lucht saothair na Gaillimhe an turas chun na hoibre ó na ceantair máguaird agus ní mór dóibh dul isteach sa chathair ar cheann de na príomhbhealaí gathacha, iad go minic ag ceangal leis an N6 plúchta mar atá, chun ionaid oibre sa taobh thoir nó thiar a shroicheadh. Leanfaidh na moilleanna rialta, go háirithe ag buaicuaireanta agus mar sin ní bheidh aon iontaofacht am aistir. Níor dearadh na cóngair sciuirde ar na bóithre áitiúla, bóithre nár dearadh don mhéid sin tráchta agus tá baol sábháilteachta ag baint leis sin.

Bhainfeadh an plúchadh tráchta an bonn den phlean chun forbairt a dhéanamh amach anseo amhail LAP na nArdán. Beidh srian ar na deiseanna chun iompar poiblí a fheabhsú agus chun córacha iompair inbhuanaithe amhail siúl agus rothaíocht a chur chun cinn toisc go mbeidh freastal le déanamh ar shruth tráchta feithiclí.

#### *19.5.2.2 Taitneamhacht*

Beidh drochthaitneamhacht turas mar thoradh leantach ar líon ard an tráchta feithiclí príobháideacha agus tráchtála laistigh den chathair, agus tabharfaidh sé díspreagadh don tsiúlóid agus rothaíocht in éineacht leis na buntáistí sláinte comhbhainteacha. Toisc gur gá freastal ar an sruth tráchta de bharr an fhás tráchta, beidh srian ar dheiseanna le spás breise a sholáthar do choisithe, d'iompar poiblí agus do rothair, agus beidh sé níos deacra don chathair sprioc atá leagtha amach le forbairt nua a lonnú laistigh den teorainn chathrach a chur i gcrích. Chomh maith leis sin leanfaidh an tionchar atá ag torann tráchta agus ag droch-cháilíocht an aeir ar thaitneamhacht ginearálta do dhaoine a chónaíonn taobh leis an N6 mar atá.

#### *19.5.2.3 Scaradh pobail*

Cuireann an gá le freastal a dhéanamh ar an sruth tráchta srian le deiseanna chun bealaí trasnaithe a sholáthar. Cuirfidh sé seo agus an droch-thaitneamhacht aistir leis an scaradh pobail a bhfuil taithí air ag daoine a chónaíonn taobh le mórbhóithre amhail an N6 mar atá; d'fhéadfaí grúpaí leochaileacha amhail daoine aosta agus leanaí a bheith teoranta laistigh de phobail ar leith agus iad timpeallaithe ag bóithre gnóthacha. Léiríonn an anailís dhéimeagrafach roimhe seo go bhfuil leibhéil arda míchumais i gcomharsanachtaí timpeall ar an N6 mar atá.

#### *19.5.2.4 Eacnamaíocht agus turasóireacht*

Cuirfidh an méid ard tráchta agus an plúchadh tráchta srian ar fhorbairt eacnamaíochta agus ar chumas Chathair na Gaillimhe agus an limistéar máguaird stádas mar Chathair Thairsí a bhaint amach. Ní bheifear in ann gnó agus infheistíocht nua a mhealladh isteach sa chathair mar gheall ar bhrú tráchta rialta agus ar dhrochiontaofacht am aistir. Cuirfidh an cás 'Gan dada a Dhéanamh' deireadh leis an deis chun an nascacht a fheabhsú le pobail atá imeallach ó thaobh eacnamaíochta, in iarthar Chontae na Gaillimhe. Cé gur mórionad turasóireachta Cathair na Gaillimhe, is féidir go gcuirfear srian ar fhéidearachtaí i dtaca le forbairt na turasóireachta mar gheall ar an méid ard tráchta agus ar bhrú tráchta. Is féidir go mbainfear de thaitneamh cuairteoirí de bharr moilleanna agus iad ag trasnú na cathrach agus brú tráchta ar shráideanna na cathrach.

Má bhíonn méid ard tráchta agus brú tráchta i gcathair stráinséartha ní bheidh fonn ar thurasóirí i gcarranna dul isteach go lár na cathrach le cuairt a thabhairt ar áiteanna ina mbíonn suim ag turasóirí agus mar sin ní chuirfear leis an eacnamaíocht áitiúil.

#### *19.5.2.5 An Ghaeilge*

Sa chás 'Gan Dada a Dhéanamh' níl an Tionscadal tógtha, agus ní dócha go dtiocfaidh aon athrú ar phróifíl úsáide na Gaeilge i gCathair na Gaillimhe ná sna bruachbhailte ar a himeall. Ach beidh na lonnaíochtaí agus an ghníomhaíocht thionsclaíoch sa Ghaeltacht, atá níos faide siar ón gcathair, fós imeallach agus faoi mhíbhuntáiste mar gheall ar thréimhsí fad taistil agus moilleanna iompair. Tá sé aitheanta ag gníomhaireachtaí amhail Údarás na Gaeltachta go bhfuil an easpa nascachta mar bhac suntasach ar fhorbairt eacnamaíochta inbhuanaithe na Gaeltachta sa bhfadtéarma.

#### *19.5.2.6 Sláinte an Duine*

Leanfaidh éilimh tráchta i gCathair na Gaillimhe agus sna ceantair máguaird ag dul i méid má dhéanfar nó mura ndéanfar an Tionscadal atá beartaithe (Caibidil 6, Measúnú Tráchta agus Trasghearradh an Bhealaigh). Tá méadú ar líon na ndaoine a chónaíonn i gCathair na Gaillimhe agus sna ceantair máguaird agus is cosúil ó na limistéir chriosaithe i bPleananna Forbartha na Cathrach go leanfar ar aghaidh mar sin. De réir Dhaonáireamh 2022 tá méadú 7.3% tagtha ar dhaonra Chathair na Gaillimhe go 84,414 ón mbliain 2016.

Leanfaidh na drochthionchair (deannach, torann, núis srl.) ar dhaoine mar atá faoi láthair ón mbrú tráchta ar na bealaí mar atá agus is dócha go rachaidh sé in olcas de réir mar a thagann méadú ar an trácht.

Maidir le torann, tiocfaidh méadú ar leibhéal an torainn ag réadmhaoin suite taobh leis na bóithre náisiúnta agus réigiúnacha mar beidh éileamh tráchta ag méadú ar an ngréasán bóithre mar atá.

Ní thiocfaidh athrú ar na leibhéil torainn ag réadmhaoine arna sainaithint mar 'phointí ardbhrú' agus limistéir bainistithe torainn laistigh de Phlean Gníomhaíochta Torainn Chathair na Gaillimhe 2024 - 2028, fanfaidh Dréachtphlean Gníomhaíochta Torainn Chontae na Gaillimhe os cionn na leibhéal torainn tairsí maidir le bainistiú torainn agus is dócha go méadófar a thuilleadh iad de bharr méideanna tráchta níos mó. Chun sonraí breise a fháil ar thionchair thorainn sa chás 'Gan Dada a Dhéanamh' féach Caibidil 18, Torann agus Creathadh.

Sa chás 'Gan Dada a Dhéanamh' leanfaidh an brú tráchta laistigh de Chathair na Gaillimhe agus sna ceantair máguaird agus beidh feithiclí ag taisteal ar bhealaí brú tráchta i lár na cathrach, beidh an meánluas mall agus an seans ann go dtarlóidh níos mó astaíochtaí cáithníneacha. Le blianta anuas tugadh aird ar leith ar astaíochtaí cáithníneacha agus tá fianaise ann go mbíonn tionchar acu ar an tsláinte.

Sa chás 'Gan Dada a Dhéanamh' bheadh drochthionchair fhéideartha ar chaidreamh agus cuimsiú sóisialta mar leanfaidh na leibhéil arda scartha ar na bóithre mar atá; mar gheall ar seo d'fhéadfaí daonraí a choinneáil laistigh de chomharsanachtaí áirithe agus chuirfí drochmhisneach ar ghrúpaí leochaileacha bogadh amach. Leanfaidh an baol timpistí, go háirithe an baol do choisithe agus rothaithe, toisc gur gá an ghluaiseacht tráchta a chinntiú rud a shrianann deiseanna le trasbhealaí nua a sholáthar agus a fhágann níos lú spáis le haghaidh cosán agus rotharbhealaí.

### 19.5.3 'Déan Rud Éigin' - Tionchair Fhéideartha na Tógála – Daonra

#### *19.5.3.1 Réamhrá*

Mar a pléadh i gCuid 19.4.1, tá obair thógála shuntasach thar thréimhse beagnach 60 mí i gceist leis an Tionscadal, mar sin féin leis an gcuid is mó de na hoibreacha tógála ag tarlú sna 36 mhí de Chéim 2, is amhlaidh nach mairfidh na hoibreacha ag suíomhanna aonair ach tréimhse ó chúpla lá go cúpla mí. Den chuid is mó beidh an obair thógála ar siúl i suíomh tuaithe, ach ag suíomhanna ar leith tá clachain tithe, pobail ar leith nó réadmhaoin aonair ard-dlúis. Tá tionchair fhéideartha maidir le réadmhaoin chónaithe a scartáil, le dúnadh sealadach bóithre nó trácht ar mhalairt slí, le trácht tógála agus taitneamhacht ghinearálta. Féach Caibidil 7, Gníomhaíochtaí Tógála le sonraí breise a fháil faoi ghníomhaíochtaí tógála.

#### *19.5.3.2 Saintréithe turais*

Beidh gá le hathailínithe sealadacha, dúnadh sealadach istoíche agus socruithe stop-gluais, áit a mbuaileann an obair thógála le mionbhóithre. I gcás na socruithe seo, is dócha go mbeidh na tionchair a bhaineann leo do-airithe nó go mbeidh drochthionchar beag i gceist leo. Maidir leis an socrú sealadach do thrácht ar mhalairt slí ar Bhóthar Aille ní bheidh tionchar suntasach ar rochtain ná ar úsáid an bhóthair. Is beag an éifeacht dhiúltach a bheidh ag dúnadh sealadach istoíche ar Bhóthar Rathúin agus Bóthar Leitrí.

Ní bheidh ach éifeachtaí diúltacha beaga sealadacha leis na hoibreacha tógála i limistéar Bhóthair Ceangail Theas an N59 ar ghluaiseacht tráchta áitiúil, rothaíochta ná coisithe. Tá an Bóthar Ceangail lonnaithe ar imeall limistéar tuaithe, cé go bhfuil an limistéar ó thoir criosaithe le haghaidh cónaithe agus tá forbairt chónaithe déanta le déanaí mar aon le hiarratais ar thuilleadh tithe agus árasán a fhorbairt (Féach Cuid 19.8 Éifeachtaí Carnach). I dtreo an oirthir, feadh phríomhbhealach an N6 GCRR atá beartaithe, ní bheifear ag súil ach le dúnadh sealadach istoíche ar Bhóthar Mhaigh Cuilinn an N59 ina gcuirfear trácht ar mhalairt slí lena linn. Le linn na héisteachta ó bhéal, tarraingíodh ceist ar leith anuas maidir leis an dúnadh sealadach seo atá beartaithe don N59 agus an tionchar ar rochtain ar sholáthraithe seirbhísí cúraim chriticiúil Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh, a bhfuil cónaí orthu díreach cóngarach don struchtúr droichid atá beartaithe. Cuireadh tiomantas le Sceideal na dTiomantas chun cóiríocht a chur ar fáil don teaghlach seo áit éigin eile le linn tréimhse thógála na hoibre seo. Maidir leis an socrú sealadach do thrácht ar mhalairt slí ar Bhóthar Chúil Each (Bóthar Nua), ní bheidh tionchar suntasach ar rochtain ná ar úsáid an bhóthair ag feithiclí, rothaithe nó coisithe. Mar an gcéanna leis an socrú do thrácht ar mhalairt slí ar Bhóthar na Scoile, An Caisleán Gearr, ní bheidh tionchar suntasach ar rochtain ar Scoil Náisiúnta an Chaisleáin Ghearr (lena n-áirítear an réamhscoil Beoga), ar an teach altranais i.e. Ionad Cúraim Chónaithe Chaiseal Gael ná ar réadmhaoin chónaithe, toisc gur malairt slí í atá díreach ar leataobh ón mbóthar atá ann cheana laistigh den Tionscadal. Freastalófar ar rothaithe agus coisithe leis an malairt slí seo freisin.

Beidh gá le móroibreacha tógála i gcomharsanacht Bhóthar Áth Cinn an N84 agus Bóthar Thuama an N83. D'fhéadadh sé go mbeidh gá le dúnadh sealadach bóithre istoíche agus le trácht a chur ar mhalairt slí ar Bhóthar Áth Chinn an N84, ar Bhóthar Thuama an N83, ar Bhóthar Pháirc Ghnó Chnoc Mhaoil Drise agus ar Bhóthar Mhuine Mheá an R339 agus beidh drochthionchar beag nó measartha ann ar fhad ama an aistir d'úsáideoirí na mbóithre ag an am sin.

Féach Tábla 19.15 agus Tábla 19.16 ina bhfuil achoimre ar na tionchair phobail, na bearta maolaithe agus na tionchair iarmharacha i leith saintréithe turais le linn tógála.

#### *19.5.3.3 Taitneamhacht*

***Taitneamhacht ghinearálta***

<u>Taobh Thiar d'Abhainn na Gaillimhe</u>

Is féidir tionchar a bheith ag na héifeachtaí faoin gcritéar ar thaitneamhacht na gcónaitheoirí príobháideacha agus ar úsáideoirí thalamh a agus shócmhainní áiseanna pobail. I roinnt cásanna, beidh an obair thógála ar siúl gar do réadmhaoin chónaithe agus dá bharr sin, beidh impleachtaí ann i leith astaíochtaí torainn, aeir agus amhairc. Sa chéim thógála déanfar monatóireacht ag na suíomhanna is íogaire le cinntiú nach sárófar na leibhéil do thorann tógála. Roghnófar na suíomhanna monatóireachta bunaithe ar na foirgnimh íogaire is gaire don limistéar oibre mar a leagadh amach i gCaibidil 18, Torann agus Creathadh. Féach Caibidil 18, Torann agus Creathadh, Caibidil 16, Cáilíocht an Aeir, agus Caibidil 12, Tírdhreach agus Amharc le haghaidh sonraí ar thionchair shonracha ar leith.

Tá, mar shampla, os cionn 30 réadmhaoin suite gar do bhealach an Tionscadail ag Na Foraí Maola agus ag Bóthar Throscaí agus d'fhéadfaí tionchair torainn nó cáilíochta aeir a bheith ar an réadmhaoin sin mar gheall ar na hoibreacha tógála. Tá an tuairim chéanna ann maidir leis an acomhal soilsithe le Bóthar na Ceapaí, áit a bhfuil naíolann suite agus cóngaracht Acomhal Bhóthar Bhaile an Mhóinín atá beartaithe, áit a dtrasnóidh an N6 GCRR atá beartaithe díreach ó thuaidh ó eastát chónaithe Mhaelchnoic a tógadh i ndiaidh 2018. Déanfar bearta mar chuid de Phlean Tógála agus Bainistíochta Comhshaoil (CEMP) chun aon drochthionchair a íoslaghdú. Maolaítear na tionchair chomhshaoil le scála carrbhealaigh shingil an N6 GCRR atá beartaithe sna suíomhanna seo. Ag An Baile Ard agus ag Leitreach beidh gá le tochailt ábhair, lena n-áirítear pléascadh is dócha. Tá clachan réadmhaoine i bpobal An Chloch Scoilte, gar don chéad cheann de na suíomhanna ina ndéanfar pléascadh.

Féach freisin Caibidil 18, Torann agus Creathadh agus Caibidil 16, Cáilíocht an Aeir le haghaidh tuilleadh sonraí faoi thionchair torainn agus aeir de bharr tógála. Féach Caibidil 9, Ithreacha agus Geolaíocht le haghaidh sonraí faoi na suíomhanna ina ndéanfar pléascadh. Féach Caibidil 12, Tírdhreach agus Amharc le haghaidh sonraí faoi na tionchair amhairc le linn tógála sa suíomh seo agus sna suíomhanna eile feadh fhad an Tionscadail.

Nuair a bheidh Bóthar Ceangail Thuaidh an N59 á thógáil, tá seans ann go mbeidh drochthionchair ghearrthéarmacha amhairc i gcóngaracht Bharr na Crannaí, lena n-áirítear Séipéal Naomh Séamas, Páirc na Sceach agus ar chuairteoirí chuig an reilig (féach freisin Caibidil 12, Tírdhreach agus Amharc agus Caibidil 18, Torann agus Creathadh). Ó dheas, beidh na hoibreacha ar scála measartha, sna limistéir chónaitheacha gar do na bóithre rochtana ó Bhóthar Ceangail ó dheas an N59. Ní bheifí ag súil ach le drochthionchair bheaga nó mheasartha ar thaitneamhacht ghinearálta roimh mhaolú, mar shampla, áit a dtógfar an bóthar ceangail feadh imeall Eastát Rosáin Ghlais in Rathún, lena n-áirítear oibreacha athailínithe ag an mbealach isteach chuig an eastát, agus beidh drochthionchar beag ann freisin mar gheall ar an athailíniú ar Bhóthar Ghort na Bró mar a bhfuil rochtain ar eastát Ghort na Bró. Ach ag Acomhal Leitrí an N59 beidh gá le hoibreacha tógála ar mhórscála, lena n-áirítear tochailt mhór ar ghearrthacha bóthair. Cé gur ceantar tuaithe atá i gceist den chuid is mó, beidh drochthionchair ghearrthéarmacha thaitneamhachta ag na hoibreacha tochailte ar na pobail bheaga in aice láimhe ag an gCloch Scoilte agus Cnoc na Brón. Féach freisin Caibidil 18, Torann agus Creathadh. Mar an gcéanna beidh gá le tochailt ar ghearradh le linn tógáil Bhóthar Ceangail ó Thuaidh an N59 roimh an nasc le Bóthar Mhaigh Cuilinn an N59. Is pobal íogair í Scoil Náisiúnta Naomh Séamas, Páirc na Sceach atá suite gar do na hoibreacha tógála don Tionscadal, ach níl an scoil ná na páirceanna imeartha laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe. Trasnaíonn bealach phríomhlíne an N6 GCRR atá beartaithe Bóthar Mhaigh Cuilinn an N59 ag Ard an Locha agus Achadh an Churraigh, áit a mbeifí ag súil freisin le drochthionchair thaitneamhachta. Féach na caibidlí ábhartha thuas le haghaidh mionsonraí maidir le tionchair fhéideartha aeir, torainn agus amhairc i suíomhanna sonracha.

Soir ó Bhóthar Mhaigh Cuilinn an N59, de réir dhearadh an N6 GCRR atá beartaithe, beidh tarbhealach trasna Champas Spóirt Ollscoil na Gaillimhe murab ionann is claífort agus ar an gcaoi sin tabharfaidh sé tréscaoilteacht faoin bhforbairt bóthair atá beartaithe, rud a fhágann go laghdófar na tionchair fhéideartha ar an gcampas. Mar sin féin, beidh drochthionchar suntasach gearrthéarmach ag tógáil an tarbhealaigh seo ar thaitneamhacht áitiúil, lena n-áirítear úsáid na bpáirceanna imeartha le linn na céime réamh-mhaolaithe. Le linn na céime tógála, beidh cuid lárnach an Champais Spóirt mar láthair tógála ar feadh tréimhse thart ar 18 mí. Beidh rochtain fós ar fud an láithreáin thógála, ach cuirfear srian leis an rochtain sin mar gheall ar chúrsaí sábháilteachta. Déanfar bainistiú ar thrácht tógála agus oibreacha do Dhroichead Abhainn na Gaillimhe ionas nach gcuirfear isteach ach go beag ar ghníomhaíochtaí spóirt agus ar lucht féachana.

Tá limistéar mór i gceist leis an gcampas spóirt agus tá roinnt páirceanna imeartha ann do haca, cluichí gaelacha agus rugbaí, mar aon le pailliún spóirt agus raon reatha agus is féidir é a mheas mar áis phobail thábhachtach a bhfuil íogaireacht mheasartha ag baint leis.

Beidh tionchar díreach ann ar an gcuid thiar den phailliún spóirt, ach beidh sé oibríochtúil fós i rith na tréimhse thógála. Luaitear in aighneachtaí a rinne Galway City Harriers le linn na héisteachta ó bhéal 2020 go bhfuil sé riachtanach go mbeidh rochtain ar an bpailliún spóirt i rith na tréimhse tógála chun lúthchleasaithe a choinneáil agus áirítear an dá thiomantas seo a leanas i Sceideal na dTiomantas:

> *Déanfar na mionathruithe ar Phailliún Spóirt ag Campas Spóirt Ollscoil na Gaillimhe mar oibreacha cumasúcháin le linn thréimhse an tsamhraidh sula gcuirfear tús le tógáil na forbartha bóthair atá beartaithe.*
>
> *Coinneofar áiseanna leasa ar bun ag an bPailliún Spóirt ag Campas Spóirt Ollscoil na Gaillimhe i rith na n-oibreacha tógála.*

Beidh tionchar díreach aige seo ar dhá pháirc imeartha, an pháirc mhór CLG atá cóngarach d’Abhainn na Gaillimhe agus an pháirc féir os comhair an phailliúin Spóirt. Mar a leagtar amach i gCaibidil 5, mar chuid den Iarratas Alt 51 ar an N6 GCRR atá beartaithe a cuireadh isteach in 2018, áiríodh páirc CLG lánmhéide uile-aimsire agus páirc traenála a sholáthar ag suíomhanna na bpáirceanna CLG atá ann cheana féin ag Campas Spóirt Ollscoil na Gaillimhe mar gheall ar bhaint amach an dá pháirc fhéarbhunaithe CLG. Mar sin féin, dheimhnigh Ollscoil na Gaillimhe ag an éisteacht ó bhéal i mí Feabhra 2020 nár theastaigh uatha na bearta maolaithe a beartaíodh in TMTT 2018 agus fuair siad cead pleanála ina dhiaidh sin le haghaidh páirceanna ionaid.

Tá na páirceanna seo ar shuíomh eile ar thailte Ollscoil na Gaillimhe i gcomhréir lena straitéis agus oiriúnach d'Ollscoil na Gaillimhe chun tionchair an N6 GCRR atá beartaithe ar a gcampas spóirt a mhaolú, d'fhonn a oibriú leanúnach i leith a riachtanas a chinntiú i gcomhréir lena máistirphlean agus a straitéis. Nuair a bheidh na háiseanna seo tógtha beidh siad ar fáil le húsáid laistigh de tuairim is mí agus is féidir iad a bheith i mbun feidhme sula gcuirfear tús leis an N6 GCRR atá beartaithe.

Beidh an tarbhealach ag dul chomh fada le droichead a bheadh ag dul thar Abhainn na Gaillimhe. Beidh rochtain ann fós le linn tógála ar bhruach Abhainn na Gaillimhe, a úsáidtear mar thaitneamhacht áitiúil, agus ar an abhainn féin, ach teorannófar an rochtain sin in amanna do thrasrianta rialaithe. Beidh rochtain fós ag clubanna áitiúla a úsáideann na saoráidí sin amhail Galway City Harriers, Parkrun agus scoileanna áitiúla. Tugtar na sonraí ar fad in Aguisín A.15.1. Beidh drochthionchar ag na hoibreacha ardaithe ar úsáid taitneamhachta (féach freisin Caibidil 12, Tírdhreach agus Amharc, agus Caibidil 18, Torann agus Creathadh), agus mar gheall ar scála na n-oibreacha tógála ar an droichead, is dócha go gcuirfidh muintir na háite suim sa tógáil freisin.

<u>Taobh Thoir d'Abhainn na Gaillimhe</u>

Beidh drochthionchar beag ar thaitneamhacht ar an taobh thoir d'Abhainn na Gaillimhe mar gheall ar shuíomh campúin tógála atá beartaithe taobh le Bóithrín Chaisleán Mhionlaigh. Ardófar an N6 GCRR atá beartaithe ar struchtúr tarbhealaigh (Tarbhealach Mhionlaigh) soir ó Bhóthar Chúil Each. Dá bharr sin, beidh torann tógála agus tionchar amhairc ann (féach Caibidil 12, Tírdhreach agus Amharc, agus Caibidil 18, Torann agus Creathadh). Cuireann an bóthar gan dromchla atá ann cheana féin An Seanbhóthar nasc lúb ar fáil le haghaidh siúlóide ó am go chéile idir pobail na gCualach agus Mhionlaigh. Beidh trácht tógála ar an mbóthar seo le rochtain a fháil ar na hoibreacha agus beidh tionchar aige seo ar úsáid taitneamhachta. Beidh gá le huasghrádú ar an mbóithrín sa chaoi is go mbeidh sé oiriúnach don trácht tógála agus do nascbhóthar iarthógtha a cheanglaíonn le bóthar éigeandála amach, le haghaidh tráchta ag dul soir agus isteach sa tollán atá beartaithe. Toisc nach bhfuil aon trácht ar an mbóithrín faoi láthair cé is moite de thrácht rochtana feirme, beidh drochthionchar measartha gearrthéarmach ag an trácht tógála ar na daoine áitiúla a úsáideann an Bóithrín mar thaitneamhacht.

Tá Tollán Leacaigh ar shiúl ó úsáid chónaitheach nó thaitneamhachta. Ceannófar roinnt mhór de líon iomlán na réadmhaoine cónaithí ag Bóthar Áth Cinn an N84 i gcomharsanacht Acomhal Bhóthar Áth Cinn an N84. Is dócha go mbeidh tionchair ag an torann ar na réadmhaoine cóngaracha atá fágtha. Tarlóidh an rud céanna ag An gCaisleán Gearr i gcomharsanacht Bhóithrín Uí Eidhin agus Bóthar na Scoile. Tá Scoil Náisiúnta an Chaisleáin Ghearr agus Ionad Cúraim Chónaithe Chaiseal Geal suite ó thuaidh agus ó dheas den N6 GCRR agus beartaithe ar Bhóthar na Scoile. Cé nach bhfuil aon tionchar díreach ar Scoil an Chaisleáin Ghearr, tá íogaireacht mhór ag baint leis an scoil mar shaoráid phobail de bharr ionad uathachais na scoile, pobal a bheadh íogair do thorann tógála agus déantar measúnú ar an torann sin thíos i gCuid 19.5.4. Cé nach bhfuil aon tionchar díreach ar an teach altranais ach an oiread, is saoráid phobail an-íogair é freisin toisc go bhfreastalaíonn sé ar chónaitheoirí a bhfuil cúram pearsanta agus cúram maolaitheach de dhíth orthu. Mar atá, beidh sé íogair do thorann tógála agus d'éifeachtaí cáilíochta aeir.

Beidh torann tógála ann i gcóngaracht na scoile agus an tí altranais araon mar gheall ar oibreacha ar ailíniú sealadach Bhóthar na Scoile, lena n-áirítear an séarach bréan agus malairt slí príomhlíne gáis.

Rinne Ionad Cúraim Chónaithe Chaiseal Geal aighneacht ag an éisteacht ó bhéal ag maíomh go mbeadh orthu dúnadh mar thoradh ar an N6 GCRR atá beartaithe. Tháinig an Cigire ar an gconclúid seo a leanas:

> *Glacaim go hiomlán go bhféadfadh tionchair thromchúiseacha a bheith ar an Teach Altranais le linn tógála. Mar sin féin, táim sásta go laghdófar na tionchair go leibhéal oiriúnach leis na bearta maolaithe a leagtar amach agus a shonraítear sa TMTT agus ar a ndéantar measúnú ina leith i gCuid 11.11 agus 11.12 thíos. Thug mé aghaidh freisin ar an teach le linn oibriú an bhóthair agus tháinig mé ar an gconclúid nach mbeidh tionchar diúltach tromchúiseach ar an teach.*

Coinnítear na bearta maolaithe seo sa TMTT nuashonraithe seo agus tá siad mar a leagtar amach agus a shonraítear iad sna caibidlí ábhartha.

Tá sonraí sonracha ar fáil i gCaibidil 12, Tírdhreach agus Amharc, Caibidil 15, Sócmhainní Ábhartha Neamhthalmhaíochta, Caibidil 16, Cáilíocht an Aeir agus Caibidil 18, Torann agus Creathadh faoi thionchair aeir, thorainn, amhairc agus ar shócmhainní ábhartha i suíomhanna sonracha mar aon le sonraí faoin maolú atá beartaithe chun dul i ngleic leis na tionchair sin a aithnítear.

Beidh tionchar ar thaitneamhacht ghinearálta i dtaca le sé theaghlach ag Ceapach na Boirne, suite gar do Bhóthar Thuama an N83. Tarlaíonn an tionchar seo mar gheall ar thógáil bóthair rochtana nua i gcomharsanacht Acomhal Bhóthar Thuama an N83 agus mar gheall ar an obair thógála ar an gcnoc ar aghaidh na réadmhaoine seo ar an taobh thoir ó Bhóthar Thuama an N83, féach Caibidil 12, Tírdhreach agus Amharc.

Tá clár oibreacha tógála san áireamh in Aguisín A.7.4 a ghabhann le Caibidil 7 den TMTT nuashonraithe seo mar a cuireadh le chéile i gcomhar le Ráschúrsa na Gaillimhe don tollán gearrtha agus cumhdaithe 230m atá beartaithe. De réir an chláir cuirfear stop leis na hoibreacha tógála i rith sceideal rásaíochta an tsamhraidh/an fhómhair le briseadh sna rásaí a sheachaint do rannpháirtithe agus don lucht féachana. Féach na tionchair eacnamaíocha i gCuid 19.5.3.5 - Eacnamaíoch thíos. Toisc nach bhfuil seicheamh tógála na stáblaí sealadacha agus na stáblaí buana idirnasctha le seicheamh tógála Thollán Ráschúrsa na Gaillimhe, tá an idirghníomhaíocht níos éasca ná a cuireadh i láthair roimhe seo sa TMTT 2018, agus tá baol níos lú ann fós go gcuirfear isteach ar sceideal na rásaíochta.

D'fhéadfadh leis na tionchair chomhshaoil a bhaineann le trácht tógála a bhaineann úsáid as Bóthar an Ráschúrsa le linn Chéim 1, Chéim 3 agus Céimh 4 den Tionscadal tionchar a imirt ar thaitneamhacht na n-oibrithe oifige agus ar áititheoirí an líon beag réadmhaoin cónaithe ar an mbóthar seo. Coinneofar rochtain do choisithe ar Reilig Bhaile an Bhriotaigh i rith na tógála. Cé go gcuirfear rochtain nua do choisithe ar fáil i rith na tógála, coinneofar rochtain ar Reilig an Lisín (Baile an Bhriotaigh) i rith na tógála. Tá luach oidhreachta ag baint leis an reilig, ach táthar á húsáid i gcónaí. Thiocfadh cuairteanna ar an reilig faoin gcatagóir íogair, ach ní ró-mhinic a thugtar cuairt uirthi. Is dóchúil go mbeadh tionchair chomhshaoil ar an tsaoráid phobail a bheadh beagáinín diúltach le linn na tógála.

***Réadmhaoin chónaitheach a leagan agus a cheannach***

Ó tosaíodh dearadh an N6 GCRR atá beartaithe i gCéim 2, rinneadh gach iarracht le scriosadh na réadmhaoine a sheachaint nuair ab fhéidir. Ní bheifí in ann scartáil réadmhaoine a sheachaint ar mhí-ámharaí an tsaoil áfach chun tógáil an N6 GCRR atá beartaithe a éascú. Beidh gá le 44 réadmhaoin chónaitheach a leagan agus a 10 réadmhaoin chónaitheach eile a cheannach. Tá sé seo mar a chuirtear i láthair in TMTT 2018 gan aon athrú ar na hiomláin atá leagtha amach in Iarthar Abhainn na Gaillimhe agus soir ó Abhainn na Gaillimhe thíos.

Rinneadh aighneachtaí agus cuir i láthair ag éisteacht ó bhéal 2020 inar leagadh amach an tionchar ar thaitneamhachtaí cónaithe mar thoradh ar na scartálacha agus na n-éadálacha cónaithe. Thug an Cigire faoi deara ina thuarascáil gurb é '*caillteanas tithe an tionchar diúltach is suntasaí atá ag an tionscadal*' (sliocht thíos):

> *Ag an éisteacht ó bhéal labhair go leor de na húinéirí réadmhaoine aonair a chaillfidh a dtithe ar feadh i bhfad faoin tionchar a bhí ag an tionscadal seo ar a saol go dtí seo agus a bheidh amach anseo. Chuir go leor agóideoirí in iúl go soiléir conas a bhí siad 'ag maireachtáil i limbo' ó foilsíodh an bealach is fearr atá ag teacht chun cinn agus conas a chuaigh sé seo i bhfeidhm ar a sláinte agus ar a bhfolláine agus leanfaidh siad ag déanamh amhlaidh go maith tar éis don Bhord cinneadh a dhéanamh ar an tionscadal.*

Tháinig an Cigire ansin ar an gconclúid seo a leanas:

> *Táim den tuairim nach mór don Bhord a bheith sásta gur mó an 'gá' atá leis an mbóthar seo agus an 'leas is mó' ná an tionchar a bheidh aige ar na cónaitheoirí agus na pobail is mó a bheidh thíos leis. Do na cónaitheoirí a chaillfidh a dteach agus a bpobail go neamhthoilteanach, ní leor aon mhéid cúitimh nó maolaithe. Mar sin féin, cuimhním freisin go bhfuil an bóthar seo bunaithe ar bheartas ag gach leibhéal den ordlathas pleanála agus go meastar go bhfuil sé riachtanach chun cur ar chumas na Gaillimhe feidhmiú agus leanúint ar aghaidh ag fás mar spreagthóir do réigiún an iarthair.*

*Mar a luadh thuas, táim sásta go bhfuil an gá atá leis an mbóthar cruthaithe; go ndearnadh scrúdú leordhóthanach ar roghanna malartacha; agus tá líon na dtithe cónaithe atá le scartáil, cé go bhfuil sé ard, íoslaghdaithe*

Féach Caibidil 15, Sócmhainní Ábhartha Neamhthalmhaíochta le sonraí ar na tionchair fhéideartha sna cásanna seo.

Drochthionchar suntasach ón N6 GCRR atá beartaithe a bheadh i scartáil nó fáil na réadmhaoin sin, do na cónaitheoirí agus don phobal araon. Is gá an fhíric sin a admháil. Ní mór na tionchair shuntasacha a bhaineann leis an scartáil a mheas i gcomparáid le tionchair dhearfacha fhoriomlána an Tionscadail ar dhaonra níos leithne agus ar gheilleagar Chathair na Gaillimhe atá leagtha amach i gCaibidil 3 den TMTT nuashonraithe seo. Ní mór a admháil go mbeidh tionchar soiléir agus an-suntasach ar na háitritheoirí féin in ainneoin go bhfuil cúiteamh airgeadais ar fáil a bhaineann leis an bpróiseas CPO, ag tabhairt faoi deara freisin an soláthar tithíochta teoranta sa mhargadh tithíochta reatha, lena n-áirítear laistigh de thimpeallacht Chathair na Gaillimhe. Ní mór aitheantas a thabhairt freisin do na tionchair fhéideartha a bhaineann leis an bhfeasacht ar na tionchair fhéideartha seo thar na blianta. Ina theannta sin, sa chás go mbíonn réadmhaoin fágtha in aice láimhe, is cosúil go mbeidh drochthionchar ar thaitneamhacht na gcónaitheoirí atá fágtha mar gheall ar chailliúint comharsana agus, sa chás go mbíonn tionchar ar go leor réadmhaoin san áit chéanna, mar gheall ar ghnéithe áirithe de chaidreamh an phobail leis an áit a chailliúint. Beidh tábhacht éagsúil leis na tionchair sin ag brath ar líon na scartálacha ó na n-éadálacha áitiúla agus ar neart na nasc pobail áitiúil agus ar thaitneamhacht na gcónaitheoirí atá fágtha.

Taobh Thiar d'Abhainn na Gaillimhe

Ag na Foraí Maola leagfar cúig réadmhaoin chónaitheach agus ceannófar dhá réadmhaoin eile. Níl teorainn gheografach an phobail dea-shainithe agus tógadh an chuid is mó den réadmhaoin seo le déanaí. Mar sin féin tá níos mó ná fiche réadmhaoin chónaitheach ag an suíomh seo agus cul-de-sac ar leataobh ón mbóthar áitiúil san áireamh. De bharr seo is dócha go mbeidh drochthionchar suntasach ag leagan cúig réadmhaoin ar an bpobal beag seo. Ceannófar dhá réadmhaoin eile i bpobal An Bhaile Aird áit a bhfuil forbairt chónaitheach feadh dhá mhionbhóthar ó thuaidh.

Leagfar réadmhaoin chónaitheach amháin ag Baile na mBúrcach, ceann ar leataobh ón L-1323 ag Leitreach agus leagfar dhá cheann agus ceannófar ceann eile ag Leitreach. Ag teacht i dtreo Bhóthar Mhaigh Cuilinn an N59, ceannófar réadmhaoin amháin agus leagfar réadmhaoin eile ag Páirc na Sceach in aice le Bóthar Ceangail ó Thuaidh an N59. Leagfar dhá réadmhaoin in aice leis An Daingean agus ceannófar réadmhaoin eile ag Ard an Locha, leagfar eastát ina bhfuil ceithre theach agus dhá láithreán do thithe, agus cúig réadmhaoin agus ceannófar ceann amháin i gCorrán Achadh an Churraigh, eastát nach bhfuil ach 14 réadmhaoin chónaitheach ann, féach ar Chaibidil 15, Sócmhainní Ábhartha Neamhthalmhaíochta. Is pobail bheaga iad muintir na n-eastát seo atá scartha ó fhorbairt chónaitheach eile feadh Bhóthar Mhaigh Cuilinn an N59. Toisc méid an phobail, beidh tionchar air. Toisc go mbeidh tionchar ar chion mhór áitreabh beidh drochthionchar an-suntasach ar thaitneamhacht na gcónaitheoirí a bheidh fágtha san áit.

Taobh Thoir d'Abhainn na Gaillimhe

Leagfar dhá réadmhaoin ag Mionlach ar an taobh thoir d'Abhainn na Gaillimhe. Chun Acomhal beartaithe Bhóthar Áth Cinn an N84 a thógáil beidh gá le 14 réadmhaoin chónaitheach as 22 ar fad, a leagan ag an suíomh seo. Toisc go mbeidh méid ard den réadmhaoin sheanbhunaithe sa cheantar seo á leagan, beidh tionchar aige ar mhuintir na dtithe in aice láimhe. Le blianta beaga anuas tharla athruithe áitíochta agus toisc an méid tráchta ar an mbóthar cuirtear bac ar idirghníomhaíocht sa chomharsanacht ach mar sin féin beidh drochthionchar suntasach ar na cónaitheoirí a bheidh fágtha san áit. Is féidir go dtiocfaidh roinnt daoine ar ais chun cónaí sa cheantar díreach ó thuaidh den N6 GCRR atá beartaithe, mar a bhfuil pócaí talún criosaithe le haghaidh forbairt tithíochta, cé nach bhfuil an chuid is mó den talamh ó thuaidh criosaithe faoi láthair chun na críche sin.

Ar an taobh thoir, ag An gCaisleán Gearr tá sé beartaithe seilbh a fháil ar naoi réadmhaoin chónaitheach nó iad a leagan, feadh Bhóithrín Uí Eidhin (dhá cheann le leagan) agus ar Bhóthar na Scoile (ceithre cinn le leagan agus seilbh a fháil ar dhá cheann). Tá muintearas láidir sa cheantar seo agus tá an scoil lárnach sa phobal. Cé go leagfar níos lú tithe anseo ná mar a leagfar ar Bhóthar Áth Cinn an N84 beidh an drochthionchar céanna orthu siúd a mbeidh an tionchar díreach agus ar na daoine a bheidh fágtha.

Tá trí réadmhaoin chónaitheach le leagan ag Ceapach na Boirne ar an taobh thoir de Bhóthar Thuama an N83. Tá réadmhaoin amháin eile le leagan ag Baile an Bhriotaigh agus dhá réadmhaoin ag Cnoc Mhaoil Drise.

Féach Tábla 19.15 agus Tábla 19.16 ina bhfuil achoimre ar na héifeachtaí ar an Daonra, na bearta maolaithe agus na tionchair iarmharacha i leith scaradh le linn tógála.

#### *19.5.3.4 Scaradh Pobail*

Tá sé de chumas ag scaradh fisiciúil tionchar a imirt ar ghluaiseacht coisithe agus rothaithe agus ar a n-inrochtaineacht ar chinn scríbe teaghlaigh nó oibre agus ar áiseanna pobail. Beidh scaradh fisiciúil mar gheall ar oibreacha tógála agus trácht sealadach. Tá cásanna ann, áfach, ina mbeifear ag braistint scaradh sóisialta de bharr na tógála, mar shampla idir réadmhaoine in iarthar an limistéir staidéir ag Na Foraí Maola agus sa Cheapach, ar feadh thréimhse na n-oibreacha agus idir limistéir ó thuaidh agus ó dheas den GCRR N6 atá beartaithe cé go gcoinnítear nascacht fhisiciúil. Beidh an scaradh sóisialta le tabhairt faoi deara níos mó ag muintir na háite a bhfuil teaghlach nó cairde acu lonnaithe ar an taobh thall den N6 GCRR atá beartaithe. Ach de bhrí go mbeidh níos lú obair thógála sa cheantar seo ná ag suíomhanna ar an taobh thoir d’Abhainn na Gaillimhe beidh an tionchar diúltach maidir le deighilt beag. Beidh Bóthar Ann Gibbons an L13215 scartha go buan de bharr an Tionscadail atá beartaithe agus déantar tuilleadh plé ar sin faoi na tionchair oibríochta i gCuid 19.5.4.

Mar atá pléite i gCuid 19.5.3.3, cé go mbeidh srianta i bhfeidhm mar gheall ar chúrsaí sábháilteachta, coimeádfar bealach isteach leanúnach chuig an tsiúlóid ar thaobh Abhainn na Gaillimhe (nó atreorú sealadach den tsiúlóid sin) agus ar an líon beag páirceanna reatha ag taobh an bhealaigh trasna atá beartaithe trasna Abhainn na Gaillimhe ag Campas Spóirt Ollscoil na Gaillimhe. Is é an tionchar is suntasaí ná tionchar sealadach ar thaitneamhacht na n-úsáideoirí seachas aon scaradh fisiciúil. Beidh scaradh sóisialta níos suntasaí de bharr tógála ag an gCaisleán Gearr, áit a mbeidh tionchar measartha suntasach cé go gcoinneofar an nascacht.

Beartaítear go mbeidh an trácht tógála ag taisteal ó Bhóthar Dáileacháin an Iarthair ó thuaidh feadh Bhóthar na Ceapaí chun rochtain a fháil ar an láithreán seo. Tá an chuid is mó den réadmhaoin chónaitheach thoir ó Bhóthar na Ceapaí agus tá trasbhealaí curtha ar fáil ag Lárionad Spóirt Pháirc na Ceapaí. Beartaítear go mbeidh an trácht tógála ag taisteal ó thuaidh ar Bhóthar Chúil Each (Bóthar Nua) leis an suíomh tógála a rochtain. Beidh drochthionchar beag scartha ag an trácht tógála ar Bhóthar Áth Cinn an N84, ach tá trasrianta nua coisithe sa dearadh don N6 GCRR feadh Bhóthar Áth Cinn an N84.

I mBaile an Bhriotaigh, tá scaradh éigin reatha do choisithe i láthair ag na crosairí soilsithe ag Bóthar Mhuine Mheá an R339 agus Acomhal na Páirce Móire agus ag acomhal an R339 leis an N6 atá ann cheana. Ciallaíonn an méid tráchta anseo go dtarlaíonn an chuid is mó de na crosairí coisithe ag na hacomhail soilsithe, ach go bhfuil amanna feithimh trasnaithe sínte ag an méid céanna tráchta seo. Ní bheidh tionchar breise ag feithiclí tógála atá ceangailte le gach céim den Tionscadal ar amanna feithimh ag na crosairí comharthaithe, ach beidh fanacht níos faide i gceist le crosairí neamhfhoirmiúla in áiteanna eile feadh an R339 ar feadh thréimhse sealadach na tógála.

Le linn Chéimeanna 1, 3 agus 4 den Tionscadal le linn oibreacha ar na stáblaí ráschúrsa, beidh tionchar diúltach breise ag scaradh beag pobail atá ann cheana féin feadh codanna de Bhóthar na Páirce Móire i gcomharsanacht tithíochta cónaithe, lena n-áirítear in aice leis an mbealach isteach chuig Ascaill an Ráschúrsa. Mar sin féin, tá cosán ar an dá thaobh ag an gcuid seo de Bhóthar na Páirce Móire agus níl aon áiseanna pobail ann seachas ollmhargadh beag. Táthar ag súil nach mbeidh aon tionchar aige ar Scoil Speisialta Ábalta ná ar naíolann in aice láimhe ó thuaidh ar Bhóthar na Páirce Móire mar go mbainfidh trácht tógála úsáid as an mbóthar ó dheas chun ceangal leis an N6 atá ann cheana siar ó Scoil Náisiúnta Cnoc Mhaoil Drise ar Bhóthar Mhuine Mheá.

#### *19.5.3.5 Eacnamaíoch*

Beidh tionchar féideartha ag oibreacha tógála feadh na conaire ar thalamh atá criosaithe le haghaidh úsáidí fiontraíochta, tionsclaíocha nó gaolmhara. Cruthófar éileamh freisin ar ionchuir agus ar sheirbhísí de bharr na tógála. Léiríonn sonraí (2020) ón bPríomh-Oifig Staidrimh iolraitheoir olltáirgeachta de 1.59.

Cuimsíonn an luach seo gach cineál tógála, tógáil tithe san áireamh, mar sin d'fhéadfadh uimhir choibhéiseach d'oibreacha bonneagair a bheith beagán níos ísle toisc go mbeidh dian-úsáid níos mó innealra i gceist le forbairt iomair agus go mbeidh ábhar le hiompórtáil isteach. Ar an láimh eile, toisc cuid mhaith den ionchur tógála a bheith téagartha, d'fhéadfaí a bheith cinnte go gcoinneofaí go leor den ioncam laistigh den Stát. Ceannófar go leor den ionchur in Éirinn rud a dhéanfaidh tairbhe don eacnamaíocht náisiúnta ach ceannófar roinnt rudaí, go háirithe seirbhísí ó ghnólachtaí áitiúla, rud a chuirfidh le leas na ngnóthlachaí agus cabhróidh sé le fostaíocht áitiúil.

Le linn na céime tógála athróidh líon na n-oibrithe ar an láithreán, mar a leagtar amach i gCaibidil 7 den TMTT nuashonraithe seo. Táthar ag súil go mbeidh 250-270 oibrí fostaithe go díreach ar an láithreán agus ardófar sin go 300 nuair a bheidh an obair thógála ina buaic le linn Chéim 2 den Tionscadal. Athróidh an líon foirne ar an láithreán le linn Chéimeanna 1, 3 agus 4 ó 10 mball foirne i gCéim 4 go 50 ball foirne i gCéimeanna 1 agus 3. Beidh tionchar dearfach eacnamaíoch ag an leibhéal seo fostaíochta ar an eacnamaíocht áitiúil i dtéarmaí bia agus lóistín, cé gur dócha go mbeidh cónaí ar roinnt oibrithe i nGaillimh cheana féin. Tugann an t-iolraitheoir fostaíochta le fios go gcruthófar post amháin lánaimseartha do gach beirt atá fostaithe go lánaimseartha ar an togra.

<u>Taobh Thiar d'Abhainn na Gaillimhe</u>

Tá tuairisc déanta thuas ar na tionchair a bheidh ar Champas Spóirt Ollscoil na Gaillimhe i gCuid 19.5.3.3 – Taitneamhacht. Tá na páirceanna spóirt agus an pailliún spóirt lonnaithe i gceantar criosaithe le haghaidh úsáid Phobail, Chultúrtha agus Institiúidí, ach is féidir a bheith ag súil freisin le tionchar beag socheacnamaíoch ag an tógáil mar gheall ar chaillteanas ioncaim ó chlubanna neamh-ollscoile gan a bheith á n-úsáid le linn na tréimhse tógála.

<u>Taobh Thoir d'Abhainn na Gaillimhe</u>

Táthar ag súil le tionchar suntasach ar ghnólacht amháin atá lonnaithe ar Bhóthar Áth Cinn an N84, gnólacht a bhuidéalaíonn uisce agus a dháileann torthaí agus glasraí. Eascraíonn an tionchar ó éifeacht na tógála talún ar thrádstóras amháin agus tionchar ar sholáthar amhábhair na cuideachta.

Trasnóidh an Tionscadal Cairéal Leacaigh nach bhfuil gníomhach faoi láthair. Cé go bhfuil an cairéal neamhghníomhach faoi láthair tá stoc carraige ar bhinse uachtarach an chairéil. Féach ar Chaibidil 9, Ithreacha agus Geolaíocht le haghaidh sonraí ar thionchair fhéideartha ar stoc carraige amach anseo.

Sa chás go dtrasnaíonn an N6 GCRR atá beartaithe Bóthar Thuama an N83, téann sé isteach i limistéar atá criosaithe le haghaidh Fiontraíochta, Tionscal Éadrom agus Tráchtála agus ina dhiaidh sin limistéir atá criosaithe le haghaidh Fiontraíochta, Tionscail agus Úsáidí Gaolmhara. Chun an N6 GCRR atá beartaithe a ailíniú idir an pointe sin agus an taobh thoir de Thollán Ráschúrsa na Gaillimhe, ní mór stóras soláthraithe tógálaithe a fháil go buan ar Bhóthar Thuama agus soláthróir adhmaid agus tógálaithe a scartáil go buan ar Ascaill an Ráschúrsa i mBaile an Bhriotaigh chun na hoibreacha tolláin a éascú. Tá comhaontuithe ceangailteacha déanta ag Comhairle Chontae na Gaillimhe le húinéirí agus léasaithe na réadmhaoine seo chun an réadmhaoin seo a cheannach. I dteannta sin, fuair Iontaobhas Choiste Ráschúrsa na Gaillimhe cead pleanála ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe (iarratas 24/60279) na stáblaí buana sa suíomh céanna a cuireadh in iúl in TMTT 2018 a thógáil, tar éis Chéim 2 den Tionscadal atá ag na soláthróirí tógálaithe ag Ascaill an Ráschúrsa agus do na stáblaí sealadacha agus do na hoibreacha eile ag Ráschúrsa na Gaillimhe. Ina theannta sin, beidh éadálacha páirteacha talún ó áitribh tráchtála chomh maith le codanna de thailte criosaithe tionsclaíocha in áiteanna eile ar an Ráschúrsa

D'fhéadfaí tionchar a bheith ar ghnólachtaí ar féidir teacht go réidh orthu ón N83, lena n-áirítear gnólacht díolachán carranna agus ionad sórtála An Post mar beidh gá le bainistiú tráchta le linn na tógála. Beidh na hoibreacha a bhaineann le tógáil Acomhal Bhóthar Thuama an N83 fairsing agus is dócha go mbeidh tionchar diúltach sealadach ar infheictheacht an ghnólacht díolachán carranna do chustaiméirí (féach Réadmhaoin 668), ach is féidir é seo a mhaolú le comharthaí sealadacha. Is féidir go mbeidh tionchair chomhshaoil ar ghnólachtaí gar don ráschúrsa i bPáirc Ghnó na Páirce Móire mar tá roinnt gnólachtaí ansin a bheadh leochaileach maidir le creathadh agus cáilíocht an aeir, amhail cuideachtaí teicneolaíochta a bhfuil baint acu le hoibríochtaí íogaire, cuideachtaí a bhfuil baint acu le dáileadh bia nó gnólachtaí beaga eile ar nós caiféanna. Tá roinnt de na gnólachtaí tosaithe ag feidhmiú ó struchtúir a tógadh go páirteach amhail 2018. Tá roinnt réadmhaoine cónaithe lonnaithe taobh le deireadh thoir Ascaill an Ráschúrsa.

Tá sé beartaithe nach n-úsáidfear an bóthar ach amháin ag feithiclí tógála a sheachadann ábhair agus ní chun ithir agus carraigeacha a asbhaint ón tolláin tar éis iad a thochailt. Dá bharr sin, beidh éifeachtaí an tráchta tógála sealadach agus beidh suntasacht ag baint leis a bheidh beag nó measartha. Féach Caibidil 16, Cáilíocht an Aeir agus Caibidil 18, Torann agus Creathadh. Féach ar ghealltanas uimhir 17.20 le haghaidh gealltanas sonrach a bhaineann leis na gabhdóirí íogaire sin.

Beidh gá le talamh a cheannach agus stáblaí reatha an Ráschúrsa a scartáil chun Tollán Ráschúrsa na Gaillimhe atá beartaithe a thógáil. Beartaítear stáblaí sealadacha a chur in ionad na stáblaí mar atá, sula dtosófar ar an tollán atá beartaithe a thógáil de réir Chéim 1 mar a shonraítear thuas agus níos sonraithe i gCaibidil 5 den TMTT nuashonraithe seo. Mar a luadh thuas, cuireadh iarratas pleanála ar leith agus TMTT gaolmhar isteach do na stáblaí sealadacha agus do na stáblaí buana le cur ina n-ionad. Ní mór na stáblaí sealadacha agus buana a bheith ar a laghad ar chomhchaighdeán leis na stáblaí mar atá. Tá sé beartaithe go mbeidh stáblaí sealadacha agus buana araon ar an gcaighdeán comhionann ar a laghad leis na stáblaí atá ann cheana, ach mar gheall ar na caighdeáin agus na rialacháin dearaidh níos déine i leas ainmhithe, cuirtear leis na stáblaí atá beartaithe feabhas ar áiseanna don ráschúrsa. Beidh tionchar ar thoibreacha a úsáidtear chun an raon a uisciú freisin ach tógfar toibreacha ionaid i gCéim 1 sula dtéann siad i bhfeidhm ar na toibreacha atá ann cheana. Socrófar obair ar an tollán le haghaidh tréimhsí lasmuigh den fhéilire rásaíochta sa chaoi is go seachnófar tionchar eacnamaíoch agus taitneamhachta ar fheidhmiú an ráschúrsa. Féach Caibidil 16, Cáilíocht an Aeir, Caibidil 18, Torann agus Creathadh agus Caibidil 15, Sócmhainní Ábhartha Neamhthalmhaíochta chun sonraí breise a fháil ar na tionchair seo agus an chaoi a ndéanfar iad a mhaolú agus a íoslaghdú i dtreo is nach gcuirfidh siad isteach go mór ar ghníomhaíochtaí gnó.

Ag dul i dtreo Acomhal na Linseach mar atá ag Cnoc Mhaoil Drise, beidh tionchar ag an gcéim thógála ar ghnólacht díolachán carranna atá ar imeall Pháirc Ghnó Chnoc Mhaoil Drise. Sa chás seo tógfar talamh go príomha ó limistéar páirceála do chustaiméirí. Beidh gá le hathchumrú a dhéanamh ar sheirbhísí mar atá amhail an niteoir carranna, an caidéal breosla agus na humair bhreosla faoi thalamh, an stóras páirteanna agus na saoráidí dramhaíola agus tionchair a mhaolú le linn na tógála. I bprionsabal is féidir na bearta sin a dhéanamh ar an talamh iarmharach.

Seachnaítear leis an modhnú ar Bhóthar Ceangail na Páirce Móire mar a cuireadh i láthair ag tús na héisteachta ó bhéal 2020 aon scaradh ar Champas Boston Scientific nó tionchar ar chur i bhfeidhm a máistirphlean. Is féidir a bheith ag súil le glantionchar dearfach eacnamaíoch mar gheall ar an nasc iompair díreach a chuirfear ar fáil idir Páirceanna Gnó na Páirce Móire agus Bhaile an Bhriotaigh, agus idir Bóthar Thuama an N83 agus an N6 GCRR atá beartaithe, mar aon le cosán, raon rothar agus bealach iompair phoiblí a chur ar fáil.

### *19.5.3.6 Turasóireacht*

Ní bheidh tionchar suntasach ag an gcéim thógála ar thurasóireacht mar den chuid is mó tá na hoibreacha ar shiúl ó na limistéir ina mbíonn turasóirí ar cuairt. De bharr ailíniú an N6 GCRR atá beartaithe beidh na hoibreacha tógála le feiceáil lasmuigh de lár na cathrach agus den chuid is mó ní bheadh siad le feiceáil ag trácht turasóireachta. Ní bheidh tionchar suntasach ag na ceangail leis an N6 mar atá ar an sruth tráchta ná ar tharraingt na cathrach do thurasóirí. Ní bheartaítear trácht ar mhalairt slí ar Bhóthar Mhaigh Cuilinn an N59, ar Bhóthar Áth Cinn an N84 ná ar Bhóthar Thuama an N83 ach amháin istoíche agus ar an gcaoi sin ní bheidh tionchar ar thrácht turasóireachta. Is í an phríomhcheist fhéideartha ná na hócáidí rásaíochta ag Ráschúrsa na Gaillimhe, ach mar a léiríodh thuas, beidh obair ar an tollán gearrtha agus cumhdaithe ar siúl ó am go ham thar thréimhse trí bliana chun aon chur isteach ar ócáidí rásaíochta a sheachaint, féach Aguisín A.7.4 le haghaidh sonraí maidir le hord tógála an tolláin. Cuirfear stáblaí nua feabhsaithe ar fáil i gcomhthéacs an Tionscadail, cé go bhfuil siad faoi réir iarratais pleanála ar leithligh. Cuirfidh na stáblaí sin le cáil idirnáisiúnta an ráschúrsa mar cheann scríbe turasóireachta. Is iad conair Abhainn na Gaillimhe agus Campas Spóirt Ollscoil na Gaillimhe na háiteanna eile ar a mbíonn tóir ag turasóirí. Maidir leis sin, beidh drochthionchar beag sealadach ag tógáil droichead Abhainn na Coiribe ar thaitneamhacht mar beidh tionchar ag na hoibreacha ar an suíomh nádúrtha.

Féach Tábla 19.15 agus Tábla 19.16 ina bhfuil achoimre ar na tionchair phobail, na bearta maolaithe agus na tionchair iarmharacha i leith gníomhaíocht eacnamaíoch le linn tógála.

#### *19.5.3.7 Seirbhísí Éiceachórais*

Tugann seirbhísí éiceachórais go leor buntáistí éagsúla, buntáistí a fhaigheann daoine in aisce ón timpeallacht nádúrtha. Tá an cumas ag éiceachóras a oibríonn mar is cuí an timpeallacht nádúrtha a rialú agus tacú léi agus cuidiú le leas an duine faoi na catagóirí thíos (le haird ar an Treoir ar Athrú Aeráide agus Bithéagsúlacht a Lánpháirtiú i Measúnú Tionchar Timpeallachta (2013)):

- seirbhísí a sholáthar m.sh. bia fiáin, barra, tóraíocht agus uisce úr
- seirbhísí a rialú m.sh. scagadh truailleáin ag bogaidh, rialú aeráide trí charbóin a stóráil, timthriall uisce, truailliú agus cosaint ó chreimeadh
- seirbhísí cultúir m.sh. caitheamh aimsire, luachanna spioradálta agus aeistéictice, oideachas
- seirbhísí tacaíochta m.sh. foirmiú ithreach, fótaisintéis agus timthriall cothaithaigh

Leis an measúnú timpeallachta ar an Tionscadal breithníodh tionchair fhéideartha ar sheirbhísí éiceachórais trí mheasúnú ar thosca timpeallachta (bealaí) trína bhféadfadh tionchar a imirt orthu sin amhail uisce, ithreacha, aer, torann agus taitneamhacht ginearálta agus bunaithe ar an measúnú atá mionsonraithe i gCaibidil 8, Bithéagsúlacht ó thaobh tionchair fhéideartha ar an mbithéagsúlacht agus go hindíreach ar na seirbhísí éiceachórais. De réir TMTT 2018, níl aon tionchair aitheanta sna measúnaithe sin a mbeadh tionchar iarmharach suntasach mar thoradh orthu ar na seirbhísí éiceachórais le linn don Tionscadal a bheith á thógáil.

#### *19.5.3.8 Achoimre*

Go hachomair, níl aon athrú ar an measúnú ar thionchair thógála 'Déan Rud Éigin' ó 2018 agus beidh tionchair bheaga dhiúltacha ag an gcéim tógála ar dhálaí turais mar gheall ar thrácht ar mhalairt slí. Beidh gá le móroibreacha ar Bhóthar Áth Cinn an N84 agus ar Bhóthar Thuama an N83, ach beartaítear trácht ar mhalairt slí istoíche nuair a bheidh na leibhéil tráchta is ísle ann. Beidh tionchair ar cháilíocht an aeir agus tionchair amhairc agus torainn ar an réadmhaoin is gaire do na hoibreacha agus pléitear iad i gCaibidil 12, Tírdhreach agus Amharc, Caibidil 16, Cáilíocht an Aeir agus Caibidil 18, Torann agus Creathadh ach baineann an príomhthionchar leis an ngá le réadmhaoin a leagan agus talamh a cheannach ag suíomhanna ar leith laistigh de limistéar an staidéir (féach Caibidil 15, Sócmhainní Ábhartha Neamhthalmhaíochta). I dtrí chás, tá an réadmhaoin atá le leagan ina chomhréir ard de líon iomlán na réadmhaoine ag an suíomh ar leith. Cé go dtabharfar cúiteamh airgeadais mar chuid den socrú maidir leis an ordú ceannaigh éigeantaigh is ar na cónaitheoirí, go príomha a bheidh an drochthionchar, ach táthar ag súil le tionchair shuntasacha ar an bpobal freisin, tionchair ar aitheantas agus ar idirghníomhaíochtaí an phobail, mar a pléadh sa chaibidil seo. Tá tionchair tógála an-suntasach fós i gceist maidir le Campas Spóirt Ollscoil na Gaillimhe, cé go bhfuil sé de chumas acu páirceanna ionaid a bheith i bhfeidhm sula gcuirfear tús leis an GCRR N6 atá beartaithe. Rachfar i ngleic leis na tionchair shuntasacha tógála sin trí bhearta maolaithe sa chéim thógála agus beidh tuilleadh beart maolaithe sa chéim oibríochta ina dhiaidh sin ar mhaithe le sláine an champais a choinneáil (féach Cuid 19.6 thíos le haghaidh na mbeart maolaithe atá beartaithe).

### 19.5.4 'Déan Rud Éigin' - Tionchair Fhéideartha Oibriúcháin - Daonra

#### *19.5.4.1 Forbhreathnú*

Nuair a bheidh an N6 GCRR atá beartaithe infheidhme beidh trácht ag teacht ann ó lár na cathrach agus feabhsóidh sin agaí turais agus taitneamhacht turais ar na bóithre mar atá. Éascóidh an t-aistriú tráchta freisin ath-leithroinnt an spáis bóithre d'iompar poiblí agus soláthar áiseanna nua siúil agus rothaíochta sa chathair. Cuimsíonn an GCRR N6 atá beartaithe féin áiseanna fairsinge nua do choisithe agus do rothaíocht ina n-idirghníomhaíonn sé le bóithre áitiúla, agus feadh Bhóthar Ceangail an N59. Ar an gcaoi sin beidh tionchair dhearfacha ar thaitneamhacht ghinearálta agus turais agus ar shláinte an phobail áitiúil. Mar gheall ar an N6 GCRR atá beartaithe beidh feithiclí in ann Abhainn na Gaillimhe a thrasnú gan dul trí lár na cathrach agus beidh naisc riachtanacha leis na príomhbhealaí cathrach ann chun dáileadh níos fearr a dhéanamh ar thrácht. De bharr an trasbhealaigh nua thar Abhainn na Gaillimhe beidh nascacht leis an gcathair ar an taobh thoir agus ar an taobh thiar den abhainn. Beidh tionchair dhearfacha ar gheilleagar Chathair na Gaillimhe de bhrí go mbeidh feabhas ar rochtain agus ar nascacht do thráchtáil, gluaiseacht earraí, turasóireacht agus taisteal chun na hoibre, lena n-áirítear tríd an rogha gluaiseacht ghníomhach a úsáid.

Beidh tionchair dhearfacha ar limistéir in iarthar an chontae freisin, Gaeltacht na Gaillimhe san áireamh, le nascacht níos fearr leis an taobh thoir den tír agus an fhéidearthacht d'fhás geilleagrach agus turasóireacht.

Cinntítear le soláthar stáblaí sealadacha agus buana gur féidir le Ráschúrsa na Gaillimhe leanúint ar aghaidh ag feidhmiú roimh don N6 GCRR atá beartaithe a bheith á thógáil agus tar éis é a bheith críochnaithe. Is buntáiste dearfach é seo toisc go bhfuil Ráschúrsa na Gaillimhe ríthábhachtach do gheilleagar Chathair na Gaillimhe, do thurasóireacht áitiúil agus d'eispéireas cultúrtha na Gaillimhe.

Sa chéim oibríochta beidh drochthionchair ag an Tionscadal, mar shampla beidh torann agus cur isteach ar amharc feadh ailíniú an N6 GCRR, ar limistéir atá ciúin faoi láthair, agus iad ar imeall na tuaithe. Beidh cuid den scaradh sóisialta i gceist freisin idir daoine ina gcónaí ó thuaidh agus iad siúd atá ina gcónaí ó dheas den N6 GCRR atá beartaithe, cé go mbaineann siad ar fad leis an bpobal céanna. Beidh an scaradh fisiciúil, áfach, fíorbheag mar gheall ar dhroichid agus áiseanna trasnaithe comharthaithe le bóithre áitiúla agus an t-aistriú chuig trácht aon-lána siar ó Bhóthar Bhaile an Mhóinín.

### *19.5.4.2 Saintréithe turais*

De bharr an N6 GCRR atá beartaithe beidh feabhas ar nascacht le Cathair na Gaillimhe agus a purláin agus le limistéir in iarthar Chontae na Gaillimhe, lena n-áirítear rochtain ar Bhóthar Mhaigh Cuilinn an N59 (le haghaidh Maigh Cuilinn, Uachtar Ard agus An Clochán) agus Bóthar an Chósta an R366 (le haghaidh Ros an Mhíl agus Conamara). Beidh feabhas ar an nascacht leis an M6 soir ó Ghaillimh, an M17, Bóthar Thuama an N83, Bóthar Áth Cinn an N84 agus Bóthar Mhaigh Cuilinn an N59. Beidh roinnt tráchta ag aistriú chuig an N6 GCRR atá beartaithe agus cabhróidh sé sin leis an leibhéal tráchta a mhaolú ar an N6 mar atá. Cuirfear deiseanna ar fáil leis chun saoráidí nua le haghaidh iompar gníomhach do choisithe agus rothaithe a chur ar fáil mar atá leagtha amach i Straitéis Iompair na Gaillimhe (SIG). Cuireadh áiseanna do choisithe agus rothaithe san áireamh i ndearadh an Tionscadail. Ina measc sin tá lánaí bus ar chodanna de Bhóthar Thuama an N83, cosáin feadh Bhóthar Ceangail an N59 agus cosáin agus bealaí rothaíochta feadh Bhóthar Ceangail na Páirce Móire. Chomh maith le buntáistí a sholáthar i dtéarmaí inrochtaineachta, sláinte agus taitneamhachta, is cuid lárnach den SIG é an Tionscadal trína mbeidh tionchar dearfach ag aon aistriú modha ó fheithicil phríobháideach go taisteal gníomhach ó thaobh na haeráide de. Féach ar Fhíor 5.

Féach Tábla 19.15 agus Tábla 19.16 ina bhfuil achoimre ar na tionchair phobail, na bearta maolaithe agus na tionchair iarmharacha i leith saintréithe turais agus é i bhfeidhm.

***Taobh Thiar d'Abhainn na Gaillimhe***

Toisc go dtosaíonn an N6 GCRR atá beartaithe siar ó Bhearna táthar ag súil go mbeidh tionchar suntasach dearfach aige trí go leor den trácht feithiclí reatha a thógáil as sráidbhaile Bhearna agus as bruachbhailte thiar Chathair na Gaillimhe. Beidh sé seo suntasach ag buaicuaireanta na maidine agus buaicuaireanta an tráthnóna nuair is feidir brú tráchta a bheith ó Acomhal na 'mBeanna Beola' i mBearna, an bealach ar fad isteach sa chathair nó mar gheall ar fheithiclí ag stopadh i lár an bhaile le haghaidh siopadóireachta. Táthar ag súil le tionchar dearfach suntasach agus níos lú tráchta sa sráidbhaile mar táthar ag tuar go leanfaidh an leibhéal laghdaithe tráchta ar an gcuid seo de bhóthar an R336 mar atá, féach Caibidil 6, Measúnú Tráchta agus Trasghearradh an Bhealaigh. Mar chuid den Phlean Lonnaíochta i bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2022-2028 moltar plean bainistíochta tráchta do Bhearna agus tacaíonn sé le bóthar faoisimh inmheánach a thabhairt chun críche ionas go bhféadfaí a bheith ag súil go mbeidh cuid den tionchar sin le feiceáil amach anseo, fiú sa chás 'Déan an Méid is Lú'. Mura mbeadh ach bóthar faoisimh ann bheadh an trácht á threorú trí limistéir faoi fhoirgnimh i mBearna, tá buntáiste ag an N6 GCRR atá beartaithe an trácht seo a bhogadh amach as Bearna ar fad, rud a fhágann go mbeidh timpeallacht i bhfad níos fearr ann do choisithe agus do rothaithe agus do ghnólachtaí agus go ghníomhaíocht shóisialta sa sráidbhaile, le buntáistí féideartha freisin ó thaobh cháilíocht an aeir de.

Éascóidh Acomhal Bhearna Thoir rochtain ar an N6 GCRR atá beartaithe do go leor teaghlach sa cheantar agus beidh rochtain ar shaoráidí pobail ó thuaidh ó Bhearna lena n-áirítear Club CLG Bhearna agus Galfchúrsa agus Club Tuaithe Bhearna. Tá tionchar dearfach measartha ag an nascacht fheabhsaithe ach cuirfear moilleanna beaga ar chuid de mhuintir na háite agus iad ag rochtain saoráidí pobail mar beidh gá le turas níos faide chun an N6 GCRR atá beartaithe a thrasnú; faoi láthair tá rochtain dhíreach via bóthar singil áitiúil. Trí Timpeallán Bhearna Thoir beidh nasc le Bóthar Mhaigh Cuilinn an N59 ach de bharr go bhfuil codanna den L1321 ceangail caol is dócha go n-úsáidfidh an chuid is mó de na tiománaithe Acomhal Leitrí an N59. Tá cosán beartaithe chun gach géag den timpeallán beartaithe a nascadh.

Trí acomhal soilsithe (Acomhal Bhóthar na Ceapaí) beidh rochtain ón N6 GCRR atá beartaithe ar phobail na Ceapaí, na Buaile Bige ó thuaidh agus ar Bhóthar Dáileacháin an Iarthair agus limistéar Chnoc na Cathrach ó dheas. Rinneadh go leor forbairtí cónaithe aonair sna 1990idí agus sna 2000idí sa cheantar ó thuaidh den acomhal beartaithe seo, cé gur tógadh forbairtí cónaithe níos dlúithe ó dheas den acomhal beartaithe seo timpeall Pháirc na Ceapaí ó foilsíodh TMTT 2018. Beidh tionchar dearfach measartha ag an acomhal seo agus ag acomhail eile ar nascacht feithiclí áitiúil agus ar thaitneamhacht turais feithiclí; chomh maith leis sin laghdófar an brú ar na mionbhóithre nach bhfuil oiriúnach don trácht, a úsáideann coisithe, reathaithe agus rothaithe. Tá cosáin do choisithe beartaithe do gach acomhal agus éascófar crosairí tríd na soilse comhartha. Feabhsóidh na hidirghabhálacha seo taitneamhacht taistil do gach úsáideoir bóthair, lena n-áirítear coisithe agus rothaithe, agus cuirfidh siad leis an tionchar dearfach fadtéarmach a bhainfidh le laghduithe tráchta i mBearna. Trí Acomhal Bhóthar an Ceapaí beidh rochtain ar naíolann atá lonnaithe ó thuaidh den N6 GCRR atá beartaithe. Cuirfidh cosán atá beartaithe ón acomhal nasc ar fáil le réadmhaoine cónaithe in aice láimhe ó dheas.

Ar an iomlán léiríonn na réamh-mheastacháin tráchta gur dócha go mbeidh aistriú measartha tráchta ó Bhóthar Dáileacháin an Iarthair go dtí an N6 GCRR atá beartaithe. Beidh tionchar dearfach measartha ag Acomhal Bhóthar Bhaile an Mhóinín trí nascacht a dhéanamh le Baile na mBúrcach agus le Bóthar Dáileacháin an Iarthair. Toisc go bhfuil an nasc ó thuaidh go Bóthar Rathúin via Bóthar Bhaile an Mhóinín caol, táthar ag súil go n-úsáidfidh an chuid is mó den trácht eile Bóthar Ceangail ó Dheas an N59 ó Acomhal Leitrí.

Acomhal ilairde a bheidh in Acomhal Leitrí an N59 atá beartaithe, ag ceangal an N6 GCRR atá beartaithe le bóithre ceangail go dtí Bóthar Rathúin agus Bóthar Mhaigh Cuilinn an N59 agus cuirfidh sé feabhas mór ar nascacht idir bruachbhailte thiar na Gaillimhe agus ceannphointí réigiúnacha. Soláthróidh Bóthar Ceangail Theas an N59 nascacht le Bóthar Leitrí agus mar sin freisin le pobail scaipthe an Droma agus Thóin na Brocaí. Tá na bóithre áitiúla caol agus faoi bhun an chaighdeáin agus mar sin beidh tionchair dhearfacha ar nascacht agus ar thaitneamhacht turais, mar a bhí thuas ar nascachtaí le pobail áitiúla. Dáilfidh Bóthar Ceangail ó Dheas an N59 trácht ón N6 GCRR atá beartaithe, laistigh den cheantar bruachbhailteach via na nascachtaí le go leor mionbhóithre mar atá, chun ceangal a dhéanamh le ceantair chónaithe, le páirceanna miondíola agus le saoráidí pobail. Tabharfaidh sé seo faoiseamh éigin ó bhrú tráchta i limistéar ina mbíonn brú tráchta go rialta.

Maolóidh an nascacht atá curtha ar fáil ag Bóthar Ceangail Thuaidh an N59 an brú tráchta reatha a tharlaíonn toisc tiománaithe a bheith ag iarraidh rochtain ar Bhóthar Mhaigh Cuilinn an N59 ón gcathair, turasóirí agus trácht eile i dtreo An Chlocháin san áireamh. I gcomparáid leis an gcás 'Gan Dada a Dhéanamh', bheadh faoiseamh ón mbrú tráchta go háirithe ag Acomhal na mBrúnach mar tá cosc ar chasadh ar dheis ón acomhal roimhe sin idir an N6 mar atá agus Bóthar an Chaisleáin Nua Uachtarach. Bheadh tionchar dearfach suntasach ag an nascacht ar dhálaí turais. Bunaithe ar réamh-mheastacháin tráchta, dhéanfadh sé laghdú beag ar líon na bhfeithiclí ar Bhóthar Mhaigh Cuilinn an N59 isteach i gCathair na Gaillimhe, lena n-áirítear An Cuarbhóthar, Bóthar Uí Eidhin agus Bóthar an Chaisleáin Nua Uachtarach, áit a bhfuil saoráidí oideachais agus pobail lonnaithe.

I ndearadh an Tionscadail tá nascacht do choisithe agus rothaithe curtha san áireamh le háiseanna taistil ghníomhaigh. Tá trasbhealaí do choisithe beartaithe ag acomhail ag Bearna Thoir, An Cheapach agus Baile an Mhóinín. Tá cosán coisithe beartaithe taobh le Bóthar Ceangail Thuaidh agus Theas an N59 agus cuirfear seicheamh trasrian coisithe san áireamh ag an acomhal soilsithe atá beartaithe a dtagann Bóthar Ceangail Thuaidh an N59 agus Bóthar Mhaigh Cuilinn an N59 le chéile ann. Beidh soilsiú poiblí agus oileáin shlána do choisithe ag acomhail freisin ar an mBóthar Ceangail ó Thuaidh agus ó Dheas.

Spreagfar rothaithe leis na bealaí gearra uirbeacha mar atá a úsáid agus den chuid is mó beidh siadsan níos oiriúnaí idir túsphointe agus ceannphointe an turais. Beidh laghdú déanta ar an trácht ar an gcuid is mó de na bóithre sin mar gheall ar an N6 GCRR atá beartaithe. Mar sin féin, cuirfear stráice gairid de bhealach rothaíochta san áireamh ar Bhóthar Ceangail an N59 díreach roimh agus idir na hacomhail le rampaí rochtana leis an N6 GCRR atá beartaithe. Beidh raon rothar feadh Bhóthar Ceangail ó Dheas an N59, gar don acomhal le Bóthar Leitrí. Féach Fíor 5.3.01 go Fíor 5.3.21.

***Taobh Thoir d'Abhainn na Gaillimhe***

De bharr Acomhal Bhóthar Áth Cinn an N84 beidh feithiclí ar an N6 GCRR atá beartaithe in ann Baile an Dúlaigh, Baile an Phoill, Áth Cinn, Baile an Róba agus pobail eile amhail Conga ó thuaidh ó Chathair na Gaillimhe a rochtain. Mar atá i gcás Acomhal Leitrí an N59, beidh rochtain dhíreach ar an N6 GCRR atá beartaithe, gan gá dul isteach i gCathair na Gaillimhe. Tá tionchar dearfach suntasach ag an acomhal ar agaí turais agus taitneamhacht chuig suíomhanna réigiúnacha. Tabharfaidh an nascacht fheabhsaithe rogha do dhaoine atá ina gcónaí i mBaile an Róba an N6 GCRR atá beartaithe a úsáid chun taisteal go Baile Átha Cliath agus áiteanna san oirthear de rogha ar an N5 nó bóithre atá ar acmhainn níos ísle, an R661 agus N60, trí Chlár Chlainne Mhuiris.

Beidh tionchar an-dearfach ag an nascacht nua atá curtha ar fáil de bharr Acomhal Bhóthar Thuama an N83 agus Bóthar Ceangail na Páirce Móire chuig Páirceanna Gnó Chathair na Gaillimhe Thuaidh, Chathair na Gaillimhe Thoir agus na Páirce Móire i mBaile an Bhriotaigh, ar dhálaí turais agus ar eacnamaíocht na cathrach toisc an líon gnólachtaí atá lonnaithe anseo (féach Cuid 19.5.4.5 thíos). De bharr Bóthar Ceangail na Páirce Móire agus Bóthar Ceangail Pháirc Ghnó Chathair na Gaillimhe Thuaidh beidh rochtain ar Eastát Tionsclaíochta na Páirce Móire ó thuaidh agus ar Bhaile an Bhriotaigh agus Páirceanna Gnó An Chathair Thoir agus Acomhal na Mairéasach ó dheas. Maolóidh an nascacht fheabhsaithe an brú tráchta ag buaicuaireanta ag an acomhal idir Corrán Bhaile an Bhriotaigh, Bóthar Mhuine Mheá an R339 agus an N6 mar atá ag Acomhal na Linseach. Beidh sé amhlaidh ag Acomhal na Mairéasach ag ceangal le bóthar an N6 mar atá.

Tá raonta rothar ar bhóthar agus cosáin beartaithe do Bhóthar Ceangail na Páirce Móire agus Bóthar Ceangail Pháirc Ghnó Chathair na Gaillimhe Thuaidh. Cuirfidh na háiseanna seo le haghaidh taisteal gníomhach, mar aon leis na naisc le Baile an Bhriotaigh, feabhas mór ar na roghanna chun rochtain a fháil ar pháirceanna gnó áitiúla agus ar chinn scríbe eile, lena n-áirítear d'fhostaithe ionchasacha, agus cuirfidh siad le héifeacht dhearfach ó thaobh cháilíocht an aeir de. Tá tailte ó dheas criosaithe le haghaidh forbartha nua agus déanfaidh an nascacht fheabhsaithe leas dóibh de bharr na hinrochtaineachta feabhsaithe do gach duine a úsáideann bóithre. Beidh nascacht ann mar thoradh ar Acomhal Chúil Each ach ní dhéanfar aon athrú ar chúrsaí bonnlíne mar atá, ach maolóidh an t-aistriú tráchta don N6 GCRR atá beartaithe an brú tráchta a bhaineann leis an acomhal mar atá agus laghdófar na moilleanna ag Acomhal na Linseach mar atá.

### *19.5.4.3 Taitneamhacht*

***Taitneamhacht turais***

Leis an nascacht nua agus aistriú tráchta de bharr an N6 GCRR atá beartaithe, mar a pléadh faoi dhálaí turais laghdófar agaí aistir ina lán cásanna ach maolófar an brú tráchta ar an N6 mar atá ag an am céanna.

Féach freisin Tábla 19.15 agus Tábla 19.16 le haghaidh achoimre ar na tionchair dhaonra, ar na bearta maolaithe agus ar na tionchair iarmharacha i leith taitneamhachta le linn oibrithe.

<u>Taobh Thiar d'Abhainn na Gaillimhe</u>

Beidh drochthionchar beag ag an méadú tráchta atá tuartha ar bhóthar an R336 idir lár shráidbhaile Bhearna agus Timpeallán Bhearna Thiar ar an Tionscadal atá beartaithe, ach níl aon saoráidí pobail ar an gcuid seo den bhóthar.

De bharr aistriú tráchta chuig an N6 GCRR atá beartaithe laghdófar an méid tráchta atá ar an ngréasán áitiúil bóithre in áiteanna eile ó thuaidh ó Bhearna, faoi láthair agus a cheanglaíonn le Bóthar Rathúin agus Bóthar Leitrí chun an brú tráchta ar bhóthar an R336 agus ar Bhóthar Dáileacháin an Iarthair a sheachaint. Cé nach bhfuil cosáin ar fáil faoi láthair ar an gcuid is mó den ghréasán mionbhóithre áitiúil, moltar imill féir a bheith ag gabháil le haon ailínithe bóithre nua sa Tionscadal agus cuirfidh siad spás maith infheictheachta ar fáil. Ina theannta sin, beidh i bhfad níos lú tiománaithe ag taisteal ar an ngréasán bóithre áitiúil, chun an trácht a sheachaint, ó thuaidh de Bhearna nuair a bheidh an N6 GCRR beartaithe i bhfeidhm agus beidh tionchar dearfach aige sin ar thurais áitiúla do choisithe agus do rothaithe lena n-áirítear úsáid taitneamhachta.

Sa chathair, beidh laghduithe suntasacha tráchta sa Bhliain Oscailte 2031 agus sa Bhliain Deartha 2046 mar thoradh ar aistriú tráchta chuig an N6 GCRR atá beartaithe i gcomparáid le 'Déan an Méid is Lú', lena n-áirítear ar Bhóthar Bhearna an R336 (suas le -53%) faoi 2046) agus ar Bhóthar Shéamais Uí Chuirc an R338 (-30%) mar aon leis an ionchas go mbeidh brú tráchta ar na bóithre sin agus ag Acomhal na mBrúnach, ag soláthar tionchar dearfach measartha ar a laghad. Beidh tionchar suntasach dearfach aige sin do choisithe agus do rothaithe agus tabharfaidh sé deis áiseanna lána rothar uirbeacha leanúnacha agus níos mó áiseanna trasbhealaigh do choisithe agus do rothaithe a sholáthar i gcomhréir le Straitéis Iompair na Gaillimhe le riosca níos lú go gcuirfeadh áiseanna den sórt sin le brú tráchta mar a d'fhéadfadh tarlú leis an leibhéal tráchta reatha (féach Cuid 19.8 Tionchair Charnacha). Is tairbhe dhearfach ó thaobh na haeráide de a bheidh sa mhéid a chuirfear leis an athrú modha ó fheithiclí príobháideacha.

Taobh Thoir d'Abhainn na Gaillimhe

De bharr an N6 GCRR atá beartaithe laghdófar an trácht ar bhóthar an N6 mar atá isteach chuig acomhal soilsithe na gCiarabhánach, agus laghdófar an brú tráchta a mbeifí ag súil leis ag an suíomh sin. Beidh tionchar measartha dearfach ar thaitneamhacht turais dá bharr, cé go bhfuiltear ag tuar méid tráchta níos airde (47% faoi 2046) don N84 ar Bhóthar Áth Cinn ó dheas ó Bhaile an Dúlaigh. In áiteanna eile, beidh an deis ann freisin de bharr an laghdú ginearálta ar mhéid an tráchta, raonta rothar agus áiseanna níos fearr le haghaidh coisithe a chur ar fáil, i gcomhréir leis an bPlean Gnímh don Aeráid (CAP 24).

De bharr aistriú tráchta chuig an N6 GCRR atá beartaithe laghdófar an méid tráchta atá ar an ngréasán áitiúil bóithre idir Bóthar Áth Cinn an N84 agus Bóthar Thuama an N83, feadh Bóthar na Scoile, An Caisleán Gearr, le brú tráchta a sheachaint ar an N6 mar atá. De bhrí go mbeidh rochtain ar an gcathair mar gheall ar an N6 GCRR atá beartaithe, tá sé tuartha go mbeidh laghdú beag (-12%) ar an méid tráchta ag an acomhal idir Bóthar Thuama an N83 agus an N6 mar atá, faoin mBliain Dearaidh (2046). Dá bharr tá mionathrú ar thaitneamhacht turais do thiománaithe ar mian leo an t-acomhal mar atá a úsáid idir Bóthar na Scoile nó Bóthar an Chóiste go dtí an Caisleán Gearr agus Bóthar Thuama an N83; beidh laghdú ar líon na gcomaitéirí a úsáideann an mionbhóthar seo ag buaicuaireanta, de bharr an N6 GCRR atá beartaithe agus de bhrí go mbeidh laghdú tráchta ar an N6 mar atá, thiar ó Acomhal Bhóthar Thuama an N83. Tá laghdú 20% in AADT tuartha ar an N6 mar atá ag Baile an Bhriotaigh sa bhliain dearaidh i gcomparáid leis an gcás 'Déan an Méid is Lú', chomh maith le laghdú tráchta ag Acomhal na Linseach agus Acomhal Chorrán Bhaile an Bhriotaigh ag Cnoc Mhaoil Drise, agus ag an acomhal idir an N6 mar atá agus an R446 ag Dabhach Uisce. Beidh tionchar dearfach measartha-suntasach ar thaitneamhacht turais ag na suíomhanna sin ar fad. Beidh deiseanna freisin chun saoráidí sábháilteachta agus taitneamhachta turais a fheabhsú le haghaidh coisithe agus rothaithe.

Cuirfidh an N6 GCRR atá beartaithe feabhas ar thaitneamhacht turais do thiománaithe agus do phaisinéirí a úsáideann Droichead Abhainn na Gaillimhe mar gheall ar an amharc feadh na habhann agus ar fhothracha Chaisleán Mhionlaigh. Is tionchar dearfach beag é ach bainfidh líon mór daoine a úsáideann an droichead leas as, turasóirí ag dul siar go Conamara san áireamh.

***Taitneamhacht ghinearálta***

Taobh Thiar d'Abhainn na Gaillimhe

Táthar ag súil go mbeidh na méideanna tráchta ar an gcuid den N6 GCRR ó thuaidh de Bhearna os cionn 10,000 AADT i dtreo chríochfort thiar an N6 GCRR beartaithe faoin mBliain Dearaidh 2046, i gcomparáid le níos mó ná 46,000 AADT ag an bPáirc Mhór san oirthear, ach beidh sé éagsúil go séasúrach mar gheall ar thrácht turasóireachta an tsamhraidh. Is dócha go mbeidh tionchair ar thaitneamhacht ghinearálta a bhaineann leis an gcomhshaol amhail cur isteach amhairc agus torainn, áit a bhfuil réadmhaoin chónaitheach gar don Tionscadal, mar shampla ag Acomhal Bhóthar na Ceapaí mar a bhfuil réadmhaoin phríobháideach lonnaithe díreach ó thuaidh agus ó dheas. Pléitear na tionchair seo i gCaibidil 12, Tírdhreach agus Amharc agus Caibidil 18, Torann agus Creathadh. Beidh méadú mór 92% ar an méid tráchta ar Bhóthar na Ceapaí ach is ag tosú ó bhonnlíne de leibhéal íseal atá sé. Beidh tionchar aige seo ar líon beag réadmhaoine ó dheas i dtreo limistéir chónaithigh sa bhruachbhaile, áit a bhfuil an bóthar níos leithne mar is gá. Tá sé tuartha go mbeidh méadú mór ar an méid tráchta ar Bhóthar Bhaile an Mhóinín, ó thuaidh agus ó dheas den acomhal atá beartaithe.

Níl aon tionchar suntasach ag Bóthar Ceangail Thuaidh agus Theas an N59 ó acomhal Leitrí an N59 atá beartaithe ar thaitneamhacht ag leibhéal an phobail.

Ar an mbóthar ceangail ó dheas dáiltear an trácht ar roinnt mionbhóithre agus tá an bóthar féin deighilte den chuid is mó ó fhorbairt chónaitheach. Nascann an bóthar ceangail ó thuaidh le Bóthar Mhaigh Cuilinn an N59 díreach ó thuaidh de Shéipéal Pháirc na Sceach.

Tá Scoil Naomh Séamas i bPáirc na Sceach suite achar gearr ó dheas den N6 GCRR atá beartaithe. Is áis phobail íogair í an scoil atá suite laistigh de 100m ón ailíniú. Beidh drochthionchar beag iarmharach ar úsáid an chlóis imeartha mar gheall ar thorann tráchta, ach maolófar é le sciathadh. Beidh tionchar diúltach taitneamhachta ar na tithe atá fágtha in eastáit Ard an Locha agus Achadh an Churraigh mar go bhfuil siad gar don N6 GCRR atá beartaithe, féach Caibidil 18, Torann agus Creathadh.

Tá drochthionchar ginearálta taitneamhachta ar an taobh thoir de Bhóthar Mhaigh Cuilinn an N59, áit a mbeidh an N6 GCRR  ardaithe os cionn Champas Spóirt Ollscoil na Gaillimhe ar tharbhealach roimh an trasbhealach thar Abhainn na Gaillimhe. Le struchtúr tarbhealaigh cuirfear, beidh rochtain ó thuaidh agus ó dheas den Champas Spóirt agus d'Abhainn na Gaillimhe i rith chéim na hoibríochta, rud a choinneoidh nascacht agus tréscaoilteacht faoin bhforbairt bóthair. Leis na tograí nua a chuir Ollscoil na Gaillimhe chun cinn mar chuid dá máistirphlean don láithreán le haghaidh dhá pháirc ionaid, coinneofar acmhainn agus tarraingteacht an Champais Spóirt, rud a chuireann feabhas ar an staid i leith Champas Spóirt na hOllscoile ó 2018.

Baineann grúpaí spóirt agus pobail eile úsáid as Campas Spóirt na hOllscoile, agus is é an rud is déanaí ná an Parkrun gach maidin Dé Sathairn timpeall ar na raonta agus na cosáin ó dheas ó pháirceanna CLG atá ann cheana féin agus ó dheas ón N6 GCRR atá beartaithe. Rinneadh go leor aighneachtaí i scríbhinn agus ó bhéal ar iarratas 2018 inar tarraingíodh aird ar an tábhacht a bhaineann leis an gconláiste do réimse grúpaí. Beidh tionchar dearfach ag an nasc leis an N59 trí Bhóthar Ceangail an N59 ar rochtain chuig na páirceanna imeartha agus an ollscoil araon.

Thángthas ar an gconclúid seo a leanas i dTuarascáil an Chigire:

> *Mar a tugadh le fios in áiteanna eile, chinn OÉG tabhairt faoina bhforbairt féin ar pháirceanna ionaid. Le linn na tógála, beidh tionchair torainn agus amhairc ann, caillfear úsáid na bpáirceanna imeartha agus déanfar mionathrú ar an bpailliún spóirt. Leagtar amach bearta maolaithe sa CEMP lena n-áirítear trácht tógála a bhainistiú, saoráidí leasa a chur ar fáil do na clubanna spóirt agus rochtain a choinneáil i gcónaí. Le linn oibríochta agus tar éis na n-oibreacha seo a chríochnú, chomh maith le ceart bealaigh agus rochtain ar thailte faoin tarbhealach, tá mé sásta go laghdófar an tionchar ar shaoráidí de bheagán, ach beidh tionchar measartha fadtéarma fós ar an gcampas spóirt.*

Taobh Thoir d'Abhainn na Gaillimhe

Ó thaobh taitneamhachta tá tionchar diúltach de bharr na tráchta lasnairde ar dhroichead Abhainn na Gaillimhe ar chuairteoirí a théann chuig Caisleán Mhionlaigh ar bhruach thoir na habhann. Sa chomhthéacs seo ní mór an tionchar dearfach thuasluaite ar thaitneamhacht turais do thiománaithe ar an bhforbairt bóthair áit a dtrasnaíonn sí an abhainn a aithint.

Beidh drochthionchar measartha taitneamhachta ag an trácht mhéadaithe a tugadh faoi deara roimhe seo ó dheas ó Acomhal Bhóthar Áth Cinn an N84, ag tabhairt faoi deara freisin láithreacht dhá shaoráid phobail íogaire ar an mbóthar seo, is iad sin Scoil Náisiúnta Naomh Proinsias agus Séipéal Bhail an Phóil. Tá an dá scoil lonnaithe siar ó Bhóthar Áth Cinn an N84 agus cuirtear trasnaithe do choisithe ar fáil.

Cé nach bhfuil aon tionchar díreach ar Scoil an Chaisleáin Ghearr, tá ionad uathachais sa scoil, pobal a bheadh torann-íogair, féach (Caibidil 18, Torann agus Creathadh agus Cuid 19.5.5 thíos). Níl aon tionchar díreach ar Ionad Cúraim Cónaitheach Chaiseal Geal ar Bhóthar na Scoile le linn oibríochta, ach bheadh an tsaoráid íogair freisin do thorann tráchta. Beidh tionchar dearfach fadtéarma ag an N6 GCRR atá beartaithe trí líonta tráchta a laghdú ar Bhóthar na Scoile, An Caisleán Gearr, os comhair na scoile agus an tí altranais. Beidh tionchar dearfach suntasach ag aon laghdú ar thrácht ag an suíomh seo trí thaisteal gníomhach a spreagadh, lena n-áirítear, b'fhéidir, ag leanaí scoile. Faoi láthair úsáideann comaitéirí Bóthar na Scoile mar aon le Bóthar an Chóiste mar chóngar sciuirde maidin agus tráthnóna (féach Cuid 19.5.4.4 thíos). Faoi láthair níl aon dromchla ar Bhóithrín Spellman agus tá drochbhail air ach is cuid de shiúlóid lúibe é, a úsáidtear gach lá chun an scoil a rochtain. Beidh Bóithrín Hynes in aice láimhe scartha amach, ach úsáidtear é go príomha le páirceanna feirme a rochtain. Cuirfear rochtain ar na tailte feirme sin ar fáil ó Bhóthar na Scoile, An Caisleán Gearr. (Féach Caibidil 14, Sócmhainní Ábhartha Neamhthalmhaíochta).

Sa dearadh tá pointe trasnaithe ag Bóthar Ceangail na Páirce Móire, soir ó Bhóthar Thuama an N83, pointe rochtana ar chosán stairiúil Aifrinn a nascann An Caisleán Gearr agus pobal beag na Páirce Móire agus reilig stairiúil le carraig Aifrinn in aice le Ráschúrsa na Gaillimhe (féach Caibidil 13, Oidhreacht Chultúrtha). Ní úsáidtear an cosán mórán ach coinníonn an pobal áitiúil go maith é. Beidh drochéifeacht shuntasach iarmharach ar úsáid taitneamhachta an chosáin le hais na timpeallachta mar atá mar gheall ar an ngréasán fairsing nua bóithre.

Mar gheall ar an suíomh atá beartaithe do Thollán Ráschúrsa na Gaillimhe ní bheidh aon tionchar díreach taitneamhachta ar ócáidí rásaíochta ar an ráschúrsa le linn feidhme. Beidh rochtain nua bhuan ar fáil chuig Bóthar Thuama an N83 trí Bhóthar Ceangail na Páirce Móire agus beidh rochtain i bhfad níos fearr ón N6 reatha rud a fhágfaidh go mbeidh an ghlanéifeacht dearfach.

#### *19.5.4.4 Scaradh pobail*

Beidh scaradh soiléir fisiciúil mar tá sé beartaithe dhá bhóthar a dhúnadh go buan feadh an Tionscadail. Tá an chéad cheann ag an taobh thuaidh de Bhóthar Ann Gibbons sa chuid thiar den limistéar staidéir. Beidh éifeacht scartha beag ar an gcuid is mó de na cónaitheoirí áitiúla, go háirithe mar go bhfuil an úsáid a bhaineann coisithe as an mbóthar an-éadrom, ach bheadh malairt slí ó dheas i gceist do na cónaitheoirí sa réadmhaoin is gaire don N6 GCRR atá beartaithe agus teacht ar ais ó thuaidh ar an mbóthar ó Bhearna go Maigh Cuilinn. Beidh Bóithrín Hynes scartha freisin, ach faoi láthair tá rochtain uaidh ar pháirceanna amháin agus baintear úsáid an-bheag taitneamhachta as.

<u>Taobh Thiar d'Abhainn na Gaillimhe</u>

De bharr an Tionscadail tuartar go mbeidh laghdú sa bhreis ar 52% ar an méid tráchta sa taobh thoir de Shráidbhaile Bhearna sa Bhliain Dearaidh (2046) i gcomparáid leis an gcás 'Déan an Méid is Lú'. Beidh éifeacht shuntasach dhearfach fhadtéarmach aige sin maidir le faoiseamh ó scaradh go háirithe ar shiúl ó shaoráidí trasnaithe i mbuaicuaireanta. Bainfidh an éifeacht shuntasach dhearfach seo le rochtain ar shaoráidí pobail go háirithe. Mar shampla, beidh éifeacht dhearfach ar Shéipéal Mhuire gan Smál agus ar Bhunscoil Bhearna, dhá shaoráid pobail íogaire ar bhóthar an R336 taobh thoir den sráidbhaile. Cé go bhfuil pleananna trialacha ann maidir leis an scoil a aistriú go suíomh eile am éigin amach anseo, faoi láthair scaoileann an chuid is mó de na tuismitheoirí a leanaí amach ar thaobh an bhóthair.

Beidh éifeacht dhiúltach fhadtéarmach ar scaradh comharsanachta nó sóisialta ó thuaidh mar téann an N6 GCRR atá beartaithe idir tithe cónaithe ag na Foraí Maola. Beidh éifeacht den chineál céanna ar Bhóthar Throscaí áit a bhfuil clachan eile de réadmhaoin chónaitheach. Beidh scaradh fisiciúil go pointe áirithe maidir leis an tardhroichead beartaithe ag Ch. 1+375 a shroicheadh, beidh fad breise ó cheachtar den dá shuíomh i gceist, go háirithe do mhuintir na háite a shiúlann chuig cairde nó teaghlach in aice láimhe. Ach tugann an nascacht nua idir an dá lonnaíocht faoiseamh ó scaradh mar faoi láthair níl aon nasc fisiciúil idir an dá phobal. Beidh éifeacht dhiúltach shuntasach ann mar gheall ar scaradh Bhóthar Ann Gibbons. Beidh ar chónaitheoirí ag an taobh thuaidh den bhóthar suíomhanna sa taobh thuaidh a rochtain trí thuairim is 800 méadar a ghabháil ó dheas go dtí an t-acomhal le bóthar Bhearna-Mhaigh Cuilinn. Téann an chuid is mó den trácht ar an mbóthar seo ó dheas isteach i Sráidbhaile Bhearna, ach téann roinnt cónaitheoirí ó thuaidh isteach sa chathair via Crosaire Paddy agus Bóthar Rathúin.

Chun an scaradh fisiciúil a mhaolú ag áiteanna eile sa limistéar seo, cuireadh pointí trasnaithe sa dearadh den N6 GCRR atá beartaithe, aon áit a bhfuil acomhal. Beidh leibhéal iarmharach de scaradh sóisialta nua ann do phobail atá scaipthe amach agus do thithíocht atá ó thuaidh den N6 GCRR atá beartaithe mar airíonn a lán daoine ceangal le Sráidbhaile Bhearna.

Ag Bóthar na Ceapaí tá réadmhaoin ar gach taobh den acomhal beartaithe, ach beidh an scaradh fisiciúil teoranta mar tá saoráidí trasnaithe ann. Ach táthar ag súil go dtiocfaidh méadú ar an méid tráchta ó dheas den acomhal, rud a chiallaíonn go mbeidh trácht ag fáil rochtain ar na páirceanna atá taobh thiar den Cheapach measctha le trácht a fhágfaidh an N6 atá beartaithe. Ach, tá na raonta rothaíochta ar an mbóthar atá ar Bhóthar Dáileacháin an Iarthair le tiontú ina raonta rothaíochta scartha ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe, rud a fheabhsóidh rochtain ar choimpléasc Pháirc na Ceapaí do rothaithe.

Beidh an ceangal ag Bóthar Ceangail Theas an N59 le Bóthar Dáileacháin an Iarthair trí Lána an Mhuilleora ag Bóthar Ghort na Bró.

Dá bhrí sin ní bheidh trácht breise ar an mbóthar seo, agus ní bheidh ach éifeacht bheag scartha ar Ghaelscoil Mhic Amhlaigh agus ar pháirceanna sacair Lána an Mhuilleora; tá neart saoráidí trasnaithe do choisithe chuig an dá áit cheana féin. Cuirfear raon rothaíochta ar fáil idir an trasbhealach do choisithe ag Bóthar Rathúin ag leanúint ó thuaidh feadh an Bhóthair Cheangail chuig Bóthar Leitrí. Tá forbairt chónaithe shuntasach nua beartaithe don suíomh seo freisin. Soláthróidh Bóthar Ceangail Thuaidh an N59 nascacht le Bóthar Mhaigh Cuilinn an N59, díreach ó thuaidh de Shéipéal Naomh Séamas i bPáirc na Sceach. I gcarranna is mó a dhéantar rochtain ar an séipéal agus tuartar nach mbeidh ach méadú beag ar an méid tráchta; tá cosán ar an taobh thiar de Bhóthar Mhaigh Cuilinn an N59 agus tá saoráidí trasnaithe beartaithe ag an acomhal idir Bóthar Ceangail ó Thuaidh an N59 agus Bóthar Mhaigh Cuilinn an N59.

Ní bheidh tionchar fisiciúil scartha díreach ag airde an N6 GCRR atá beartaithe os cionn pháirceanna spóirt an Champais Spóirt ag Ollscoil na Gaillimhe ach beidh éifeacht taitneamhachta ann. Tá sé tuartha go mbeidh laghdú beag ar an méid tráchta ar Bhóthar Uí Eidhin agus ar Bhóthar an Chaisleáin Nua faoin mBliain Dearaidh i gcomparáid leis an gcás 'Gan Dada a Dhéanamh' ach níltear ag súil le haon athrú ar an scaradh mar atá.

Taobh Thoir d'Abhainn na Gaillimhe

Maidir le scaradh sóisialta beidh tionchar éigin ag an N6 GCRR atá beartaithe ar phobal beag stairiúil Chúil Each agus Mhionlaigh ó thuaidh. Ar an taobh thoir, ag Acomhal Bhóthar Áth Cinn an N84 beidh scaradh fisiciúil agus scaradh sóisialta measartha nua mar gheall ar an acomhal. Tá an scaradh fisiciúil ar an N83 ard cheana féin mar gheall ar an méid tráchta, ach déanfar íoslaghdú ar aon scaradh nua trí thrasbhealaí soilsithe a chur isteach ag na sliosbhóithre go dtí an fhorbairt bóthair. Táthar ag súil le scaradh nua ar Bhóthar Áth Cinn ó dheas mar tá sé tuartha go mbeidh méadú ar an méid tráchta isteach sa chathair.

Sa Chaisleán Gearr ní bheidh aon scaradh suntasach do leanaí ag freastal ar Scoil Náisiúnta an Chaisleáin Ghearr, do mhuintir na háite ná do chuairteoirí chuig an teach altranais, Ionad Cúraim Cónaitheach Chaiseal Geal. Nuair a bheidh an N6 GCRR atá beartaithe ann, táthar ag súil le laghdú ar líon na gcomaitéirí a úsáideann Bóthar na Scoile mar 'chóngar sciuirde'. Ar an taobh thoir ag Acomhal Bhóthar Thuama an N83 atá beartaithe tá scaradh sóisialta idir réadmhaoin phríobháideach ag Two-Mile-Ditch ar an mbóthar ó thuaidh den acomhal agus pobal an Chaisleáin Ghearr. Faoi láthair tá an taitneamhachta turais do choisithe go dona sa limistéar seo ach cuirfear feabhas beag air leis an gcosán atá beartaithe sa dearadh. Sa chéim oibríochta, maolófar aon scaradh den Lisín (ráth) ag An bPáirc Mhór taobh thoir de Ráschúrsa na Gaillimhe, a tharla le linn na céime tógála; déanfar seo leis an mbóthar nua rochtana agus an pháirceáil ó dheas den N6 GCRR atá beartaithe.

Féach Tábla 19.15 agus Tábla 19.16 ina bhfuil achoimre ar na tionchair phobail, na bearta maolaithe agus na tionchair iarmharacha i leith scaradh le linn oibríochta.

#### *19.5.4.5 Eacnamaíoch*

Beidh éifeacht dhearfach throm ag an N6 GCRR atá beartaithe ar eacnamaíocht na Gaillimhe mar beidh feabhas mór ar rochtain agus ar nascacht le haghaidh tráchtála, ghluaiseacht earraí agus comaitéirí. Beidh éifeachtaí dearfacha ar phobail in iarthar an chontae freisin mar gheall ar nascacht níos fearr leis an taobh thoir de Chontae na Gaillimhe. Beidh an rochtain fheabhsaithe le haghaidh go leor gnólachtaí, ach beidh drochthionchair dhíreacha agus indíreacha ar ghnólachtaí eile mar gheall ar bhealach an N6 GCRR atá beartaithe.

Taobh Thiar d'Abhainn na Gaillimhe

Tá coinne leis go gcaillfidh roinnt gnólachtaí, stáisiún beag peitril san áireamh, i mBearna agus ar an R336 cuid den trádáil ócáideach mar gheall ar an aistriú tráchta ó bhóthar an R336 go dtí an N6 GCRR atá beartaithe. Beidh na tionchair seo beag mar táthar ag súil go bhfanfaidh an trácht áitiúil ar an mbóthar mar atá.

De bharr Bóthar Ceangail ó Thuaidh agus ó Dheas an N59, beidh feabhas mór ar rochtain le haghaidh custaiméirí agus seachadadh earraí go Páirc Mhiondíola Thairseach na Gaillimhe agus go páirceanna gnó eile suite leataobh de Bhóthar Mhaigh Cuilinn an N59 agus Bóthar an Chaisleáin Nua Uachtarach.

Tá limistéar ó thuaidh ó Pháirc Mhiondíola Thairseach na Gaillimhe criosaithe i ndáil le Fiontar, Tionscal agus Úsáidí Bainteacha. Beidh laghdú ar an mbrú tráchta i gcomharsanacht Thimpeallán na mBrúnach agus ar Bhóthar Shéamais Uí Chuirc agus déanfaidh sé sin leas do ghnólachtaí miondíola agus do ghnólachtaí eile ag na suíomhanna seo. Is éifeacht dhearfach shuntasach é an rochtain fheabhsaithe seo.

Taobh Thoir d'Abhainn na Gaillimhe

Níl Cairéal Leacaigh gníomhach a thuilleadh. Ach tá stoc carraige ar na binsí uachtaracha, agus ní bheifear in ann cuid de a úsáid de bharr an Tionscadail (féach freisin Caibidil 9, Ithreacha agus Geolaíocht). Ar an taobh thoir de Bhóthar Áth Cinn an N84, beidh rochtain fheabhsaithe nua ar réadmhaoin tráchtála amháin, ach beidh tionchar ag oibreacha tógála ar chuid d'fhoinsí amhábhair an ghnólachta (féach Cuid 19.5.3.5). Rachfar i ngleic leis an tionchar seo mar chuid den sealbhú talún agus den chúiteamh airgeadais.

Ar Bhóthar Thuama an N83, beidh tionchair fhisiúla shealadacha le linn thógáil an N6 GCRR atá beartaithe ar ghnólacht díolachán carranna (féach Cuid 19.5.3.5) ach cuirfear rochtain fheabhsaithe, níos sábháilte ar fáil don ghnólacht ó Bhóthar Ceangail Pháirc Ghnó Chathair na Gaillimhe Thuaidh, sa chéim oibríochta. Tá an gnólacht gar don N6 GCRR atá beartaithe agus is rud dearfach é sin i dtaca le rochtain agus aithne. Beidh rochtain fheabhsaithe ar ionad sórtála An Post atá lonnaithe anseo agus is éifeacht dhearfach shuntasach é sin don ghnólacht seo. Tá an limistéar criosaithe le haghaidh úsáid Fiontair, tionscail Éadrom agus Tráchtála.

Cuirfidh Bóthar Ceangail na Páirce Móire atá beartaithe rochtain nua ar fáil idir an N6 GCRR ata beartaithe agus an N83, agus ar aghaidh as sin chuig an N6 atá ann cheana féin ag Acomhal na Mairéasach. Tá an limistéar timpeall agus ó thuaidh de Ráschúrsa na Gaillimhe criosaithe le haghaidh Fiontar, Tionscal agus Úsáidí Bainteacha, ach faoi láthair níl aon rochtain ar go leor páirceanna gnó sa cheantar seo ach amháin ón N6 mar atá agus mar sin bíonn brú mór tráchta gach lá, go háirithe le linn buaicuaireanta. Mar sin beidh éifeacht dhearfach eacnamaíoch ag an mbóthar ceangail nua mar éascóidh sé nascacht agus rochtain le haghaidh seachadtaí do go leor gnólachtaí agus d'fhostaithe. Éascóidh an bóthar ceangail soláthar raonta siúil, rothaíochta agus bus mar atá leagtha amach i SIG le haghaidh Baile an Bhriotaigh, Eastát na Cathrach Thoir agus Eastát Tionsclaíochta na Páirce Móire; beidh tairbhí sláinte le baint as siúl nó rothaíocht chun na hoibre.

Mar a tugadh faoi deara i gCaibidil 5, cuireadh an chuid ó dheas de Bhóthar Ceangail na Páirce Móire i dtosach feadh bhóthar IDA atá ann cheana ag dul trí champas leathnaithe Boston Scientific in Iarratas Alt 51 don N6 GCRR atá beartaithe a cuireadh isteach in 2018. Chuir Comhairle Chontae na Gaillimhe san áireamh an máistirphlean do champas leathnaithe Boston Scientific agus lorg siad mionathrú ar an mbealach don chuid de Bhóthair Ceangail na Páirce Móire laistigh de thailte Boston Scientific ag tús na héisteachta ó bhéal in 2020. D'fhreastail an bealach nua seo ar fheidhmiúlacht iompair an togra bunaidh ag an suíomh seo agus baineadh amach cuspóirí an ailínithe bunaidh. Ó 2018 i leith, rinne Boston Scientific athchóiriú agus leathnú suntasach ar an gcampas gan an baol go mbeadh tuilleadh scartha de thoradh Bhóthar Ceangail na Páirce Móire. Ina ionad sin rachaidh Bóthar Ceangail na Páirce Móire timpeall imeall an champais agus beidh glanéifeacht dhíreach aige trí cheangal díreach iompair a sholáthar, ar a mbeidh seirbhís mhaith iompair phoiblí, idir Páirceanna Gnó na Páirce Móire agus Bhaile an Bhriotaigh, Bóthar Thuama an N83, an N6 mar atá agus an N6 GCRR atá beartaithe.

Beidh an N6 GCRR atá beartaithe ag dul faoi Ráschúrsa na Gaillimhe i dtollán tiomnaithe. Is dócha go gcaillfear roinnt bheag spásanna páirceála do charranna, ach beidh stáblaí agus áiseanna buana nua in ionad na n-áiseanna a leagadh le linn tógála. Beidh na stáblaí agus na háiseanna seo ar chomhchaighdeán nó ar chaighdeán níos airde ná na cinn atá ann faoi láthair. Ar lá na gcomórtas bíonn rochtain ar Bhóthar Thuama an N83, ach beidh feabhas mór ar an rochtain seo de bharr Bhóthar Ceangail na Páirce Móire. Nuair a bheidh na bearta ar fad curtha i gcrích, táthar ag súil le glanéifeacht dhearfach eacnamaíoch.

Trí rochtain a fheabhsú idir an N6 mar atá agus na páirceanna gnó sa cheantar seo, déanfaidh an Tionscadal laghdú ar an mbrú tráchta ag Acomhal Chorrán Bhaile an Bhriotaigh agus ag Acomhal Uí Loingsigh agus beidh éifeacht dhearfach aige seo ar rochtain ar ghnólachtaí ag an suíomh seo. Beidh tionchar ag an rochtain fheabhsaithe ar ghnólacht díolachán carranna ar imeall Pháirc Ghnó Chnoc Mhaoil Drise, ach d'fhéadfaí spásanna páirceála do chustaiméirí a chailleadh agus beidh tionchar ag píosa ardaithe den N6 GCRR atá beartaithe ar an léargas ó Chorrán Bhaile an Bhriotaigh. Beidh laghdú ar an léargas ar an ngnólacht díolacháin ar an taobh thoir, ach beidh sé infheicthe ón N6 mar atá agus an-infheicthe ón N6 GCRR atá beartaithe. Beidh tionchar dearfach mar thoradh ar an laghdú ar bhrú tráchta ag Acomhal Chorrán Bhaile an Bhriotaigh.

#### 19.5.4.6 Turasóireacht

Nuair a bheidh an N6 GCRR atá beartaithe ag feidhmiú beidh nascacht fheabhsaithe idir cinn scríbe turasóireachta i gConamara agus in Iarthar Chontae na Gaillimhe, agus pointí sroichte ar an taobh thoir. Cabhróidh sé sin le líon na dturasóirí a chothú a chuirfidh leis an bhforbairt eacnamaíoch i réigiún imeallach eacnamaíoch. Taobh thiar d'Abhainn na Gaillimhe beidh an N6 GCRR atá beartaithe ag dul trí limistéar álainn creagach, an tírdhreach is dual do Chonamara. Is é an tírdhreach seo tairseach an Iarthair. Feicfidh cuairteoirí an tírdhreach álainn seo tar éis dóibh radharc ardaithe na habhann a fhágáil. Faoi láthair tá an tírdhreach seo le feiceáil taobh thiar de Bhearna amháin. Ar an iomlán, tá éifeacht dhearfach shuntasach ag an Tionscadal ar thurasóireacht.

Tá éifeacht dhearfach suntasach ann freisin mar gheall ar an laghdú ar bhrú tráchta ar an N6 mar atá agus ar bhóithre eile ag dul isteach i gCathair na Gaillimhe, tá an tionchar sin mar thoradh ar aistriú roinnt tráchta go dtí an N6 GCRR atá beartaithe. Toisc go mbeidh rochtain níos fearr ar an gcathair spreagfar cuairteoirí go Contae agus Iarthar na Gaillimhe le dul isteach go lár na cathrach, chun féachaint ar na rudaí éagsúla a mheallann turasóirí, mar ní bheidh aon fhadhb maidir le dálaí tráchta. Cuirfidh sé seo agus an ath-leithroinnt spáis do choisithe agus rothaithe, mar atá molta in SIG, go mór le heispéireas turasóirí i nGaillimh. Beidh an chéad eispéireas ar Ghaillimh dearfach mar gheall ar an droichead nua thar Abhainn na Gaillimhe, a chuirfidh le taitneamhachta an turais agus aa d'fhéadfadh daoine a spreagadh le cuairt a thabhairt ar imeall seo na cathrach. Cabhróidh an rochtain fheabhsaithe ar Ráschúrsa na Gaillimhe, an rochtain ón taobh thuaidh san áireamh, le daoine a mhealladh chuig ócáidí ansin.

#### 19.5.4.7 Seirbhísí Éiceachórais

Níl aon tionchair aitheanta a mbeadh éifeacht iarmharach suntasach mar thoradh orthu ar na seirbhísí éiceachórais le linn oibriú an Tionscadail.

#### 19.5.4.8 Achoimre

Sa chéim oibríochta beidh tionchair dhearfacha agus i gcásanna áirithe éifeachtaí dearfacha shuntasacha ar fhad ama aistir, ar nascacht agus ar thaitneamhacht turais; beidh tionchar ar thurais de gach cineál agus beidh tairbhe do dhaoine atá ina gcónaí sa chathair nó sna bruachbhailte, do ghnólachtaí, do chuairteoirí agus do thrácht turasóireachta. Beidh éifeachtaí dearfacha ar leith ag an nascacht nua idir an N6 mar atá agus Bóthar Thuama an N83 ar dhaoine a chónaíonn faoin tuath sa taobh thiar den limistéar staidéir agus ar laghdú an bhrú tráchta feadh phíosaí uirbeacha an N6 mar atá. Mar gheall ar an nascacht fheabhsaithe go dtí Iarthar Chontae na Gaillimhe spreagfar forbairt eacnamaíochta sa réigiún seo, rud a chabhróidh le sláine Ghaeltacht na Gaillimhe agus leis an teanga. Déanfaidh an t-aistriú ar chuid den tréthrácht leas do dhaoine a chónaíonn gar don N6 mar atá agus beidh deis ann chun iompar poiblí agus áiseanna do choisithe agus rothaithe a fheabhsú de réir Straitéis Iompair na Gaillimhe. Tá roinnt drochéifeachtaí i dtaca le scaradh sóisialta (ach níl an oiread sin i dtaca le scaradh fisiciúil) agus taitneamhacht ghinearálta na ndaoine a bhfuil cónaí orthu faoin tuath gar don N6 GCRR atá beartaithe, áit ar mealladh iad b'fhéidir mar gheall ar shuaimhneas na tuaithe. Beidh éifeacht dhiúltach an-suntasach ar Champas Spóirt Ollscoil na Gaillimhe mar gheall ar an N6 GCRR atá beartaithe. Ar an iomlán, meastar go mbeidh glanéifeacht dhearfach shoiléir ar chúrsaí Daonra na nDaoine.

### 19.5.5 An Ghaeilge – Tionchair Fhéideartha maidir le Tógáil agus Feidhmíocht

Ní úsáidtear mórán Gaeilge go laethúil sa limistéar a bheidh faoi thionchar díreach an Tionscadail atá beartaithe, ach nuair a úsáidtear Gaeilge is i gcomhthéacs an oideachais a úsáidtear í. Tá méadú ar an daonra ach níl an fhorbairt chéanna déanta ar úsáid na Gaeilge. Ní bheidh aon tionchar suntasach ag an Tionscadal ar úsáid na Gaeilge sa todhchaí. Mar sin féin, is fiú a rá go ndéanfadh gréasán bóithre feabhsaithe breis imirce agus fás geilleagrach a éascú isteach i nGaeltacht na Gaillimhe i gcoitinne agus toisc go bhfuil leibhéil arda dífhostaíochta agus díothaithe in iarthar Chontae na Gaillimhe le hais mar atá sna limistéir timpeall ar Chathair na Gaillimhe, éascóidh an N6 GCRR atá beartaithe, trí rochtain ar dheiseanna fostaíochta a fheabhsú soir ón gcathair, cainteoirí Gaeilge chun bheith ag taisteal chun na hoibre óna bpobail féin agus ní bheidh an oiread gá athlonnú ar chúiseanna eacnamaíocha. Ar an gcaoi chéanna, fágfaidh an N6 GCRR atá beartaithe go mbeidh na limistéir Ghaeltachta siar ó Chathair na Gaillimhe níos tarraingtí i gcomhair forbairt chónaithe agus tráchtála mar thoradh ar ghréasán bóithre a bheidh i bhfad níos fearr. Sa chomhthéacs seo, beidh Comhairle Chontae na Gaillimhe, Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus Údarás na Gaeltachta freagrach as úsáid na Gaeilge a chur chun cinn agus a spreagadh i measc cónaitheoirí nua.

Tá sé mar aidhm ag Plean Straitéiseach 2021-2025 don Ghaeltacht a d'fhoilsigh Údarás na Gaeltachta i mí an Mheithimh 2021 pobail bhríomhara Ghaeltachta a chothú sna háiteanna inarb í an Ghaeilge an phríomhtheanga cumarsáide. Príomhchuspóir amháin is ea an Ghaeltacht a bhunú mar mhol fiontraíochta, agus gnólachtaí a mhealladh agus a chothú sa réigiún. Leagtar amach sa Phlean Straitéiseach cur chuige uaillmhianach bunaithe ar théamaí, *Cumasú, Neartú, Inbhuanaitheacht* mar seo a leanas:

- Pobail a chumhachtú chun páirt a ghlacadh i bhfiontraíocht agus i bhforbairt (Cumasú)
- Tógáil ar an méid atá bainte amach go dtí seo (Neartú) agus
- A chinntiú go dtacaíonn gach gníomh le hinbhuanaitheacht na bpobal Gaeltachta agus na Gaeltachta féin (Inbhuanaitheacht)

Sa phróiseas comhairliúcháin don mheasúnú seo, léirigh Údarás na Gaeltachta go bhfuiltear i bhfabhar forbairt a dhéanamh ar Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe (CCNG) timpeall ar Chathair na Gaillimhe de bhrí go dtabharfaidh sé 'rochtain níos éifeachtúla ar an limistéar Gaeltachta agus ar Chonamara, taobh thiar den chathair'. Léirigh Údarás na Gaeltachta[19] go mbeadh 'tionchar an-tairbheach' ag an mbóthar nua maidir le tionscail nua a mhealladh go dtí an Ghaeltacht agus Conamara, go spreagfaí gnólachtaí mar atá le forbairt a dhéanamh agus go dtabharfaí tacaíocht do ghnólachtaí mar atá i dtaca le rochtain níos éifeachtaí ar mhargaí agus ar phearsanra. Ar an iomlán, meastar go mbeidh tionchar dearfach ag an Tionscadal ar inmharthanacht eacnamaíoch agus shóisialta na Gaeltachta ar fad. D'athdhearbhaigh Údarás na Gaeltachta a thacaíocht don N6 GCRR atá beartaithe in 2025[20].

Mar bhuille scoir, beidh *Tionchar Dearfach Measartha* ar stádas na Gaeilge mar theanga pobail laistigh de limistéar Ghaeltacht na Gaillimhe de bharr an Tionscadail.

### 19.5.6 Sláinte an Duine – Tionchair Fhéideartha maidir le Tógáil agus Feidhmíocht

Sa chuid seo pléitear na tionchair ar shláinte faoi thrí cheannteideal, a bhí sa mhodheolaíocht a pléadh i gCuid 19.2.5 maidir le Cosaint na Sláinte, Feabhas ar Shláinte agus Seirbhísí a Fheabhsú.

#### *19.5.6.1 Cosaint na Sláinte*

Cuimsíonn Cosaint na Sláinte na tionchair a bheidh ag an bhforbairt bóthair ar an tsláinte, tionchair mar gheall ar thorann, creathadh, cáilíocht an aeir, uisce, tírdhreach agus amhairc, fabhtú ithreach agus ceisteanna síceolaíochta. Déantar plé breise thíos.

***Torann***

Cé go bhfuil an Tionscadal forleathan go leor beidh an tionchar féideartha torainn ar aon ghabhdóir le linn tógála, teoranta de bhrí go mbeidh an ghníomhaíocht ag aon suíomh, teoranta ó thaobh ama agus scála de. Mar sin beidh an fhéidearthacht i dtaca le tionchair ar shláinte an duine, teoranta.

Déantar measúnú ar thionchair fhéideartha torainn de réir Threoirlínte ábhartha TII i gCaibidil 18, Torann agus Creathadh. Cuireadh na torthaí ar an monatóireacht ar thorann bonnlíne agus ar na tionchair fhéideartha, a bhfuil tuairisc iomlán orthu i gCaibidil 18, Torann agus Creathadh, i gcomparáid leis na treoirlínte ábhartha chun a fháil amach an mbeidh tionchar ar shláinte an duine.

Cuimsíonn na tionchair fhéideartha torainn ar shláinte iad seo thíos

- Lagú Éisteachta de bharr torainn
- Cur isteach ar Chumarsáid Cainte
- Cur isteach ar Obair Scoile

---

[19] Comhfhreagras ó Thadhg Ó Conghaile, Stiúrthóir Forbartha Réigiúnach Pobail & Pleanála, Údarás na Gaeltachta, dátaithe 21 Nollaig 2017 in Aguisín A.19.4

[20] Comhfhreagras ó Údarás na Gaeltachta, dátaithe 18 Márta 2025 in Aguisín A.19.4

- Cur isteach ar Chodladh
- Hipirtheannas agus Galar Cardashoithíoch

Is cosúil go dtarlóidh éifeachtaí ar bith a léirítear ag leibhéil torainn níos airde. Ní léirítear go leor tionchar ach amháin nuair a bhíonn an torann mórthimpeall os cionn 70dB. Léiríonn na torthaí ar mheasúnú torainn, atá leagtha amach i gCaibidil 18, Torann agus Creathadh nach bhfaighidh aon ghabhdóir an méid sin torainn ar feadh tréimhse leanúnach. Mar sin ní bheidh na tionchair torainn de bharr an Tionscadail suntasach.

Déantar plé breise ar seo thíos.

<u>An Chéim Thógála</u>

Léirigh an measúnú torainn, atá leagtha amach i gCaibidil 18, Torann agus Creathadh gur féidir go mbeidh roinnt tionchar sealadach diúltach, beag go han-suntasach, ag céim thógála an Tionscadail ar réadmhaoin chónaitheach agus ar réadmhaoin gnó, mar gheall ar astaíochtaí torainn a bhaineann le gníomhaíochtaí áirithe tógála. Má chloítear leis na teorainneacha torainn agus na huaireanta oibre agus má chuirtear na bearta cuí i dtaca le rialú torainn i bhfeidhm, cinnteofar na tionchair fhéideartha torainn a choinneáil ag an méid is lú. Mar a léiríodh i gCaibidil 18, Torann agus Creathadh leagfar amach na critéir ar thorann tógála sna doiciméid chonartha ar an obair thógála. Ní mór cloí leis na critéir seo atá ag teacht le Sceideal na dTiomantas in CEMP in Aguisín A.7.5. Ní mór don Chonraitheoir a bheidh i mbun tógála bearta maolaithe torainn a chur i bhfeidhm agus beidh air cloí le moltaí *BS 5228-1:2009+A1:2014 Code of Practice for Noise and Vibration Control on Construction and Open Sites – Noise* agus *European Communities (Noise Emission by Equipment for Use Outdoors) Regulations, 2001* (mar a leasaíodh) agus *Good Practice Guidance for the Treatment of Noise during the Planning of National Road Schemes* 2014, TII (NRA). Beidh tionchair shuntasacha torainn i limistéir laistigh de 55m ó phléascadh le linn tógála, ach mar gheall go bhfuil na hoibreacha tógála sin sealadach agus gearr, ní thuartar aon drochéifeachtaí sláinte le linn tógála.

Le linn na héisteachta ó bhéal, ardaíodh imní maidir leis an teach altranais ar Bhóthar na Scoile. Ach, is é an measúnú go sásófar caighdeáin ábhartha HIQA i gcónaí agus níl aon imní ann maidir leis seo. Thángthas ar an gconclúid seo a leanas i dtuarascáil an Chigire:

> *Cé go measaim go bhfuil maolú i gcéim na tógála agus na tograí monatóireachta inghlactha go ginearálta, agus aird chuí ar leochaileacht fhéideartha na gcónaitheoirí i dTeach Altranais an Chaisleáin Ghearr agus gaireacht an láithreáin tógála, measaim go bhfuil sé iomchuí go suiteálfaí suíomh monatóireachta deannaigh sonrach ag an ngabhdóir seo nó in aice leis ar feadh chéim na tógála. Má shainaithnítear aon saincheisteanna maidir le hastaíochtaí deannaigh, ansin i gcomhréir leis an CEMP, féadfar aghaidh a thabhairt ar aon saincheisteanna sainaitheanta trí mhaolú breise nó athruithe le cleachtais oibre.*

Áirítear i Sceideal na dTiomantas Comhshaoil i gCaibidil 23 den TMTT nuashonraithe seo suíomh monatóireachta deannaigh sonrach a sholáthar ag an suíomh seo ar feadh fhad chéim na tógála.

<u>An Chéim Oibríochta</u>

Léiríonn an measúnú torainn don chéim oibríochta den Tionscadal, i gcás gan critéir mhaolaithe, gur sháraigh na leibhéil fhéideartha torainn ag roinnt gabhdóirí na critéir shonraithe ar mhaolú torainn, agus mar sin sonraíodh bearta riachtanacha maolaithe. Nuair a chuirtear bearta maolaithe mar sin i bhfeidhm, léiríodh go gcomhlíontar na critéir a glacadh, ag an gcuid is mó de na suíomhanna. I gcásanna nach gcomhlíontar na spriocanna deartha, tá an leibhéal torainn atá tuartha don chéim oibríochta laistigh de 3dB ón sprioc dearaidh, nó níos lú ná an leibhéal torainn atá tuartha sa chás Déan an Méid is Lú.

Beidh laghdú ar na leibhéil torainn le tabhairt faoi deara ag lucht réadmhaoine taobh leis na bóithre mar atá, ag brath ar an bhfad ón mbóthar, ar athruithe ar an méid tráchta agus ar laghdú luais.

Tá sé tábhachtach leibhéil torainn bonnlíne a phlé agus measúnú á dhéanamh ar na tionchair ar shláinte an duine. Maidir le haireachtáil an duine ar dhéine fuaime, de ghnáth ní thugtar faoi deara athruithe atá níos lú ná 3dB. Mura méadaíonn na leibhéil torainn faoi 3dB ar a laghad ní bheidh aon drochthionchar le cois mar a bhí roimh an athrú. I dtaca leis seo is oiriúnach tairseach 3dB a úsáid chun aon athrú ar leibhéil torainn a aithint, athrú a bhraitear go cruinn ag daoine.

Mar a luadh cheana tá treoirlínte an WHO maidir le torann oíche leagtha síos i gcomhair pobal murab ionann agus tithe aonair agus ní mór a chur san áireamh nach tairseacha iad na leibhéil. Mar sin féin, beidh imní i gcónaí ar dhaoine aonair faoi thionchair fhéideartha orthu agus mar sin is fiú na leibhéil seo a úsáid agus athruithe ar leibhéil torainn á meas.

Seo a leanas tábhacht na dtionchar ar shláinte an duine de réir na gcritéar i Tábla 19.7 thuas:

- Má tá an $L_{Oíche}$ atá díreach taobh amuigh de theach cónaithe, faoi 55dB tá an tionchar ar shláinte an duine do-bhraite
- Má tá an $L_{Oíche}$ mar atá díreach taobh amuigh de theach cónaithe, faoi 55dB agus má ardaíonn sé níos mó ná 3dB ach má tá sé fós faoi 60dB tá drochthionchar beag ar shláinte an duine
- Má tá an $L_{Oíche}$ mar atá díreach taobh amuigh de theach cónaithe, faoi 55dB agus má ardaíonn sé níos mó ná 3dB go leibhéal os cionn 60dB tá drochthionchar measartha ar shláinte an duine
- Mar a luadh cheana baineann tairbhí leis an N6 GCRR atá beartaithe, trí thrácht a aistriú ó limistéir le daonra mór beidh laghdú ar an torann oíche sna pobail sin. Mar sin, beidh tionchar dearfach ar shláinte ar an iomlán. Ach is beag is fiú é sin do dhaoine a mbíonn taithí acu ar ardú torainn agus tá measúnú déanta ar na leibhéil torainn ar réadmhaoin aonair agus tá bearta maolaithe clúdaithe i gCaibidil 18, Torann agus Creathadh.

<u>Tionchair Torainn Oibríochta atá Sonrach don Láithreán</u>

*Ch. 0+000 go 2+800 (R336 go Timpeallán Bhearna Thoir)*

Tá formhór mór na ngabhdóirí faoi 55dB $L_{den}$ sa limistéar seo. Idir an R336 agus Timpeallán Bhearna Thoir táthar ag tuar go mbeidh arduithe 1dB os cionn an cháis 'Déan an Méid is Lú' ag leibhéil 55dB $L_{den}$ ag suíomh amháin. Tá sé tuartha go mbeidh ardú 3dB ag suíomh amháin. Beidh ardú 4dB ag dhá shuíomh. Tuartar nach sáróidh na leibhéil torainn 60dB $L_{den}$ ag suíomh ar bith, dá bhrí sin, tá an tionchar tuartha do-airithe go beagán diúltach laistigh den chuid seo.

*Ch. 2+800 go 7+600 (Acomhal Bhearna Thoir go dtí Acomhal Leitrí an N59)*

Tá formhór na ngabhdóirí faoi 55dB $L_{den}$ sa limistéar seo. Ach, ardóidh an leibhéal torainn tuartha do líon réadmhaoin, d'aon réadmhaoin déag ardóidh na leibhéil torainn os cionn 55dB $L_{den}$ nó níos mó ach fanfaidh siad faoi bhun 60dB $L_{den}$. Ardóidh na leibhéil torainn os cionn 60dB $L_{den}$ i gcás cúig réadmhaoin, ach ag na suíomhanna sin tá na leibhéil torainn reatha os cionn 55dB $L_{den}$. Tá sé beartaithe ceann de na suíomhanna sin a cheannach mar chuid den Tionscadal agus ag suíomh amháin tá an leibhéal tuartha Déan Rud Éigin 1dB níos ísle ná an leibhéal Déan an Méid is Lú atá tuartha. Dá bhrí sin, táthar ag tuar go mbeidh tionchair ar shláinte an duine ó bheagán go measartha diúltach.

*Ch. 7+600 go 9+300 (Acomhal Leitrí an N59 go Droichead Abhainn na Gaillimhe)*

Tá formhór mór na ngabhdóirí faoi 55dB $L_{den}$ sa limistéar seo. Tá ocht suíomh déag ina bhfuil na leibhéil torainn reatha faoi bhun 55dB $L_{den}$ agus ardóidh siad 3dB ach fanfaidh siad faoi bhun 60dB $L_{den}$. Tá dhá shuíomh ina bhfuil na leibhéil torainn reatha faoi bhun 55dB $L_{den}$ agus ardóidh siad os cionn 60dB $L_{den}$. Ag an dá shuíomh, tá maolú substaintiúil i bhfeidhm agus beidh na leibhéil torainn uasta tuartha ag 62dB $L_{den}$.

Dá bhrí sin, téann na tionchair sa chuid seo ó bheagán diúltach go measartha diúltach. *Ch. 9+300 go 12+100 (Droichead Abhainn na Gaillimhe go dtí Acomhal Bhóthar Áth Cinn an N84)*

Tá formhór mór na ngabhdóirí faoi 55dB $L_{den}$ sa limistéar seo. Tá seacht suíomh ag a n-ardóidh na leibhéil torainn ó leibhéal faoi bhun 55dB $L_{den}$ faoi 3dB ach fanfaidh siad faoi bhun 60dB $L_{den}$. Tá cúig shuíomh a ardóidh os cionn 60dB $L_{den}$, ach ag trí cinn de na suíomhanna sin beidh an leibhéal tuartha Déan an Méid is Lú os cionn 60dB $L_{den}$, agus ag suíomh amháin beidh an leibhéal tuartha Déan an Méid is Lú mar a chéile le Déan Rud Éigin. Is ionann na huasleibhéil torainn tuartha sa chuid seo agus 64dB $L_{den}$, ach, tá sé sin i gcomhréir leis an gcás Déan an Méid is Lú.

Dá bhrí sin, táthar ag tuar go mbeidh tionchair ar shláinte an duine ó bheagán go measartha diúltach.

*Ch. 12+100 go 14+000 (Acomhal Bhóthar Áth Cinn an N84 go dtí Acomhal Bhóthar Thuama an N83)*

Sa cheantar seo tá formhór na ngabhdóirí faoi 55dB $L_{den.}$ Ag ceithre shuíomh dhéag ardóidh na leibhéil torainn tuartha ó leibhéal faoi bhun 55dB $L_{den}$ faoi 3dB ach fanfaidh siad faoi bhun 60dB $L_{den}$. Ag sé shuíomh ardóidh leibhéil torainn os cionn 60dB $L_{den}$, ach ag na suíomhanna sin tá na leibhéil torainn reatha os cionn 55dB $L_{den}$. Ag suíomh amháin, ardóidh na leibhéil torainn tuartha ó faoi bhun 55dB $L_{den}$ chuig uasmhéid 62dB $L_{den}$. Beidh an réadmhaoin seo á fáil mar chuid den Tionscadal, mar sin ní thuartar aon tionchar diúltach.

Dá bhrí sin, táthar ag tuar go mbeidh tionchair ar shláinte an duine ó bheagán go measartha diúltach. Ní thuartar aon drochthionchar suntasach ar Scoil Náisiúnta an Chaisleáin Ghearr ná ar an réamhscoil Beoga. Tá tábhacht ar leith ag baint leis seo toisc go bhfuil áiseanna ag Scoil an Chaisleáin Ghearr do leanaí le Neamhord de chuid Speictream an Uathachais.

*Ch. 14+000 go 17+500 (Acomhal Bhóthar Thuama an N83 chuig Cúlach)*

Sa cheantar seo tá formhór na ngabhdóirí faoi 55dB $L_{Oíche}$. Tuartar go dtarlóidh ardú faoi 3dB ag cúig shuíomh, ó leibhéal faoi bhun 55dB $L_{den}$ in Déan an Méid is Lú chuig Déan Rud Éigin, ach ní sháróidh na leibhéil ag na suíomhanna seo 60dB $L_{den}$. Dá bhrí sin, táthar ag tuar go mbeidh tionchair ar shláinte an duine ó bheagán go diúltach.

Tá Clinic na Gaillimhe os cionn 55dB$L_{Oíche}$ ach mar atá luaite níl ach athrú 3dB i gceist. Tá seo níos lú ná an tairseach 3dB atá luaite thuas, mar sin tá an tionchar ar Chlinic na Gaillimhe do-bhraite. Mar sin ní thuartar aon drochthionchar ar shláinte an duine.

De réir na gcritéar i dtaca le tábhacht na dtionchar ar shláinte an duine leagtha amach i Tábla 19.7 tá tionchar beag i dtaca le torann agus ní thuartar aon drochthionchar ar shláinte an duine.

***Creathadh***

I gCaibidil 18, Torann agus Creathadh rinneadh measúnú ar na tionchair fhéideartha maidir le creathadh sa tréimhse tógála agus oibríochta de bharr an Tionscadail. Ar an iomlán tuartar go mbeidh an tionchar ó chreathadh an-íseal agus de réir sin níl sé suntasach. Cé go mbeidh méid áirithe creathaidh, amhail pléascadh nó druileáil, go háitiúil i dtréimhsí den tógáil, beidh na tréimhsí seo gearr agus áitiúil agus tarlóidh an creathadh sna huaireanta tógála. Toisc go mbeidh na tréimhsí gearr ní bheidh aon drochthionchar ar shláinte.

Tá an tionchar féideartha maidir le creathadh sa chéim oibríochta leagtha amach i gCaibidil 18, Torann agus Creathadh agus tuartar go mbeidh sé neamhshuntasach. Mar sin ní bheidh drochthionchar ar shláinte.

De réir na gcritéar i dtaca le tábhacht na dtionchar ar shláinte an duine, leagtha amach i Tábla 19.7 thuas, meastar go bhfuil an tionchar féideartha ó chreathadh Do-airithe.

***Cáilíocht an Aeir***

Mura sáraítear na caighdeáin um cháilíocht an aeir, is féidir glacadh leis nach mbeidh aon drochthionchar ar shláinte an duine mar gheall ar astaíochtaí aeir. Déantar plé breise ar seo thíos.

Mar atá sonraithe i gCaibidil 16, Cáilíocht an Aeir, sainaithníodh gabhdóirí leochaileacha, is iad sin daoine agus gabhdóirí éiceolaíochta i limistéar staidéir an Tionscadail agus aithnítear an deannach is dócha a mbeidh ar thoradh ar obair sa chéim thógála, deannach atá níos troime le cáithníní níos mó de ghnáth. Toisc go bhfuil siad níos troime titeann siad go talamh go tapa agus bíonn leibhéal an-teoranta acu taobh amuigh den láthair tógála. Tá fadhbanna féideartha maidir le sláinte cheirde, agus mar sin beidh gá le trealamh cosanta riospráide i gcéimeanna áirithe den obair. Ach mar a léiríodh i gCaibidil 16, Cáilíocht an Aeir, sa chás go bhfágann deannach chomh mór sin an láithreán, deannach atá chomh mór le 10 miocrón, níl sé inanálaithe agus ní bheidh tionchair shuntasacha aige ar shláinte an duine.

Cé go bhfuil an Tionscadal forleathan go leor beidh an tionchar féideartha aeir ar aon ghabhdóir teoranta, de bhrí go mbeidh an ghníomhaíocht ag aon suíomh, teoranta ó thaobh ama agus scála de. Mar sin beidh an fhéidearthacht i dtaca le tionchair ar shláinte an duine, teoranta.

Déantar measúnú ar thionchair fhéideartha aeir de réir Threoirlínte ábhartha TII i gCaibidil 16, Cáilíocht an Aeir. Cuireadh na torthaí ón monatóireacht ar chaighdeán bonnlíne an aeir agus ar na tionchair fhéideartha, a bhfuil tuairisc iomlán orthu i gCaibidil 16, Cáilíocht an Aeir i gcomparáid leis na caighdeáin aeir sa chéim thógála agus sa chéim oibríochta chun a fháil amach an dócha go mbeidh tionchar ar an tsláinte.

Tar éis an mhonatóireacht agus an maolú a chur i bhfeidhm, tuartar go mbeidh tionchar diúltach, tionchar beag agus gearrthéarma ag an Tionscadal ar cháilíocht an aeir, mar a sainmhíníodh i gCaibidil 16, Cáilíocht an Aeir[21], i ngaireacht na n-oibreacha le linn chéim na tógála agus mar sin beidh tionchar do-airithe ar shláinte an duine. Comhlíonfaidh leibhéil cháilíocht an aeir caighdeáin cháilíocht an aeir do chosaint an duine agus dá réir sin beidh tionchar do-airithe ar shláinte an duine.

***Uisce***

Mar a aithnítear i gCaibidil 10, Hidrigeolaíocht agus i gCaibidil 11, Hidreolaíocht ní shamhlaítear go mbeidh aon tionchar diúltach ó uisce dromchla, nó ó screamhuisce. Chuige sin ní bheidh aon tionchar ar shláinte an duine.

Baineadh de thátal sa mheasúnacht hidirgeolaíochta mar gheall ar an maolú atá beartaithe go mbeidh tionchar beag iarmharach ón Tionscadal ó thaobh cáilíocht an screamhuisce mar acmhainn. Chomh fada is a bhaineann sé leis an méid screamhuisce atá ar fáil laistigh den uiscíoch (toradh na hacmhainne) beidh tionchar do-airithe ann ar scála réigiúnach. Luadh ann go mbeidh tionchar aige ar roinnt toibreacha aonair ó thaobh sreabhadh nó cáilíocht an uisce, mar sin féin ní bheidh aon tionchar ar cháilíocht uisce inólta toisc go mbainfear úsáid as soláthairtí malartacha más gá. Coinneofar súil ar chaighdeáin cháilíocht an uisce ag gach tráth chun sláinte an phobail a chinntiú.

Ina theannta sin, is í Abhainn na Gaillimhe an phríomhfhoinse uisce do chathair na Gaillimhe. Tá astarraingt an uisce lonnaithe 1.7km i dtreo bhéal na habhann ó Dhroichead Abhainn na Gaillimhe atá beartaithe agus dá bhrí sin tá sé i mbaol truaillithe ón Tionscadal, go háirithe nuair a bheidh an bóthar á thógáil. Cuirfear maolú suntasach i bhfeidhm agus cuirfear smacht ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le gníomhaíochtaí tógála a d'fhéadfadh truailliú a chruthú agus laghdóidh siad sin go léir an baol tionchair.

Cuirtear baol truaillithe i láthair freisin don soláthar seo sa chéim oibríochta ó dhoirteadh de thaisme agus ó ghnáth-sceitheadh bóthair. Tá bearta rialaithe truaillithe curtha sa dearadh chun an riosca a laghdú.

Ag glacadh leis go gcloífidh na soláthairtí uisce iarmharaigh go léir le caighdeáin cháilíochta uisce meastar go bhfuil na tionchair fhéideartha ar shláinte an duine Do-airithe.

Anuas air sin, nuair a fhéachtar ar an rud i gcoitinne, léiríodh sa mheasúnú ar an riosca tuilte nach dtiocfaidh aon tionchar suntasach tuilte chun cinn ón bhforbairt bóthair atá beartaithe agus dá bhrí sin nach mbeidh aon tionchar aige ar shláinte an duine.

Cáilíocht an uisce

Mar a sonraíodh i gCaibidil 10, Hidrigeolaíocht agus i gCaibidil 11, Hidreolaíocht, bhíothas an-chúramach chun a chinntiú nach mbeidh aon tionchar tromchúiseach ag an bhforbairt ar cháilíocht an uisce. Cuirtear bearta maolaithe i bhfeidhm nuair is gá lena chinntiú go leanfar de sholáthar leanúnach uisce óil atá ar ardchaighdeán agus sábháilte. Faigheann formhór mór na dtithe cónaithe sa cheantar a gcuid uisce ón bpríomhlíonra agus beifear fós i mbun monatóireachta air sin ar an ngnáthbhealach.

Ní thuartar aon tionchar tromchúiseach ar cháilíocht uisce agus dá bhrí sin ní bheidh aon tionchar aige ar an tsláinte.

Tuilte

Cuireadh an riosca tuilte san áireamh ag gach céim de dhearadh chéim thógála agus oibríochta an Tionscadail. Baineann sé sin go háirithe ar ndóigh leis an gceantar atá díreach in aice le hAbhainn na Gaillimhe. Cinnteofar leis an dearadh a bhainfidh le tógáil Dhroichead Abhainn na Gaillimhe agus na hoibreacha coimhdeacha nach mbeidh aon bhaol méadaithe tuilte ann agus go deimhin tá bearta um chosaint ar thuilte curtha san áireamh agus dá bhrí sin ní bheidh aon tionchar aige ar an tsláinte.

[21] I gcás ina bhfuil méadaíocht thionchar na n-athruithe i dtiúchan $PM_{10}$ do-airithe, ansin déanfar cur síos ar an tionchar mar cheann fánach

***Tírdhreach agus Amhairc***

Tá measúnú fairsing déanta ar na tionchair i gCaibidil 12 den TMTT nuashonraithe seo. Thángthas ar an gconclúid a leanas ann:

> *I dtéarmaí tírdhreacha agus amhairc, beidh tionchar teoranta ag na bearta maolaithe le linn na céime tógála, ach baineann siad le forbairt eagraithe, le cosaint an tírdhreacha ar an tógáil talún agus lasmuigh di agus leis an tionchar amhairc agus an cur isteach a íoslaghdú más féidir. Ar an gcúis sin, meastar go leanfaidh drochthionchair fhéideartha ó thaobh tírdhreacha agus amhairc de ar aghaidh, mar a thugtar breac-chuntas orthu i gCaibidil 12 den TMTT nuashonraithe seo, fiú amháin le bearta maolaithe curtha i bhfeidhm, le linn na céime tógála sealadaí agus gearrthéarmaí den Tionscadal.*

Mar gheall go bhfuil na héifeachtaí seo sealadach meastar go bhfuil an tionchar ar shláinte an duine agus go háirithe ar shláinte síceolaíoch do-airithe agus sealadach.

Sa chéim oibriúcháin, déantar an tionchar a mheas i gCaibidil 12 go mbeidh an chéim oibriúcháin tosaigh den Tionscadal ina chúis le raon tionchar suntasach, an-suntasach agus trom ó thaobh tírdhreacha agus amhairc de ó chéim tógála agus oibríochtúil an Tionscadail, ar a laghad go dtí an uair a bheidh na tograí fairsinge maolaithe tírdhreacha bunaithe agus éifeachtach i bhfeidhm. De réir mar a chuirtear plandaí agus mar a fhásann siad, rachaidh cruas an tírdhreacha agus na tionchair fhisiúla in éag diaidh ar ndiaidh.

Fiú amháin le forbairt an phlandaithe mhaolaithe, leanfaidh tionchar diúltach amhairc ag teacht aníos le haghaidh réadmhaoine cónaithe agus eile atá suite gar do theorainn an Tionscadail nó in aice leis, agus áit a dtrasnaíonn an N6 GCRR atá beartaithe lena n-áirítear Droichead mór Abhainn na Gaillimhe limistéir íogaire tírdhreacha.

Dá bhrí sin, déantar measúnú ar an tionchar ar shláinte agus go háirithe ar shláinte shíceolaíoch a bhaineann leis an athrú tírdhreacha amhail beagán diúltach agus fadtéarma. I ndáiríre, is iondúil go dtéann daoine i gcleachtadh ar thírdhreach amhairc nua. Ní dhéantar measúnú ar na tionchair dá bhrí sin mar shuntasach.

***Ithreacha***

<u>Éilliú Ithreach</u>

Mar a shonraítear i gCaibidil 9, Ithreacha agus Geolaíocht ní heol aon limistéir tailte éillithe a bheith á dtrasnú ag an Tionscadal. Cé nach meastar go mbeidh éilliú ithreach de bharr aon chuid de na hoibreacha tógála nó oibríochta beidh sé de dhualgas ar an gconraitheoir monatóireacht a dhéanamh ar an tógáil ag gach céim. I gcás ina dtugtar aon fhoinse éillithe faoi deara, i dtochailt nó ar aon bhealach eile, chaithfí aghaidh a thabhairt air sin ag an am i gcomhairle le comhlachtaí reachtúla mar an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Cinnteoidh sé sin fiú má thugtar foinse éillithe faoi deara agus gach seans nach dtabharfar, go mbeidh bearta maolaithe iomchuí i bhfeidhm lena chinntiú nach mbeidh aon tionchar tromchúiseach aige ar shláinte an duine.

<u>Radón</u>

Is limistéar mór radóin é an chuid sin de Ghaillimh a rachaidh an Tionscadal tríd. Is é nuair a théann an radón i dtreis i bhfoirgnimh ina bhfuil daoine ina gcónaí amháin a tharlaíonn an baol don tsláinte. Déanfar tochailtí agus gníomhaíochtaí tollánaithe i rith na tógála. D'fhéadfadh roinnt radóin sceitheadh mar gheall air sin. Mar sin féin, scaipfidh sé sin beagnach láithreach agus ní bheidh aon dochar ann.

Gabhfaidh an radón a sceithfidh as carraig san áit is lú friotaíochta. Tá radón ag sceitheadh i gcónaí ach ní bhíonn aon tionchar aige ar an tsláinte nuair a scaoiltear amach san aer é.

Beidh sé de thionchar ag na gníomhaíochtaí tochailte agus tollánaithe, sin má bhíonn aon tionchar in aon chor acu, agus seans nach mbeidh, ach cuirfidh siad an radón ar mhalairt slí ar shiúl ó thithe cónaithe seachas ina dtreo toisc go bhféadfaidh an radón bealach níos éasca a aimsiú chuig an dromchla tríd na tochailtí seachas an bealach a bhfuil sé ag dul faoi láthair. Ní bheidh daoine a d'fhéadfadh a bheith i mbaol toisc go gcónaíonn agus go n-oibríonn siad i limistéar ina bhfuil leibhéal ard radóin, i mbaol níos mó mar gheall ar an tógáil beartaithe nó go deimhin mar gheall ar oibriú an Tionscadail.

Meastar go bhfuil tionchar féideartha chéimeanna tógála agus oibríochta an Tionscadail ar shláinte an duine i dtaca le radón do-airithe.

***Síceolaíoch***

Faoi mar atá leagtha síos i gCaibidil 15, Sócmhainní Ábhartha Neamhthalmhaíochta, ceapadh an N6 GCRR chun an oiread réadmhaoine agus is féidir a sheachaint ach mar gheall ar an timpeallacht thógtha agus ar fhorbairt líneach na cathrach agus tithe ar gach bóthar atá ag gobadh amach as an gcathair, ar an drochuair caithfear roinnt réadmhaoine a fháil agus a scartáil mar gheall ar thógáil an bhóthair agus ní rud é sin is féidir a sheachaint. Tá soláthar na stáblaí sealadacha agus buana le haghaidh oibriú leanúnach Ráschúrsa na Gaillimhe ar thailte faoi úinéireacht Iontaobhas Choiste Rásaí na Gaillimhe nó ar thailte a bhfuil Comhairle Chontae na Gaillimhe dulta i mbun conarthaí ceangailteacha chun iad a cheannach agus dá réir sin níl siad san áireamh leis an líon seo.

Breithníodh roinnt roghanna malartacha don réiteach iompair mar atá sonraithe i gCaibidil 4, Roghanna Eile a Breithníodh, ach baineadh de thátal as an mbreithniú sin ar na roghanna eile go léiríonn an N6 GCRR an réiteach iompair is fearr agus gur seachnaíodh leis an líon is mó de shrianta do-aistrithe atá ar eolas agus gurb é sin an rogha a mbeidh an tionchar comhshaoil is lú aige ag cur gach tionchar comhshaoil eile a d'fhéadfadh tarlú san áireamh. Tá imní i ndáiríre ar na daoine atá ina gcónaí sna tithe sin go mbeidh tionchar tromchúiseach aige seo ar fad ar a saol. Tá blianta fada caite ag cuid acu sa cheantar nó go deimhin a saol ar fad ag cuid eile acu. Sa chás go gceadóidh an Bord Pleanála an Scéim Bóithre Cosanta agus an Scéim Mótarbhealaí agus go gceadófar sin faoi Alt 51 d'Acht na mBóithre 1993 (arna leasú) agus faoi réir maoiniú a bheith ar fáil, seirbheálfar Fógra Gnóthaíochta ar dtús báire ar úinéirí, ar léasaithe agus ar áititheoirí na dtithe cónaithe agus na maoine tráchtála a bheidh le ceannach, laistigh de sé mhí ó thiocfaidh an scéim i bhfeidhm, sin mura mbeidh iarratas déanta ar Athbhreithniú Breithiúnach, agus sa chás sin déanfar an Fógra Gnóthaíochta[22] a sheirbheáil de réir fhorálacha Alt 217 (6A) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 mar atá curtha isteach ag an Acht um Orduithe Ceannaigh Éigeantaigh (Teorainneacha Ama a Fhadú) 2010. Is é/í an t-eadránaí maoine a chomhaontóidh nó a chinnteoidh cúiteamh chomh luath agus is féidir ach a ndéanfar an Fógra Gnóhaíochta a sheirbheáil. Ach a mbeidh an cúiteamh comhaontaithe nó cinntithe agus teideal sásúil tugtha, féadfar íocaíocht i bpáirt a dhéanamh agus féadfaidh an t-éilitheoir fanacht ar feadh tréimhse chomhaontaithe sa mhaoin a bheidh le ceannach. Leis sin cuirfear deireadh leis an éiginnteacht a bheidh ar an éilitheoir agus éascóidh sé socruithe a bheith á ndéanamh, chomh luath agus is féidir, chun maoin eile a chinntiú dó féin.

Cuirfear isteach freisin ar an bpobal mar gheall ar thionchar sealadach na bainistíochta tráchta agus mar gheall ar rudaí eile a chuirfidh isteach orthu i rith na tógála. Ina choinne sin d'fhéadfadh sé nach mbeadh úsáideoirí an bhóthair chomh corraithe sa chéim oibríochta nuair atá agaí taistil laghdaithe ann.

Cé nach féidir neamhaird a dhéanamh de dhuine a bheadh corraithe, ní féidir a rá gur tionchar sláinte ann féin é a bheith corraithe. Níl aon fhianaise ann go mbíonn tionchar suntasach ar shláinte an duine díreach de bharr leibhéil fhánacha corraitheachta. Sna himthosca sin meastar go bhfuil na tionchair dhiúltacha Beag. Ina theannta sin, cé go bhféadfadh tionchair dhearfacha a bheith ann do dhuine nach mbeadh chomh corraithe de bharr a bheith sáinnithe i dtrácht is beag fianaise atá ann go mbíonn tionchair dhearfacha aige ar shláinte an duine agus meastar go bhfuil an tionchar dearfach Beag freisin.

Is fiú a thabhairt faoi deara go bhfaighidh an N6 GCRR atá beartaithe réidh le go leor den bhrú tráchta as lár na cathrach agus an baol go mbeidh coimhlint idir trácht feithiclí agus coisithe agus rothaithe, rud a laghdóidh dá bharr líon na n-imbhuailtí agus na mbásanna a d'fhéadfadh tarlú. Ní hamháin go mbeadh tionchar dearfach suntasach ag seachaint básanna agus díobhálacha tromchúiseacha ar bhonn aonair, ach bheadh tionchar tromchúiseach ollmhór ag díobháil nó ag bás den sórt sin ar theaghlach, cairde agus ag comhghleacaithe an duine sin a fhágann gur féidir leis tionchar níos leithne a bheith aige ar shláinte shíceolaíoch an phobail.

[22] Iarrann an fógra seo ar úinéirí talún a n-éileamh ar chúiteamh do thalamh atáthar a thógáil faoin Scéim Bóithre Cosanta nó an Scéim Mótarbhealaí a chur isteach. Seo é an chéad chéim chun réadmhaoin agus talamh a cheannach

D'fhéadfadh tionchair shíceolaíocha thromchúiseacha a bheith ag an gcás Déan an Méid is Lú. Fágfaidh agaí taistil níos faide agus éiginnteacht an t-am ar fad go mbeidh daoine corraithe ar a laghad ar bith agus níos measa ná sin fágfaidh siad tionchar ar shláinte shíceolaíoch an duine má théann an cás go cnámh na huillinne.

Mar a shonraítear i gCuid 19.5.3 agus 19.5.4 cruthóidh an N6 GCRR atá beartaithe roinnt deighilt fhisiceach agus shóisialta. I gcás ina dtarlaíonn deighilt d'fhéadfadh tionchar síceolaíoch a bheith aige sin. Éiríonn duine uaigneach má mhothaíonn sé scoite amach mar shampla. Agus ina choinne sin d'fhéadfadh tionchar dearfach síceolaíoch a bheith ann i gcás ina gcruthaíonn nascacht fheabhsaithe éascaíocht gluaiseachta níos fearr timpeall na cathrach. D'fhéadfadh sé sin naisc níos dlúithe a éascú le cairde nó gaolta rud a bhféadfaí cur isteach orthu dá gceapfaí go raibh turais fada nó deacair.

Tríd is tríd, mar sin, beidh an measúnú ar an tionchar síceolaíoch ar dhaonra pobail dearfach ar an iomlán. Mar sin féin, caithfear a rá ach nach mothóidh daoine áirithe, go háirithe iad sin a gcaithfear a gcuid tithe a fháil go héigeantach, an tairbhe pobail.

### *19.5.6.2 Feabhas ar an tSláinte*

Mar a shonraítear i gCuid 19.5.3 agus 19.5.4, d'fhéadfadh buntáistí socheacnamaíocha suntasacha a bheith ag gabháil leis an Tionscadal don Daonra. Éascóidh sé iompar earraí agus daoine ar bhealach caoithiúil, iontaofa agus éifeachtúil. Gheofar amach an buntáiste eacnamaíoch iomlán nuair a thabharfar an Tionscadal chun críche. Déanfar inrochtaineacht ar ghnólachtaí agus ar shaoráidí pobail i gCathair na Gaillimhe agus sna ceantair máguaird agus sna Páirceanna Gnó sa Pháirc Mhór agus i mBaile an Bhriotaigh a éascú níos fearr leis an N6 GCRR atá beartaithe agus an laghdú tráchta a bheidh mar thoradh uirthi. Soláthróidh sé tairbhí chomh maith do ghnólachtaí agus do shaoráidí pobail i gCathair na Gaillimhe trí thruailliú torainn agus aeir a laghdú. Agus as sin ar fad beidh deis níos mó ann do Réigiún an Iarthair rathúnas eacnamaíoch a bhaint amach, agus Cathair na Gaillimhe mar chathair faoi bhláth ina chroílár, agus í ábalta a cion a dhéanamh chun geilleagar na hÉireann a neartú.

Cé go bhféadfaí na buntáistí a bhrath níos mó i gCathair agus i gContae na Gaillimhe, d'fhéadfaí é a bhrath go háirithe in Iarthar na Gaillimhe. Mar a tugadh faoi deara níos túisce sa chaibidil, sainaithnítear sa léarscáil díothachta atá sonraithe i bPróifíl Sláinte Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte do Chontae na Gaillimhe go leor de na limistéir is díothaithe i gContae na Gaillimhe mar chinn atá siar ón gcathair i gConamara. Is dóigh gurb iad sin na ceantair is mó a bhainfidh leas socheacnamaíoch as an Tionscadal. Mar atá leagtha síos i gCuid 19.2.5 nuair a chuirtear feabhas ar chúinsí socheacnamaíocha cuidíonn sé sin chun sláinte agus folláine na bpobal atá díothaithe ar bhonn socheacnamaíoch a fheabhsú. Ciallaíonn sé sin dá bhrí sin go gcuideoidh buntáistí socheacnamaíocha an Tionscadail a mhothaíonn an Daonra le buntáistí sláinte freisin.

Éascóidh trasrian breise d'Abhainn na Gaillimhe a chuirfear ar fáil laghdú ar bhrú tráchta ar bhóithre lár na cathrach, agus beifear in ann spás bóthair a thabhairt amach i líonra na cathrach do mhodhanna iompair gan inneall, rud a éascóidh dá bhrí sin cur i bhfeidhm éifeachtach gach ceann de na gnéithe i Straitéis Iompair na Gaillimhe, eadhon feabhas ar iompar poiblí, bearta rothaíochta agus siúlóide agus tugtar deis chun feabhas a chur ar an tsláinte.

Mar a shonraítear i gCaibidil 3 den TMTT nuashonraithe seo, cumasóidh an N6 GCRR spás bóthair reatha a ath-leithroinnt laistigh den chathair ar iompar poiblí agus ar bhearta soghluaisteachta cliste agus dá bhrí sin éascófar cur i bhfeidhm iomlán Straitéis Iompair na Gaillimhe. Éascófar córas iompair phoiblí níos tíosaí leis agus beidh soláthar ann le haghaidh rogha ilmhódach taistil lena n-áirítear siúl agus rothaíocht. Taispeántar in anailís ar an tsamhail thráchta gur tháinig méadú ar rothaíocht le cur i bhfeidhm SIG agus laghdú beag ar shiúl mar gheall gur aistrigh daoine ó bheith ag siúl go dtí rothaíocht nó iompar poiblí, mar sin féin, beidh buntáiste foriomlán i dtéarmaí na ndeiseanna a bheidh ann aclaíocht a dhéanamh agus na buntáistí sláinte a ghabhann leis sin. Cuideoidh na deiseanna méadaithe chun aclaíocht a dhéanamh, de bharr timpeallacht a mbeadh sé níos éasca a bheith ag siúl agus ag rothaíocht ann, go mbeidh an caidreamh sóisialta i measc comharsan níos fearr mar go bhfuiltear srianta faoi láthair mar gheall ar an iomarca tráchta, agus tugann na rudaí sin go léir deiseanna suntasacha chun feabhas a chur ar an tsláinte.

Nuair a mhéadaítear deiseanna i gcomhair aclaíochta bítear in ann buntáistí a chruthú do shláinte an duine.

Is modh aitheanta é aclaíocht chun riosca a laghdú i dtéarmaí murtaill, diaibéiteas, brú fola, galar cardashoithíoch agus oistéapóróis agus riochtaí eile nach iad. Bíonn buntáistí móra síceolaíocha ann freisin agus taispeántar i staidéar i ndiaidh staidéir go bhfuil folláine féintuairiscithe i bhfad níos airde ina measc siúd a dhéanann aclaíocht.

Ceann de na cuspóirí tionscadail mar atá leagtha síos i gCaibidil 3 den TMTT nuashonraithe seo is ea sábháilteacht. Tá an Tionscadal deartha chuig na leibhéil sábháilteachta is fearr, an N6 GCRR atá beartaithe agus na stáblaí araon. Is maith is eol do chách go bhfuil leibhéil timpistí níos lú ar bhóithre atá deartha chuig caighdeáin shábháilte. Tá sé de bhuntáiste breise freisin ag an N6 GCRR atá beartaithe an trácht a bhogadh ar shiúl ó thrácht coisithe rud a laghdaíonn an baol go ngortófar nó go marófar coisithe. Tugann sé isteach deiseanna i gcomhair taisteal níos sábháilte do rothaithe trí bhearta rothaíochta atá áirithe in SIG a thabhairt isteach.

D'fheabhsódh an N6 GCRR atá beartaithe tuilleadh rochtana ar chúram sláinte trí nascacht iompair phoiblí agus phríobháideach fheabhsaithe, agus d'fhéadfadh sé freagairt éigeandála níos tapúla agus níos sábháilte a éascú trí acmhainn agus athléimneacht fheabhsaithe bóthair. Otharcharranna a bheith in ann cás éigeandála a shroicheadh i nóiméid in ionad moill a bheith orthu i dtrácht throm, agus ar ndóigh beidh buntáistí aige sin don tsláinte agus d'fhéadfadh sé beatha duine a shábháil. Atreisíonn an staidéar le Lyon et Al[23], an pointe seo trí thaispeáint go bhfuil ráta marthanais feabhsaithe le líon na ndaoine a fhaigheann taom croí lasmuigh den ospidéal agus agaí freagartha níos tapúla ó na seirbhísí éigeandála. Tá an feabhas sin chomh tábhachtach céanna i dtaca leis an gceannteideal thíos faoi sheirbhísí a fheabhsú.

### *19.5.6.3 Rochtain Fheabhsaithe ar Sheirbhísí*

I gcás tiománaithe feithiclí feabhsófar an cumas a bheidh ann seirbhísí a rochtain leis an N6 GCRR atá beartaithe. Nuair a chuirfear trácht ar mhalairt slí ar shiúl ó shráideanna gnóthacha lár na cathrach beidh daoine in ann siopaí, bialanna, pictiúrlanna agus seirbhísí eile a rochtain níos éasca agus ní bheidh an oiread moille orthu.

Ar an gcaoi chéanna, i gcás daoine a chaithfidh dul trasna lár na cathrach chun seirbhísí a rochtain, déanfar rudaí níos éasca dóibhsean freisin de bharr an N6 GCRR atá beartaithe. Beidh sé sin amhlaidh go háirithe dóibh sin atá ina gcónaí siar ó Abhainn na Gaillimhe. Beidh nascacht níos éifeachtúla agus níos iontaofa freisin ar an líonra bóithre náisiúnta. Tá sé sin tábhachtach go háirithe i gcomhthéacs na hÉireann toisc go bhfuil go leor seirbhísí sláinte lonnaithe i mBaile Átha Cliath mar shampla, Ospidéal Náisiúnta nua na Leanaí.

Tá an fhéidearthacht ann freisin go bhfeabhsóidh an N6 GCRR atá beartaithe rochtain ar sheirbhísí d'úsáideoirí iompair gan inneall chun dul chomh fada le príomhsheirbhísí. Mar a luadh roimhe seo nuair a chuirfear an trácht ar mhalairt slí ar shiúl ó lár na cathrach déanfar éascaíocht d'iompar poiblí ó thaobh busanna agus tacsaithe de. Nuair a thiocfaidh laghdú ar thrácht éascófar freisin rochtain rothaíochta agus do choisithe ar sheirbhísí go háirithe timpeall ar shráideanna na cathrach a bhfuil go leor úsáide á baint astu.

Is léir dá bhrí sin i dtaca le rochtain ar sheirbhísí go mbeidh an tionchar a bheidh ag an N6 GCRR atá beartaithe thar a bheith dearfach. É sin ráite, bheadh ar dhaoine áirithe, cé nach mbeadh i gceist ach beagán, a bhfuil cónaí orthu nó ag rochtain limistéar i ngarchomharsanacht an N6 GCRR atá beartaithe, ar chúiseanna deighilte nó dúnadh bóthair dul ar mhalairt slí ar bhealach éigin óna gcuid bealaí reatha. A luaithe is a fhaigheann siad rochtain ar na naisc iompair, áfach, bainfidh siadsan freisin tairbhe as rochtain fheabhsaithe ar sheirbhísí.

---

[23] Lyon RM, Cobbe SM, Bradley JM*, et al*

Aguisín ASurviving out of hospital cardiac arrest at home: a postcode lottery?

Aguisín B*Emergency Medicine Journal* 2004;**21:**619-624

### *19.5.6.4 Achoimre*

Mar achoimre, cumhdaíonn cosaint sláinte tionchair shláinte an Tionscadail ag éirí as torann, creathadh, astaíochtaí aeir, éilliú uisce agus ithreach agus saincheisteanna síceolaíocha. Thángthas ar an gconclúid sa mheasúnacht riosca ar leochaileacht an athraithe aeráide nach mbeadh éifeacht shuntasach i dtéarmaí MTT i gcás neamhchoitianta ina dtarlódh tuilte nó i gcás ina mbeadh teas mór ann agus níor measadh é maidir le tuilleadh tionchar féideartha ar shláinte an duine. Ina theannta sin, caitear leis an mbaol tuilte faoin gconair uisce sa mheasúnú sláinte thuas.

Rinneadh measúnú ar thorthaí na monatóireachta ar thorann agus na dtionchar féideartha atá leagtha síos i gCaibidil 18, Torann agus Creathadh agus ní mheastar go mbeidh aon tionchar diúltach suntasach do shláinte an duine mar thoradh ar astaíochtaí torainn. Tá an tionchar measta ó chreathadh an-íseal agus ní dóigh go bhfuil sé suntasach. Dá bhrí sin, meastar go bhfuil an tionchar féideartha de bharr chreathaidh Do-airithe.

Meastar go mbeidh tionchar beag diúltach ag an Tionscadal ar cháilíocht an aeir ar fud an limistéir staidéir i rith na gcéimeanna tógála agus dá bhrí sin meastar go mbeidh tionchar do-airithe aici ar shláinte an duine. Cé go mbeidh tionchar neodrach i roinnt limistéar den limistéar staidéir ar cháilíocht an aeir i rith na céime oibríochta beidh na leibhéil cáilíochta aeir go léir go maith laistigh de na caighdeáin cháilíochta aeir agus mar sin beidh tionchar do-airithe acu ar shláinte an duine.

Ag glacadh leis go gcloífidh na soláthairtí uisce iarmharaigh go léir le caighdeáin cháilíochta uisce meastar go bhfuil na tionchair fhéideartha ar shláinte an duine Do-airithe. Ní thuartar aon tionchar tromchúiseach ar cháilíocht uisce agus dá bhrí sin ní bheidh aon tionchar aige ar an tsláinte. Anuas air sin, nuair a fhéachtar ar an rud i gcoitinne, léiríodh sa mheasúnú ar an riosca tuilte nach dtiocfaidh aon tionchar suntasach tuilte chun cinn ón Tionscadal atá beartaithe agus dá bhrí sin nach mbeidh aon tionchar aige ar shláinte an duine. Níl aon tionchair réamh-mheasta ar shláinte an duine mar gheall ar éilliú ithreach nó radón.

Tá imní mhór ar dhaoine atá ina gcónaí i dtithe atá le ceannach nó le scartáil chun an N6 GCRR atá beartaithe a thógáil go mbeidh tionchar tromchúiseach aige seo ar fad ar a saol. Tá blianta fada caite ag cuid acu sa cheantar nó go deimhin a saol ar fad ag cuid eile acu.

Gheobhaidh an N6 GCRR atá beartaithe réidh le go leor den bhrú tráchta as lár na cathrach agus an baol go mbeidh coimhlint idir trácht feithiclí agus coisithe agus rothaithe, rud a laghdóidh dá bharr líon na n-imbhuailtí agus na mbásanna a d'fhéadfadh tarlú. Cruthóidh an N6 GCRR atá beartaithe méid áirithe deighilt fhisiceach agus shóisialta. I gcás ina dtarlaíonn deighilt d'fhéadfadh tionchar síceolaíoch a bheith aige sin. Éiríonn duine uaigneach má mhothaíonn sé scoite amach mar shampla. Agus ina choinne sin d'fhéadfadh tionchar dearfach síceolaíoch a bheith ann i gcás ina gcruthaíonn nascacht fheabhsaithe éascaíocht gluaiseachta níos fearr timpeall na cathrach. D'fhéadfadh sé sin naisc níos dlúithe a éascú le cairde nó gaolta rud a bhféadfaí cur isteach orthu dá gceapfaí go raibh turais fada nó deacair.

Tríd is tríd, mar sin, beidh an measúnú ar an tionchar síceolaíoch ar dhaonra pobail dearfach ar an iomlán. Mar sin féin, caithfear a rá ach nach mothóidh daoine áirithe, go háirithe iad sin a gcaithfear a gcuid tithe a fháil go héigeantach, an tairbhe pobail.

Beidh tionchair fhéideartha an N6 GCRR atá beartaithe sa chéim oibríochta dearfach den chuid is mó agus deiseanna suntasacha ann d'fheabhsuithe sláinte. Áirítear leo sin, ach níl siad teoranta dóibh, do rochtain fheabhsaithe ar sheirbhísí lena n-áirítear seirbhísí éigeandála, an fhéidearthacht le haghaidh forbairt shocheacnamaíoch leis na feabhsuithe sláinte gaolmhara. Éascóidh trasrian breise d'Abhainn na Gaillimhe a chuirfear ar fáil laghdú ar bhrú tráchta ar bhóithre lár na cathrach, agus beifear in ann spás bóthair a thabhairt amach i líonra na cathrach do mhodhanna iompair gan inneall, rud a éascóidh dá bhrí sin cur i bhfeidhm éifeachtach gach ceann de na gnéithe i Straitéis Iompair na Gaillimhe, eadhon feabhas ar iompar poiblí, bearta rothaíochta agus siúlóide agus tugtar deis chun feabhas a chur ar an tsláinte leis na deiseanna méadaithe i gcomhair aclaíochta. D'fheabhsódh an N6 GCRR atá beartaithe tuilleadh rochtana ar chúram sláinte trí nascacht iompair phoiblí agus phríobháideach fheabhsaithe, agus d'fhéadfadh sé freagairt éigeandála níos tapúla agus níos sábháilte a éascú trí acmhainn agus athléimneacht fheabhsaithe bóthair.

## 19.6 Bearta Maolaithe

### 19.6.1 An Daonra

Tá na bearta maolaithe sonracha atá beartaithe le haghaidh na dtionchar a d'fhéadfadh a bheith ar an Daonra liostaithe i Tábla 19.15 agus i Tábla 19.16, agus tá go leor acu áirithe i ndearadh an Tionscadail, dearadh an N6 GCRR agus na stáblaí. Ina measc sin tá soláthar saoráidí trasnaithe ag Bóthar Foraí Maola, Bóthar Throscaigh, Bearna go dtí Bóthar Mhaigh Chuilinn an L2321, acomhail Bhóthar na Ceapaí agus Bhóthar Bhaile an Mhóinín chun trasrianta coisithe agus/nó rothaithe na forbartha bóthair a éascú. Moltar saoráidí trasnaithe do choisithe freisin ag ceann aistir ag Acomhal Bhóthar Ceangail ó Thuaidh an N59 ag Bóthar Mhaigh Cuilinn an N59 (Acomhal Pháirc na Sceach) agus ag na ceangail sliosbhóthair le hAcomhal Bhóthar Áth Cinn an N84. Tá lána rothar beartaithe chun rochtain ar pháirceanna Lána na Muilleoirí agus Gort na Bró agus ag Acomhal Bhóthar Áth Cinn an N84 a éascú. Tugadh roinnt tiomantas le linn na héisteachta ó bhéal in 2020 agus tá siad sin léirithe thíos agus marcáilte le **réiltín**.

Tá na bearta maolaithe sonracha seo a leanas beartaithe chun taitneamhacht turas, taitneamhacht a fheabhsú agus deighilt a íoslaghdú:

- Saoráidí trasrian coisithe a sholáthar ag acomhail agus bóithre beaga ag freastal ar phobail áitiúla faoin tuath
- Sciathadh amhairc sealadach a sholáthar ó oibreacha tógála ag Reilig Shéipéal San Séamus i bPáirc na Sceach agus Scoil Naomh Séamus, Páirc na Sceach
- Íocfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe as lóistín malartach den chineál céanna don teaghlach a bheidh ag gabháil do chúram sláinte (Ard na Locha) chun áit chónaithe nua a thabhairt dóibh ar feadh 9 mí fad agus a bheidh na hoibreacha créfoirt á ndéanamh ar an N59*
- Déanfar na geataí stairiúla maisiúla ag an mbealach isteach chuig Eastát Achadh an Churraigh a bhaint, a stóráil agus a chur suas arís ag an mbealach isteach chun tosaigh nuair a bheidh an tógáil curtha i gcrích, agus tugtar faoi deara nach féidir iad a dhúnadh faoi láthair, nach mbeifí ábalta iad a dhúnadh amach anseo ná leithead an bhealaigh isteach a chlúdach leo*
- Saoráid trasrian coisithe a sholáthar ag Acomhal Pháirc na Sceach le Bóthar Ceangail N59 ó Thuaidh i rith tógála agus oibríochta.
- Cuirfear raon rothaíochta 2m ar fáil ó Thimpeallán Ghort na Bró go Gaelscoil Mhic Amhlaigh ar an dá thaobh*
- Soláthrófar bealach rothaíochta dhá bhealach ó Ghaelscoil Mhic Amhlaigh chuig Bóthar Rathúin ar an imeall thoir de Bhóthar Ghort na Bró*
- Aon deighilt faidréiseach a sheachaint agus achar úsáide a íoslaghdú trí thrácht tógála den tSeanbhóthar
- Soláthar a dhéanamh do rochtain mhalartach feadh bhruach Abhainn na Gaillimhe, mar aon le réamhchomhairle a thabhairt do dhaoine a bheidh ag siúl, má bhíonn feidhm le srianta rochtana i ngeall ar thógáil an droichid coisithe. Coinneofar rochtain shábháilte ar an láithreán tógála laistigh de Champas Spóirt Ollscoil na Gaillimhe fad agus a mhairfidh an conradh tógála*
- Déanfar na mionathruithe ar Phailliún Spóirt ag Campas Spóirt OG mar oibreacha cumasúcháin le linn tréimhse an tsamhraidh sula gcuirfear tús le tógáil an N6 GCRR atá beartaithe*
- Coinneofar áiseanna leasa ar bun ag an bPailliún Spóirt ag Campas Spóirt Ollscoil na Gaillimhe i rith na n-oibreacha tógála*
- Lena chinntiú go mbeidh idirnasc ann do Champas Spóirt Ollscoil na Gaillimhe nuair a chríochnófar an tógáil, cuirfidh Comhairle Chontae na Gaillimhe ceart bealaigh ar fáil don Ollscoil chun tailte a úsáid faoin tarbhealach atá beartaithe chun críocha spóirt/lúthchleasaíochta trí léas fada*
- Oibreacha tógála a chéimniú chun na tionchair ar imeachtaí rásaíochta a íoslaghdú ag Ráschúrsa na Gaillimhe

- Crochfar comharthaí ag réadmhaoin 668 le linn na tógála chun a chinntiú go mbeidh suíomh an bhealaigh isteach le feiceáil agus éasca a aithint.*
- Bainfear an chomharthaíocht atá ag réadmhaoin 668 ar Bhóthar Thuama an N83 faoi láthair, stórálfar é agus crochfar é ag an réadmhaoin nuair a bheidh an tógáil críochnaithe*
- Saoráidí trasrian coisithe a sholáthar ag Acomhal Bhóthar Áth Cinn an N84 i rith tógála agus oibríochta
- Cosán a sholáthar laistigh de theorainn na forbartha bóthair atá beartaithe feadh Bhóthar na Scoile, An Caisleán Gearr
- Comharthaí treo a sholáthar le haghaidh Páirc Gnó Chnoc Maoil Drise, lena n-áirítear ionad díolachán carranna atá lonnaithe anseo i rith na céime tógála
- Comharthaí treo a sholáthar i gcomhair rochtain ar áiteanna díolachán carranna agus d'ionad sórtála An Post ar an N83 i rith na tógála.
- Bearta a ghlacadh lena chinntiú nach n-úsáidtear cul-de-sac nó talamh in aice láimhe le haghaidh páirceáil neamhdhleathach sa chéim oibríochta
- Cuirfear isteach trasbhealach do choisithe ag an mbealach isteach chuig Cairéal Leacaigh sula dtosóidh na hoibreacha tógála chun an glasbhealach a choinneáil. Déanfaidh an conraitheoir cothabháil ar an trasbhealach seo do choisithe fad agus a mhairfidh na hoibreacha. Beidh srian luais 15km/u ar an mbóthar rochtana isteach chuig campún an láithreáin ag Cairéal Leacaigh fad agus a mhairfidh na hoibreacha*

Éascóidh an N6 GCRR atá beartaithe cur i bhfeidhm na mbeart siúlóide, rothaíochta agus iompar poiblí atá leagtha síos sa SIG, agus iad go léir ag teacht lenár spriocanna don ghníomh ar son na haeráide. Le haistriú an tráchta ón N6 atá ann trí Chathair na Gaillimhe go dtí an N6 GCRR atá beartaithe soláthrófar deis chun feabhas a chur ar raonta coisithe agus rothaíochta agus saoráidí trasnaithe, lena n-áirítear leanúnachas ag mór-acomhail agus aistriú córa chuig modhanna eile seachas an carr príobháideach. Tá taitneamhacht turas siúlóide agus rothaíochta feabhsaithe ag brath ar na saoráidí oiriúnacha seo a bheith curtha ar fáil. Nuair a bheidh siad curtha i bhfeidhm, cuirfidh saoráidí den sórt sin feabhas suntasach ar thaitneamhacht turas do choisithe agus rothaithe mar aon le deighilt laghdaithe.

Mar a pléadh i gCaibidil 15, Sócmhainní Ábhartha Neamhthalmhaíochta, trasnaíonn an N6 GCRR atá beartaithe Campas Spóirt Ollscoil na Gaillimhe ar tharbhealach. Cothófar rochtain theoranta ar fud an limistéir tógála ag saoráidí Champas Spóirt Ollscoil na Gaillimhe i rith na tógála. Dhear Ollscoil na Gaillimhe saoráidí páirce eile i gcomhréir lena straitéis ag suíomh malartach ar a gcuid tailte agus tá cead pleanála acu dó (féach ar Chaibidil 5).

Trasnaíonn an N6 GCRR atá beartaithe an pailliún spóirt reatha agus dá bharr sin bíonn tionchair dhíreacha aige ar an gceann thiar agus déanfar an mionathrú seo a leanas ar an bhfoirgneamh:

- Déanfar an seomra gléasra reatha ar an taobh thiar, seomra feistis amháin, limistéar stórála amháin, limistéar meáchan amháin agus hallaí rochtana gaolmhara ar urlár na talún agus na leibhéil uachtaracha a scartáil
- Athlonnófar an seomra gléasra thiar agus an trealamh gaolmhar atá ag gabháil leis
- Tógfar agus déanfar athchumrú ar na ballaí inmheánacha agus seachtracha, ar an díon, agus an áit ina bhfuil na fuinneoga agus na doirse

Críochnófar tógáil na stáblaí sealadacha le linn Chéim 1 den Tionscadal, rud a sholáthróidh na saoráidí oibríochta iomlána do Ráschúrsa na Gaillimhe le linn thógáil an N6 GCRR atá beartaithe. Tar éis don N6 GCRR atá beartaithe a bheith curtha i gcrích, soláthróidh Céim 3 den Tionscadal na stáblaí buana do Ráschúrsa na Gaillimhe.

### 19.6.2 An Ghaeilge

Is iad seo a leanas na bearta maolaithe atá molta chun an Ghaeilge a chosaint:

- Cuirfear gach fógra poiblí agus an nuacht is déanaí maidir le gach tionscadal poiblí ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla
- Cé go bhfuiltear ag súil go mbeidh an chumarsáid ó lá go lá a bhainfidh leis an tógáil i mBéarla, beidh sé de chumas ag an bPríomhchonraitheoir don N6 GCRR atá beartaithe cumarsáid agus comhfhreagras a dhéanamh trí mheán na Gaeilge agus acmhainní foirne dóthanacha agus comhréireacha a shannadh chun déileáil le haon duine ar mian leis comhfhreagras agus cumarsáid a dhéanamh trí mheán na Gaeilge
- Luafar logainmneacha de réir an Ordaithe Logainmneacha iomchuí arna eisiúint faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (arna leasú)

### 19.6.3 Sláinte an Duine

Tá na bearta maolaithe atá molta maidir le cáilíocht an aeir, torann, uisce, tírdhreach agus amharc, agus ithreacha sonraithe i gCaibidil 9, Ithreacha agus Geolaíocht, Caibidil 10, Hidrigeolaíocht, Caibidil 11, Hidreolaíocht, Caibidil 12, Tírdhreach agus Amharc, Caibidil 16, Cáilíocht an Aeir agus Caibidil 18 Torann agus Creathadh agus tá cuntas thíos ar na príomhbhearta maolaithe a bhaineann le sláinte an duine agus tá siad le fáil freisin sna caibidlí faoi seach atá liostaithe thuas. Déanfar rialú dóthanach ar chur i bhfeidhm na mbeart maolaithe seo, na n-astaíochtaí, lena n-áirítear aer agus torann lena chinntiú nach mbeidh aon tionchar tromchúiseach acu ar shláinte an duine.

#### *19.6.3.1 Torann*

I measc na bpríomh-bheart maolaithe torainn tá siad seo a leanas:

- Dromchla Bóthair Torannlaghdaitheach
- Bacainní Torainn a úsáid mar atá mionsonraithe i gCaibidil 18, Torann agus Creathadh
- Bearta rialaithe le haghaidh oibreacha tógála. I measc na mbeart rialaithe torainn a bhreithneofar tá gléasra ciúin, imfháluithe agus sciathadh timpeall ar fhoinsí torainn, ag cur teorann le huaireanta oibre agus le monatóireacht ar thorann. Iarrfar ar an gconraitheoir réamh-mheastacháin torainn le linn tógála a dhéanamh sula dtosófar ar na hoibreacha agus na bearta rialaithe torainn is oiriúnaí a chur i bhfeidhm ag brath ar an leibhéal laghdú torainn a bheidh riachtanach ag aon láthair amháin. Beidh sé de dhualgas ar an gConraitheoir a bheidh i mbun na n-oibreacha tógála bearta sonracha um laghdú torainn a ghlacadh agus cloí leis na moltaí in *BS 5228-1:2009+A1:2014 Cód Cleachtais um Rialú Torainn agus Creathaidh ar Láithreáin Thógála agus Oscailte - Torann* agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Astaíocht Torainn ó Threalamh a Úsáidtear Lasmuigh), 2001
- Déanfar an obair thógála den chuid is mó i rith an lae ó Luan go hAoine. Beidh gá le ragobair a dhéanamh (lena n-áirítear an deireadh seachtaine) agus sealanna oibre istoíche ag céimeanna criticiúla le linn Chéim 2 den Tionscadal. Thar an gcéim thógála a mheastar a thógfaidh 36 mí don N6 GCRR beartaithe (Céim 2) beidh suas le 10 seachtaine d’obair istoíche feadh chodanna difriúla den Tionscadal go príomha chun oibreacha droichid a éascú ar bhóithre reatha. Níl coinne leis go mbeidh aon ghá tógáil a dhéanamh le linn na hoíche le linn Chéimeanna 1, 3 agus 4 den Tionscadal
- Déanfar monatóireacht ar thorann le linn na céime tógála ag na suíomhanna íogaire is gaire chun a chinntiú nach ndéanfar teorainneacha torainn tógála atá léirithe i gCaibidil 18, Torann agus Creathadh a shárú. Moltar go ndéanfaí iniúchtaí ar rialú torainn ag eatraimh rialta ar feadh an chláir tógála, mar chuid de bhainistiú torainn agus creathaidh le linn thógáil an Tionscadail a leagfar síos i gceanglais an chonartha tógála
- Maidir le rialú dearadh na pléisce, gheofar treoir shonrach ó na moltaí atá i *BS 5228-2:2009+A1:2014 Code of Practice for Noise and Vibration Control on Construction and Open Sites – Vibration* i ndáil le hoibríochtaí pléasctha chomh maith le teicnící rialaithe na pléisce a d'úsáid an conraitheoir. Féach ar Chaibidil 18, Torann agus Creathadh chun tuilleadh sonraí a fháil

- I gcás go mbíonn duine míchompordach mar gheall ar na leibhéil chreathaidh, d'fhonn tionchair den sórt sin a íoslaghdú, cuirfear na bearta seo a leanas i bhfeidhm i rith na tréimhse tógála:
  - Bunófar clár soiléir cumarsáide chun eolas a thabhairt d'áititheoirí foirgneamh in aice láimhe roimh aon oibreacha ionchasacha a d'fhéadfadh leibhéil inbhraite chreatha a chruthú. Beidh nádúr agus fad na n-oibreacha leagtha amach go soiléir i ngach ciorclán cumarsáide
  - Úsáidfear modhanna oibre agus míreanna gléasra nach mbeidh chomh dian, nuair is féidir
  - Cuirfear leithlisiú creathanna cuí i bhfeidhm maidir le gléasra, más féidir
  - Déanfar trinsí scoite a ghearradh nuair is gá chun cosán tarchurtha na gcreathanna a leithlisiú
  - I gcás oibreacha scartála nó tiomáint pílí mar shampla, féadfar machnamh a dhéanamh ar fhuinneamh an bhuille a laghdú nuair is gá
  - Déanfar monatóireacht ar fhoirgnimh íogaire aitheanta, i gcás ina bhféadfadh na creathanna ó na hoibreacha atá beartaithe a bheith níos airde ná an teorainn
- Tairgfear suirbhéanna ar riocht réadmhaoine do gach foirgneamh i bhfoisceacht 50m de Theorainn na Measúnachta agus dóibh siúd atá i bhfoisceacht 150m de na hoibreacha pléasctha atá beartaithe feadh an Tionscadail. Déanfar suirbhéanna ar riocht foirgneamh freisin ag foirgnimh agus struchtúir a meastar iad a bheith oiriúnach i gcoibhneas lena ngaireacht do na hoibreacha

#### *19.6.3.2 Aer*

Áirítear na nithe seo a leanas le cur i bhfeidhm 'maolú caighdeánach d'aer' mar a luaitear sna Treoirlínte TII:

- Gníomhaíochtaí créfoirt nochta agus bóithre tarlaithe láithreáin a spraeáil i rith aimsir thirim
- Níochán rothaí a sholáthar ag pointí sceite
- Rialú luasanna feithiclí agus srianta luais. Tá sé beartaithe go ndéanfaí trácht suímh a shrianadh go 20km/u. Cuideoidh sé sin chun ath-fhuaidreán deannaigh a íoslaghdú
- Bóithre dromchla crua a scuabadh

Ina theannta sin, cuirfear na bearta seo a leanas i bhfeidhm:

- Cuirfidh an Conraitheoir straitéis cumarsáide poiblí i bhfeidhm ina dtabharfar cuntas ar na nósanna imeachta chun baill den phobal a chur ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith suaiteach, tá tuilleadh sonraí in Aguisín A.7.5 Plean Bainistíochta Comhshaoil Tógála. Áirítear leis an aguisín seo freisin sonraí maidir le clár gearán a chuirfear i bhfeidhm i rith chéim na tógála
- Beidh astaíochtaí sceite ó fheithiclí a bheidh ag obair laistigh den láithreán, lena n-áirítear trucail, tochaltóirí, gineadóirí díosail nó trealamh gléasra eile, á rialú ag an gconraitheoir trí sheirbhísiú rialta ar innealra
- I rith aimsir thirim nó nuair a bheidh sé gaofar tráth a mbeidh deannach níos fairsinge, déanfar limistéir thógála agus feithiclí a bheidh ag seachadadh ábhar a d'fhéadfadh deannach a chruthú a spraeáil le huisce, de réir mar is cuí
- Cuirfear limistéir ina láimhseálfar agus ina ndéanfar stoc-charnadh ar ábhair ar shiúl ó phríomhbhealaí isteach an láithreáin. Beidh na limistéir sin deartha freisin chun a nochtadh ar ghaoth a íoslaghdú – coinneofar gach stoc-charn ag an airde phraiticiúil is lú le fánaí réidhe
- Ní dhéanfar aon stoc-charnadh fadtéarmach ar an láthair agus íoslaghdófar an t-am stórála
- Déanfar airde titime ábhar ó ghléasra go gléasra nó ó ghléasra go stoc-charn a íoslaghdú
- Úsáidfear sochtadh uisce i rith scartáil foirgneamh

- Lonnófar gléasra baisceála brúite agus coincréite chomh fada ó ghabhdóirí leochaileacha agus is féidir go praiticiúil. Cumhdófar gach bosca stórála agus pointe aistrithe. Feisteofar sadhlanna le cúlscagairí aer-scairde
- Cuirfear sciathadh deannaigh ag suíomhanna ina bhféadfadh tionchar a bheith ar cháilíocht an aeir i rith chéim na tógála, i.e. ag suíomhanna ina bhfuil gabhdóirí leochaileacha lonnaithe i bhfoisceacht 100m de na hoibreacha
- Is rud tábhachtach freisin é feasacht fostaithe ionas go bhféadfar deannach a rialú ar aon láthair. Cinntíonn oiliúint foirne agus bainistiú stuama oibríochtaí go gcuirfear gach modh sochta deannaigh i bhfeidhm agus go ndéanfar cigireacht leanúnach orthu
- Déanfar monatóireacht ar leitheadú deannaigh ag roinnt suíomhanna gar don Tionscadal. Ar a laghad, déanfar an mhonatóireacht ag an dá ghabhdóir íogaire is gaire ag suíomhanna ina bhfuil oibreacha ar scála 'ollmhór' beartaithe fad is a bheidh oibreacha ag tarlú in aice láimhe, féach ar Chuid 16.5.3.1 de Chaibidil 16, Cáilíocht an Aeir.

#### *19.6.3.3 Uisce agus Ithir*

I measc na bpríomh-bheart uisce agus ithreach chun truailliú, tuilte agus éilliú ithreach a chosc tá na nithe seo a leanas:

- Ionchorpraíodh bearta i ndearadh an Tionscadail a thabharfaidh cosaint do cháilíocht uisce agus ithreacha agus a chuirfidh cosc ar aon tuilte suntasacha, rud lena seachnófar aon tionchair shláinte fhéideartha
- I rith na tógála cuirfidh an conraitheoir Plean Bainistíochta Comhshaoil Tógála i bhfeidhm mar atá leagtha síos in Aguisín A.7.5

#### *19.6.3.4 Tírdhreach agus Amharc*

Cuirfear na príomhbhearta maolaithe agus monatóireachta i bhfeidhm le linn Chéim na Tógála agus ina dhiaidh sin. Fad agus a bheidh na bearta maolaithe agus monatóireachta i bhfeidhm le linn chéim na tógála, bearta a bhfuil cuntas orthu in Aguisín A.7.5, cuirfear Plean Tógála agus Bainistíochta Comhshaoil i bhfeidhm chun tionchair shuntasacha fhéideartha a chosc

- Moladh pleananna ginearálta maidir le tírdhreachú agus bearta sonracha maidir le tírdhreachú chun tionchair fhéideartha a mhaolú le linn na Céime Oibríochta. Féach ar Chuid 12.6.3.1 de Chaibidil 12 – Tírdhreach agus Amharc

#### *19.6.3.5 Scartálacha agus Fáil Réadmhaoine – Éifeachtaí Síceolaíochta*

Sa chás go gceadóidh an Bord Pleanála an Scéim Bóithre Cosanta agus an Scéim Mótarbhealaí agus go gceadófar sin faoi Alt 51 d'Acht na mBóithre 1993 (arna leasú) agus faoi réir maoiniú a bheith ar fáil, seirbheálfar Fógra Gnóthaíochta ar dtús báire ar úinéirí, ar léasaithe agus ar áititheoirí na dtithe cónaithe agus na maoine tráchtála a bheidh le ceannach, laistigh de sé mhí ó thiocfaidh an scéim i bhfeidhm, sin mura mbeidh iarratas déanta ar Athbhreithniú Breithiúnach, agus sa chás sin déanfar an Fógra Gnóthaíochta[24] a sheirbheáil de réir fhorálacha Alt 217 (6A) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 mar atá curtha isteach ag an Acht um Orduithe Ceannaigh Éigeantaigh (Teorainneacha Ama a Fhadú) 2010. Is é/í an t-eadránaí maoine a chomhaontóidh nó a chinnteoidh cúiteamh chomh luath agus is féidir ach a ndéanfar an Fógra Gnóhaíochta a sheirbheáil. Ach a mbeidh an cúiteamh comhaontaithe nó cinntithe agus teideal sásúil tugtha, féadfar íocaíocht i bpáirt a dhéanamh agus féadfaidh an t-éilitheoir fanacht ar feadh tréimhse chomhaontaithe sa mhaoin a bheidh le ceannach. Leis sin cuirfear deireadh leis an éiginnteacht a bheidh ar an éilitheoir agus éascóidh sé socruithe a bheith á ndéanamh, chomh luath agus is féidir, chun maoin eile a chinntiú dó féin.

[24] Iarrann an fógra seo ar úinéirí talún a n-éileamh ar chúiteamh do thalamh atáthar a thógáil faoin Scéim Bóithre Cosanta nó an Scéim Mótarbhealaí a chur isteach. Seo é an chéad chéim chun réadmhaoin agus talamh a cheannach.

## 19.7 Éifeachtaí Iarmharacha

### 19.7.1 An Daonra

#### *19.7.1.1 Saintréithe turais*

A luaithe is a bheidh sé i mbun oibre, beidh éifeacht iarmharach dhearfach an-suntasach ag an N6 GCRR atá beartaithe a mhéid a bhainfidh le nascacht níos fearr ar fud na cathrach agus níos faide ó bhaile, lena n-áirítear chuig bóithre náisiúnta trí na hacomhail atá áirithe mar chuid den N6 GCRR atá beartaithe. Uasmhéadófar leis sin an t-aistriú ar ghluaiseachtaí traschathrach chuig an mbonneagar nua bóthair, rud a thabharfaidh tuilleadh spáis i lár na cathrach mar atá sé agus do bhruachbhailte taobh istigh ón brú tráchta de bharr tráchta a bhíonn ag iarraidh droichead i lár na cathrach a rochtain le dhul trasna Abhainn na Gaillimhe. Tá na tionchair iarmharacha a bhaineann le gach tionchar aitheanta agus an cineál tionchair liostaithe sa cholún deiridh de Tábla 19.15 agus Tábla 19.16.

#### *19.7.1.2 Taitneamhacht*

Beidh éifeacht fhadtéarmach iarmharach dhearfach ag an N6 GCRR atá beartaithe ar thaitneamhacht turais ar fhormhór de bhóithre na cathrach trí aistriú tréthráchta agus trácht eile a spreagadh, rud a laghdóidh an brú tráchta go háirithe ag acomhail mhóra. Aistreofar cuid den trácht chuig bóithre artaireacha ag ceangal le hacomhail ar an N6 GCRR atá beartaithe, ach ar an iomlán tabharfaidh an laghdú ar thrácht ar na mór-bhóithre artaireacha cúnamh dearfach iarmharach don turas agus do thaitneamhacht ghinearálta sa chathair. Beidh buntáistí ar leith ann do choisithe agus do rothaithe toisc go bhfágfaidh an t-aistriú tráchta go dtiocfaidh feabhas ar shaoráidí ábhartha in éineacht le deiseanna i gcomhair tuilleadh iompar poiblí mar atá beartaithe i Straitéis Iompair na Gaillimhe.

Fágann an patrún forbartha cónaithe i limistéar an staidéir go mbeidh tionchar díreach ag tógáil an N6 GCRR atá beartaithe ar chuid mhór de réadmhaoin chónaithe i roinnt suíomhanna. Ar ndóigh ní bheidh aon dul as ach an éifeacht dhiúltach shuntasach a bheidh aige ar fhormhór na dteaghlach a gcuirfidh ceannach éigeantach isteach orthu. Toisc go bhfuil an cion de réadmhaoin atá le ceannach nó le scartáil ag trí shuíomh ard i gcoibhneas le líon iomlán na réadmhaoine sa cheantar sin, d'fhéadfadh éifeacht iarmharach dhiúltach shuntasach tarlú ag leibhéal pobail amach anseo do na teaghlaigh sin a bheidh fágtha.

Beidh éifeacht taitneamhachta iarmharach shuntasach ar chuairteoirí chuig Caisleán Mhionlaigh ar bhruach thoir na habhann mar gheall ar Dhroichead Abhainn na Gaillimhe. Beidh tionchar diúltach ag an N6 GCRR atá beartaithe toisc go mbeidh sé ardaithe os cionn an Champais Spóirt, agus bainfear dhá pháirc ghlasa sa lár le linn na tréimhse tógála. Ag teacht leis sin, tá sé beartaithe athrú ó bhonn a chur ar chomhthéacs shocrú agus chúirtealáiste na n-áiseanna feistis spóirt reatha. Thug Ollscoil na Gaillimhe faoi chleachtadh máistirphleanála ar leith chun a straitéis don Champas Spóirt a fhorbairt:

1. Nuair a chuirfear an straitéis don Champas Spóirt i bhfeidhm ag an Daingean, lonnófar na páirceanna a bhainfear amach agus an Pailliún Spóirt coimhdeach áit éigin eile. Léiríonn sé fís straitéiseach fhoriomlán na hOllscoile i dtaca le spórt. Fuair Ollscoil na Gaillimhe cead pleanála le haghaidh saoráidí páirce eile i gcomhréir lena straitéis ag suíomh malartach ar a gcuid tailte.
2. Caithfear suíomh tírdhreacha an Champais reatha a fhorbairt mar scáth d'éifeachtaí amhairc Dhroichead Abhainn na Gaillimhe atá beartaithe ó na páirceanna máguaird
3. Caithfear saoráidí tacaíochta coimhdeacha cosúil leis an gcarrchlós agus saoráidí feistis a athmhúnlú

Beidh éifeacht dhearfach charnach ag pleananna Ollscoil na Gaillimhe páirceanna imeartha breise a thógáil. Dá bhrí sin, cé go mbeidh éifeacht dhiúltach ag an Tionscadal féin ar Champas Spóirt Ollscoil na Gaillimhe mar gheall ar an tarbhealach, coinneoidh an Ollscoil a saoráidí spóirt den chéad scoth. Fágfaidh an inrochtaineacht a sholáthrófar leis an Tionscadal, go mbeidh fáil níos éasca ar na saoráidí ná mar a bhí roimhe seo do rannpháirtithe agus do chlubanna atá bunaithe i nGaillimh agus do chuairteoirí, agus mar sin leanfar de bhaill foirne, mic léinn agus infheistíocht a mhealladh.

#### *19.7.1.3 Scaradh Pobail*

Nuair a aistreofar tréthrácht agus trácht eile ó limistéir níos lárnaí den chathair beidh spás ann le haghaidh saoráidí trasnaithe feabhsaithe agus nua do choisithe agus do rothaithe ag teacht le Straitéis Iompair na Gaillimhe. Tá saoráidí trasnaithe áirithe freisin d'acomhail idir bóithre náisiúnta, tánaisteacha agus áitiúla agus an N6 GCRR atá beartaithe. De bharr na saoráidí sin laghdófar aon éifeacht iarmharach a bheidh ag eascairt as deighilt i ngeall ar an bhforbairt bóthair féin.

#### *19.7.1.4 Eacnamaíoch*

Cuideoidh an nascacht fheabhsaithe chun forbairt gheilleagrach a spreagadh agus beidh sé de chumas earnáil na turasóireachta a fhorbairt in Iarthar Chontae na Gaillimhe. Beidh éifeacht dhearfach shuntasach ag an N6 GCRR atá beartaithe dá bharr sin. Fágfaidh an fháil a bheidh ar naisc idir an N6 GCRR atá beartaithe agus páirceanna gnó reatha sa taobh thiar den chathair, agus go háirithe ar an taobh thoir, den chathair go mbeidh éifeacht eacnamaíoch an-suntasach, agus i roinnt cásanna, an-trom aige i ngeall ar rochtain fheabhsaithe ar na gnóthaí sin. Mar sin féin, beidh tionchar díreach ag bealach an N6 GCRR atá beartaithe ar roinnt gnóthaí agus ceannófar cúpla ceann acu sin nó déanfar a gcuid oibríochtaí reatha a mhodhnú. Gabhfar i ngleic leis na tionchair dhiúltacha sin mar chuid den phróiseas fála talún agus den chúiteamh airgeadais.

### 19.7.2 An Ghaeilge

Táthar ag súil go mbeidh tionchar iarmharach Measartha Dearfach ag an Tionscadal ar stádas na Gaeilge mar theanga pobail laistigh de limistéar Ghaeltacht na Gaillimhe.

### 19.7.3 Sláinte an Duine

#### *19.7.3.1 Cosaint na Sláinte*

Ó pheirspictíocht pobail trí chéile, d'fhéadfadh buntáistí a bheith ag baint leis ó thaobh cosaint sláinte an duine. Tagann na buntáistí sin chun cinn ó laghduithe foriomlána ar leibhéil torainn i limistéir faoi fhoirgnimh agus ó fheabhsúcháin ar cháilíocht an aeir sna limistéir sin. Ach faraor, beidh tionchair dhiúltacha aige ar dhaoine mar gheall ar chomh gar is atá siad don N6 GCRR atá beartaithe. Fágfaidh cur i bhfeidhm na mbeart maolaithe tionchar measartha dearfach iarmharach.

Mar an gcéanna, ó taobh na sláinte síceolaíche de tríd is tríd ó dhearcadh an phobail meastar go bhfuil tionchair an Tionscadail ina dtionchair dhearfacha. Arís, tá daoine ann a bhféadfadh tionchar tromchúiseach a bheith ag an bhforbairt orthu agus an dream is mó acu sin ná iad sin a bhfaighfear a gcuid tithe ar bhonn éigeantach. Beidh an tionchar iarmharach dearfach.

#### *19.7.3.2 Feabhsuithe ar an tSláinte*

D'fhéadfadh deis an-suntasach le haghaidh feabhsuithe ar an tsláinte a bheith i gceist leis an Tionscadal. Ina measc sin tá an cumas maidir le forbairt gheilleagrach mar aon le turasóireacht rud a bhfuil baint aige freisin le feabhas ar an tsláinte. D'fhéadfadh feabhas teacht ar shláinte sóisialta freisin le laghdú ar dhífhostaíocht agus go háirithe dífhostaíocht fhadtéarmach.

Má tharlaíonn rud mar sin d'fhéadfadh buntáistí eile a bheith ag gabháil leis lena n-áirítear neamhionannas laghdaithe sa tsochaí. D'fhéadfadh deis níos mó a bheith ann freisin i gcomhair aclaíochta. D'fhéadfadh laghdú teacht ar thimpistí tráchta agus laghdú dá réir sin ar bhásmhaireacht agus ar ghalracht. D'fhéadfadh idirghníomhú sóisialta feabhsú de bharr é a bheith níos éasca dul isteach agus amach as an gcathair. Leis sin freisin beidh rochtain níos tapúla agus níos iontaofa ar sheirbhísí éigeandála cosúil le hotharcharranna. Beidh an tionchar iarmharach dearfach.

#### *19.7.3.3 Rochtain Fheabhsaithe ar Sheirbhísí*

D'fhéadfadh feabhas suntasach teacht ar an rochtain ar sheirbhísí. Baineann na buntáistí atá leis sin le háitritheoirí Chathair na Gaillimhe agus lasmuigh de. Nuair a bheidh rochtain níos éasca ar an líonra bóthair náisiúnta beidh fáil níos mó ar sheirbhísí náisiúnta cosúil le ospidéil mhóra agus rudaí eile. D'fhéadfadh daoine atá ina gcónaí siar ón gcathair buntáiste a bhaint as sin, fiú daoine chomh fada siar le Conamara. Nuair a laghdófar an trácht i limistéir faoi fhoirgnimh i gCathair na Gaillimhe beidh rochtain níos éasca ar sheirbhísí miondíola, pictiúrlanna, bialanna agus ar sheirbhísí eile.

D'fhéadfadh sé freisin daoine lasmuigh de Ghaillimh a spreagadh, nach bhfuil sé de mhisneach acu faoi láthair dul isteach sa chathair mar gheall ar thrácht, cuairt a thabhairt ar an gcathair agus na seirbhísí a rochtain. Beidh an tionchar iarmharach an-dearfach.

## 19.8 Tionchair Charnacha

Sainmhínítear tionchair charnacha mar mheascán cuid mhaith tionchar beag a chruthaíonn éifeacht shuntasach amháin níos mó (NRA, 2009 agus EPA, 2022). Nuair a thagraítear d'éifeachtaí carnacha pléitear na struis atá ar an gcomhshaol nádúrtha chomh maith le forbairtí atá ar siúl agus atá á bpleanáil.

Rinneadh cuardach ar thionscadail a bheadh in ann tionchair charnacha a chruthú laistigh den limistéar staidéir don N6 GCRR atá beartaithe. Breithníodh freisin tionscadail ar theastaigh MTT ina leith suas go dtí 15km ó Theorainn na Measúnachta. Sainaithníodh 'liosta fada' tionscadal ar measadh go bhféadfaidís a bheith ábhartha. Cé nach gceanglaítear leis an Treoir MTT ach go mbreithneofaí tionscadail cheadaithe amháin, d'fhéadfadh roinnt tionscadal eile cead láithreach a fháil freisin, rud as a bhféadfadh éifeachtaí carnacha leanúint i gcomhar leis an Tionscadal. Dá bhrí sin, measadh gurbh iomchuí é tionscadail a aithint a bhí, tráth na measúnachta, fós le ceadú, ach a meastar go ndéanfar cinneadh ina leith agus go gceadófar iad in am trátha thar an tréimhse ceadaithe agus tógála is dóigh a réamh-mheastar don Tionscadal.

Measadh tréimhse cúig bliana a bheith is iomchuí le haghaidh cuardaigh phleanála, óir bheadh na ceadanna a tugadh níos mó ná cúig bliana ó shin tógtha, leath-thógtha nó á dtógáil den chuid is mó nuair a bhreathnaítear ar na láithreáin phleanála.

Rinneadh scagadh tosaigh le feidhmeanna a eisiamh nár measadh a bheith ábhartha sa 'liosta fada'. Áiríodh orthu sin iarratas nach bhfuil gníomhach i láthair na huaire (i.e. iarratais choinneála, neamhbhailí, tarraingthe siar, dhiúltaithe agus gan achomharc, dhiúltaithe ar achomharc), agus iarratais ar scála beag.

Rinneadh measúnú ar liosta deiridh an Tionscadail i bhfoisceacht 500m de Theorainn na Measúnachta chun aon éifeachtaí carnacha (le linn na tógála agus na hoibríochta) ó thaobh Sláinte an Duine agus an Daonra a thuar. Measadh nach gcruthódh tionscadail taobh amuigh den fhad sin tionchair charnacha shuntasacha leis an Tionscadal.

Úsáideadh na foinsí seo a leanas chun pleananna agus tionscadail a aithint, ar pleananna agus tionscadail iad a bhfuil an cumas acu éifeachtaí carnacha suntasacha a bheith acu ar an daonra agus ar shláinte an duine:

- Na cláir phleanála le haghaidh Comhairle Chontae agus Cathrach na Gaillimhe
- Suíomh gréasáin an Bhoird Pleanála
- Tionscadal Éireann 2040, ina dtugtar le chéile an Creat Náisiúnta Forbartha agus an Creat Náisiúnta Pleanála.
- Suíomh gréasáin Bhonneagar Iompair Éireann
- Tairseach MTT
- Suíomh gréasáin Uisce Éireann
- Tionscadail arna sainaithint i bPlean Forbartha Chathair na Gaillimhe, 2023 - 2029
- Tionscadail arna sainaithint i bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe, 2022 - 2028

Déantar measúnú in Aguisín A.19.3 ar na tionscadail atá beartaithe agus geallta a sainaithníodh mar chinn a bhféadfadh éifeachtaí carnacha a bheith orthu i leith an Tionscadail. Tharlódh éifeachtaí suntasacha a bheadh ábhartha don Daonra go príomha i ngeall ar thrácht nó torann ó thógáil agus, mar gheall air sin, tugtar aghaidh orthu ar dtús sna caibidlí ábhartha. I ngach cás, ní thagann éifeachtaí diúltacha chun cinn ach amháin sa chás go dtarlaíonn an tréimhse tógála is déine laistigh den tréimhse ama céanna leis na hoibreacha tógála is déine ar an N6 GCRR atá beartaithe. Baineann an tuairim sin go háirithe le suíomhanna ina bhfuil tionscadail atá beartaithe cruinnithe, cosúil leis an suíomh ag Bóthar Leitrí agus gar do Ghort na Bró.

Mar sin féin, is féidir an chuid is mó de na héifeachtaí diúltacha a d'fhéadfadh tarlú a mhaolú tríd an bPlean Tógála agus Bainistíochta Comhshaoil atá san áireamh in Aguisín A.7.5 den TMTT nuashonraithe seo, ina gcuimsítear Plean Tógála agus Bainistíochta Comhshaoil, sa chaoi is nach mbeidh aon éifeacht charnach deiridh suntasach.

Bíonn go leor tionscadal ag brath ar rochtain mhaith, lena n-áirítear forbairtí tithíochta nó árasáin dá mbeidh éifeacht oibríochta dhearfach ag an N6 GCRR atá beartaithe i dtéarmaí brú tráchta áitiúil a laghdú nó trí sholáthar a dhéanamh d'inrochtaineacht agus ionas nach mbeidh an oiread gá ann d'áitritheoirí bóithre a úsáid isteach sa chathair le haghaidh turais nach turais áitiúla iad. Baineann sé sin go háirithe le tionscadail chónaithe ar a bhfreastalóidh Bóthar Ceangail an N59 atá beartaithe.

Mar a shonraítear in Aguisín A.19.3 níor aithníodh aon tionscadail atá beartaithe nó geallta mar chinn a bhféadfadh tionchar carnach suntasach a bheith acu leis an Tionscadal. Mar sin féin, tá tionchair shuntasacha an Tionscadail féin fós mar a aithníodh thuas.

#### *19.8.1.1 An Daonra*

Cuirfidh an N6 GCRR atá beartaithe feabhas ar inrochtaineacht i gCathair na Gaillimhe agus chuig/ó Chathair na Gaillimhe agus ar nascacht idir limistéir lasmuigh den chathair lena n-áirítear Conamara, an tOirthear agus an tIarthuaisceart. Mar gheall air sin, tá éifeachtaí dearfacha suntasacha féideartha ann a rachaidh chun tairbhe forbairt réigiúnach agus eacnamaíoch, lena n-áirítear an turasóireacht.

Leis an inrochtaineacht agus an nascacht fheabhsaithe a sholáthrófar leis an Tionscadal, spreagfar forbairt nua fhisiceach chónaithe, tráchtála nó turasóireachta freisin. Bheadh na forbairtí sin, faoi mar atá siad san áireamh in Aguisín 19.3, faoi réir measúnú pleanála ag cur na gcuspóirí atá leagtha síos i bPleananna Forbartha Chathair agus Chontae na Gaillimhe san áireamh chun forbairt a chomhdhlúthú agus chun soláthar a dhéanamh d'fhorbairt inbhuanaithe chothrom. Beidh siad faoi réir Measúnú Iomchuí chun aon tionchar tromchúiseach ar thírdhreacha leochaileacha agus ar ghnáthóga nádúrtha a sheachaint. Beidh feidhm ag na comaoineacha sin freisin don limistéar tuaithe timpeall na cathrach, ag tabhairt ar aird go n-úsáidfear an N6 GCRR atá beartaithe le haghaidh cuid de na haistir chomaitéireachta mar aon le turais réigiúnacha. Is éifeacht dhearfach shuntasach é aistriú roinnt de na turais sin chuig an N6 GCRR atá beartaithe ar shiúl ón N6 reatha, ach déanfar monatóireacht ar aon éifeacht charnach ar lonnaíocht nua a spreagadh sa chúlchríoch tuaithe agus rachfar i ngleic leo sin i bpleananna forbartha agus i bpleananna ceantair áitiúil amach anseo.

Tabharfaidh an Tionscadal deis freisin chun Straitéis Iompair na Gaillimhe a chur i bhfeidhm go hiomlán agus chun soláthar a dhéanamh le haghaidh iompar poiblí feabhsaithe agus le haghaidh áiseanna do choisithe agus do rothaithe. Mar shampla, leis an trácht laghdaithe ar an N6 reatha beidh deis ann leanúnachas na lánaí rothaíochta a fheabhsú go mór, lena n-áirítear ag acomhail, agus níos mó trasrianta do choisithe a chur isteach, agus an tionchar ar shreabhadh tráchta a íoslaghdú. Chomh luath is a bheidh sé curtha i bhfeidhm, beidh tionchar an-suntasach aige sin ar shábháilteacht agus ar an sásamh a bhainfidh coisithe agus rothaithe as turais, agus ar an gcaighdeán comhshaoil tríd is tríd agus ar an gcumas a bheidh ann astaíochtaí carbóin a laghdú má chuidíonn sé sin le haistriú córa iompair ó fheithiclí. Cé go bhfuil éifeachtaí carnacha na dtionscadal agus na bpleananna atá liostaithe in Aguisín A.19.3 dearfach go suntasach, agus cé go bhfuil buntáistí iarmharacha dearfacha suntasacha ag baint leis an Tionscadal féin, tá tionchair dhiúltacha iarmharacha suntasacha ag baint leis an Tionscadal freisin a eascraíonn as scartáil maoine. Breithnítear é seo sa mheasúnú tionchair charnach i gCaibidil 21 den TMTT nuashonraithe seo.

#### *19.8.1.2 An Ghaeilge*

Agus an Tionscadal atá beartaithe breithnithe i gcomhthreo le pleananna nó tionscadail ábhartha eile a sainaithníodh in Aguisín A.19.3, meastar nach mbeidh aon tionchar carnach diúltach suntasach aige ar stádas na Gaeilge mar theanga pobail.

#### *19.8.1.3 Sláinte an Duine*

Ní mheastar go mbeidh aon tionchar carnach diúltach ar shláinte an duine. Ní bheidh aon tionchar carnach torainn nó cáilíochta aeir ag na hachair idir na tionscadail a ndearnadh measúnú orthu in Aguisín A.19.3 agus sa Tionscadal. D'fhéadfadh sé tarlú go rachadh agaí taistil laghdaithe agus níos lú moille gan choinne chun tairbhe sláinte síceolaíoch daoine.

Ní féidir ach féachaint go dearfach ó pheirspictíocht sláinte an duine de ar aon tionscadail a fhágann go mbeidh bóithre níos sábháilte agus go laghdófar an dóchúlacht go dtarlóidh timpistí bóthair. Déantar measúnú breise thíos ar bhuntáistí carnacha sláinte an Tionscadail le SIG.

***Líon na dtairbhí carnach sláinte le Straitéis Iompair na Gaillimhe***

Rinneadh measúnú ar thairbhí carnacha sláinte an Tionscadail le SIG trí Shamhail Réigiúnach an Iarthair a úsáid chun roinnt de na tionchair sláinte, inrochtaineachta agus cuimsithe sóisialta a thomhas ar bhonn cainníochtúil[25] a luaithe is a bheidh an Tionscadal agus SIG curtha i bhfeidhm go hiomlán.


Anailís ar Ghníomhaíocht Choirp

Tugtar le fios sa mheasúnú go méadófar de thart ar 21% rothaí líon iomlán na ndaoine a bheidh ag rothaíocht, thar thréimhse 24 uair an chloig, i gCathair na Gaillimhe, mar gheall ar chur i bhfeidhm Straitéis Iompair na Gaillimhe agus na feabhsúcháin ghaolmhara ar an mbonneagar rothaíochta. Mar thoradh ar an méadú seo ar líon na rothaithe ní bheidh an baol maidir le bás roimh am chomh mór dóibh siúd atá ag tosú amach ag rothaíocht agus nach mbíonn i mbun aclaíochta go rialta. I gcomparáid leis sin, tugann na torthaí ón measúnú le fios go bhfuiltear ag súil go dtiocfaidh laghdú imeallach ar thurais coisithe (turais ina n-úsáidtear siúl amháin chun dul ón mbunphointí go ceann scríbe) i gCathair na Gaillimhe (níos lú ná laghdú 1%) thar an tréimhse iomlán 24 uair an chloig. Tiocfaidh an laghdú ar ghníomhaíocht coisithe i gCathair na Gaillimhe mar thoradh ar dhaoine a bheidh ag athrú chuig rothaíocht nó a bheith ag úsáid seirbhísí iompair phoiblí feabhsaithe a cuireadh i bhfeidhm mar chuid de Straitéis Iompair na Gaillimhe.

Anailís Inrochtaineachta

Cinneadh na hathruithe ar inrochtaineacht le haghaidh príomháiteanna crios ar chrios. Rinneadh é sin trí leas a bhaint as léiriú amhairc ar na hathruithe in agaí turais idir na Cásanna 'Déan an Méid is Lú' agus 'Déan Rud Éigin' le haghaidh rothaíochta, iompar poiblí agus an carr príobháideach. Léirítear i Pláta 19.6 na hathruithe ar agaí turais (ar an meán) atá riachtanach chun dul isteach in Ollscoil na Gaillimhe, Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe & Mhaigh Eo, Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh, Clinic na Gaillimhe, Bons Secours agus na heastáit thionsclaíocha ag Baile an Bhriotaigh agus an Pháirc Mhór nuair a bheidh Straitéis Iompair na Gaillimhe curtha i bhfeidhm le haghaidh carranna, rothaíochta agus iompar poiblí. Léirítear i Pláta 19.6 go mbíonn laghdú ar agaí turais i gcarranna i bhformhór criosanna, go ginearálta. Tá líon beag criosanna áfach, i lár na cathrach den chuid is mó, a bhfuiltear ag súil go méadófar tréimhsí taistil i gcarranna iontu chun príomhláithreáin a rochtain. Tá sé sin amhlaidh mar gheall ar bhearta tosaíochta um iompar poiblí, cosúil le srianta ar fheithiclí príobháideacha ar Dhroichead na mBradán, rud a fhágann go bhfuil sé níos deacra na ceantair sin a rochtain i gcarr.

[25] Ba cheart a thabhairt ar aird go léiríonn an anailís sin measúnú ar na gnéithe sin a bhaineann le Sláinte, Inrochtaineacht agus Cuimsiú sóisialta ar féidir iad a thomhas ag úsáid samhailthorthaí ón WRM. Dá bhrí sin, níl na torthaí sin ionadaíoch do na buntáistí/míbhuntáistí go léir a bheidh mar thoradh ar chur i bhfeidhm SIG faoi na catagóirí sin




Pláta 19.6 Athruithe ar Agaí Turais i gCarranna

<u>Anailís um Chuimsiú Sóisialta</u>

Úsáideadh aschuir ón tsamhail thráchta freisin chun tionchair Straitéis Iompair na Gaillimhe a mheas i dtéarmaí an Chuimsithe Shóisialta. Don mheasúnú seo, baineadh úsáid as na torthaí ón modúl eacnamaíoch (curtha le chéile ag úsáid na mbogearraí Tuba) chun a aithint cé na háiteanna a bhainfeadh leas as SIG nó a bheadh ag fulaingt dá barr. Is iad na buntáistí sa chás seo na bearta i dtéarmaí an méid ama taistil a shábháiltear. Rinneadh comparáid ansin idir na buntáistí/míbhuntáistí sin i gcoinne an innéacs díothachta do na suíomhanna céanna chun léiriú grafach a thabhairt ar an gcaoi a bhfuil buntáistí an Tionscadail scaipthe i measc limistéar rachmasach agus nach bhfuil chomh rachmasach sin.

Taispeántar sa léarscáil go bhfeicfear feabhas ar agaí turais le haghaidh na dturas go léir ó na criosanna sin i bhformhór na gcriosanna. Taispeántar sa chomparáid a dhéantar idir na buntáistí sin agus an t-innéacs díothachta, tríd is tríd, go roinntear buntáistí an Tionscadail amach go cothrom idir limistéir faoi mhíbhuntáiste agus limistéir atá níos fearr as.

## 19.9 Achoimre

Baineann na príomhathruithe leis an gcaibidil ó TMTT 2018 leis an méid seo a leanas a nuashonrú:

- Gnéithe den chaibidil a athbhreithniú agus a nuashonrú chun aghaidh a thabhairt ar phointí a tarraingíodh anuas ón Achoimre Fianaise a cuireadh faoi bhráid an Bhoird Pleanála (ABP) ag an éisteacht ó bhéal in 2020 agus ó Thuarascáil Chigire ABP dar dáta Meitheamh 2021
- Nuashonrú ar an measúnú ar thábhacht na dtionchar agus aird ar threoirlínte TMTT 2022 de chuid na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil, *Design Manual for Roads and Bridges (DMRB) Sustainability & Environmental Appraisal LA 111 Noise and Vibration, Revision 2*. (UKHE 2020), Treoirlínte Torainn na hEorpa de chuid na hEagraíochta Domhanda Sláinte (2018), Plean Gníomhaíochta Torainn Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2024 – 2028 agus Plean Gníomhaíochta Torainn Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2024 – 2028
- Samhaltú tráchta oibríochta nuashonraithe bunaithe ar na réamhaisnéisí tráchta is déanaí le haghaidh blianta oscailte agus blianta dearaidh athbhreithnithe an Tionscadail lenar gineadh réamh-mheastacháin nuashonraithe torainn
- Athbhreithniú ar mheasúnuithe nuashonraithe maidir le torann, aer, ithreacha, uisce, tírdhreach agus amharc de réir mar a bhaineann siad leis an measúnacht tionchair sláinte

### 19.9.1 An Daonra

Rinneadh measúnú ar an Tionscadal agus díríodh ann ar ghnéithe cosúil le patrúin turas, taitneamhachta agus deighilt pobail, gnó, turasóireacht, fostaíocht, seirbhísí éiceachórais agus úsáid na Gaeilge. Bailíodh na sonraí i gcomhair na measúnachta den chuid is mó trí athbhreithniú ar dhoiciméid ábhartha agus trí fhaisnéis a bailíodh tríd an gcomhairliúchán poiblí forleathan chun treoir a thabhairt do TMTT 2018, chomh maith le comhairliúchán breise le príomhpháirtithe leasmhara agus obair leantach go háitiúil i nGaillimh le muintir na Gaillimhe ó bhí 2018 ann. Bhí tacaíocht ag na sonraí sin ó chuairteanna láithreáin agus baile agus ar phlé áitiúil le cónaitheoirí, gnóthaí, scoileanna agus ionadaithe saoráidí pobail eile. Ina theannta sin, tugadh faoi Mheasúnacht Tionchair Teanga don Tionscadal.

Tá achoimre ar na tionchair don Daonra, bearta maolaithe agus éifeachtaí iarmharacha tugtha i Tábla 19.15 agus Tábla 19.16 thíos. Ar an iomlán, leis an Tionscadal gheofar seachbhóthar atá ag teastáil go géar ó Chathair na Gaillimhe le haghaidh trácht réigiúnach a bhíonn ag dul i dtreo ceann scríbe agus ag teacht ó iarthar na Gaillimhe, cosúil le Conamara, chuig an gcuid eile d'Éirinn. Dá bharr sin, cuirfidh sé laghdú an-suntasach ar agaí aistir. Feabhsóidh sé inrochtaineacht Chathair na Gaillimhe chuig a príomh-mhargaí trí é a dhéanamh níos éasca dul trasna Abhainn na Gaillimhe gan gá dul trí bhruachbhailte láir na cathrach agus ceangal leis an líonra bóthair náisiúnta.

Méadófar leis sin nascacht na bpríomhsheirbhísí straitéiseacha i nGaillimh, cosúil le hOllscoil na Gaillimhe agus Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh, chuig an ngréasán bóithre náisiúnta. Feabhsóidh sé inrochtaineacht na limistéar Gaeltachta chuig an gcuid eile den chontae agus den tír, rud a éascóidh dá bharr sin laghduithe ar mhíbhuntáistí eacnamaíocha agus sóisialta na limistéar Gaeltachta. Laghdóidh sé freisin agaí taistil na tráchta a théann i dtreo codanna éagsúla den chathair ó chinn scríbe ina cúlchríoch tuaithe, lena n-áirítear limistéir cosúil leo sin ó thuaidh de Bhearna. Cuirfear deiseanna nua ar fáil leis sin d'áitritheoirí chun codanna níos faide ó bhaile de Chathair na Gaillimhe a rochtain, mar shampla i gcomhair fostaíochta.

Leis an aistriú sin ar an trácht sin ó áiteanna níos lárnaí feabhsófar taitneamhacht turas do gach úsáideoir an bhonneagair bóthair reatha. Go háirithe, osclóidh sé suas an spás bóthair chun saoráidí feabhsaithe níos leanúnaí a sholáthar do choisithe agus do rothaithe agus tabharfar deiseanna le haghaidh iompar poiblí nua ag teacht leis na cuspóirí i SIG. Cuideoidh an t-aistriú tráchta le taitneamhacht agus le folláine ghinearálta na bpobal a chónaíonn laistigh nó le taobh na mbóithre uirbigh gnóthacha. Laghdófar an deighilt sa phobal tríd an treocht i dtreo trácht bóthair mhéadaithe a chuíchóiriú nó a aisiompú agus tríd an deis a bhaineann le saoráidí nua trasnaithe a sholáthar.

Dearadh an N6 GCRR atá beartaithe chun an oiread réadmhaoine cónaithe agus is féidir a sheachaint, ach mar gheall ar dháileadh na forbartha agus ar fhorbairt líneach na cathrach ina bhfuil tithe ar fhormhór na mbóithre atá ag gobadh amach as an gcathair, ar an drochuair caithfear roinnt mhaith réadmhaoine a scartáil nó a cheannach i roinnt limistéar agus ní rud é sin is féidir a sheachaint. Caithfear lear mór réadmhaoine a cheannach i roinnt suíomhanna, mar chuid den Tionscadal. Chomh maith leis an tionchar diúltach díreach ar na teaghlaigh iad féin, cruthóidh sé éifeacht dhiúltach éagsúil i measc na n-áitritheoirí a bheidh fágtha agus ar leibhéal an phobail a bhíonn ag brath ar neart idirghníomhaíocht an phobail atá athraithe ag gach suíomh agus ar inbhuanaitheacht saoráidí pobail cosúil le scoileanna. Caillfear roinnt áiteanna taitneamhachta freisin i gcás líon beag áitritheoirí atá ina gcónaí gar don N6 GCRR atá beartaithe, go háirithe soir ón limistéar staidéir agus san áit a bhfuil acomhail mhóra lonnaithe. I roinnt áiteanna, agus go háirithe sna Foraí Maola agus gar don N59 ar Bhóthar Mhaigh Cuilinn, ar Bhóthar Áth Cinn an N84 agus sa Chaisleán Gearr, beidh tionchar diúltach suntasach ar phobail áitiúla mar gheall ar an ngá lear mór de réadmhaoin reatha a fháil nó a scartáil i rith na tógála sna limistéir sin. Beidh éifeacht ag an Tionscadal freisin ar thart ar 6.750ha de thalamh atá criosaithe i gcomhair cónaithe ag Comhairle Chontae agus Cathrach na Gaillimhe.

Beidh tionchar ag an gcuid thoir den Tionscadal ar roinnt gnólachtaí. Trasnóidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe Cairéal Leacaigh nach bhfuil gníomhach faoi láthair. Cé nach bhfuil an cairéal gníomhach faoi láthair, déanfar steiriliú ar chodanna de na binsí uachtair mar thoradh ar an Tionscadal. Ar Bhóthar Áth Cinn ag an N84, samhlaítear go mbeidh tionchar an-suntasach i rith chéim na tógála ar chuideachta atá lonnaithe ann a dhéanann buidéalú ar uisce agus a dháileann torthaí agus glasraí. Eascraíonn an tionchar ó éifeacht na tógála talún ar thrádstóras amháin agus tionchar ar sholáthar amhábhair na cuideachta, cé gur comhaontaíodh go gcoinneofar rochtain ar na trádstórais agus timpeall orthu a mhéid is féidir é le linn na tógála chun nach gcuirfear isteach orthu ach a laghad agus a fhéadfar. Ar Bhóthar Thuama ar an N83 beidh tionchair ar réadmhaoin thráchtála, agus gheofar Stór soláthraithe tógála agus tógáil talún ó ghnóthaí eile.

D'fhéadfadh tionchar a bheith ar áit díolacháin carranna agus ar Ionad Sórtála de chuid An Post mar gheall go mbeidh gá le bainistíocht tráchta i rith na tógála, ach beidh rochtain shábháilte aige i gcéim oibríochta an bhóthair. Scartálfar stór soláthraithe tógála freisin ag Baile an Bhriotaigh agus tógfar roinnt talún ó áit díolacháin carranna ag Cnoc Mhaoil Drise. Gabhfar i ngleic leis na tionchair sin go léir mar chuid den phróiseas fála talún agus trí chúiteamh airgeadais, ach arís is iad na gnólachtaí sin slí bheatha go leor daoine aonair agus mar sin d'fhéadfadh na glanéifeachtaí a bheith idir mheasartha go suntasach. Beidh tionchar ag an Tionscadal ar thart ar 8.100ha de thalamh atá criosaithe ar bhonn tráchtála nó tionsclaíoch ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe.

Beidh éifeacht iarmharach dhiúltach shuntasach ag an Tionscadal ar Champas Spóirt Ollscoil na Gaillimhe ag an Daingean, cé go bhféadfar é sin a laghdú go dtí measartha mar a shonraítear i gCuid 19.7.1.2 mar gheall gur chuir an Ollscoil a straitéis chun cinn agus go bhfuair siad cead pleanála lena cur i bhfeidhm. Beidh tionchar buan ag tarbhealach lasnairde ar an tSaoráid Spóirt a iompróidh an bóthar i dtreo trasrian Abhainn na Gaillimhe. Ní bheidh aon deighilt fhisiceach, ach beidh tionchar ag an trasnú ar thaitneamhacht úsáideoirí na saoráidí spóirt agus ar úsáid thaitneamhachta thaobh na habhann.

Ciallaíonn suíomh beartaithe Thollán Ráschúrsa na Gaillimhe nach mbeidh aon éifeachtaí taitneamhachta dírí ar ghnó an ráschúrsa nó ar imeachtaí rásaíochta i rith oibrithe. Beidh rochtain nua bhuan ar fáil chuig Bóthar Thuama an N83 trí Bhóthar Ceangail na Páirce Móire agus beidh rochtain i bhfad níos fearr ón N6 reatha rud a fhágfaidh go mbeidh na glan-éifeachtaí dearfach.

Ina theannta sin, beidh éifeacht dhearfach shuntasach ag an N6 GCRR atá beartaithe ar gheilleagar na Gaillimhe trí bhrú tráchta a laghdú, rud atá ag cur srian ar fhás eacnamaíoch agus ar iomaíochas i láthair na huaire. Leis an nasc feabhsaithe a chuirfear ar fáil le cinn scríbe siar ó Chathair na Gaillimhe, beidh éifeacht dhearfach acu ar fhorbairt eacnamaíoch agus ar fhás leanúnach a chruthú ar líon na dturasóirí. D'fhéadfadh aistriú roinnt tráchta ó bhóithre uirbeacha reatha cuidiú freisin chun tuilleadh cuairteoirí a mhealladh isteach sa chathair agus beidh tairbhe aige sin ansin do ghnóthaí a bhaineann leis an turasóireacht agus don gheilleagar. Ar an gcaoi chéanna, cuideoidh an nascacht fheabhsaithe le Conamara agus le agus láithreacha siar chun infheistíocht turasóireachta a mhealladh agus le forbairt gheilleagrach ghaolmhar.

Tugann seirbhísí éiceachórais go leor buntáistí éagsúla, buntáistí a fhaigheann daoine in aisce ón timpeallacht nádúrtha. Tá an cumas ag éiceachóras a oibríonn mar is cuí an timpeallacht nádúrtha a rialú agus tacú léi agus cuidiú le leas an duine. Breithníodh tionchair fhéideartha ar sheirbhísí éiceachórais trí mheasúnú ar thosca timpeallachta (conairí/bealaí) a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar sheirbhísí éiceachórais mar uisce, ithreacha, aer, torann agus taitneamhacht ginearálta agus bunaithe ar an measúnú bithéagsúlachta ó thaobh tionchair fhéideartha ar an mbithéagsúlacht agus go hindíreach ar na seirbhísí éiceachórais. Níl aon tionchair aitheanta sna measúnachtaí sin a mbeadh tionchar iarmharach suntasach mar thoradh orthu ar na seirbhísí éiceachórais le linn don Tionscadal a bheith á thógáil.

### 19.9.2 An Ghaeilge

Maidir leis an nGaeilge, is beag Gaeilge a labhraítear ó lá go lá i measc dhaonra an limistéir seo a mbeidh tionchar díreach ag an Tionscadal orthu, agus i gcás go bhfuil sí á labhairt, tá an úsáid a bhaintear aisti dírithe ar chomhthéacs oideachais den chuid is mó. Cé go bhfuil an daonra ag dul i méid; níl úsáid na Gaeilge mar theanga pobail ag dul i méid ag an am céanna. Ní bheidh aon tionchar suntasach ag an Tionscadal ar úsáid na Gaeilge sa todhchaí.

Mar sin féin, is fiú a rá go bhféadfadh gréasán bóthair feabhsaithe breis imirce agus fás geilleagrach a éascú isteach i nGaeltacht na Gaillimhe i gcoitinne agus toisc go bhfuil leibhéil arda dífhostaíochta agus díothaithe in iarthar Chontae na Gaillimhe le hais mar atá sna limistéir timpeall ar Chathair na Gaillimhe, éascóidh an N6 GCRR atá beartaithe, trí rochtain ar dheiseanna fostaíochta a fheabhsú soir ón gcathair, cainteoirí Gaeilge chun bheith ag taisteal chun na hoibre óna bpobail féin agus ní bheidh an oiread gá athlonnú ar chúiseanna eacnamaíocha. Mar an gcéanna, mar a dúradh thuas, fágfaidh an N6 GCRR atá beartaithe go mbeidh na limistéir Ghaeltachta siar ó Chathair na Gaillimhe níos tarraingtí i gcomhair forbairt chónaithe agus tráchtála. Sa chomhthéacs sin, is faoi Chomhairle Chontae na Gaillimhe, Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus Údarás na Gaeltachta i measc dreamanna eile a bheidh sé a chinntiú go gcuirtear úsáid na Gaeilge chun cinn agus go spreagtar í i measc áitritheoirí nua.

### 19.9.3 Sláinte an Duine

Rinneadh measúnú freisin ar na tionchair shláinte a d'fhéadfadh a bheith ag an Tionscadal. Díríonn an mheasúnacht sláinte i gcomhthéacs an MTT aird na measúnachta ar éifeachtaí suntasacha féideartha, i.e. ar éifeachtaí a mheastar a tharlóidh agus, dá dtarlóidís, go mbeifí ag súil go mbeidís suntasach (mar chuid de cheanglais Threoir MTT) agus i gcomhréir le Caighdeán PHH reatha TII.

Tar éis scópáil a dhéanamh ar raon leathan cinntitheach, díríodh ar thrí phríomhréimse sa mheasúnacht sláinte: *cosaint sláinte, feabhas ar an tsláinte agus seirbhísí a fheabhsú.* Tugadh faoi athbhreithniú ar an treoir reatha agus atá ag teacht chun cinn maidir le measúnú sláinte in MTT, agus Caighdeán PHH reatha TII a chur san áireamh, anuas ar athbhreithniú litríochta ar na tionchair shláinte ó fhorbairtí bóthair.

#### *19.9.3.1 Cosaint na Sláinte*

Díríodh sna sonraí a bailíodh maidir le cosaint shláinte an duine ar thorthaí na measúnuithe teicniúla (cosúil le torann, aer, ithir, tírdhreach agus saincheisteanna amhairc agus uisce) a láimhseáiltear áit éigin eile i gCaibidil 9, Ithreacha agus Geolaíocht, Caibidil 10, Hidrigeolaíocht, Caibidil 11, Hidreolaíocht Caibidil 12 – Tírdhreach agus Amharc, Caibidil 16, Cáilíocht an Aeir agus Caibidil 18, Torann agus Creathadh agus a maolú chun aon ghuais fhéideartha a bhain go díreach lena bhfuil beartaithe a leagan síos.

Sna measúnuithe teicniúla sin a thugtar in áit éigin eile sa Tuarascáil MTT baintear leas as caighdeáin[26] (cosúil le caighdeáin an aeir) d'fhonn a shainaithint cibé an dtiocfaidh tionchair shuntasacha chun cinn nó nach dtiocfaidh. Tá sé tábhachtach a rá nach bhfuil caighdeáin shláinte ann chun grúpaí láidre laistigh den daonra a chosaint, ach iad beartaithe den chuid is mó chun daoine leochaileacha a chosaint. Socraítear na caighdeáin sin ar leibhéil nach mbeadh héifeachtaí suntasacha sláinte ar bith ag baint leo, ach ní eisiatar gach uile éifeacht leo, i.e. d'fhéadfadh éifeachtaí beaga nó measartha sláinte a bheith ann fiú faoi na leibhéil ag a mbeadh caighdeáin bunaithe ar shláinte i bhfeidhm.

Meastar go mbeidh roinnt tionchar diúltach ag an torann ó thógáil; ach agus ní bheidh sé ann ach sa ghearrthéarma agus beidh sé teoranta de bharr cleachtas oibre agus uaireanta oibre srianta. Taispeántar sna torthaí ón samhaltú torainn a rinneadh le haghaidh na céime oibríochta go bhféadfadh tionchair thorainn a bheith ar réadmhaoin chónaithe cóngarach don N6 GCRR atá beartaithe, ach nuair a chuirfear dromchlú bóthair torannlaghdaitheach agus bacainní torainn i bhfeidhm, maolófar na tionchair fhéideartha sin. Taispeántar sa mheasúnú torainn freisin go mbainfidh líon mór daoine laistigh den chathair tairbhe as toisc go n-aistreofar an trácht atá ann faoi láthair ó na bealaí reatha. Bunaithe ar threoirlínte torainn istoíche de chuid WHO, beidh tionchair ann a rachaidh chun tairbhe don phobal a bhfuil cónaí orthu ar thaobh na mbóithre reatha, áit a laghdófar an trácht. I gcás na dtithe sin agus is beag acu atá ann, a sháródh an leibhéal 55dB ní bheadh i gceist ach corrlach an-bheag agus ní mheastar go bhfuil siad chomh mór is go mbeadh tionchair mhóra sláinte acu.

Cuireadh cáilíocht an aeir san áireamh i rith na gcéimeanna tógála agus oibríochta araon. Ag glacadh leis na bearta maolaithe atá beartaithe i dtaca le rialú deannaigh agus astaíochtaí eile san aer i rith chéim na tógála agus an tréimhse ama sách teoranta a bheidh i gceist níltear ag súil go mbeidh tionchar tromchúiseach ar shláinte an duine i rith chéim na tógála maidir le tionchar cáilíocht an aeir. Sainaithnítear i samhaltú mionsonraithe bunaithe ar na cásanna tráchta is measa a d'fhéadfadh a bheith ann nach sárófar Caighdeáin an Aeir rud a thabharfaidh cosaint dá réir sin do dhaoine leochaileacha cosúil leo siúd a bhfuil plúchadh ag dul dóibh, daoine aosta, gasúir an-óg nó na heasláin go ginearálta.

Ní mheastar go mbeidh aon tionchar tromchúiseach ag céim na tógála ná oibríochta ar ithreacha, cáilíocht an uisce ná ar an méid uisce ach an oiread.

Cé go bhfuiltear ag súil go mbeidh roinnt daoine corraithe i rith na tógála, is rud gearrthéarmach é sin agus ní cheaptar de ghnáth gur tionchar sláinte é sin. Tá buntáistí síceolaíocha féideartha i dtéarmaí agaí taistil níos giorra, moill gan choinne etc. mar aon leis an trácht a bhogadh ar shiúl ó limistéir ina bhfuil brú tráchta faoi láthair agus ina bhfuil daonra mór.

---

[26] Cumhdaítear leis an téarma caighdeáin sa chás seo treoirlínte le haghaidh sampla de threoirlínte torainn toisc nach bhfuil a leithéid de chaighdeáin ar fáil i láthair na huaire

Is buntáiste féideartha tábhachtach freisin é an t-ionchas go mbogfar cion den trácht chuig bóithre atá go bunúsach níos sábháilte agus an t-ionchas maidir le timpistí tráchta laghdaithe agus líon na marbhán i dtimpistí. Ar ndóigh ní dhéanfaidh sé aon difear don éifeacht thromchúiseach a bheidh ar dhaoine a gceannófar a dtithe uathu ar bhonn éigeantach. Mar a dúradh thuas, dearadh an N6 GCRR atá beartaithe chun an oiread réadmhaoine agus is féidir a sheachaint, ach tá líon mór réadmhaoine fós a chaithfear a cheannach agus cé go bhfaighidh na húinéirí cúiteamh airgid[27], tá sé tábhachtach a aithint go bhféadfadh na daoine sin a bheith faoi bhrú agus strus mar gheall ar an bpróiseas ar fad.

### *19.9.3.2 Feabhas ar an tSláinte agus Feabhas ar an Rochtain ar Sheirbhísí*

Sna sonraí a úsáideadh chun measúnú a dhéanamh ar dheiseanna i gcomhair feabhsuithe sláinte agus rochtain ar sheirbhísí áiríodh bailiú faisnéise i rith na gcomhairliúchán poiblí forleathan lena n-áirítear cruinniú le hOspidéal na hOllscoile, Gaillimh agus sonraí a tógadh as an tsamhail tráchta chun inrochtaineacht ar sheirbhísí a shainaithint.

Tá an cumas ann buntáiste socheacnamaíoch a bhaint amach lena n-áirítear fás eacnamaíoch agus an turasóireacht a fhorbairt mar thoradh ar an Tionscadal agus is maith a aithnítear go mbeidh tionchar dearfach ag stádas socheacnamaíoch feabhsaithe ar thorthaí sláinte. Tá an cumas ann le haghaidh fostaíocht mhéadaithe agus dífhostaíocht laghdaithe go háirithe dífhostaíocht fhadtéarmach. Má bhaintear é sin amach, beidh buntáistí ann freisin i dtéarmaí sláinte shóisialta lena n-áirítear éagothroime sóisialta laghdaithe.

I measc na ndeiseanna eile i gcomhair feabhsuithe sláinte a bhaineann leis an N6 GCRR atá beartaithe tá laghdú féideartha ar thimpistí bóthair, an cumas deiseanna a chruthú le haghaidh iompar poiblí feabhsaithe agus timpeallacht fheabhsaithe i gcomhair rothaíochta agus siúil laistigh de bhóithre lár na cathrach a raibh trácht trom orthu roimhe seo.

Mar thoradh ar na bearta rothaíochta in SIG, ar féidir iad a chur i bhfeidhm ina n-iomláine a luaithe is a bheidh an N6 GCRR atá beartaithe i bhfeidhm, beidh méadú suntasach ar líon na rothaithe i gCathair na Gaillimhe. Cuideoidh an méadú sin ar rothaíocht chun méadú foriomlán a bhaint amach sna buntáistí sláinte dóibh sin nach mbíonn ag rothaíocht i láthair na huaire. Mar thoradh ar na feabhsuithe móra ar bhonneagar rothaíochta agus iompar poiblí i ngeall ar SIG tiocfaidh laghdú imeallach ar ghníomhaíocht coisithe (níos lú ná 1%) toisc go mbeifear ag súil go n-aistreoidh roinnt coisithe atá ann cheana ó bheith ag siúl go dtí iompar poiblí agus rothaíocht. Is rud dearfach é an t-aistriú córa iompair seo dár spriocanna aeráide freisin.

Nuair a dhéantar roinnt de na buntáistí inrochtaineachta agus cuimsithe sóisialta a bhaineann leis an N6 GCRR atá beartaithe a chainníochtú agus na bearta uile sa SIG léirítear go mbeidh feabhas ar inrochtaineacht agus ar chuimsiú sóisialta i mbeagnach gach cuid de Chathair na Gaillimhe. Tríd is tríd, beidh agaí taistil níos lú mar thoradh ar na bearta ar gach modh taistil agus feabhsófar inrochtaineacht chuig príomháiteanna laistigh den chathair agus níos tábhachtaí ná sin ní bheidh ceann ar bith de na limistéir is mó míbhuntáiste faoi mhíbhuntáiste dá bharr.

D'fhéadfadh rochtain níos éifeachtúla a bheith ar sheirbhísí éigeandála lena n-áirítear otharcharranna mar thoradh ar an N6 GCRR atá beartaithe. D'fhéadfadh deiseanna méadaithe a bheith ann freisin chun aclaíocht a dhéanamh agus na buntáistí sláinte a ghabhann leis sin.

Tá deiseanna suntasacha ann le haghaidh rochtain fheabhsaithe ar sheirbhísí. Ina measc sin beidh siad sin a bhfuil cónaí orthu i gCathair na Gaillimhe agus ina comharsanacht agus iad sin in iarthar na Gaillimhe. Ina gcás siúd a bhfuil cónaí orthu i gCathair na Gaillimhe agus ina purláin, éascóidh trácht laghdaithe feadh shráideanna na cathrach rochtain ar sheirbhísí lena n-áirítear ionaid shláinte. Ina gcás siúd a bhfuil cónaí orthu lasmuigh de Chathair na Gaillimhe d'fhéadfadh rochtain fheabhsaithe a bheith acu ar an líonra bóthair náisiúnta agus rochtain dá réir sin ar sheirbhísí eile lena n-áirítear ospidéil náisiúnta. Ina gcás siúd a chaithfidh dul trasna lár na cathrach chun seirbhísí a rochtain tairgeann an N6 GCRR buntáistí áirithe. Cé go mbainfeadh gach duine tairbhe as sin, bainfidh siad sin atá ina gcónaí siar ó Abhainn na Gaillimhe an tairbhe is mó as.

[27] Beidh na bearta cúiteacha as caillteanas talún, foirgneamh agus díobhálacha eile ina gcuid den phróiseas fála talún agus comhaontófar é níos déanaí le Luachálaí. Níl cúiteamh ina chuid de phróiseas an MTT agus dá réir sin ní bhreithneofar a thuilleadh air

Ar an iomlán, dá bhrí sin, tá tionchair an Tionscadail ar shláinte an duine dearfach den chuid is mó. Ó pheirspictíocht an phobail de, is léir na buntáistí i dtéarmaí na cosanta sláinte, deiseanna i gcomhair feabhsuithe sláinte agus rochtain ar sheirbhísí. Tá líon teoranta daoine ann áfach, iad sin den chuid is mó a bhfuil cónaí orthu gar don N6 GCRR atá beartaithe agus a bhféadfadh torthaí tromchúiseacha beaga a bheith ann dóibh i dtéarmaí an torainn agus cáilíocht an aeir. Íoslaghdófar iad sin trí bhearta maolaithe a úsáid.

#### *19.9.3.3 Achoimre*

Mar achoimre, ó pheirspictíocht sláinte an duine de, ní bheidh aon éifeachtaí tromchúiseacha ag an Tionscadal ar shláinte an duine agus beidh tionchair dhearfacha ag an Tionscadal agus ag cur i bhfeidhm iomlán Straitéis Iompair na Gaillimhe ar shláinte an duine.

**Tábla 19.15 Achoimre ar Éifeachtaí na Tógála - An Daonra**

| An cineál éifeachta | Suíomh / Daonra<br>Foghrúpa | An staid faoi láthair | Tionchar na Tógála | Tábhacht | Íogaireacht | Fad | Méid an Ghabhdóra | Maolú Beartaithe | Éifeacht Iarmharach |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Saintréithe turais:** | | | | | | | | | |
| Saintréithe turais | Mórbhóthair: Bóthar Mhaigh Chuilinn an N59, Bóthar Áth Cinn an N84, Bóthar Thuama an N83, Bóthar Mhuine Mheá an R339 | N/A | Dúnadh sealadach istoíche agus na bóithre sin ar a mbíonn trácht shuntasach lena n-áirítear san oíche a chur ar mhalairtí slí | Beag go Diúltach measartha | N/A | Gearrthéarmach | Meánach | Bainistíocht tráchta chun moill a íoslaghdú | Diúltach go beag |
| Saintréithe turais | San áit a gcasann bóithre beaga le hoibreacha tógála | N/A | Malairtí slí beaga nó socruithe Stop / Gluais | Do-airithe go diúltach beag | N/A | Gearrthéarmach | Meánach | Bainistíocht tráchta chun moill a íoslaghdú | Do-airithe |
| Saintréithe turais | Bóthar Rathúin agus Bóthar Leitrí | N/A | Dúnadh sealadach istoíche | Diúltach go beag | N/A | Gearrthéarmach | Beagán | Dúnadh sealadach istoíche leathnaithe a sheachaint | Do-airithe agus diúltach go beag |

| **Taitneamhacht Ghinearálta** | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Taitneamhacht ghinearálta | Eastát an Rosáin Ghlais | N/A | Bóthar ceangail a thógáil le taobh an eastáit agus nasc nua rochtana | Beag go measartha diúltach | Íseal | Gearrthéarmach | Meánach | An cur isteach a tharlaíonn ó rochtain ar eastát a íoslaghdú. Fís-sciathadh sealadach | Diúltach beag |
| Taitneamhacht ghinearálta | Eastát Ghort na Bró | N/A | Ailíniú ar Bhóthar Ghort na Bró a thugann rochtain ar eastát | Diúltach go beag | Meanleibhéal | Gearrthéarmach | Meánach | An cur isteach a tharlaíonn ó rochtain ar eastát agus gaelscoil a íoslaghdú | Do-airithe go diúltach beag |
| Taitneamhacht ghinearálta | Séipéal Pháirc na Sceach | Saoráidí pobail áitiúla | Gluaiseachtaí trácht tógála a bhfuil tionchar acu ar úsáid an tséipéil agus an reilig in aice láimhe | Diúltach go beag | Ard | Gearrthéarmach | Meánach | Bainistíocht tráchta agus fís-sciathadh sealadach ó oibreacha tógála | Do-airithe agus diúltach go beag |

| Taitneamhacht Ghinearálta | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Taitneamhacht ghinearálta | Campas Spóirt Ollscoil na Gaillimhe | Úsáid spóirt agus taitneamhachta | Tionchair thorainn agus amhairc, cailleadh úsáide na bpáirceanna imeartha agus mionathrú ar an ardán spóirt, toisc go mbeidh an chuid lárnach den champas spóirt ina láithreán tógála | Diúltach an-suntasach | Meanleibhéal | Gearrthéarmach | Go leor | Déanfar bainistiú ar thrácht tógála agus oibreacha do Dhroichead Abhainn na Gaillimhe ionas nach gcuirfear isteach ach go beag ar ghníomhaíochtaí spóirt agus ar lucht féachana.<br><br>Soláthrófar páirc CLG 3G faoi shoilse, limistéar traenála 3G faoi shoilse agus bonneagar láithreáin gaolmhar mar na páirceanna a dhraenáil agus fál/eangach chun an liathróid a stopadh agus mionathrú ar an ardán spóirt | Diúltach suntasach |
| Taitneamhacht ghinearálta | Trasrian Abhainn na Gaillimhe | Úsáid taitneamhachta | Tionchair thorainn agus amhairc | Meascán de dhiúltach dearfach agus suntasach le haghaidh gabhdóirí difriúla | Meanleibhéal | Gearrthéarmach | Meanleibhéal | Fad aon srianta ar rochtain a íoslaghdú faoi na hoibreacha droichid agus bealaí malartacha a mholadh | Diúltach measartha – dearfach tríd is tríd. |
| Taitneamhacht ghinearálta | An Seanbhóthar | Úsáid taitneamhachta | Gluaiseacht feithicil thógála | Measartha diúltach | Íseal | Gearrthéarmach | Beagán | Deighilt a sheachaint agus achar úsáide a íoslaghdú trí thrácht tógála | Beag go Diúltach measartha |
| Taitneamhacht ghinearálta | Ceapach na Boirne (le taobh Bóthar Thuama an N83) | Limistéar cónaithe ina bhfuil sé theach le rochtain | Bóthar nua rochtana a thógáil isteach chuig tithe cónaithe agus an rochtain dhíreach ar Bhóthar Thuama an N83 a bhaint. Tionchair amhairc i | Diúltach suntasach | Meanleibhéal | Gearrthéarmach | Beagán | Cur isteach ar rochtain a íoslaghdú. Bacainní amhairc agus torainn. | Measartha diúltach (rochtain) |

| Taitneamhacht Ghinearálta | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | dhíreach ar Bhóthar Thuama an N83 | ngeall ar thógáil Acomhal Bhóthar Thuama an N83 atá beartaithe | | | | | Féach freisin ar Chaibidil 12, Tírdhreach agus Amharc agus Caibidil 17, Torann agus Creathadh | |
| Taitneamhacht ghinearálta | Reilig Bhaile an Bhriotaigh | Suíomh ciúin le taobh an ráschúrsa | Torann ón tógáil, rochtain do choisithe | Diúltach go beag | Meanleibh éal | Gearrthéar mach | Íseal | Rochtain a choinneáil | Do-airithe go beag |
| Taitneamhacht ghinearálta – scartáil agus fáil réadmhaoine (leibhéal príobháideach) | Bealach an Tionscadail | Limistéar tuaithe le líon ard tithe aonuaire agus limistéir fo-uirbeacha | 44 le scartáil agus 10 dteach cónaithe le fáil | Suntasach go Diúltach mór (úinéirí agus áitritheoirí) | Íseal-Meánach | Gearrthéar mach | Go leor | Sa chás go gceadóidh an Bord Pleanála an Scéim Bóithre Cosanta agus an Scéim Mótarbhealaí agus go gceadófar sin faoi Alt 51 d'Acht na mBóithre 1993 (arna leasú) agus faoi réir maoiniú a bheith ar fáil, seirbheálfar Fógra Gnóthaíochta ar dtús báire ar úinéirí, ar léasaithe agus ar áititheoirí na dtithe cónaithe agus na maoine tráchtála a bheidh le ceannach, laistigh de sé mhí ó thiocfaidh an scéim i bhfeidhm, sin mura mbeidh iarratas déanta ar Athbhreithniú Breithiúnach, agus sa chás sin déanfar an | Faoi réir cúitimh airgeadais mar chuid den phróiseas ceannaigh éigeantaigh |

| Taitneamhacht Ghinearálta | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | | Fógra Gnóthaíochta[28] a sheirbheáil de réir fhorálacha Alt 217 (6A) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 mar atá curtha isteach ag an Acht um Orduithe Ceannaigh Éigeantaigh (Teorainneacha Ama a Fhadú) 2010. Is é/í an t-eadránaí maoine a chomhaontóidh nó a chinnteoidh cúiteamh chomh luath agus is féidir ach a ndéanfar an Fógra Gnóhaíochta a sheirbheáil. Ach a mbeidh an cúiteamh comhaontaithe nó cinntithe agus teideal sásúil tugtha, féadfar íocaíocht i bpáirt a dhéanamh agus féadfaidh an t-éilitheoir fanacht ar feadh tréimhse chomhaontaithe sa mhaoin a bheidh le ceannach. Leis sin cuirfear deireadh leis an éiginnteacht a bheidh ar an éilitheoir agus éascóidh sé socruithe a bheith á ndéanamh, | |

[28] Iarrann an fógra seo ar úinéirí talún a n-éileamh ar chúiteamh do thalamh atáthar a thógáil faoin Scéim Bóithre Cosanta nó an Scéim Mótarbhealaí a chur isteach. Seo é an chéad chéim chun réadmhaoin agus talamh a cheannach

| Taitneamhacht Ghinearálta | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | | chomh luath agus is féidir, chun maoin eile a chinntiú dó féin.<br>Seo é an chéad chéim chun réadmhaoin agus talamh a cheannach | |
| Taitneamhacht ghinearálta - scartálacha (leibhéal pobail) | Na Foraí Maola / Troscaigh | Pobal leathscaipthe | 7 réadmhaoin a fháil nó a scartáil (+1 láithreán cónaithe) agus tionchar ar an bpobal áitiúil | Diúltach suntasach (pobal i gcoitinne) | Ard | Gearrthéarmach | Meanleibhéal | Straitéis Cumarsáide Poiblí mar atá leagtha amach sa CEMP agus áireofar leis nósanna imeachta chun daoine sa phobal a chur ar an eolas a mbeidh tionchar díreach ag an gcéim thógála orthu maidir le sceidil aon ghníomhaíochtaí a chuirfeadh isteach go mór ar a réadmhaoine | Suntasach go Measartha diúltach |
| Taitneamhacht ghinearálta - scartálacha (leibhéal pobail) | Ard an Locha | Eastát beag cónaithe | 3 réadmhaoin a fháil nó a scartáil (+2 láithreán a bhfuil pleanáil aige i gcomhair teach cónaithe) agus tionchar ar an bpobal i gcoitinne | Diúltach an-suntasach (pobal i gcoitinne) | Ard | Gearrthéarmach | Beagán | Dul i gcomhairle agus chun cainte le cónaitheoirí sa phobal áitiúil | Diúltach suntasach |
| Taitneamhacht ghinearálta – scartálacha (leibhéal pobail) | Achadh an Churraigh, Páirc na Sceach | Eastát beag cónaithe | 6 réadmhaoin a fháil nó a scartáil ag léiriú cion ard den phobal i gcoitinne | Diúltach an-suntasach (pobal i gcoitinne) | Ard | Gearrthéarmach | Meanleibhéal | Dul i gcomhairle agus chun cainte le cónaitheoirí sa phobal áitiúil | Diúltach suntasach |
| Taitneamhacht ghinearálta – scartálacha (leibhéal pobail) | Bóthar Áth Cinn an N84 | Forbairt chónaithe líneach, ar thaobh amháin | 14 réadmhaoin a scartáil ag léiriú cion ard den phobal i gcoitinne | Diúltach an-suntasach (pobal i gcoitinne) | Ard | Gearrthéarmach | Meanleibhéal | Dul i gcomhairle agus chun cainte le cónaitheoirí sa phobal áitiúil | Suntasach go diúltach |

| Taitneamhacht Ghinearálta | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | den bhóthar go príomha | | | | | | | |
| Taitneamhacht ghinearálta – scartálacha (leibhéal pobail) | An Caisleán Gearr | Limistéar cónaithe lena n-áirítear scoil agus saoráidí eile pobail | 7 réadmhaoin a fháil nó a scartáil ag léiriú cion ard den phobal i gcoitinne | Diúltach an-suntasach (pobal i gcoitinne) | Ard | Gearrthéarmach | Meanleibhéal | Dul i gcomhairle agus chun cainte le cónaitheoirí sa phobal áitiúil | Diúltach suntasach |

| Scoilteadh Pobail | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Deighilt | Na Foraí Maola | Pobal beag gan aon deighilt roimhe seo | Deighilt shóisialta i rith na tógála | Diúltach go beag | Íseal-Meánach | Gearrthéarmach | Íseal | Níl aon mhaolú beartaithe | Diúltach go beag |
| Deighilt | Suíomhanna ó thuaidh agus ó dheas den Tionscadal siar ón limistéar staidéir, Bóthar na Scoile, Bóthar Mhaigh Cuilinn an N59, Bóthar Áth Cinn an N84 agus Bóthar Thuama an N83 | Gan deighilt thuaidh-theas, ach líon ard tráchta ar roinnt bóithre | Deighilt fhisiceach agus shóisialta i rith chéim na tógála | Diúltach measartha go beag | Íseal-Meánach | Gearrthéarmach | Beagán-meánach | Lamháil d’fheithiclí, coisithe / trasnú rothaithe | Diúltach beag |
| Deighilt | Bóthar Áth Cinn an N84 | Líon ard trácht reatha | Bóthar le húsáid ag trácht tógála | Diúltach go beag | Íseal | Gearrthéarmach | Ard | Gluaiseachtaí feithicle a íoslaghdú i rith uaireanta buaicthráchta | Do-airithe go diúltach beag |
| Deighilt | Campas Spóirt Ollscoil na Gaillimhe | N/A | An droichead atá beartaithe thar Abhainn na Gaillimhe a thógáil | Diúltach suntasach | Meanleibhéal | Gearrthéarmach | Meánach | Coimeád go leanúnach, sa chás go mbeadh srian ar rochtain | Diúltach ar éigin (deighilt fhisiciúil) |

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Geilleagrach** | | | | | | | | | |
| Geilleagrach ginearálta | Campas Spóirt Ollscoil na Gaillimhe | Páirceanna spóirt agus saoráidí a fháil ar cíos agus úsáid ghaolmhar as cóiríocht. | Caillfear roinnt ioncaim mar gheall nach mbeidh páirceanna ar fáil le linn na tógála. | Diúltach go beag | Íseal | Gearrthéarmach | Meánach | - | Diúltach beag |
| Geilleagrach | Gnó ar Bhóthar Áth Cinn an N84 | Gnó a dhéanann buidéalú ar uisce agus a dháileann torthaí agus glasraí | Tógáil talún ar thrádstóras amháin agus tionchar ar sholáthar amhábhair na cuideachta agus tionchar gnó féideartha | Diúltach an-suntasach | Meanleibhéal | Fadtéarmach | 1 Ghnó | Faoi réir cúitimh airgeadais mar chuid den phróiseas ceannaigh éigeantaigh | Faoi réir cúitimh airgeadais mar chuid den phróiseas ceannaigh éigeantaigh |
| Geilleagrach | Gnó ar Bhóthar Thuama an N83 | Soláthraithe crua-earraí / tógálaithe | Fáil iomlán gnó | Diúltach an-suntasach | Íseal | Buan | 1 Ghnó | Faoi réir cúitimh airgeadais mar chuid den phróiseas ceannaigh éigeantaigh | Faoi réir cúitimh airgeadais mar chuid den phróiseas ceannaigh éigeantaigh |
| Geilleagrach | Gnó ar Bhóthar Thuama an N83 | Ionad díolachán carranna | Tionchair deannaigh agus thorainn i rith na tógála. Páirt-thógáil talún agus tionchar féideartha ar infheictheacht gnó i rith na tógála | Measartha diúltach | Meanleibhéal | Gearrthéarmach | 1 Ghnó | Beart rialaithe torainn agus deannaigh i rith na tógála. Comharthaí chun inrochtaineacht a threorú | Beag-diúltach measartha |
| Geilleagrach | Gnó ar Bhóthar Thuama an N83 | Gnó poist | Páirt-thógáil talún. Bainistíocht iompair agus rochtain | Beag go measartha diúltach | Íseal | Gearrthéarmach | 1 Ghnó | Comharthaí chun inrochtaineacht a threorú | Diúltach beag |
| Geilleagrach | Gnóthaí i bPáirc Gnó na Páirce Móire | Lárionad gnó | Tionchar féideartha ó thorann, deannach nó creathadh i rith na n-oibreacha ar an tollán | Beag go Diúltach suntasach | Íseal go hArd | Gearrthéarmach | Meánach (thart ar 6 ghnó) | Beart rialaithe torainn agus deannaigh i rith na tógála. Tabharfar faoi oibreacha tolláin i gcomhlíonadh CEMP in Aguisín A.7.5 | Do-airithe go diúltach beag |
| Geilleagrach | Gnó ar Bhóthar an Ráschúrsa | Soláthraithe crua-earraí / tógálaithe | Fáil iomlán gnó | Diúltach an-suntasach | Íseal | Buan | 1 Ghnó | Faoi réir cúitimh airgeadais mar chuid den phróiseas | Faoi réir cúitimh airgeadais mar |

| Geilleagrach | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | | ceannaigh éigeantaigh | chuid den phróiseas ceannaigh éigeantaigh |
| Geilleagrach | Ráschúrsa na Gaillimhe | Féile Rásaíochta na Gaillimhe agus ionad turasóireachta | Páirt-thógáil talún, tollán gearrtha agus cumhdaithe a thógáil, stáblaí a bhaint amach, caillteanas sealadach roinnt páirceála agus roinnt saoráidí eile | Diúltach suntasach | Ard | Gearrthéarmach | Gnó amháin go príomha | Oibreacha a chéimniú chun imeachtaí rásaíochta a íoslaghdú. Stáblaí agus tobar a athsholáthar | Diúltach beag i rith na tógála. |
| Taitneamhacht ghinearálta (traenálaithe agus lucht féachana) | Ráschúrsa na Gaillimhe | Mórshaoráid pobail agus turasóireachta | Tógáil tollán gearrtha agus cumhdaithe. Caillteanas sealadach páirceála | Diúltach suntasach féideartha | Ard | Gearrthéarmach | Go leor | Oibreacha tógála a chéimniú chun na tionchair ar imeachtaí rásaíochta a íoslaghdú | Beag diúltach i rith na tógála |
| Geilleagrach | Ionad díolachán carranna, Páirc Gnó Chnoc Maoil Drise | Gnó infheicthe ón N6 reatha agus Corrán Bhaile an Bhriotaigh | Tionchair deannaigh agus thorainn i rith na tógála. Páirt-thógáil talún óna dteastaíonn athchumrú ar sheirbhísí ar na tailte iarmharacha agus éifeacht fhéideartha ar infheictheacht gnó i rith na tógála | Diúltach an-suntasach | Íseal | Gearrthéarmach agus fadtéarmach | 1 Ghnó | Beart rialaithe torainn agus deannaigh i rith na tógála. Comharthaí chun inrochtaineacht a threorú | Diúltach suntasach |
| Geilleagrach | Turasóireacht | Tarraingt na cathrach mar cheann scríbe turasóireachta a gcuireann brú tráchta isteach go mór air | Obair thógála lonnaithe amach ó lár na cathrach agus trébhealaí reatha. Tionchar féideartha ar ghluaiseachtaí tráchta ar Bhóthar Mhaigh Cuilinn an N59, ar Bhóthar Áth Cinn an N84 agus ar Bhóthar Thuama an N83 | Diúltach go beag | Meánach-Ard | Gearrthéarmach | Go leor gnóthaí ag brath ar thurasóireacht | Dúnadh bóthair nó malairtí slí a íoslaghdú | Do-airithe (i rith na tógála) |

## Tábla 19.16 Achoimre ar Éifeachtaí Oibríochta - An Daonra

| An cineál éifeachta | Suíomh / Foghrúpa Daonra | An staid faoi láthair | Tionchar Oibríochta | Tábhacht | Íogaireacht | Fad | Méid an Ghabhdóra | Maolú Beartaithe | Éifeacht Iarmharach |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Saintréithe turais:** | | | | | | | | | |
| Tréimhse taistil agus nascacht | Réigiúnach | Nasc fada agus cúng idir M6 soir ó Ghaillimh agus Bóthar Thuama an N83, Bóthar Mhaigh Cuilinn an N59 agus an R336 siar | Tréimhse taistil i bhfad níos giorra agus brú tráchta rialta a sheachaint | Dearfach mór | N/A | Fadtéarmach | Líon an-mhór | - | Dearfach mór |
| Tréimhse taistil | Áitiúil go príomha Cathair na Gaillimhe | Tréimhse aistir faidréiseach ar an N6 reatha trí Chathair na Gaillimhe agus brú tráchta rialta. | Teagmhas nó scála laghdaithe brú tráchta i ngeall ar aistriú go leor tráchta | An-suntasach dearfach | N/A | Fadtéarmach | Líon an-mhór | - | An-suntasach dearfach |
| Tréimhse taistil | Bearna agus bruachbhailte iarthar na Gaillimhe | Moill rialta i Sráidbhaile Bhearna go háirithe i rith buaicthréimhsí na maidine agus buaicuaireanta lena n-áirítear séasúr saoire | Aistriú cion mór tráchta ó Shráidbhaile Bhearna agus teagmhas brú tráchta laghdaithe | Dearfach suntasach | N/A | Fadtéarmach | Go leor | - | Dearfach suntasach |
| Nascacht | Pobail bheaga agus forbairt cónaithe ó thuaidh de Shráidbhaile Bhearna | Níl aon rochtain ar an gcathair agus ar an oirthear ach amháin trí bhóithre beaga ar a mbíonn trácht éadrom | Rochtain dhíreach ar an Tionscadal trí Thimpeallán Bhearna Thoir | Dearfach suntasach | N/A | Fadtéarmach | Meánach | - | Dearfach suntasach |
| Nascacht | Idir an Tionscadal agus Bóithrín na Buaile Bige / Bóthar Dáileacháin an Iarthair | Rochtain ar an gcathair agus ar an oirthear trí bhóithre beaga ar a mbíonn trácht éadrom nó Bóthar Dáileacháin an Iarthair | Rochtain níos dírí ar an Tionscadal trí Acomhal Bhóthar na Ceapaí | Dearfach measartha | N/A | Fadtéarmach | Go leor | - | Dearfach measartha |
| Nascacht | Baile an Mhóinín agus bruachbhailte san Iarthar | Spleáchas ar Bhóthar Dáileacháin an Iarthair i gcomhair rochtana | Rochtain dhíreach ar an Tionscadal trí Acomhal Bhaile an Mhóinín | Dearfach measartha | N/A | Fadtéarmach | Go leor | - | Dearfach measartha |

| An cineál éifeachta | Suíomh / Foghrúpa Daonra | An staid faoi láthair | Tionchar Oibríochta | Tábhacht | Íogaireacht | Fad | Méid an Ghabhdóra | Maolú Beartaithe | Éifeacht Iarmhara ch |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Nascacht | Bóthar Mhaigh Cuilinn an N59 | Droch-rochtain idir Bóthar Mhaigh Cuilinn an N59 ó thuaidh de Ghaillimh agus Rathún nó an N6 gnóthach reatha ó dheas | Rochtain mhalartach trí bhóithre ceangail ó thuaidh agus ó dheas d'Acomhal Leitrí an N59 leis an Tionscadal. Faoiseamh ó bhrú tráchta ag Acomhal na mBrúnach | An-suntasach dearfach | N/A | Fadtéarmach | Líon an-mhór | - | An-suntasach dearfach |
| Nascacht | Bóthar Áth Cinn an N84 | Rochtain idir Bóthar Áth Cinn an N84 agus Timpeallán na gCiarabhánach | Rochtain mhalartach ón N84 ar an Tionscadal | Dearfach suntasach | N/A | Fadtéarmach | Go leor | - | Dearfach suntasach |
| Nascacht | Bóthar Thuama an N83 | Rochtain idir Bóthar Thuama an N83 agus Conamara nó páirceanna gnó áitiúla | Rochtain ar an Tionscadal ó Acomhal Bhóthar Thuama an N83 | An-suntasach dearfach | N/A | Fadtéarmach | Líon an-mhór | - | An-suntasach dearfach |
| Nascacht | Bóthar Ceangail na Páirce Móire | Rochtain theoranta idir Páirc Gnó na Páirce Móire, Bóthar Thuama an N83 agus an N6 reatha | Rochtain ar an bPáirc Mhór, Eastáit Tionsclaíocha Oirthear na Cathrach agus Bhaile an Bhriotaigh | Dearfach mór | N/A | Fadtéarmach | Líon an-mhór | - | Dearfach mór |
| Nascacht | Rothaithe | Nascacht fíor-theoranta | Lánaí nua rothaíochta siar ó Acomhal Leitrí | Dearfach mór | Ard | Fadtéarmach | Go leor | - | Dearfach mór |
| Nascacht | Coisithe | Nascacht fíor-theoranta | Cosán do choisithe ar an mBóthar Ceangail agus trasna droichead agus ag acomhail | Dearfach suntasach | Ard | Fadtéarmach | Go leor | - | Dearfach suntasach |

| An cineál éifeachta | Suíomh / Foghrúpa Daonra | An staid faoi láthair | Tionchar Oibríochta | Tábhacht | Íogaireacht | Fad | Méid an Ghabhdóra | Maolú Beartaithe | Éifeacht Iarmhara ch |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Tréimhse taistil | Corrán Bhaile an Bhriotaigh agus Acomhail Uí Loingsigh | Brú tráchta agus moill go minic ag na hacomhail sin agus le trácht reatha ar N6 | Aistriú tráchta chuig an Tionscadal agus Bóthar Ceangail na Páirce Móire, lena laghdófar moilleanna tráchta agus brúnna tráchta | An-suntasach dearfach | N/A | Fadtéarmach | Líon an-mhór | - | An-suntasach dearfach |

| An Cineál Tionchair | Suíomh / Foghrúpa | An staid faoi láthair | Tionchar Oibríochta | Tábhacht | Íogaireacht | Fad | Méid an Ghabhdóra | Maolú Beartaithe | Éifeacht Iarmharach |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Taitneamhacht Turais** | | | | | | | | | |
| Taitneamhacht aistir | R336 idir lár Shráidbhaile Bhearna agus Timpeallán Bhearna Thiar | Bíonn an R336 reatha gnóthach, go speisialta ag an deireadh seachtaine agus i rith an tséasúir saoire | Méadú ar thrácht ar an bpíosa seo, ach i rith laethanta na seachtaine go príomha | Diúltach go beag | N/A | Fadtéarmach | Meánach | Níl ceann molta | Diúltach go beag |
| Taitneamhacht aistir (a bhaineann le trácht) | Timpeallán na mBrúnach agus Bóthar Shéamuis Uí Chuirc | Brú tráchta rialta sna háiteanna seo go háirithe i rith buaicuaireanta agus ag an deireadh seachtaine | Aistriú cion den trácht chuig an Tionscadal agus baol laghdaithe brú tráchta | Dearfach measartha | N/A | Fadtéarmach | Líon an-mhór | Bearta GTS a chur i bhfeidhm chun taitneamhacht aistir a fheabhsú do choisithe agus rothaithe | Dearfach suntasach |
| Taitneamhacht aistir (a bhaineann le trácht) | Timpeallán na gCiarabhánach | Bíonn brú tráchta rialta san áit seo agus ag Timpeallán na mBoidicíneach | Aistriú cion den trácht chuig an Tionscadal agus baol laghdaithe brú tráchta | Beag-dearfach measartha | N/A | Meánach – fadtéarmach | Líon an-mhór | Deis chun taitneamhacht turais a fheabhsú do choisithe agus rothaithe | Dearfach suntasach |

| An Cineál Tionchair | Suíomh / Foghrúpa | An staid faoi láthair | Tionchar Oibríochta | Tábhacht | Íogaireacht | Fad | Méid an Ghabhdóra | Maolú Beartaithe | Éifeacht Iarmharach |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Taitneamhacht aistir (a bhaineann le trácht) | Bóthar Thuama an N83 / acomhal N6 reatha | Brú tráchta rialta san áit seo | Aistriú cion den trácht chuig an Tionscadal, ach ag éascú tráchta freisin ar an Tionscadal chuig lár na cathrach trí Bhóthar Thuama an N83 | Diúltach beag go Dearfach beag | N/A | Meánach – fadtéarmach | Líon an-mhór | Níl ceann molta | Diúltach beag go Dearfach beag |
| Taitneamhacht aistir (a bhaineann le trácht) | Acomhal Uí Loingsigh agus Acomhal Dhabhach Uisce | Brú tráchta rialta sna háiteanna sin | Aistriú cion den trácht chuig an Tionscadal agus baol laghdaithe brú tráchta | Dearfach measartha-suntasach | N/A | Meánach – fadtéarmach | Líon an-mhór | Deis chun taitneamhacht turais a fheabhsú do choisithe agus rothaithe | Dearfach measartha |
| Taitneamhacht aistir (a bhaineann le trácht) | An N6 reatha agus go leor bóithre ceangail | Is beag sásaimh a gheobhaidh coisithe agus rothaithe ar thurais i ngeall ar an méid tráchta agus na tionchair chomhshaoil a bhaineann leis sin | Aistriú cion den trácht chuig an Tionscadal | Dearfach suntasach | Ard | Meánach – fadtéarmach | Líon an-mhór | Deis chun taitneamhacht turais a fheabhsú do choisithe agus rothaithe | Dearfach suntasach |
| Taitneamhacht turais (radhairc) | Droichead Abhainn na Gaillimhe | N/A | Amharc ardaithe do thiománaithe ó thuaidh agus ó dheas de Chonair Abhainn na Gaillimhe lena n-áirítear ar Chaisleán Mhionlaigh | Dearfach measartha | N/A | Fadtéarmach | Líon an-mhór | - | Measartha dearfach- |

| An Cineál Tionchair | Suíomh / Foghrúpa | An staid faoi láthair | Tionchar Oibríochta | Tábhacht | Íogaireacht | Fad | Méid an Ghabhdóra | Maolú Beartaithe | Éifeacht Iarmharach |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Taitneamhacht Ghinearálta** | | | | | | | | | |
| Taitneamhacht ghinearálta (comhshaoil) | Bóthar na Ceapaí agus Bóthar Bhaile an Mhóinín | Ceantar tuaithe ciúin. Forbairt cónaithe scaipthe agus forbairt ar bhruachbhailte ó dheas | Tionchair ar thaitneamhacht ghinearálta i ngeall ar an líon tráchta méadaithe | Diúltach suntasach | Meanleibhéal | Fadtéarmach | Meánach | Sciathphlandú agus maolú torainn nuair is gá. Féach freisin ar Chaibidil 12, Tírdhreach agus Amharc agus Caibidil 17, Torann agus Creathadh | Measartha diúltach |
| Taitneamhacht ghinearálta (comhshaoil) | Nasc ó thuaidh ó Acomhal Leitrí | Forbairt cónaithe scaipthe | Tionchair ar thaitneamhacht ghinearálta i ngeall ar thorann nó bac amhairc | Diúltach suntasach | Íseal | Fadtéarmach | Beagán | Sciathphlandú agus maolú torainn nuair is gá. Féach freisin ar Chaibidil 12, Tírdhreach agus Amharc agus Caibidil 17, Torann agus Creathadh | Diúltach measartha go suntasach |
| Taitneamhacht ghinearálta (comhshaoil) | Páirc na Sceach agus Achadh an Churraigh | Forbairt cónaithe | Tionchair ar thaitneamhacht ghinearálta i ngeall ar thorann nó bac amhairc | Caibidlí ina bhfuil diúltach suntasach | Ard | Fadtéarmach | Meánach | Sciathphlandú agus maolú torainn nuair is gá. Féach freisin ar Chaibidil 12, Tírdhreach agus Amharc agus Caibidil 17, Torann agus Creathadh | Diúltach measartha go suntasach |

| An Cineál Tionchair | Suíomh / Foghrúpa | An staid faoi láthair | Tionchar Oibríochta | Tábhacht | Íogaireacht | Fad | Méid an Ghabhdóra | Maolú Beartaithe | Éifeacht Iarmharach |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Taitneamhacht Ghinearálta** | | | | | | | | | |
| Taitneamhacht ghinearálta (comhshaoil) | Scoil Náisiúnta Naomh Séamus, Páirc na Sceach | Clóis scoile agus páirceanna imeartha | Tionchair ar thaitneamhacht ghinearálta i ngeall ar thorann nó bac amhairc | Diúltach suntasach | Ard | Fadtéarmach | Meánach | Sciathphlandú agus maolú torainn nuair is gá. Féach freisin ar Chaibidil 12, Tírdhreach agus Amharc agus Caibidil 17, Torann agus Creathadh | Measartha diúltach |
| Taitneamhacht ghinearálta (comhshaoil) | Campas Spóirt Ollscoil na Gaillimhe | Páirceanna Spóirt | An Tionscadal ar tharbhealach ag scoilteadh an champais spóirt in dhá leath agus as sin teastóidh athchumrú ó na páirceanna, an páilliún spóirt a mhionathrú agus beidh gá le Plean agus Straitéis nua don Champas Spóirt | Diúltach an-suntasach | Meanleibhéal | Fadtéarmach | Go leor | Dhá pháirc a chur in ionad na bpáirceanna ag suíomh malartach agus an bonneagar gaolmhar dó sin cosúil le draenáil na bpáirceanna, eangach chun an liathróid a stopadh agus modhnú an phailliúin spóirt. | Measartha tar éis máistir-phleanáil chuí a chur i gcrích. Faoi réir cúitimh airgeadais freisin mar chuid den phróiseas ceannaigh éigeantaigh |
| Taitneamhacht ghinearálta (comhshaoil) | Abhainn na Gaillimhe agus bruacha na habhann | Siúlán Bhruach na hAbhann agus Caisleán Mhionlaigh | Tionchair thorainn agus amhairc ón droichead abhann atá beartaithe | Diúltach suntasach | Meanleibhéal | Fadtéarmach | Meánach | Fásra reatha a choimeád. Bacainní torainn. Féach freisin ar Chaibidil 12, Tírdhreach agus Amharc agus Caibidil | Diúltach suntasach |

| An Cineál Tionchair | Suíomh / Foghrúpa | An staid faoi láthair | Tionchar Oibríochta | Tábhacht | Íogaireacht | Fad | Méid an Ghabhdóra | Maolú Beartaithe | Éifeacht Iarmharach |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Taitneamhacht Ghinearálta** | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | 17, Torann agus Creathadh | |
| Taitneamhacht ghinearálta | Bóthar na Scoile, An Caisleán Gearr | Bóthar caol a úsáidtear mar chóngar sciuirde comaitéireachta uaireanta agus le cosáin ar thaobh an bhóthair nach bhfuil in úsáid níos mó. | Aistriú trácht 'cóngar sciuirde' ó Bhóthar na Scoile chuig an Tionscadal | Dearfach beag | Ard | Fadtéarmach | Meánach | Tardhroichead ar Bhóthar na Scoile chun cosán a áireamh agus síneadh chuige ar a laghad chun ceangal isteach leis an mbóthar reatha | Dearfach measartha |
| Taitneamhacht ghinearálta | Cosáin Aifrinn An Pháirc Mhór | Cosán ciúin i ndea-riocht ardaithe os cionn an limistéir máguaird | Cur isteach ar an gcosán, ach le nascacht nua agus saoráid trasnaithe neamhfhoirmiúil, ach cailltear luach taitneamhachta freisin | Diúltach go suntasach. (Dearfach ar nascacht) | Meanleibhéal | Fadtéarmach | Beagán | Scáthphlandáil | Diúltach suntasach (Dearfach ar nascacht) |
| Taitneamhacht ghinearálta (comhshaoil) | Ráschúrsa na Gaillimhe | Rásaíocht chapall | An Tionscadal a chur i dtollán le taobh an ráschúrsa. Rochtain fheabhsaithe agus brú tráchta laghdaithe | Dearfach beag | Ard | N/A | Líon an-mhór | N/A | Dearfach beag |

| An Cineál Tionchair | Suíomh / Foghrúpa | An staid faoi láthair | Tionchar Oibríochta | Tábhacht | Íogaireacht | Gearr / Fadtéarmach / Buan | Méid an Ghabhdóra | Maolú Beartaithe | Éifeacht Iarmharach |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Deighilt sa Phobal** | | | | | | | | | |
| Faoiseamh ó dheighilt | Sráidbhaile Bhearna | Deighilt áirithe i lár an tsráidbhaile go háirithe ag buaicthréimhsí | Go leor tráchta a aistriú chuig an Tionscadal | Dearfach suntasach | Ard | Fadtéarmach | Meánach | - | Dearfach suntasach |
| Deighilt nua agus faoiseamh ó dheighilt | Na Foraí Maola agus Troscaigh | Ceantar tuaithe le forbairt cónaithe líneach scaipthe | Deighilt shóisialta agus fhisiceach. Bóthar Fhoraí Maola ar mhalairt slí go Acomhal Throscaigh. Ach tionchar dearfach an naisc nua le Troscaigh freisin | Measartha diúltach. Dearfach measartha | Meanleibhéal | Fadtéarmach | Beagán | An bóthar áitiúil ar mhalairt slí áirithe sa dearadh | Measartha diúltach. Dearfach measartha |
| Deighilt nua | L13215<br>Bóthar Anna Mhic Ghiobúin | Ceantar tuaithe le forbairt cónaithe líneach scaipthe | Bóthar gearrtha. Formhór na saoráidí pobail ó dheas, ach caithfear trácht a bheidh ag dul ó thuaidh a chur ar mhalairt slí anois ó dheas agus chuig Bóthar Mhaigh Cuilinn/Bhearna | Diúltach suntasach d'úinéirí tí ar an gcuid ó thuaidh de Bhóthar Anna Mhic Ghiobúin | Íseal | Fadtéarmach | Beagán | - | Diúltach suntasach |
| Deighilt nua | Ó thuaidh de Shráidbhaile Bhearna | Ceantar tuaithe le forbairt cónaithe líneach scaipthe | Maolaíonn saoráidí trasnaithe an deighilt fhisiceach, ach cruthaítear deighilt shíceolaíoch idir limistéir ó thuaidh agus ó dheas | Measartha diúltach | Íseal | Fadtéarmach | Go leor | Saoráidí trasnaithe do choisithe a áireamh ag acomhail | Diúltach beag |
| Deighilt nua | Bóthar na Ceapaí | Líon tráchta éadrom | Líon tráchta níos airde ag cur deighilt nua i láthair ag | Measartha diúltach | Íseal | Fadtéarmach | Meanleibhéal | Saoráidí trasnaithe ann, ach an tionchar lasmuigh de | Measartha diúltach |

| An Cineál Tionchair | Suíomh / Foghrúpa | An staid faoi láthair | Tionchar Oibríochta | Tábhacht | Íogaireacht | Gearr / Fadtéarmach / Buan | Méid an Ghabhdóra | Maolú Beartaithe | Éifeacht Iarmharach |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | páirceanna spóirt ó dheas | | | | | limistéar an Tionscadail | |
| Deighilt nua | Gort na Bró Lána na Muilleoirí | Trácht éadrom | Roinnt trácht bhreise | Diúltach go beag | Ard | Fadtéarmach | Meánach | Níl ceann molta | Diúltach beag |
| Deighilt nua | Cúil Each agus Mionlach | Bóithre tuaithe caola | Deighilt nua shóisialta éigin i ngeall ar láithreacht an Tionscadail | Diúltach go beag | Íseal | Fadtéarmach | Meánach | - | Diúltach beag |
| Deighilt nua | N84 Bóthar Áth Cinn go dtí N6 reatha | Líon tráchta measartha | Méadú ar thrácht ag dul isteach chuig Acomhal Bhóthar Áth Cinn an N84 agus láithreacht fhisiceach an acomhail | Measartha diúltach | Íseal | Fadtéarmach | Meánach | Saoráidí trasnaithe do choisithe a sholáthar ag saoráidí pobail. | Diúltach go beag |

| An Cineál Tionchair | Suíomh / Foghrúpa | An staid faoi láthair | Tionchar Oibríochta | Tábhacht | Íogaireacht | Gearr / Fadtéarmac h | Méid an Ghabhdóra | Maolú Beartaithe | Éifeacht Iarmharac h |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Trádáil ócáideach | An R336 agus Bearna | Roinnt trádáil ócáideach lena n-áirítear do stáisiúin dóiteáin ar an R336 Bóthar an Chósta / Bóthar Thuama | Laghdú ar thrácht ag dul faoi bhráid ach rochtain fheabhsaithe ar áitribh | Diúltach go beag | Meanleibhéal | Fadtéarmach | Beagán | Níl ceann molta | Diúltach beag |
| Rochtain | Páirc Ghnó an Gheata | Rochtain trí Bhóthar Shéamais Uí Chuirc faoi réir gnáth-bhrú tráchta | Rogha mhalartach ar rochtain níos dírí ar an Tionscadal | Dearfach suntasach | Íseal | Fadtéarmach | Meánach | - | Dearfach suntasach |
| Rochtain | Bóthar Mhaigh Cuilinn an N59 agus Bóthar an | Rochtain ar an bpáirc gnó trí Bhóthar Mhaigh Cuilinn an N59 ag brath ar bhrú tráchta agus | Rogha mhalartach ar rochtain chuig an Tionscadal trí bhóthar ceangail | Dearfach suntasach | Íseal | Fadtéarmach | Meánach | - | Dearfach suntasach |

| An Cineál Tionchair | Suíomh / Foghrúpa | An staid faoi láthair | Tionchar Oibríochta | Tábhacht | Íogaireacht | Gearr / Fadtéarmach | Méid an Ghabhdóra | Maolú Beartaithe | Éifeacht Iarmharach |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Chaisleáin Nua Uachtair | rochtain indíreach ar an N6 reatha. | | | | | | | |
| Rochtain | Ionad díolachán carranna agus ionad poist ar Bhóthar Thuama an N83 | Rochtain dhíreach ar Bhóthar Thuama an N83 atá gnóthach | Rochtain fheabhsaithe ar Bhóthar Thuama an N83 ó thús Nasc Pháirc Gnó Thuaisceart na Cathrach. Léargas maith ar ghnóthaí i gcónaí | Dearfach measartha | Íseal | Fadtéarmach | 2 ghnó | - | Dearfach measartha |
| Rochtain | Páirc Ghnó na Páirce Móire, Eastáit Tionsclaíocha Oirthear na Cathrach agus Bhaile an Bhriotaigh | Rochtain theoranta idir Páirc Ghnó na Páirce Móire, Bóthar Thuama an N83 agus an N6 reatha. | Rochtain i bhfad níos fearr ar Bhóthar Thuama an N83 agus ar an Tionscadal | Dearfach mór | Íseal | Fadtéarmach | Líon an-mhór | - | Dearfach mór |
| Eacnamaíocht ghinearálta | Ráschúrsa na Gaillimhe | Rochtain tríd an N6 reatha agus rochtain d'imeachtaí lae chuig Bóthar Thuama an N83 | Gá stáblaí agus saoráidí eile nua a thógáil. Tollán beartaithe ó thuaidh den ráschúrsa. Rochtain ghinearálta feabhsaithe, lena n-áirítear ar Bhóthar Thuama an N83 | Dearfach measartha glan | Ard | Fadtéarmach | Gnó ollmhór amháin agus gnóthaí coimhdeacha, lena n-áirítear i rith imeachtaí | - | Dearfach measartha glan |
| Rochtain | Páirc Gnó Chnoc Maoil Drise | Rochtain ar an N6 reatha | Súil le brú tráchta laghdaithe ag Corrán Bhaile an Bhriotaigh agus ag Acomhal Uí Loingsigh. Rochtain nua ó thuaidh de | Dearfach suntasach | Íseal | Fadtéarmach | Meánach | - | Dearfach suntasach |

| An Cineál Tionchair | Suíomh / Foghrúpa | An staid faoi láthair | Tionchar Oibríochta | Tábhacht | Íogaireacht | Gearr / Fadtéarmach | Méid an Ghabhdóra | Maolú Beartaithe | Éifeacht Iarmharach |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Bhóthar Thuama an N83 trí Bhóthar Ceangail na Páirce Móire | | | | | | |
| Rochtain, tógáil talún | Ionad díolachán carranna, Páirc Gnó Chnoc Maoil Drise | Rochtain ar an N6 reatha | Teastaíonn athchumrú ar sheirbhísí ar na tailte iarmharacha le rochtain fheabhsaithe leis an mbrú tráchta laghdaithe ar an líonra bóthair reatha | Tionchar diúltach ón tógáil talún mar aon le tionchar dearfach éigin ó rochtain fheabhsaithe | Íseal | Fadtéarmach | 1 ghnó | Comharthaí treo a sholáthar | Faoi réir cúitimh airgeadais mar chuid den phróiseas ceannaigh éigeantaigh |
| Turasóireacht | Cathair na Gaillimhe agus áiteanna siar | Brú mór tráchta sa chathair agus droch-nascacht le Conamara | Brú tráchta laghdaithe agus nascacht fheabhsaithe | An-suntasach dearfach | Meanleibhéal | Fadtéarmach | Líon an-mhór | - | An-suntasach dearfach |

## 19.10 Tagairtí


An Phríomh-Oifig Staidrimh. (2023) Daonáireamh 2022.

An Phríomh-Oifig Staidrimh. (2016) Daonáireamh 2016.

An Phríomh-Oifig Staidrimh. (2012) Daonáireamh 2011.

An Phríomh-Oifig Staidrimh. (2007) Daonáireamh 2006.

An Ghníomhairecht um Chaomhnú Comhshaoil. (2015) *Advice Notes for Preparing Environmental Impact Statements. Dréacht, Meán Fómhair 2015.*

*Guidelines on the information to be contained in Environmental Impact Assessment Reports* ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (2022).

An Coimisiún Eorpach (2017) *Measúnacht Tionchair Timpeallachta ar Thionscadail- Treoir maidir le Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta a ullmhú.*

Fáilte Éireann (2023) TMTT (Iúil 2023) *Guidelines for the consideration of tourism and tourism related projects*.

Comhairle Chontae na Gaillimhe. (2023) *Plean Forbartha Cathrach na Gaillimhe 2023-2029.*

Comhairle Chontae na Gaillimhe. (2015) *Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chathair na Gaillimhe 2015-2021.*

Comhairle Chontae na Gaillimhe. (2022) *Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe, 2022 - 2028.*

Comhairle Chontae na Gaillimhe. (2015) *Ráiteas Socheacnamaíoch Chontae na Gaillimhe.*

Comhairle Chontae na Gaillimhe. (2017) Leagan Uimh. 2(b) Beartaithe Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015 – 2021: An Cheathrú Rua, An Spidéal agus Baile Chláir)". Comhairle Chontae na Gaillimhe. (2008, athbhreithnithe 2013) *Plean Limistéir Áitiúil na Gaeltachta 2008 - 2018.*

Comhairle Chontae na Gaillimhe. (2023) *Dréachtphlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chontae na Gaillimhe 2024-2040.*

Ad-Hoc Expert Group on Noise and Health, 2010. *Environmental Noise and Health in the UK,* Didcot: Health Protection Agency UK.

Babisch, W., 2002. *The noise/stress concept, risk assessment and research needs.* Noise Health, 30(8), lgh. 1-29.

Babisch, W., 2008. *Road traffic noise and cardiovascular risk.* Noise Health, Imleabhar 10, lgh 27-33.

Babisch, W., 2014. *Updated exposure-response relationship between road traffic noise and coronary heart diseases: a meta-analysis*. Noise and Health, 16(68), lgh 1-9.

Basner, M. et al., 2014. *Auditory and non-auditory effects of noise on health.* Lancet, Imleabhar 383, lgh 1325-1332.

Berglund, B., Lindvall, T., Schwela, D. & Goh, K.-T., 2000. *Guidelines for Community Noise,* Geneva: WHO.

Burnett, R. et al., 2014. *An Integrated Risk Function for Estimating the Global Burden of Disease Attributable to Ambient Fine Particulate Matter Exposure. Environmental Health Perspectives*, 22(4), lgh. 397-403.

Chen, H. et al., *Living near major roads and the incidence of dementia*, *Parkinsons Disease and multiple sclerosis*: a population Based cohort study Lancet Imleabhar 389 Uimh. 10070 lgh 718-736.

Cohen, A. et al., 2005. *The global burden of disease due to outdoor air pollution.* Journal of Toxicology and Environmental Health, Cuid A, Imleabhar 68, lgh 1-7.

COMEAP, 2009. *Long-Term Exposure to Air Pollution:* Effect on Mortality, London:

COMEAP, 2010. *The Mortality Effects of Long-Term Exposure to Particulate Air Pollution in the United Kingdom,* Londain: COMEAP, Health Protection Agency.

Defra and IGCB(N), 2014. *Environmental Noise: Valuing impacts on: sleep disturbance, annoyance, hypertension, productivity and quiet*, Londain

Dora, C. & Phillips, M., 2000. *Transport, environment and health,* Copenhagen: An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte - Oifig Réigiúnach na hEorpa.

EPA. *Measúnú Tionchair Sláinte* https://www.epa.gov/healthresearch/health-impact-assessments

Expert Panel on Noise, 2010. Tuarascáil Theicniúil MTT uimh. 11/2010. *Good practice guide on noise exposure and potential health effects,* Copenhagen: An Ghníomhaireacht Chomhshaoil Eorpach.

Faustini, A., Rapp, R. & Forastiere, F., 2014. *Nitrogen dioxide and mortality: review and meta-analysis of long-term studies.* European Respiratory Journal, 44(3), lgh 744-753.

An Ghníomhaireacht Chomhshaoil Eorpach: *Noise in Europe* 2014.

Halonen, J. et al., 2015. *Road traffic noise is associated with increased cardiovascular morbidity and mortality and all-cause mortality in London.* European Heart Journal, Imleabhar 36, lgh 2653-2661.

HEI Panel on the Effects of Traffic-Related Air Pollution, 2010. *Traffic-Related Air Pollution: A Critical Review of the Literature on Emissions,* Exposure, and Health Effects.

HEI Special Report 17., Boston: Health Effects Institute.

HEI Review Panel on Ultrafine Particles, 2013. *Understanding the Health Effects of Ambient Ultrafine Particles.* HEI Perspectives 3., Boston: Health Effects Institute.

Hoek, G. et al., 2013. *Long-term air pollution exposure and cardio-respiratory mortality*: a review. Environmental Health, 12(43), lgh 12-13.

Houthuijis, D., van Beek, A., Swart, W. & van Kempen, E., 2014. *Health implication of road, railway and aircraft noise in the European Union.* Provisional results based on the 2nd round of noise mapping. RIVM Report 2014-0130., Bilthoven: National Institute for Public Health and the Environment.

Hume, K., Brink, M. & Basner, M., 2012. *Effects of environmental noise on sleep.* Noise and Health, 14(61), lgh 297-302.

FSS: https://www.hse.ie/eng/about/who/healthwellbeing/knowledge-management/health-intelligence-files/chn-west-galway-city-profile-census-2022.pdf

HSE/https://www.hse.ie/eng/about/who/healthwellbeing/knowledge-management/health-intelligence-files/chn-central-galway-and-east-galway-city-profile-census-2023.pdf

IARC Working Group on the Evaluation of Carcinogenic Risks to Humans, 2013. Diesel and Gasoline Engine Exhausts and Some Nitroarenes. IARC Monographs, iml. 105, Lyons and Geneva: IARC and WHO.

Kavanagh, P., Doyle, C. & Metcalfe, O., 2005. *Health Impacts of Transport: a review, Dublin and Belfast:* An Institiúid um Shláinte Phoiblí in Éirinn:

Klatte, M., Bergström, K. & Lachmann, T., 2013. *Does noise affect learning? A short review on noise effects on cognitive performance in children.* Frontiers in psychology, 4(578).

Lee, B.-J., Kim, B. & Lee, K., 2014. *Air Pollution Exposure and Cardiovascular Disease.* Toxicological Research, 30(2), lgh 71-75.

Münzel, T., Gori, T., Babisch, W. & Basner, M., 2014. *Cardiovascular effects of environmental noise exposure.* European Heart Journal, Imleabhar 35, lgh 829-836.

Global association of air pollution and heart failure: *a systematic review and meta-analysis.* Lancet, Imleabhar 382, lgh 1039-48.

Sørensen, M. et al., 2014. *Combined effects of road traffic noise and ambient air pollution in relation to risk for stroke?* Environmental Research, Imleabhar 133, lgh 49-55.

Stansfeld, S. et al., 2005. *Aircraft and road traffic noise and children's cognition and health: a cross-national study*. Lancet, Imleabhar 365, lgh 1942-1949. (RANCH).

van Kempen, E. & Babisch, W., 2012. *The quantitative relationship between road traffic noise and hypertension:* a meta-analysis. Journal of Hypertension, 30(6), lgh 1075-1086.

van Lenthe, F. et al., 2005. *Neighbourhood unemployment and all-cause mortality: a comparison of six countries.* Journal of Epidemiology and Community Health, 59(3), lgh.

Grúpa Oibre WHO, 2009. *Night Noise Guidelines for Europe, Copenhagen,* Denmark:

An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte - Oifig Réigiúnach na hEorpa.

An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, 1946. *Réamhrá le Bunreacht na hEagraíochta Domhanda Sláinte* arna ghlacadh ag an gComhdháil Idirnáisiúnta Sláinte, Nua-Eabhrac, 19-22 Meitheamh, 1946, Nua-Eabhrac: Taifid Oifigiúla na hEagraíochta Domhanda Sláinte, uimh. 2, lgh. 100.

WHO, 2000. *Treoirlínte um Cháilíocht an Aeir:* An Dara hEagrán, Cóbanhávan: An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte - Oifig Réigiúnach na hEorpa.

WHO, 2003. *Climate Change and Human Health - Risks and Responses.* Summary., Geneva: WHO.

WHO, 2006. *Treoirlínte um Cháilíocht an Aeir:* Nuashonrú Domhanda 2005, Cóbanhávan: An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte - Oifig Réigiúnach na hEorpa.

WHO, 2007. *Health relevance of particulate matter from various sources.* Report on a WHO workshop, Bonn, Copenhagen: WHO An Eoraip..

WHO, 2010 *The Burden of Disease Environmental Noise* Practical Guidance Bonn Hellmuth.

*The Burden of Environmental Noise* Fritschi Et Al.

WHO, 2013. *Health risks of air pollution in Europe* - Tionscadal HRAPIE. Recommendations for concentration-response functions for cost-benefit analysis of particulate matter, ozone and nitrogen dioxide., Copenhagen: An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte - Oifig Réigiúnach na hEorpa.

WHO, 2013. *Review of evidence on health aspects of air pollution* - REVIHAAP Project: Technical Report, Copenhagen: An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte - Oifig Réigiúnach na hEorpa.

WHO *Children's Environmental Health* http://www.who.int/ceh/risks/en/

Duff, S. (eag.) (2000) *Atlas of Irish History.* 2ú heagrán. Gill & MacMillan, Baile Átha Cliath Rialtas na hÉireann, 2010, Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010 – 2030. An Oifig Stáiseanóireachta, Baile Átha Cliath.

Ó Giollagáin, C; & Charlton, M. (2015) *Nuashonrú ar an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht*: *2006–2011*, Údarás na Gaeltachta.

Ó Giollagáin, Mac Donnacha, [et al.] (2007) *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: Príomhthorthaí agus Moltaí* - Tuarascáil Taighde arna hullmhú don Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. An Oifig Stáiseanóireachta, Baile Átha Cliath.

Foinsí idirlín (fuarthas rochtain orthu ar dhátaí éagsúla i mí na Nollag 2017 agus Eanáir 2018)

www.cso.ie

www.galway.ie

www.galwaycity.ie

www.pobail.ie